2026/1540

7.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1540 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Iúil 2026

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aerbhonn nua, as rubar, de chineál a úsáidtear ar ghluaisteáin, ar bhusanna nó ar leoraithe ag a bhfuil innéacs ualaigh nach mó ná 121 ('boinn') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] (an bun-Rialachán), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 21 Bealtaine 2025, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí aerbhonn nua, as rubar, de chineál a úsáidtear ar ghluaisteáin, ar bhusanna nó ar leoraithe ag a bhfuil innéacs ualaigh nach mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín' nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [2] ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne an Chomhghuaillíocht i gcoinne Allmhairithe Éagóracha Bonn ('an gearánach') an 7 Aibreán 2025. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal gluaisteán paisinéirí agus leoraithe éadroma an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1538 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe [3].

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. De bhreis air sin, chuir an Coimisiún na gearánaigh, táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus údaráis na Síne, allmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí, trádálaithe aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach faoi thionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

---

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

[2] Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí aerbhonn nua, as rubar, de chineál a úsáidtear ar ghluaisteáin, ar bhusanna nó ar leoraithe ag a bhfuil innéacs ualaigh nach mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO C C/2025/2778 21.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2778/oj).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1538 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2025 lena gcuirtear allmhairí aerbhonn nua, as rubar, de chineál a úsáidtear ar ghluaisteáin, ar bhusanna nó ar leoraithe ag a bhfuil innéacs ualaigh nach mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe, (IO L , 2025/1538, 28.7.2025,. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1538/oj).

(6) Tionóladh éisteachtaí le 4M Pro&Invest Sp. z o.o. ('4M Pro&Invest') trádálaí neamhchomhlachaithe an táirge faoi imscrúdú, chomh maith le Comhghuaillíocht na nAllmhaireoirí gluaisteán paisinéirí agus leoraithe éadroma ('Comhghuaillíocht na nAllmhaireoirí GP-LE'), a dhéanann ionadaíocht ar dhá allmhaireoir neamhchomhlachaithe den táirge faoi imscrúdú, Deldo Autobanden NV ('Deldo') agus Interpneu Handelsgesellschaft mbH ('Interpneu').

1.4. **Iarraidh ar anaithnideacht**

(7) D'iarr roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais (gearánaigh nó lucht tacaíochta an ghearáin) anaithnideacht lena gcumhdaítear an t-imscrúdú iomlán agus mhaígh siad go bhfuil baol ann go mbeadh éifeacht dhíobhálach shuntasach ann i bhfoirm gníomhaíochta díoltais. Mheas an Coimisiún gur léirigh na páirtithe cúis mhaith de réir bhrí Airteagal 19(1) den bhun-Rialachán agus dheonaigh sé do na cuideachtaí sin go gcaithfí go rúnda lena gcéannacht.

(8) Níor iarr táirgeoirí eile de chuid an Aontais a tháinig chun cinn anaithnideacht. Mar sin féin, i bhfianaise an riosca go ndéanfaí táirgeoirí an Aontais ar deonaíodh anaithnideacht dóibh a shainaithint trí asbhaint, b'éigean anaithnideacht a leathnú chuig táirgeoirí an Aontais a tháinig chun cinn ach nár iarr anaithnideacht.

1.5. **Barúlacha maidir leis an tionscnamh**

(9) Chuir go leor páirtithe barúlacha isteach maidir leis an ngearán agus maidir le tionscnamh an cháis.

(10) Mhaígh dhá allmhaireoir neamhchomhlachaithe, Deldo agus Interpneu, go raibh an leagan oscailte den ghearán ró-fholaithe agus nár chuir sé ar chumas páirtithe measúnú iomlán a dhéanamh ar an díobháil a líomhain na gearánaigh. I ndáil leis sin, d'iarr siad go n-áireofaí sa leagan oscailte den ghearán raonta sa bhreis ar na hinnéacsanna chomh maith leis an sciar céatadáin de dhíolacháin agus brabúis iomlána an Aontais in aghaidh an leibhéil. Mhaígh Comhlachas Tionscail Rubar na Síne ('CRIA') nár lig láimhseáil rúndachta iomarcach shonraí thionscal an Aontais, go háirithe na macratháscairí (táirgeacht, díolacháin agus sciar de mhargadh an Aontais) dó a chearta cosanta a fheidhmiú go hiomlán.

(11) Chuir CRIA, Deldo, Interpneu agus Giti Tyre Fujian Company Ltd. ('GITI Group'), táirgeoir onnmhairiúcháin, ina gcoinne gur léirigh an gearán díobháil thionscal an Aontais go leordhóthanach. Mhaígh na páirtithe leasmhara sin nárbh ann don díobháil ar leibhéal 1 agus 2, i gcás inar fhan formhór na dtáscairí, amhail méideanna díolachán an Aontais, sciar den mhargadh agus brabúsacht, cobhsaí nó feabhsaithe fiú ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin. Thairis sin, ós rud é gur ar éigean a raibh allmhairí táirgí leibhéal 1 agus 2 ón tSín, mhaígh na ceithre pháirtí leasmhara sin nach bhféadfadh allmhairí ón tSín a bheith ina gcúis le díobháil, dá mba ann di.

(12) D'áitigh CRIA agus GITI Group freisin nach raibh aon idirmhalartacht/iomaíocht i measc na leibhéal agus, dá bhrí sin, nár chuir allmhairí leibhéal 3 na Síne brú praghsanna anuas ar na leibhéil níos airde.

(13) A mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá ar fáil sa leagan neamhrúnda den ghearán, mheas an Coimisiún gur léirigh figiúirí innéacsaithe treochtaí na sonraí a soláthraíodh ar bhonn rúnda agus, dá bhrí sin, gur chomhlíon siad critéar na hachoimre fóintí. Thairis sin, mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán ar dhíobháil agus ar chúisíocht araon chun imscrúdú a thionscnamh lena gcumhdaítear na trí leibhéal. I ndáil leis sin, léiríodh sa ghearán gur tháinig laghdú ar an méid táirgeachta, ar an acmhainneacht agus ar an úsáid acmhainneachta chomh maith leis an méid díolachán le custaiméirí neamhchomhlachaithe na ngearánach ar gach leibhéal, agus gur tháinig an laghdú is géire ar leibhéal 3. Cé gur tháinig méadú ar phraghsanna díola, bhí an méadú sin faoi bhun ráta méadaithe an chostais táirgthe, agus dá bhrí sin tháinig laghdú ar an mbrabúsacht ar fud gach ceann de na trí leibhéal. Thairis sin, léiríodh sa ghearán freisin gur tharla an meath mór sin ar staid eacnamaíoch na ngearánach i gcomhthráth le méadú suntasach ar mhéideanna allmhairí na Síne a ndearna a bpraghsanna sladghearradh ar phraghsanna na ngearánach ag raon feidhme iomlán an táirge agus ar leibhéal 3 ar leithligh araon, áit a raibh an chuid is mó d'allmhairí na Síne comhchruinnithe. Míníodh sa ghearán freisin conas a tharla iomaíocht idir leibhéil agus conas a rinne allmhairí agus praghsanna leibhéal níos ísle difear do na leibhéil níos airde. Measadh gur leor an fhianaise thuas ag céim an tionscnaimh agus deimhníodh í den chuid is mó leis an imscrúdú. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(14) Ina theannta sin, thug CRIA, Deldo, Interpneu, Hankook Group agus GITI Group barúlacha breise maidir le táscairí díobhála éagsúla, easpa cúisíochta agus leas an Aontais. Sonraítear iad sin agus tugtar aghaidh orthu i ranna 4.6, 5 agus 7 faoi seach.

1.6. **Sampláil**

(15) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(16) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn ionadaíochais i dtéarmaí an mhéid táirgeachta san Aontas le haghaidh gach deighleoige margaidh (leibhéil 1, 2 agus 3) sa tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2024 chomh maith le suíomhanna geografacha. Is é a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais. Chuimsigh táirgeoirí sampláilte an Aontais breis agus 14,5 % de mhéid iomlán táirgeachta measta an táirge chomhchosúil san Aontas. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach.

(17) Ní bhfuarthas aon bharúil agus dá bhrí sin deimhníodh an sampla sealadach. Is sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é.

Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil

(18) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(19) Sholáthair ceithre allmhaireoir neamhchomhlachaithe (Deldo, Delticon, AG ('Decticon'), Interpneu agus 4M Pro&Invest) an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí allmhaireoir neamhchomhlachaithe (Deldo and Delticon) ar bhonn an mhéid allmhairí is mó den táirge lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach allmhaireoir aitheanta lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla.

(20) Thug táirgeoir onnmhairiúcháin amháin, Triangle Tyre Co., Ltd. ('Triangle Tyre') agus 4M Pro&Invest barúlacha maidir leis an sampla beartaithe. D'áitigh an dá pháirtí nach raibh an dá chuideachta shampláilte ionadaíoch ar phobal níos leithne na n-allmhaireoirí toisc gur allmhaireoirí mórscála iad araon a oibríonn le corrlaigh réasúnta níos ísle toisc gur féidir leo tairbhe a bhaint as cumhacht mhargála níos láidre agus as barainneachtaí scála. Ina theannta sin, i gcás an dá cheann, bhí lipéid atá faoi úinéireacht phríobháideach ina gcuid thábhachtach dá bpunann díolacháin. Dúirt Triangle freisin nach raibh an sampla ionadaíoch ós rud é gur dháileoir ar líne go príomha a bhí i gceann de na hallmhaireoirí. D'ardaigh 4M Pro&Invest argóintí freisin go raibh an dá allmhaireoir lonnaithe in Iarthar na hEorpa, sa limistéar euro, agus dá bhrí sin nár léirigh siad go leordhóthanach réaltacht eacnamaíoch mhargadh éagsúil an Aontais. D'áitigh 4M Pro&Invest freisin gur cheart é a áireamh sa sampla toisc gur chuideachta bheag agus mheánmhéide ó Oirthear na hEorpa a bhí ann agus go raibh baint aige le hallmhairí 'bonn nideoige'.

(21) Mar fhreagairt ar na maímh sin, mheas an Coimisiún nach bhféadfadh sé ach sampla a roghnú ón díorma allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a bhí ar fáil a sholáthair freagairt samplála a bhí ar fad comhchosúil (cé is moite de 4 M Pro&Invest) i.e. allmhaireoirí móra a bhfuil punann leathan táirgí acu lena n-áirítear lipéid phríobháideacha, atá ag feidhmiú in Iarthar na hEorpa. Rinneadh sampláil ar an dá allmhaireoir a raibh na méideanna allmhairí is mó acu, toisc gur measadh iad a bheith ar na hallmhaireoirí is ionadaíche ó thaobh méide de. A mhéid a bhaineann leis an iarraidh go n-áireofaí 4M Pro&Invest sa sampla, mheas an Coimisiún i bhfianaise na punainne táirgí sonracha arna hallmhairiú ag an gcuideachta sin ina bhfuil beagnach 'boinn nideoige' go heisiach chomh maith le méid foriomlán na n-allmhairí an-teoranta (a chomhfhreagraíonn do níos lú ná 0,01 % de mhéideanna allmhairí na Síne in 2024), nach gcuirfeadh a n-áireamh feabhas suntasach ar ionadaíochas an tsampla, agus in aon chás nach mbeadh aon tionchar (meáchan) suntasach acu ar na torthaí maidir le hallmhaireoirí neamhchomhlachaithe.

(22) Tar éis fógra a fháil ó Delticon nach dtabharfadh sé freagra ar an gceistneoir, chuir an Coimisiún páirtithe ar an eolas go raibh cinneadh déanta aige an chéad allmhaireoir eile is mó ó thaobh mhéid allmhairí an táirge lena mbaineann, Interpneu, a chur in ionad an allmhaireora sin. Ina dhiaidh sin, chuir Deldo agus Interpneu araon an Coimisiún ar an eolas nach gcuirfidís freagra ar an gceistneoir ar fáil.

(23) Mar a luaitear in aithris (21), níor measadh gur allmhaireoir ionadaíoch é 4M Pro &Invest. Dá bhrí sin, níor iarr an Coimisiún ar an gcuideachta freagra ar an gceistneoir a sholáthar.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil

(24) D'fhonn a aimsiú cé acu a bhí nó nach raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín an fhaisnéis a sonraíodh san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(25) Sholáthair 51 tháirgeoir onnmhairiúcháin/grúpaí tairgeoirí san iomlán sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá ghrúpa ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle leis gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla.

(26) Bhí an sampla comhdhéanta de Shandong Yongsheng Rubber Group Co., Ltd ('Shandong Yongsheng') agus Hankook Group, arb ionann é agus 21,7 % de chainníocht onnmhairiúcháin iomlán mheasta na mbonn chuig an Aontas ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas ag céim na samplála. Fuarthas barúlacha maidir leis an sampla ón ngearánach, CRIA, agus sé tháirgeoir onnmhairiúcháin nó grúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin - cuideachtaí Cheng Shin Tire agus Rubber Co., Ltd. agus Cheng Shin Rubber Ind., Ltd. ('Cheng Shin Group'), GITI Group, Hankook Group, Kumho Tire Co., Inc ('Kumho'), Qingdao Nexen Tire Corporation ('Nexen') agus Triangle Tyre.

(27) Thug páirtithe leasmhara barúil den chuid is mó ar ionadaíochas an tsampla maidir le roinnt an mhargaidh i ndeighleoga éagsúla ([4]) ('leibhéil'), agus d'iarr cúig ghrúpa neamhshampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin go gcuirfí leis an sampla iad, nó scrúdú aonair a dheonú dóibh.

(28) D'áitigh an gearánach go raibh os cionn 90 % d'allmhairí na Síne chuig an Aontas ina mbonn de leibhéal 3 (deighleog de bhoinn ar chostas íseal), agus nach raibh ach níos lú ná 10 % díobh ina mbonn de leibhéal 1 nó 2 arna dtáirgeadh ag Hankook Group ([5]). D'áitigh sé, ós rud é go raibh meáchan Hankook sa sampla idir 50 % agus 60 %, go raibh ró-ionadaíocht á déanamh ar na hallmhairí i leibhéil 1 nó 2 dá bhrí sin agus dá bhrí sin nach raibh an sampla ionadaíoch ar na hallmhairí foriomlána ón tSín i dtéarmaí dheighleoga margaidh agus an mheánphraghais. D'áitigh an gearánach freisin, de réir rialú na Cúirte i gcás *Fliesen-Zentrum*, nach mór na meánphraghsanna allmhairiúcháin le haghaidh gach cineáil táirge a bheith chomh gar agus is féidir do mheánphraghas allmhairí an táirge lena mbaineann isteach san Aontas agus gur cheart go léireodh na hallmhairí chomh gar agus is féidir an brú ar phraghsanna a bhain do thionscal an Aontais ([6]). D'áitigh sé nach gcuirfeadh na corrlaigh dhíobhála agus dhumpála atá bunaithe ar an sampla reatha deireadh leis an díobháil do thionscal an Aontais. D'iarr sé go mbainfí Hankook Group den sampla agus go gcuirfí táirgeoir eile ina ionad. Chomh maith leis sin, chinn an gearánach go bhféadfadh sé gur tuairiscíodh na sonraí tuairiscithe maidir le méid, táirgeadh agus díolacháin intíre Shandong Yongsheng go mícheart agus dá mba amhlaidh an cás, gur cheart don Choimisiún an chuideachta a eisiamh ón sampla.

([4]) Féach Roinn 2.4.1 maidir le deighilt mhargadh an Aontais.
([5]) Suíodh san imscrúdú go dtagann boinn Hankook Group faoi Leibhéal 2 agus Leibhéal 3, féach Roinn 2.4.2 thíos.
([6]) Breithiúnas na Cúirte Bhreithiúnais an 10 Meán Fómhair 2015 (iarraidh ar réamhrialú), Fliesen-Zentrum Deutschland GmbH v Hauptzollamt Regensburg, (Cás C-687/13), ECLI:EU:C:2015:573, mír 88.

(29) D'áitigh CRIA, i bhfianaise éagsúlacht na mbonn arna monarú agus arna n-onnmhairiú ag na táirgeoirí Síneacha, na mbealaí díolacháin ar leith, agus dheighilt an mhargaidh, nach raibh sampla de dhá chuideachta as 56 tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne a chuir foirmeacha samplála isteach, ionadaíoch. D'áitigh sé nach raibh sampla nach raibh ach 21,7 % den chainníocht onnmhairiúcháin iomlán i gceist leis ionadaíoch go leor ar staid tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus gur cheart don Choimisiún an sampla a mhéadú trí dhá chuideachta a chur leis. D'áitigh sé go raibh a dhóthain ama ag an gCoimisiún an sampla a mhéadú, agus gur cheart dó na hiarratais ar chorrlach aonair dumpála a mheas agus glacadh leo freisin.

(30) Mheas Cheng Shin Group go raibh sampla arbh ionann é agus 21,7 % de mhéid iomlán measta na n-onnmhairí ró-íseal, díréireach agus neamhionadaíoch ar allmhairí ón tSín chuig an Aontas. D'áitigh sé, dar leis, go méadófaí ionadaíochas an tsampla dá n-áireofaí Cheng Shin Group ag an gcéim sin den imeacht, nuair a bheadh dóthain ama agus lucht saothair ann chun scrúdú a dhéanamh ar chuideachta bhreise. Murab ionann agus formhór tháirgeoirí na Síne, i) tháirg sé faoina bhrandaí féin (Maxxis agus CST), ii) sholáthair sé don mhargadh buntrealaimh ('OEM'), lena n-áirítear cuideachtaí amhail BMW, Volkswagen agus PSA, iii) d'infheistigh sé acmhainní suntasacha in T&F agus iv) cheannaigh sé an rubar nádúrtha agus sintéiseach go díreach ó fhoinsí lasmuigh den tSín, agus dá bhrí sin, ní raibh tionchar ag saobhadh ar a ionchuir táirgeachta. D'áitigh sé freisin go gcuirfeadh a n-áireamh sa sampla feabhas ar chumhdach deighleoige ós rud é gur tháirg sé boinn a aithníodh go forleathan mar bhoinn a bhaineann le deighleog ar leibhéal níos airde.

(31) Mheas GITI Group, mar cheann de na táirgeoirí is mó, nó an táirgeoir is mó ar leibhéal 2 sa tSín fiú, gur cheart é a bheith san áireamh i sampla na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. D'fhreastail sé ar dheighleoga OEM agus iarmhargaidh (athsholáthair) araon, fuair sé cuid shubstaintiúil dá ábhar ionchuir ó mhargaí idirnáisiúnta, chomhlíon sé an rialachán maidir le dífhoraoisiú, agus chomhoibrigh sé cheana féin i *mboinn áirithe ar bhusanna nó ar leoraithe*, ([7]) rud a d'éascódh an riarachán reatha agus a d'íoslaghdódh ualach riaracháin an Choimisiúin. Thagair GITI Group freisin do chás *Fliesen-Zentrum*, agus d'áitigh sé gur cheart don Choimisiún sampla a roghnú lena n-áiritheofaí go raibh na meánphraghsanna allmhairiúcháin le haghaidh gach cineáil táirge chomh gar agus is féidir don mheán iarbhír, agus sa chás sin, nach raibh cuideachtaí de chuid leibhéal 2 sa sampla. Thagair sé freisin don imscrúdú ar *Phainéil Ghréine* ([8]), inar chuir an Coimisiún san áireamh go sainráite i sampla na n-onnmhaireoirí na táirgeoirí is mó de gach cineál den táirge lena mbaineann agus do *Bhithdhíosal*, ([9]) inar chuir an Coimisiún cuideachta bhreise san áireamh chun feabhas a chur ar ionadaíochas allmhairí na Síne *vis-à-vis* meascán táirgí thionscal an Aontais agus chun an chomparáid idir praghsanna allmhairiúcháin agus praghsanna an Aontais a éascú. D'áitigh GITI Group freisin, trí chuideachtaí leibhéal 2 a eisiamh, nach bhféadfadh an Coimisiún sladghearradh praghsanna agus gearrdhíol in aghaidh na deighleoige den mhargadh a shuí, agus ós rud é go raibh thart ar 25 % de thionscal an Aontais ar leibhéal 2 go mbainfí an bonn go marfach d'aon toradh maidir le staid thionscal an Aontais agus tionchar allmhairí na Síne.

(32) Mheas Hankook Group gur léirigh an sampla deighilt an mhargaidh go cuí. Níor aontaigh sé le hargóintí an ghearánaigh gur cheart é a eisiamh ón sampla. D'áitigh sé gur ceanglaíodh leis an mbun-Rialachán gur léirigh an sampla, ina iomláine, dálaí eacnamaíocha agus tráchtála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, ach nár cheart do gach cuideachta aonair réaltacht mhargaidh onnmhaireoirí bonn GP-LE ón tSín a léiriú go cruinn. Dá bhrí sin, léirigh cuimsiú Hankook Group sa sampla réaltacht an mhargaidh go cruinn. Ar an dara dul síos, ós rud é go raibh

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frith-fhóirdheontais chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 IO L 283, 12.11.2018, lgh. 1–124, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1690/oj]

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1239/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí modúl fótavoltach sileacain chriostalta agus príomh-chomhpháirteanna (i.e. cealla) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne nó a choinsínítear ó Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 325, 5.12.2013, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1239/oj), aithris (12).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2163 ón gCoimisiún an 14 Lúnasa 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L, 2024/2163, 16.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2163/oj), aithris (14),

leibhéil 1, 2 agus 3 san áireamh sa raon táirgí, chinn Hankook Group go raibh údar maith ag an gCoimisiún táirgeoirí a dhíol boinn i ndeighleoga seachas leibhéal 3 a roghnú, murach sin bheadh an raon táirge teoranta do leibhéal 3. Ar an tríú dul síos, mheas Hankook Group gur onnmhairigh Kumho agus GITI Group boinn leibhéal 2 chuig an Aontas agus, dá bhrí sin, go raibh sciar leibhéal 2 níos mó ná 20 % d'iomlán na n-allmhairí. Thairis sin, d'áitigh Hankook Group nár chiallaigh ráiteas na Cúirte in '*Fliesen-Zentrum*' gur cheart don sampla '*an brú ar phraghsanna a bhain do thionscal an Aontais a léiriú chomh gar agus is féidir*' nár cheart ach na cuideachtaí a bhfuil na praghsanna is ísle acu a roghnú, mar a mhaígh an gearánach – trí phraghsanna níos airde a eisiamh, mhéadófaí an brú praghsanna go saorga. Dá bhrí sin, d'áitigh Hankook Group gur cheart dó fanacht sa sampla.

(33) D'áitigh Kumho nárbh ionann an sampla agus an méid ionadaíoch is mó onnmhairí a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil, ná saintréithe mhargadh na mbonn, a bhí ilroinnte. Dar leis, ní mór don sampla deighleoga margaidh (leibhéil) agus difríocht i bpraghsanna a chur san áireamh go háirithe. Chuir Kumho in iúl, i gcás *boinn áirithe le haghaidh busanna agus leoraithe*, gurbh ionann an sampla agus 37 % de na honnmhairí. Mheas sé freisin go bhféadfaí go ndearnadh rómheastachán ar sciar 21,7 % d'allmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ós rud é go bhféadfadh sé gur bhoilscigh na cuideachtaí sampláilte a n-onnmhairí. Agus tagairt á déanamh don bhreithiúnas in *Fliesen-Zentrum*, d'áitigh sé gur cheart allmhairí ar phraghsanna a léiríonn meánphraghsanna allmhairiúcháin a bheith sa sampla cinntitheach. Dá bhrí sin, ba cheart an sampla a mhéadú chun réaltachtaí an mhargaidh a léiriú, agus chun dleacht frithdhumpála 'gach ceann eile' a shuí go cruinn. Mheas Kumho freisin gur chuideachta iomchuí a bhí ann le cur leis an sampla lena léirítear leibhéal 2, ós rud é go raibh a bheartas praghsála éagsúil le Hankook Group agus Shandong Yongsheng araon. Mheas sé go méadódh a áireamh sa sampla ionadaíochas agus nach mbeadh ualach breise i gceist leis i bhfianaise struchtúr corparáideach simplí Kumho.

(34) D'áitigh NEXEN nár léirigh an sampla beartaithe roinnt an mhargaidh ina leibhéil go leordhóthanach, agus go raibh difríochtaí tábhachtacha idir na deighleoga i dtéarmaí forbairt táirgí, próisis mhonaraíochta, rialú cáilíochta, straitéisí margaíochta, agus praghsanna. D'áitigh sé gur cheart é a áireamh sa sampla toisc go raibh sé ar cheann de na 20 monaróir bonn is fearr ar domhan agus gur fhreastail sé ar OEM agus ar an margadh athsholáthair araon. Mar chomhalta de Chomhlachas Mhonaróirí Bonn & Rubair na hEorpa, agus toisc go raibh saoráidí táirgthe aige san Aontas, ní raibh aon dreasacht aige gníomhú in aghaidh leas an Aontais agus go ndearna sé athbhreithniú comhsheasmhach ar a straitéis praghsála chun a áirithiú nach raibh aon saobhadh margaidh ná dumpáil ann.

(35) D'áitigh Triangle Tyre go raibh samhail ghnó dhifriúil ag gach ceann de na cuideachtaí sampláilte, agus in imscrúduithe eile, go ndearna an Coimisiún trí chuideachta a shampláil. Chuir Triangle in iúl freisin gur mhargadh uathúil é margadh an táirge lena mbaineann le deighleoga margaidh éagsúla (leibhéil), agus ós rud é go raibh a shamhail ghnó éagsúil le samhail ghnó na gcuideachtaí sampláilte, agus chun an sampla a dhéanamh níos ionadaíche, ba cheart é a chur leis an sampla.

(36) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha uile a chuir na páirtithe éagsúla isteach.

(37) Ar an gcéad dul síos, mheabhraigh an Coimisiún, mar a fógraíodh do pháirtithe i nóta an 3 Meitheamh 2025, gurbh é méid na n-onnmhairí chuig an Aontas an critéar chun an sampla a roghnú. Trí shampláil a dhéanamh ar an dá chuideachta ag a bhfuil na honnmhairí is mó chuig an Aontas, Hankook Group agus Shandong Yongsheng, cumhdaíodh leis an sampla, áfach, dhá dheighleog mhargaidh ós rud é go bhfuil Hankook Group i láthair ar leibhéal 2 agus ar leibhéal 3 araon. Ós rud é, bunaithe ar an bhfaisnéis sa ghearán agus mar a deimhníodh le linn an imscrúdaithe, nárbh ann d'aon allmhairiú bonn Leibhéal 1 chuig an Aontas, chumhdaigh an sampla na leibhéil éagsúla a mhéid ab fhéidir.

(38) Ar an dara dul síos, ba é a bhí sa dá chuideachta, ar ghrúpa mór ceann acu, uaslíon cuideachtaí a bhféadfadh an Coimisiún imscrúdú a dhéanamh orthu laistigh den am a bhí ar fáil. Dá bhrí sin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún go raibh na critéir a úsáideadh chun an sampla a roghnú bunaithe ar an méid ionadaíoch is mó onnmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar féidir imscrúdú a dhéanamh air go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán.

(39) Ar deireadh, mheabhraigh an Coimisiún go raibh an cinneadh críochnaitheach maidir le roghnú an líon cuideachtaí a bheadh le himscrúdú agus cumhdach cineálacha táirgí fós faoi rogha an Choimisiúin, ag brath ar imthosca gach cáis. Dá bhrí sin, ní raibh sé ábhartha sa chás seo gur tógadh sampla níos mó in imscrúduithe eile.

(40) Ar bhonn na faisnéise atá sa ghearán, tá tionscal an Aontais ann ar gach leibhéal, agus déantar níos mó díolachán ar leibhéal 1 ná leibhéal 2 agus leibhéal 3 le chéile. Chumhdaigh an sampla beartaithe an dá leibhéal a tháirgeann agus a onnmhairíonn an tSín chuig an Aontas agus dá bhrí sin chuir sé san áireamh a mhéid is mó is féidir na hallmhairí a bhí in iomaíocht dhlúth leis na boinn a tháirgeann agus a dhíolann tionscal an Aontais. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur léirigh an sampla go leordhóthanach na cineálacha éagsúla táirgí a onnmhairítear chuig an Aontas agus deighilt an mhargaidh i leibhéil.

(41) Maidir leis an tagairt do *Fliesen-Zentrum* agus na hargóintí nach mór don sampla meánphraghas na n-allmhairí chuig an Aontas a léiriú, mheabhraigh an Coimisiún, ar an gcéad dul síos, gur bhain an tagairt do na meánphraghsanna le comparáid a dhéanamh ar mheánphraghas na gcineálacha céanna táirgí agus ní ar mheánphraghas idir na táirgí (agus na leibhéil, sa chás seo). Ciallaíonn sé sin go léireoidh aon chomparáid chun críche ríomhanna sladghearrtha agus gearrdhíola an cineál táirge agus an leibhéal. Mar sin féin, ar bhonn na faisnéise a cuireadh isteach sna freagraí samplála, bhí meánphraghsanna na gcuideachtaí sampláilte gar do mheánphraghas na n-allmhairí chuig an Aontas.

(42) Mheabhraigh an Coimisiún thairis sin nach mór measúnú a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le cé acu a bhí nó nach raibh am leordhóthanach ann chun táirgeoir onnmhairiúcháin eile a áireamh leis an sampla i bhfianaise imthosca sonracha gach imscrúdaithe. Sa chás sin, bhí ceann amháin den dá chuideachta shampláilte – the Hankook Group – ina ghrúpa ina raibh trí eintiteas táirgthe agus líon mór páirtithe comhlachaithe. Dá bhrí sin, i bhfianaise mhéid na gcuideachtaí agus an líon páirtithe gaolmhara ar ghá imscrúdú a dhéanamh orthu, ní raibh am leordhóthanach ann chun táirgeoir onnmhairiúcháin eile nó grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin a áireamh sa sampla. Ós rud é gur chumhdaigh an sampla, bunaithe ar an bhfaisnéis ag céim na samplála, 21,7 % den mhéid allmhairí chuig an Aontas, chumhdaigh an sampla méid ionadaíoch de na hallmhairí chuig an Aontas. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach raibh gá le tríú cuideachta a chur leis an sampla.

(43) Ar bhonn an mhéid thuas, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh agus dheimhnigh sé an sampla beartaithe.

1.7. **Scrúdú aonair**

(44) D'iarr sé (ghrúpaí de) tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. Bhreithnigh an Coimisiún na hiarrataí, agus tháinig sé ar an gconclúid nárbh fhéidir glacadh leo – áiríodh cheana féin sa scrúdú ar an dá chuideachta shampláilte amháin measúnú/fíoruithe ar cheithre eintiteas táirgthe agus ar níos mó ná 15 chuideachta ghaolmhara san Aontas. Ós rud é go bhfuil roinnt de na táirgeoirí breise sin nó grúpaí táirgeoirí comhdhéanta de roinnt táirgeoirí agus líon mór páirtithe gaolmhara a bhfuil baint acu le táirgeadh agus díolacháin an táirge faoi imscrúdú, bheadh suas le thart ar 30 cuideachta i gceist le roinnt cuideachtaí a bheadh le fíorú. Dá bhrí sin, ní bheadh sé indéanta na sé chuideachta (nó na grúpaí cuideachtaí) a d'iarr scrúdú aonair a áireamh laistigh den am a bhí ar fáil. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir freastal ar na hiarrataí.

(45) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Cheng Shin Group go raibh neart ama ag an gCoimisiún idir nochtadh neamh-fhorchur na mbeart sealadach agus an nochtadh cinntitheach chun scrúdú a dhéanamh ar chuideachtaí a d'iarr scrúdú aonair. Dheimhnigh an Coimisiún, i bhfianaise na n-eilimintí a mheabhraítear in aithris (44), nár chuir Cheng Shin Group ina gcoinne, agus i bhfianaise an mhéid shuntasaigh oibre imscrúdaithí a rinneadh idir neamh-fhorchur na mbeart sealadach a nochtadh agus an nochtadh cinntitheach, go mbeadh ualach míchuí ag baint leis an scrúdú aonair ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte agus go gcuirfeadh sé cosc ar an imscrúdú a thabhairt chun críche in am trátha. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don maíomh.

1.8. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(46) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(47) Thairis sin, sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach sa ghearán go bhfuil saobhadh amhábhair i nDaon-Phoblacht na Síne maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhar sin chun a chinneadh an gcuirfí forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an tSín. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoirí breise maidir leis sin chuig Rialtas na Síne.

(48) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig an dá ghrúpa sampláilte/táirgeoirí onnmhairiúcháin agus chuig trí tháirgeoir shampláilte an Aontais. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne [10] lá an tionscnaimh. Tháinig roinnt úsáideoirí chun cinn san imscrúdú, ach ní dhearna ach ceann amháin acu, Hyundai Motor Manufacturing Czech s.r.o ('Hyundai'), aighneacht i scríbhinn. Níor thug aon úsáideoir ná allmhaireoir freagra ar an gceistneoir.

(49) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dumpáil, leis an díobháil de thoradh na dumpála agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais:

— Cuideachta G,

— Cuideachta I,

— Cuideachta T;

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín:

— Shandong Yongsheng Rubber Group Co., Ltd,

— Is éard atá in Hankook Group:

  — Chongqing Hankook Tire Co., Ltd ('CHKT'),

  — Jiangsu Hankook Tire Co., Ltd ('JHKT'),

  — Hankook Tire China Co., Ltd ('HKTC'),

  Ceanncheathrú Hankook Group sa Chóiré:

  — Hankook Tire and Technology Co., Ltd,

  Trádálaithe san Eoraip:

  — Hankook España S.A. ('HES'),

  — Hankook France S.A.R.L. ('HSF')

  — Hankook Reifen Deutschland GmbH ('HKRD'),

  — Hankook Tire Italia S.R.L. ('HIS').

1.9. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(50) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

[10] https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2799.

1.10. **Neamh-fhorchur na mbeart sealadach**

(51) De bhun Airteagal 7(1) den bhun-Rialachán, ba é an 20 Eanáir 2026 an sprioc-am chun bearta sealadacha a fhorchur. An 18 Nollaig 2025, i gcomhréir le hAirteagal 19a(2) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige gan bearta sealadacha a fhorchur.

1.11. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(52) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach dá gcinntí críochnaitheacha.

(53) An 27 Aibreán 2026, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ('an nochtadh cinntitheach'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(54) An 30 Aibreán 2026, d'iarr CRIA go ndeonófaí síneadh leis an sprioc-am chun barúlacha a thabhairt maidir leis an Doiciméad Ginearálta um Nochtadh d'idirghabháil an Oifigigh Éisteachta. Scrúdaigh an tOifigeach Éisteachta an iarraidh go pras agus chuir sé CRIA ar an eolas faoina chinneadh diúltú don iarraidh. Bhreithnigh an tOifigeach Éisteachta na sprioc-amanna reachtúla chun an t-imscrúdú seo a thabhairt chun críche agus chothromaigh sé na céimeanna a bhí fós riachtanach chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche agus na gnéithe eile go léir a d'ardaigh CRIA, nár imthosca eisceachtúla ná cúis mhaith a bhí i gceist leo.

(55) Ós rud é gur ceartaíodh earráidí cléireachais i ríomh phraghsanna CAL agus shonraí costais tháirgeoirí an Aontais mar thoradh ar chuid de na barúlacha a fuarthas tar éis an nochta chinntithigh, agus ós rud é gur athbhreithnigh an Coimisiún an ráta costais SGA chun costas SGA agus brabús neamhshaofa agus réasúnta a dhéanann difear do dhumpáil, do shladghearradh agus do chorrlaigh díobhála a chinneadh, sheol an Coimisiún nochtadh deiridh breise ('nochtadh deiridh breise') an 26 Bealtaine 2026 chuig na páirtithe leasmhara uile.

(56) Tar éis an nochta chinntithigh, fuarthas barúlacha ó Cheng Shin Group, CRIA, GITI Group, Hankook Group, Kumho, Shandong Yongsheng, an gearánach, ó allmhaireoirí/dáileoirí: Vannetukku Oy ('Vannetukku'), Otto Just Gmbh & Co ('Otto Just'), Comhghuaillíocht Allmhaireoirí PC-LL, Boinn Mhíláiste, agus an Asociacion Nacional de Distribuidores e Importadores de Neumaticos ('Adine'), comhlachas d'allmhaireoirí agus dáileoirí bonn sa Spáinn agus Hyundai. Tar éis an nochta deiridh bhreise, fuarthas barúlacha ó Hankook Group, Kumho, Shandong Yongsheng, agus ón ngearánach. Tugadh aghaidh ar na barúlacha sna ranna ábhartha thíos.

(57) Thionóil an Coimisiún éisteachtaí le CRIA, leis an ngearánach, le Grúpa GITI, le Hankook Group, Kumho, Shandong Yonsgheng, agus Vannetukku. Tar éis nochtadh deiridh breise, tionóladh éisteacht le Shandong Yongsheng.

(58) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh cinntitheach, d'áitigh CRIA nár leor an sprioc-am a deonaíodh le haghaidh barúlacha maidir leis na torthaí cinntitheacha chun barúlacha fóinteacha a chur isteach. Thagair an Coimisiún do chonclúidí an Oifigigh Éisteachta maidir leis sin agus mheabhraigh sé nárbh fhéidir aon síneadh a dheonú i bhfianaise amlíne an imeachta. Chomhlíon an sprioc-am 10 lá Airteagal 20(5) den bhun-Rialachán freisin. Dhiúltaigh sé, dá bhrí sin, don mhaíomh.

(59) Ina mbarúlacha tar éis an nochta deiridh bhreise, d'áitigh Shandong Yongsheng gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 20(5) den bhun-Rialachán agus a cheart cosanta, toisc nár thug an Coimisiún aghaidh ar na barúlacha uile ó pháirtithe leasmhara tar éis an nochta chinntithigh. Le linn na héisteachta, dúirt Shandong Yongsheng freisin gur cheart don Choimisiún nochtadh breise nua a eisiúint chun dul i ngleic leis an anailís chúisíochta, le rogha na tíre ionadaíche agus le hipearbhoilsciú na Tuirce. Mheabhraigh an Coimisiún nár bhain an nochtadh deiridh breise ach le hathruithe a raibh tionchar acu ar na ríomhanna dumpála agus díobhála, ach mar a shonraítear sna ranna faoi seach thíos, gur thug an Coimisiún aird chuí ar na barúlacha uile a cuireadh isteach tar éis an nochta deiridh chinntithigh agus bhreise agus gur thug sé aghaidh orthu ina bhreithnithe deiridh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(60) Is é an táirge faoi imscrúdú aerbhoinn nua, as rubar, de chineál a úsáidtear: ar ghluaisteáin (lena n-áirítear cairr fhada agus cairr rásaíochta) agus ar bhusanna nó ar leoraithe ag a bhfuil innéacs ualaigh nach mó ná 121 a thagann faoi chóid AC 4011 10 00 agus 4011 20 10 faoi láthair ('an táirge faoi imscrúdú'). Tugtar boinn le haghaidh gluaisteáin paisinéirí agus leoraithe éadroma ar na táirgí sin de ghnáth, faoi seach.

(61) Táirgtear boinn le haghaidh gluaisteáin paisinéirí agus leoraithe éadroma ('GP-LE') ó na bunábhair chéanna, is iad sin: rubar nádúrtha agus sintéiseach, dubh carbóin, ola leata, ceimiceáin éagsúla (frithocsaídeoirí, brostaitheoirí), cruach (le haghaidh criosanna agus feirbshreang) agus teicstílí (réón, níolón, poileistear agus snáithíní araimíde).

(62) Is iad seo a leanas príomhchéimeanna an phróisis monaraíochta: (i) na príomh-amhábhair a mheascadh; (ii) easbhrú agus cleandarú; (iii) tógáil bonn glas; (iv) leasú (bolcáiniú); agus (v) cigireacht deiridh (tomhas, tástáil).

(63) Cuimsíonn an táirge faoi imscrúdú raon leathan bonn i dtéarmaí cineálacha agus méideanna, a bhfuil innéacs ualaigh faoi bhun 121 acu go léir. Is iondúil go mbíonn siad suite ar fheithiclí beaga amhail gluaisteáin paisinéirí agus leoraithe éadroma nó leantóirí.

2.2. An táirge lena mbaineann

(64) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na Síne, a thagann faoi chóid AC 4011 10 00 agus 4011 20 10 faoi láthair.

2.3. An táirge comhchosúil

(65) Léiríodh san imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargaí intíre Dhaon-Phoblacht na Síne; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(66) Dá bhrí sin chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. Maímh maidir leis an raon táirgí

(67) Rinne go leor páirtithe aighneachtaí inar iarradh go n-eisiafaí cineálacha éagsúla bonn.

(68) D'áitigh 4M Pro&Invest gur cheart boinn shealadacha (dá ngairtear spáráil spáis nó dlúthbhonn freisin) agus boinn leantóra a eisiamh ón raon táirge toisc go bhfuil difríochtaí bunúsacha eatarthu maidir lena saintréithe fisiceacha agus teicniúla chomh maith lena n-úsáid bheartaithe i gcomparáid le boinn chaighdeánacha gluaisteán paisinéirí agus leoraithe éadroma. Go háirithe, mhaígh 4M Pro&Invest gur tháinig boinn shealadacha faoi cheanglais lipéadaithe éagsúla, go raibh siad níos lú ó thaobh méide de le leithead níos cúinge agus snáithe níos éadoimhne agus gur minic a bhí teorainneacha uasta faid agus luais acu (80 km/u de ghnáth). A mhéid a bhaineann le boinn leantóra, mhaígh sé, i gcodarsnacht leis an táirge faoi imscrúdú, go raibh trastomhas níos lú ag boinn leantóra (faoi bhun 15 orlach), go raibh doimhneacht agus patrún snáithe éagsúil acu chomh maith le marcálacha, rátálacha luais

sonracha (uasmhéid 140 km/u nó raon idir 80-100 km/u) agus brú teannaidh sonrach. Mhaígh 4M Pro&Invest freisin go bhfuil cuspóirí sonracha ag na difríochtaí sin agus, dá bhrí sin, nach raibh boinn shealadacha agus leantóra inmhalartaithe le boinn chaighdeánacha GP-LE. Thairis sin, dúirt 4M Pro&Invest freisin nár tháirg tionscal an Aontais na boinn sin nó nár tháirg sé iad sna cainníochtaí ba ghá ar a laghad, go háirithe ar an margadh athsholáthair. Ar deireadh, dúirt 4M Pro&Invest freisin go ndearnadh i *rothaí bóthair* ([11]) iad siúd atá faoi bhun 16 orlach agus nach dtáirgeann tionscal an Aontais, a eisiamh ó raon feidhme an táirge.

(69) D'iarr Hyundai go mbainfí boinn shealadacha a tháirgtear le teicneolaíocht laofachta ó raon feidhme an táirge. De réir Hyundai, níor tháirg tionscal an Aontais iad sin agus dá bhrí sin ní fhéadfadh siad díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, dhéanfadh dleachtanna dochar míchuí do mhonaróirí gluaisteán agus d'úsáideoirí deiridh.

(70) D'áitigh Hankook Group freisin go n-eisiafaí boinn shealadacha ós rud é go raibh na boinn sin éagsúil go feiceálach le boinn chaighdeánacha (níos lú, níos éadroime, tarraingt theoranta acu, dearadh snáithe níos simplí, teorainneacha luais níos ísle (uasmhéid 30-50 msu) agus beartaithe d'achair ghearra (idir 50-100 míle)). Dúirt Hankook Group freisin go raibh greantaí éagsúla ag na boinn sin agus go raibh a gcostas táirgthe níos ísle go ginearálta ná costas na mbonn caighdeánach gluaisteán paisinéirí agus leoraithe éadroma. Bunaithe ar na saintréithe sin, mhaígh Hankook Group nach raibh boinn shealadacha inmhalartaithe le boinn chaighdeánacha gluaisteán paisinéirí agus leoraithe éadroma.

(71) D'áitigh Otto Just GmbH & Co ('Otto Just'), allmhaireoir neamhchomhlachaithe a bhfuil speisialtóireacht aige i soláthar monaróirí buntrealaimh sa tionscal leantóirí, gur cheart boinn leantóra eisiamh. Chuir Otto Just in iúl go raibh boinn leantóra níos lú de ghnáth (idir 8 n-orlach agus 15 orlach) agus go raibh innéacs ualaigh ard acu agus nach raibh acmhainneacht leordhóthanach ag tionscal an Aontais an deighleog mhargaidh sin a shásamh. Dá bhrí sin, chruthódh bearta frithdhumpála ganntanais soláthair agus dhéanfadh siad dochar do mhonaróirí leantóirí, ar fiontair bheaga agus mheánmhéide iad den chuid is mó.

(72) D'áitigh Vannetukkugur cheart 'boinn le rubar bán ar an taobh-bhalla' (a fheistítear ar sheanghluaisteáin (earraí inbhailithe) a cláraíodh den chéad uair roimh 1980) ar leithead 40 mm ar a laghad a eisiamh ó raon feidhme an táirge. De réir Vannetukku, bhí siad níos costasaí ná boinn chaighdeánacha gluaisteán paisinéirí agus leoraithe éadroma agus níor mhonaraigh tionscal an Aontais iad agus, dá bhrí sin, ní fhéadfadh siad aon díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais. Mhaígh Vannetukku freisin, murab ionann agus líomhain tháirgeoirí an Aontais, go raibh na boinn sin éagsúil le boinn níos sine.

(73) Ina theannta sin, d'iarr go leor páirtithe leasmhara (B.I.S. Srl, Baltityre Group, Bronson Wheels AB, Edison, Gummistrada B.V, Maxxis Hellas, Pneurama Lda agus VA-PA Toute Oy) go n-eisiafaí cineálacha sonracha éagsúla táirgí nideoige, amhail boinn easbhóthair, boinn laofachta, boinn le haghaidh gluaisteáin sean-ama, brandaí sonracha le haghaidh feithiclí seanré, boinn leantóra ardluais agus boinn leath-mhín iomaíochta a úsáidtear le haghaidh síobadh mótarspóirt). Sna haighneachtaí sin uile maíodh go ndéanfadh dleachtanna dochar do chustaiméirí cé nár tháirg tionscal an Aontais na cineálacha sin nó nár tháirg sé ach méid an-teoranta díobh agus, dá bhrí sin, nár bhain díobháil dó de bharr a n-allmhairí.

(74) D'áitigh CRIA go raibh raon feidhme an táirge faoi imscrúdú róleathan agus débhríoch agus gur cumhdaíodh leis raon leathan grúpaí táirgí nach raibh airíonna, sonraíocht ná feidhmeanna úsáide deiridh comhchosúla acu. Ar an gcaoi chéanna leis na páirtithe thuas, mhaígh CRIA nach raibh cuid de na boinn sin i gcaidreamh iomaíoch le boinn gluaisteán paisinéirí agus leoraithe éadroma agus nach raibh táirgeadh leordhóthanach san Aontas. D'ardaigh CRIA an pointe freisin go n-eisiatar in imscrúdú frithdhumpála a rinne SAM ([12]) boinn spártha de chineál T le haghaidh úsáid shealadach, boinn íseal-luais agus boinn leantóra. Ina theannta sin, chuir CRIA in iúl gur thagair an gearán féin do Rialachán (AE) 2020/740 ([13]) agus an táirge faoi imscrúdú á shainiú cé nach bhfuil feidhm ag an

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/353 an 3 Márta lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothaí bóthair cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, IO L 65/9 an 4.3.2020, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/353/oj.

([12]) An Clár Feidearálach/Imleabhar 80, Uimh. 153/ 10 Lúnasa, 2015.

([13]) Rialachán (AE) 2020/740 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le lipéadú bonn maidir le héifeachtúlacht breosla agus paraiméadair eile, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1369 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009, (IO L 177, 5.6.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/740/oj).

Rialachán sin go sainráite maidir le boinn áirithe ([14]). Dá bhrí sin, d'iarr CRIA ar an gCoimisiún a shonrú, le haghaidh gach ceann de na catagóirí a eisiatar le Rialachán (AE) 2020/740 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cé acu a cumhdaíodh nó nár cumhdaíodh iad le raon feidhme an imscrúdaithe. In aighneacht ina dhiaidh sin, dhírigh CRIA ar úsáid shealadach bonn spártha, bonn leantóra agus bonn gairmiúil eisbhóthair. D'athdhearbhaigh CRIA go raibh boinn shealadacha agus boinn ghairmiúla eisbhóthair díolmhaithe ó na ceanglais maidir le lipéadú bonn a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/740 agus ós rud é gur leagadh béim sa ghearán féin ar ábharthacht na gceanglas sainordaitheach lipéadaithe (an Chlárlann Táirgí Eorpach um Lipéadú Fuinnimh), mheas CRIA gur cheart boinn a bhí díolmhaithe go sainráite uathu sin a bheith lasmuigh de raon feidhme an imscrúdaithe go loighciúil. Maidir le boinn leantóra, dúirt CRIA gur tháinig siad sin faoi chreat rialála éagsúil freisin faoi Rialachán Uimh. 54 CEE-NA ([15]), lenar sainíodh iad mar Bhoinn Saor-Rollta agus lenar cuireadh toirmeasc ar a n-úsáid ar acastóirí stiúrtha tosaigh agus tiomána. D'athdhearbhaigh CRIA argóintí nach raibh na trí chineál bonn sin inmhalartaithe le boinn chaighdeánacha GP-LE agus go raibh siad uile inaitheanta go héasca mar gheall ar na marcálacha ar na taobh-bhallaí, a cuireadh isteach le linn an phróisis bolcáinithe agus a bhí ina ngnéithe buana neamh-inbhainte den bhonn.

(75) Rinne an Coimisiún anailís chúramach ar na maímh sin agus rinne sé an cinneadh seo a leanas.

(76) Ar an gcéad dul síos, a mhéid a bhaineann leis an iarraidh ar shoiléiriú a chuir CRIA ar aghaidh, cuireann an Coimisiún i dtábhacht go dtagann gach bonn a chomhlíonann an sainmhíniú ar an táirge i roinn 2 den fhógra tionscnaimh agus i roinn 2.1 thuas faoi raon táirge an imscrúdaithe, mura n-eisiatar go sonrach iad. Níl cumhdach táirgí Rialacháin éagsúla de chuid an Aontais nó de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le lipéadú táirgí nó aicmithe feithiclí ábhartha chun raon feidhme an táirge a chinneadh, mura luaitear é sin sa sainmhíniú ar an táirge, mar a léiríonn an gearán, dá dtagraíonn an páirtí féin ([16]). Ina theannta sin, níl aon cheanglas idirmhalartachta i measc cineálacha éagsúla táirgí laistigh den táirge lena mbaineann agus ní gá gur féidir gach bonn a úsáid i ngach uile fheithicil/suíomh. Tagraíonn na heilimintí sin don sainmhíniú ar an táirge comhchosúil ina ionad sin agus tá siad tábhachtach don anailís díobhála agus tá gá leo don chomparáid táirge. Ar an gcaoi chéanna, ní toisc ábhartha é sainmhíniú táirge ar imscrúduithe arna ndéanamh ag riaracháin tríú tír eile.

(77) Maidir leis na maímh ar na boinn shealadacha (4M Pro&Invest, CRIA, Hyundai agus Hankook) agus ar bhoinn leantóra (4M Pro&Invest, CRIA agus Otto Just) thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil formhór na ndifríochtaí a cuireadh chun cinn, amhail snáithe níos éadoimhne nó níos simplí, brú teannaidh níos ísle nó níos airde, méid níos lú, leithead níos cúinge...etc sonrach ná inaitheanta go leor chun bonn a chruthú do shainmhíniú/eisiamh táirgí. Thairis sin, níor deimhníodh leis an imscrúdú an maíomh gur líomhnaíodh nár tháirg tionscal an Aontais na boinn sin mar a d'fhíoraigh an Coimisiún. Chinn an Coimisiún gur tháirg tionscal an Aontais boinn shealadacha agus leantóra araon, cé gur méideanna teoranta a bhí iontu. Ina theannta sin, i bhfianaise an bhrú láidir a chuireann na hallmhairí ón tSín ar phraghas neamhréasúnach íseal, tá tionscal an Aontais ag titim siar sna deighleoga táirgí sin, faoi dhálaí reatha an mhargaidh. Ar an iomlán, mheas an Coimisiún go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag na boinn shealadacha agus ag na boinn leantóra. Tá siad déanta as na hábhair bhunúsacha chéanna a thuairiscítear in aithris (62).

(78) A mhéid a bhaineann leis an maíomh maidir le boinn le rubar bán ar an taobh-bhalla, thug an Coimisiún dá aire nár chuir Vannetukku faisnéis agus fianaise chuí-réasúnaithe ar fáil lena léirítear na difríochtaí coincréiteacha sna saintréithe fisiceacha, ceimiceacha nó teicniúla ar ar a mbonn ba cheart na boinn le rubar bán ar an taobh-bhalla a eisiamh. Thairis sin, ní hionann praghas níos airde ann féin agus easpa dumpála, sladghearrtha agus/nó gearrdhíola. Ina theannta sin, léirigh an fhianaise ar comhad agus an fhaisnéis atá ar fáil go poiblí gur mhonaraigh tionscal an Aontais na boinn sin freisin ([17]).

([14]) Na boinn atá liostaithe ag CRIA mar a leanas: (a) boinn ghairmiúla eisbhóthair; (b) boinn arna ndearadh lena bhfeistiú ar fheithiclí a cláraíodh den chéad uair roimh an 1 Deireadh Fómhair 1990, agus orthu sin amháin; (c) boinn spártha de chineál T le haghaidh úsáid shealadach; (d) boinn a bhfuil a rátáil luais níos lú ná 80 km/h; (e) boinn nach mó trastomhas ainmniúil a himill ná 254 mm nó arb ionann é agus 635 mm nó níos mó; (f) boinn atá feistithe le feistí breise chun a n-airíonna tarraingthe a fheabhsú, amhail boinn bhocóideacha; (g) boinn atá deartha lena bhfeistiú ar fheithiclí atá beartaithe go heisiach le haghaidh rásaíochta agus (h) boinn athláimhe, mura n-allmhairítear na boinn sin ó thríú tír.

([15]) Rialachán Uimh. 54 den Choimisiún Eacnamaíoch don Eoraip ó na Náisiún Aontaithe (UNECE) - Forálacha aonfhoirmeacha maidir le fhormheas aerbhoinn le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí (IO L 183, 11.7.2008, lgh. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/54(2)/oj).

([16]) Leagan oscailte den ghearán, fonóta 5 ar leathanach 5.

([17]) Foinse: Suíomhanna gréasáin trádálaithe éagsúla atá ar fáil go poiblí, amhail: Bonn cóic ag https://cokertire.com/tires/styles/whitewall-tires/michelin.html arna rochtain go deireanach an 27 Aibreán 2026 agus Topbanden ag: http://pdf.dfcfw.com/pdf/H2_AN201904121318887721_1.pdf, (arna rochtain go deireanach an 27 Aibreán 2026).

(79) Ar an gcaoi chéanna, a mhéid a bhaineann leis na maímh chineálacha, mar a liostaítear in aithris (73) thuas, arna gcur isteach ag páirtithe éagsúla (B.I.S. Srl, Baltityre Group, Bronson Wheels AB, Edison, Gummistrada B.V, Maxxis Hellas, Pneurama Lda agus VA-PA Toute Oy), mheas an Coimisiún nár chuir na maímh sin aon fhianaise chuí-réasúnaithe ar fáil maidir leis na difríochtaí i saintréithe fisiceacha, ceimiceacha nó teicniúla na mbonn sin ar ar a mbonn a d'fhéadfaí iad a shainiú go soiléir nó a eisiamh ó raon feidhme an táirge faoi imscrúdú.

(80) Tar éis an nochta chinntithigh, d'athdhearbhaigh Vannetukku a mhaíomh gur cheart boinn le rubar bán ar an taobh-bhalla a eisiamh ó raon feidhme an táirge. Chuir Vannetekku i dtábhacht go raibh difríocht shuntasach idir na boinn sin agus na boinn chaighdeánacha go príomha mar gheall ar an tsraith thiubh bhreise de rubar bán ina thaobh-bhalla, rud a d'fhág go raibh gá le hamhábhair éagsúla agus leis an bpróiseas monaraíochta éagsúil. Dúirt Vannetukku freisin go raibh teorainneacha luais éagsúla (níos ísle) ag boinn le rubar bán ar an taobh-bhalla agus nár tháirg ach fíorbheagán cuideachtaí ar domhan iad agus nár tháirg aon cheann acu san Aontas iad. Chuir Vannetukku i dtábhacht nár dhíol sé boinn le rubar bán ar an taobh-bhalla ar phraghsanna dumpáilte. D'áitigh Vannetukku, os a choinne sin, go raibh na táirgí sin beagnach dhá oiread níos costasaí go ginearálta mar bhonn caighdeánach coibhéiseach agus gur fhan a leibhéal praghsanna cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar na cúiseanna sin, eadhon, easpa táirgeachta san Aontas agus easpa dumpála, mheas Vannetukku nach raibh boinn le rubar bán ar an taobh-bhalla chun an milleán a chur ar chaillteanais post san Aontas agus nach bhféadfaidís díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais.

(81) D'athdhearbhaigh CRIA a mhaíomh gur cheart boinn shealadacha, boinn leantóra agus boinn ghairmiúla easbhóthair a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe seo, go háirithe mar gheall ar a n-easpa idirmhalartaitheachta le boinn chaighdeánacha PC-LL. I ndáil leis sin, d'athdhearbhaigh CRIA na hargóintí céanna a thuairiscítear cheana in aithris (74) thuas agus liostaigh sé roinnt imscrúduithe frithdhumpála inar eisiaigh an Coimisiún cineálacha áirithe táirgí a líomhnaítear gur easpa idirmhalartaitheachta ba chúis leo ([18]). De réir CRIA, bhí saintréithriú an Choimisiúin go bhfuil an úsáid deiridh chéanna ag na táirgí sin toisc go raibh siad in ann *'rolladh ar fheithiclí'* laghdaitheach agus nár léirigh siad réaltacht eacnamaíoch agus fheidhmiúil. Dúirt CRIA freisin gur dhiúltaigh an Coimisiún go mícheart do Rialachán (AE) 2020/740 maidir le Lipéadú Bonn agus do chaighdeáin chineálcheadaithe UN/ECE toisc nach mbaineann siad le sainmhíniú raon feidhme an táirge, agus ar an gcaoi sin thug sé neamhaird ar dhlí sábháilteachta ceangailteach lena n-aicmítear cineálacha bonn go soiléir.

(82) D'athdhearbhaigh Hyundai a mhaíomh gur cheart boinn spártha úsáide sealadaí a eisiamh ón raon táirgí mar a thuairiscítear in aithris (69) agus chuir sé i dtábhacht go raibh na boinn sin inaitheanta go soiléir mar gheall ar a marcálacha.

(83) D'athdhearbhaigh Otto Just a mhaímh maidir le boinn leantóirí a bhfuil achoimre orthu in aithris (71) agus d'iarr sé go ndéanfaí measúnú difreáilte ar an deighleog sin.

(84) Ní dhearnadh athrá ar mhaímh maidir le raon feidhme an táirge, agus go háirithe an easpa idirmhalartachta idir cineálacha éagsúla táirgí ar tugadh tuairisc orthu cheana agus ar tugadh aghaidh orthu in aithrisí (76) go (78) thuas. D'áitigh an Coimisiún go raibh lánrogha leathan aige maidir leis an sainmhíniú ar an táirge agus maidir leis an measúnú ar leibhéal na hidirmhalartachta. I ndáil leis sin, d'fhéadfaí a rá fiú laistigh de chomhthiomsú fhormhór na mbonn PC-LL caighdeánach, go bhféadfadh sé nach mbeadh cineálacha áirithe oiriúnach go heacnamaíoch nó go feidhmiúil do gach cineál feithicle agus do gach méid feithicle, ní chiallaíonn sé sin ar bhealach ar bith, áfach, nach

([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2163 ón gCoimisiún an 14 Lúnasa 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, aithris (40) (IO L, 2024/2163, 16.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2163/oj) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/261 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L, 2025/261, 11.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/261/oj) aithrisí (17)-(25); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 830/2014 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2014 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1890/2005 ón gComhairle, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2/2012 ón gComhairle agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 205/2013 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le raon feidhme táirge na mbeart frithdhumpála atá ann faoi láthair maidir le ceanglóirí cruach dosmálta agus codanna díobh, agus a mhéid a bhaineann le hiarrataí ar athbhreithniú níos nuaí, agus lena bhforáiltear go bhféadfaí dleachtanna a aisíoc nó a loghadh i gcásanna áirithe, (OJ L 228, 31.7.2014, p. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/830/oj) aithris (43); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/1932 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 412/2013 ón gComhairle lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, (IO L 273, 24.10.2017, p. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1932/oj), aithrisí (21)-(24); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2202 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne, aithrisí (IO L, 2023/2202, 17.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2202/oj) (29)-(32).

féidir leo teacht faoin sainmhíniú táirge céanna chun críocha imscrúdaithe frithdhumpála. Tá na buntréithe fisiceacha céanna ag na boinn nideoige arna sainaithint ag na páirtithe sin agus atá ag boinn chaighdeánacha PC-LL, is iad sin gach bonn neomatach, rubarbhunaithe, a bhfuil taobh-bhalla agus struchtúir tráchta acu atá oiriúnaithe dá n-úsáid bhunúsach atá le feistiú ar rothaí feithicle agus atá ina bpointe teagmhála leis an mbóthar trí thacú lena mheáchan agus tarraingt, rialú stiúrtha, feidhmíocht choscánaithe agus ionsú turrainge á soláthar i dteaglamaí éagsúla. Na difríochtaí líomhnaithe a d'ardaigh na páirtithe sin maidir leis na saintréithe fisiceacha nó na húsáidí fisiceacha, níor tháinig siad salach ar an gcomhchoitiantacht bhunúsach fheidhmiúil sin agus, dá bhrí sin, ní rabhthas in ann teacht ar chonclúid maidir leis an dearbh-easpa idirmhalartaitheachta idir boinn PC-LL agus táirgí nideoige eile. Sna cásanna éagsúla a thug CRIA ar aghaidh, deonaíodh eisiaimh bunaithe ar na fíorais a bhaineann go sonrach leis na himscrúduithe sin agus i ngach cás bunaithe ar dhifríochtaí i saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla na dtáirgí agus, dá bhrí sin, níor léirigh siad gur imigh an Coimisiún óna chleachtas seanbhunaithe. Mar shampla, i gcás ceanglóirí dé-mhiotail, bhí an cinneadh maidir le heisiamh táirgí bunaithe go príomha ar na difríochtaí a bhaineann le saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla ([19]) ós rud é gur teaglaim shonrach de chruach dhosmálta agus de cheanglóirí carbóin a bhí sna ceanglóirí sin. Ar an gcaoi chéanna, bhí na míreanna éagsúla a eisiatar ón raon táirge san imscrúdú ar earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine nó ar na feistis feadáin nó píobáin theilgthe shnáithithe bunaithe ar a saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla éagsúla. Is féidir an cás bithdhíosail a idirdhealú go soiléir freisin toisc gur eisiadh an Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe ('SAF') toisc gur fhreastail sé ar thionscal (eitlíocht) a bhí go hiomlán leithleach seachas ar iompar de bhóthar.

(85) Ar deireadh, maidir le Rialachán (AE) 2020/740 an Aontais maidir le Lipéadú Bonn a líomhnaítear a ndearnadh neamhaird de agus caighdeáin chineálcheadaithe UN/ECE, mheas an Coimisiún nach raibh siad ábhartha don sainmhíniú ar raon táirge, toisc gur shainigh an t-údarás imscrúdúcháin an táirge lena mbaineann in imscrúdú frithdhumpála go neamhspleách ar bhonn shaintréithe an táirge agus an chaidrimh iomaíoch sa mhargadh, agus nár léirigh sé aicmiú rialála an táirge faoi chomhlachtaí eile de dhlí an Aontais.

(86) Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh maidir leis na cineálacha táirgí a liostaítear thuas a eisiamh ón raon táirgí agus coinníodh an sainmhíniú ar an táirge mar a shonraítear san fhógra tionscnaimh agus mar a atáirgtear i roinn 2.1 thuas.

2.4.1. *Deighilt i dtrí leibhéal de mhargadh an Aontais*

(87) De réir an ghearáin, is féidir margadh na mbonn gluaisteán paisinéirí agus leoraithe éadroma a roinnt ina thrí leibhéal ar leith. Is iad boinn Leibhéal 1 *boinn den scoth arb iad a bpríomhthréithe an fheidhmíocht is fearr agus na praghsanna is airde*. Déantar cur síos ar bhoinn leibhéal 2 mar bhoinn *idirmheánacha* agus meánraoin arb é is príomhthréith dóibh an cóimheas is fearr idir praghas agus cáilíocht. Cuimsíonn boinn leibhéal 3 an chuid sin den mhargadh a bhaineann leis an *mbuiséad*.

(88) Deimhníodh san fhaisnéis a bhailigh an Coimisiún agus/nó a fuair sé an deighilt sin sa mhargadh le haghaidh boinn gluaisteán paisinéirí agus leoraithe éadroma ar mhargadh an Aontais. Cé nach bhfuil aon línte deighilte soiléire agus buaine i measc na leibhéal (mar a mhínítear a thuilleadh in aithrís (425) thíos), tá comhaontú ginearálta i measc na bpáirtithe leasmhara agus torthaí an Choimisiúin maidir leis an gcatagóiriú seo a leanas:

(a) Cumhdaíonn Leibhéal 1 an deighleog 'den scoth' le brandaí suaitheanta na bpríomh-mhonaróirí. Is príomhthoisc é aithint branda do bhoinn ar an leibhéal sin agus tugann sé údar le praghsanna níos airde le haghaidh feidhmíochtaí arda a bhfuiltear ag súil leo agus ábhar ard teicneolaíoch. Cumhdaítear leis an leibhéal sin díolacháin OE agus an margadh athsholáthair araon.

(b) Cumhdaítear le Leibhéal 2 an deighleog 'idirmheánach' i gcás boinn OE agus boinn athsholáthair araon. Tá aitheantas branda tábhachtach i gcónaí sa leibhéal sin agus is iondúil go mbíonn aithne mhaith ag ceannaitheoirí ar bhrandaí a bhíonn in ann an monaróir bonn a shainaithint freisin. Tá ról níos tábhachtaí ag praghsanna sa chinneadh ceannaigh.

(c) Le Leibhéal 3, cumhdaítear an deighleog 'buiséid' le haghaidh na mbonn athsholáthair den chuid is mó, cé go bhféadfadh díolacháin OE a bheith ann ar an leibhéal sin freisin. Sa deighleog sin, tá feidhmíochtaí níos teoranta ó thaobh friotaíocht rollta, coscánú, láimhseáil agus laghdú torainn de. Is é an praghas an toisc cinntitheach is tábhachtaí, cé nach é an t-aon cheann é i gcinneadh ceannaigh an chustaiméara.

([19]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 830/2014, aithris (42).

(89) D'eisigh an Coimisiún nóta ina raibh mapáil na mbonn de réir branda, a cuireadh ar fáil le haghaidh barúlacha do na páirtithe leasmhara uile an 4 Meán Fómhair 2025.

(90) Bhí an mhapáil bunaithe ar an anailís ar an bhfaisnéis seo a leanas:

— an gearán (roinn 3 agus Iarscríbhinn 4 go háirithe);

— freagraí ar an gceistneoir ([20]) ó na cuideachtaí sampláilte agus ó na cuideachtaí a d'iarr scrúdú aonair, ar iarradh orthu an leibhéal comhfhreagrach in aghaidh an bhranda a thuairisciú; agus

— faisnéis atá ar shuíomhanna gréasáin speisialaithe ([21]) lena n-aicmítear brandaí ina leibhéil bunaithe ar an dearcadh atá acu ar an margadh.

2.4.2. *Maímh maidir le haicmiú dheighilt mhargadh an Aontais le haghaidh bonn*

(91) Mar a tugadh faoi deara in aithris (88), ghlac páirtithe leasmhara go ginearálta leis go raibh an margadh roinnte ina thrí leibhéal (deighleoga) agus mapáil margaidh na mbrandaí bonn mar a mhol an Coimisiún.

(92) Fuarthas barúlacha inar moladh na brandaí seo a leanas a athaicmiú: Barum, Debica, Dunlop, Tigar, General Tire, Gislaved, Hankook, Matador, Sava agus Viking.

(93) Chun anaithnideacht páirtithe leasmhara a chosaint, ní raibh an Coimisiún in ann a nochtadh cén páirtí leasmhar a chuir maíomh ar leith ar aghaidh.

(94) Maidir leis an mbranda Hankook, agraíodh ceithre chúis chun an branda sin a aicmiú i leibhéal 2 seachas i leibhéal 1:

— Aicmíodh Hankook sa ghearán i leibhéal 2 bunaithe ar a n-eolas ar an margadh.

— D'admhaigh Hankook go raibh sé ag bogadh de réir a chéile ó leibhéal 2 go leibhéal 1 ach nach raibh tuiscint fhorleathan ann go raibh sé mar chuid de leibhéal 1 faoi láthair.

— D'agair Hankook dearcadh an mhargaidh agus luaigh sé na ranguithe leibhéil foriomlána a leagtar amach in 'Athbhreithniú Bonn 2018' ([22]).

— Comhfhreagraíonn praghsanna bhranda Hankook do phraghsanna táirgeoirí eile leibhéal 2 seachas praghsanna leibhéal 1.

(95) Agus na barúlacha ar mhapáil mhargaidh an Choimisiúin á gcur san áireamh, chomh maith leis na foinsí a luaitear in aithris (90) agus (94), measadh gur leibhéal 3 iad Debica, Barum, Matador agus Sava, agus aistríodh Hankook agus Dunlop ó leibhéal 1 go leibhéal 2. Chuir an Coimisiún na páirtithe ar an eolas faoi mhapáil athbhreithnithe na mbonn de réir branda an 27 Márta 2026.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(96) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

([20]) Leibhéal arna thuairisciú san idirbheart de réir liostú díolachán idirbhirt na gcuideachtaí sampláilte.

([21]) https://www.tyrereviews.com/Tyre, https://www.grip500.it/pneumatico/, https://www.bandenexpert.be/bandenmerken/, https://www.bandenexpert.be/bandenmerken/, https://www.tyrecomp.co.uk/brands.htm agus https://wulkanista.pl/klasy-opon/. Ní liosta cuimsitheach é seo.

([22]) Staidéar ar Leibhéal na Bonn: Iniúchadh a dhéanamh ar Chritéir agus ar Mhearbhall i ndáil le Leibhéil i dTionscal na mBonn: Na Torthaí" a foilsíodh an 19 Feabhra 2019 (údar: Patti Hoying). https://www.tirereview.com/tier-study-results-based-on-tire-quality-engineering-performance arna rochtain go deireanach an 30 Márta 2026 (arna rochtain go deireanach an 30 Márta 2026).

(97) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. Chuir 34 tháirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

(98) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(99) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(100) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Ba í an tSeirbia an tír a shainaithin an gearánach mar thír ionadaíoch iomchuí.

(101) An 4 Meán Fómhair 2025, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an chéad nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar lena dtreoraítear rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha, is iad sin Meicsiceo, an tSeirbia agus an Tuirc mar thíortha ionadaíocha féidearacha. Fuair an Coimisiún barúlacha ón ngearánach, CRIA, GITI Group, Hankook Group, Kumho agus Shandong Yongsheng.

(102) An 14 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ('an dara nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh agus an Tuirc ina tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do na páirtithe leasmhara go suífeadh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus brabúis ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil maidir le Brisa Bridgestone, ar táirgeoir é sa Tuirc.

(103) Fuair an Coimisiún barúlacha ó CRIA, ó GITI Group, ó Hankook Group, Kumho, Shandong Yongsheng agus Sumitomo Rubber (Hunan) agus Sumitomo Rubber (Changshu) ('Sumitomo Group'). Tugtar aghaidh ar na barúlacha i Roinn 3.3.

3.2. **An Gnáthluach**

(104) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'.

(105) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'más rud é go gcinntear […]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa' agus '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais riaracháin, díola agus ghinearálta').

(106) Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú reatha gur ar bhonn na fianaise atá ar fáil agus i bhfianaise na heaspa comhoibre a fuarthas ó Rialtas na Síne, b'iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(107) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán sainmhínítear gurb é atá i 'saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu. Agus measúnú á dhéanamh lena fháil amach an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas:

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;

— rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.'

(108) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar úsáid a bhaint as na himthosca fíorasacha céanna chun a léiriú gur ann do cheann amháin nó níos mó d'eilimintí an liosta.

(109) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil. Sa mheasúnú foriomlán i leith an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an cás sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágfaidh nach torthaí ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad na praghsanna ná na costais.

(110) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán 'i gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún le creidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith ann i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta'.

(111) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín ([23]) ('an Tuarascáil'), ina bhfuil fianaise gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil rialtais ar roinnt mhaith leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i roinnt mhaith príomhthoisc táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar) agus in earnálacha roghnaithe amhail earnáil na gceimiceán. Iarradh ar na páirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdúcháin tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt maidir léi nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil sa chomhad imscrúdúcháin ag an gcéim thionscnaimh.

(112) Líomhain an gearánach go bhfuil saobhadh suntasach ann in earnáil an táirge lena mbaineann. Thagair sé don Tuarascáil agus d'fhianaise ábhartha eile a chomhlánaíonn an Tuarascáil. Go sonrach, chuir an gearánach in iúl go bhfuil an margadh sa tSín dínasctha ó ghnáthfhórsaí an mhargaidh toisc gur stát cumannach í an tSín atá bunaithe ar fhoirceadal 'an gheilleagair margaidh shóisialaigh' agus toisc go bhfuil tionchar láidir ag Páirtí Cumannach na Síne ('Páirtí Cumannach na Síne' nó 'Páirtí') ar an ngeilleagar, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach. Trí údarás bunreachtúil, pleanáil thionsclaíoch, agus struchtúir Pháirtí atá leabaithe ar fud na dtionscal, is é an stát a shocraíonn tosaíochtaí eacnamaíocha agus leithdháileadh acmhainní.

([23]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, 10 Aibreán 2024, (SWD (2024) 91 final), https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=ga.

(113) D'áitigh an gearánach freisin gur aimsíodh in imscrúduithe a rinne an Coimisiún roimhe seo saobhadh suntasach i dtionscal na mbonn bus agus leoraithe, agus in earnálacha réamhtheachtacha amhail cruach, peitriceimiceáin, fuinneamh agus teicstílí. Baineann na torthaí sin freisin leis an tionscal bonn GP-LE, de réir an ghearánaigh.

(114) Ina theannta sin, mheabhraigh an gearánach mionsonraí breise maidir leis na heilimintí seo a leanas a dtagann saobhadh suntasach astu.

(115) Ar an gcéad dul síos, líomhain an gearánach go bhfreastalaíonn fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi rialú nó faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais go suntasach ar mhargadh bonn GP-LE sa tSín.

(116) Go sonrach, d'áitigh an gearánach go mbraitheann geilleagar na Síne go mór ar fhiontair faoi úinéireacht stáit, a bhfuil ról straitéiseach acu maidir le rialú stáit a choinneáil ar bun. Is ó fhiontair faoi úinéireacht stáit a thagann thart ar 25 % de OTI na Síne agus tá siad comhchruinnithe in earnálacha criticiúla. Déanann an Coimisiún um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht an Stáit ('SASAC') maoirseacht ar fhiontair faoi úinéireacht stáit, cuireann sé pleananna tionsclaíocha chun feidhme agus rialaíonn sé acmhainní cuideachta, bainistíocht agus ceapacháin phearsanra agus, dá bhrí sin, áirithíonn sé go mbaintear amach spriocanna an Pháirtí. Baineann an rialú forleatach sin leis an tionscal bonn agus lena earnálacha réamhtheachtacha agus iartheachtacha.

(117) Chuir an gearánach i dtábhacht go ndéanann cuideachtaí faoi úinéireacht stáit rialú suntasach sna hearnálacha réamhtheachtacha, agus san earnáil monaraíochta bonn féin. Lasmuigh de pheitriceimiceáin, is tionscail iad rubar nádúrtha agus teicstíl ina bhfuil gníomhaithe móra faoi úinéireacht an stáit ag an tSín. Tá roinnt mórtháirgeoirí bonn de chuid na Síne i seilbh dhíreach nó indíreach eintiteas rialtais. Mar shampla, tá Shuangqian Tire Group Co. Ltd., a tháirgeann boinn gluaisteán paisinéirí, faoi rialú fiontair faoi úinéireacht stáit, agus tá China National Tyre & Rubber Co. Ltd ('CNRC'), ceann de na táirgeoirí bonn is mó sa tSín, ina fhochuideachta de SINOCHEM. Fiú cuideachtaí nach bhfuil faoi úinéireacht tromlaigh an stáit, amhail Giti Tire Co. agus Prinx Chengshan (Shandong) Tire Co., cuireann siad fiontair faoi úinéireacht stáit san áireamh ina struchtúr caipitil. Cuireann an rialú forleatach stáit sin in earnálacha réamhtheachtacha agus laistigh den tionscal bonn féin béim ar shaobhadh suntasach i bhfórsaí an mhargaidh.

(118) Ar an dara dul síos, d'áitigh an gearánach go leathnaíonn tionchar an rialtais agus Pháirtí Cumannach na Síne go forleathan chuig gnólachtaí na Síne, rud a chumasaíonn cur isteach ón stát ar phraghas agus ar chostais.

(119) Chuir an gearánach in iúl go bhfeidhmíonn Páirtí Cumannach na Síne rialú ar chuideachtaí trí chealla Páirtí leabaithe, atá éigeantach in eagraíochtaí ina bhfuil triúr comhaltaí Páirtí nó níos mó. I bhfiontair faoi úinéireacht stáit, tá údarás suntasach ag Páirtí Cumannach na Síne, ceapann sé feidhmeannaigh agus treoraíonn sé mórchinntí. Thairis sin, tá brú méadaitheach ar chuideachtaí príobháideacha freisin ceannaireacht an Pháirtí a chomhtháthú ina bpróisis chinnteoireachta. Treisítear tionchar Pháirtí Cumannach na Síne trí bheartais amhail Cód Rialachais Chorparáidigh 2018 agus Tuairim 2020 maidir le hObair Fhronta Aontaithe a Neartú ([24]), lena gcuirtear ceannaireacht an Pháirtí chun cinn i bhfiontair phríobháideacha. Ina theannta sin, le córas Páirtí Cumannach na Síne maidir le 'dul isteach dhá threo agus trascheapacháin', éascaítear comhtháthú chomhaltaí an Pháirtí i gceannaireacht chorparáideach. I bhfiontair faoi úinéireacht stáit, ní mór príomhróil feidhmiúcháin a bheith ag comhaltaí Páirtí Cumannach na Síne, lena n-áirithítear ceannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach. Rialaíonn Páirtí Cumannach na Síne acmhainní daonna freisin i bhfiontair faoi úinéireacht stáit agus i gcuideachtaí príobháideacha araon, déanann sé maoirseacht ar chinntí pearsanra agus coinníonn sé bunachair sonraí tallainne ar bun chun ceapacháin a ailíniú le cuspóirí an Pháirtí.

(120) Ina theannta sin, chuir an gearánach in iúl go leagtar béim sa 14ú Plean Cúig Bliana náisiúnta ar chloí le treoirlínte Pháirtí Cumannach na Síne, lena dtugtar sainordú do chuideachtaí idé-eolaíocht an Pháirtí a chomhtháthú ina n-oibríochtaí. Áirithíonn comhlachais tionscail amhail CRIA agus Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhaireoirí agus Onnmhaireoirí Miotal, Mianraí agus Ceimiceán ('CCCMC') go leanann monaróirí bonn agus cuideachtaí comhlachaithe treoracha stáit. Feidhmíonn CRIA, trína bhrainsí agus a threoirlínte, mar dhroichead idir an Páirtí agus an rialtas chuig cuideachtaí, rud a chuireann tionchar Pháirtí Cumannach na Síne chun cinn maidir le feidhmíocht an tionscail a rialú. Tá ceannairí atá cleamhnaithe le Páirtí Cumannach na Síne agus brainsí an Pháirtí leabaithe laistigh dá struchtúir ag na comhlachais sin freisin.

([24]) D'eisigh Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne Tuairimí maidir le hObair Fhronta Aontaithe an Gheilleagair Phríobháidigh a Neartú sa Ré Nua, (Meán Fómhair 15 2020), le fáil ag: https://interpret.csis.org/translations/the-general-office-of-the-ccp-central-committee-issued-the-opinion-on-strengthening-the-united-front-work-of-the-private-economy-in-the-new-era/.

(121) D'áitigh an gearánach freisin go léiríonn mórtháirgeoirí bonn, amhail Qingdao Doublestar, Shuangqian Tire Group Co., Ltd., agus Sailun Group Co., tionchar suntasach an Pháirtí trí cheannairí atá cleamhnaithe le Páirtí Cumannach na Síne agus trí úinéireacht stáit. Chuir an gearánach i dtábhacht go gcuireann rialú forleatach stáit agus Páirtí srian ar chumas ghnólachtaí na Síne praghsanna agus costais a shocrú go neamhspleách, ós rud é go mbíonn tionchar ag breithnithe neamh-mhargaidh atá ailínithe le cuspóirí Pháirtí Cumannach na Síne orthu sin, rud a scarann iad ó ghnáthfhórsaí an mhargaidh.

(122) Ar an tríú dul síos, chuir an gearánach in iúl go bhfuil beartais phoiblí agus bearta poiblí sa tSín i bhfabhar soláthróirí intíre agus go ndéanann siad saobhadh suntasach ar fhórsaí an mhargaidh shaoir, lena n-áirítear sa tionscal bonn agus ina shlabhra soláthair. Cuireann Rialtas na Síne pleanáil chuimsitheach chun feidhme trí Phleananna Cúig Bliana lena n-áirítear pleananna earnáilsonracha, lena leagtar síos spriocanna maidir le táirgeadh, nuálaíocht agus forbairt ghlas freisin. Leis na pleananna sin, tugtar tús áite do phríomhearnálacha réamhtheachtacha amhail peitriceimiceáin, rubar nádúrtha, cruach agus fuinneamh, chomh maith le tionscail iartheachtacha a bhaineann leis an tionscal monaraíochta bonn.

(123) Chuir an gearánach i dtábhacht go bhfuil beartais an rialtais ceaptha chun smacht méadaithe a chur ar an tionscal bonn. Tacaíonn na beartais sin go straitéiseach le forbairt an tionscail, lena n-áirithítear ailíniú le cuspóirí an stáit agus lena bhfeabhsaítear tionchar rialtais ar gach leibhéal den tionscal. Mar shampla, tugtar aghaidh go sonrach ar an earnáil bonn sna Pleananna Cúig Bliana agus tairbhíonn sí go díreach de thacaíocht Rialtas na Síne. Áirítear boinn faoi chuimsiú na Tuairime Treorach maidir le Forbairt Ardcháilíochta Thionscail na bPeitriceimiceán agus na gCeimiceán a Chur Chun Cinn le linn an 14ú Plean Cúig Bliana. Ní hamháin go leagtar béim sa Tuairim Threorach sin ar dhul chun cinn táirgí boinn trí chlaochlú digiteach caighdeánaithe ach dírítear inti freisin ar chaighdeáin theicneolaíocha agus cháilíochta a fheabhsú ar fud na hearnála. Déanann comhlachais tionscail amhail CRIA, a fheidhmíonn mar chainéil idir an rialtas agus cuideachtaí bonn, an cur chun feidhme a éascú, lena n-áirithítear ailíniú leis na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach sa tuairim threorach. Úsáideann Rialtas na Síne soláthar poiblí fabhrach, tacaíocht airgeadais agus uirlisí eile chun iomaíochas bonn a tháirgtear sa bhaile a mhéadú i margaí eachtracha.

(124) Thairis sin, chuir an gearánach in iúl go n-eisíonn rialtais chúigeacha rialacháin chun tacú le táirgeoirí bonn. Príomhshampla is ea 14ú Plean Cúig Bliana Shandong, arb é is aidhm dó tacaíocht na hearnála poiblí a chomhdhlúthú agus cumais ghnó phríobháideacha a fheabhsú, ag díriú ar shlabhra soláthair thionscal na ngluaisteán agus ar leithdháileadh acmhainní. Dhírigh an cúige ar a thionscal gluaisteán trí *'shineirge sa slabhra soláthair agus cumas leithdháilte acmhainní'*. Tacaíonn idirghabhálacha stáit eile go díreach le táirgeoirí bonn ina n-infheistíochtaí T & F, tionscnaimh ghlasaithe agus feabhsuithe ar an slabhra táirgeachta.

(125) Thairis sin, chuir an gearánach i dtábhacht go laghdaíonn na beartais sin costais táirgthe go saorga. Mar shampla, tacaíonn Tionscnamh an Chreasa agus an Bhóthair le for-rochtain mhonaróirí bonn na Síne, lena gcuirtear bealaí fabhracha ar fáil chun onnmhairiú agus a suíomh ar an margadh a dhaingniú laistigh den mhargadh domhanda agus sa tSín.

(126) Ar an gceathrú dul síos, tharraing an gearánach aird ar easpa dhlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne, ar a gcur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó ar a bhforfheidhmiú neamhleor. Leag an gearánach béim go háirithe ar thacaíocht shaorga a thabhairt do tháirgeoirí bonn atá neamh-inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de agus a théann in iomaíocht go háitiúil agus go hidirnáisiúnta le cuideachtaí eachtracha a bhuí le tacaíocht a fháil a chuireann ar a gcumas éalú ón bhféimheacht.

(127) Tharraing an gearánach aird freisin ar an easpa úinéireachta talún príobháidí sa tSín, áit a bhfuil leithdháileadh talún faoi rialú an rialtais agus faoi thionchar cúinsí polaitiúla seachas cinntí faoi thionchar an mhargaidh. Is é an toradh atá air sin buntáiste éagórach do chuideachtaí bonn státurraithe, rud a shaobhann an margadh a thuilleadh agus a bhaineann an bonn d'iomaíocht an mhargaidh shaoir laistigh den tionscal bonn.

(128) Ar an gcúigiú dul síos, líomhain an gearánach go bhfuil saobhadh suntasach déanta ar chostais phá sa tSín, agus thug sé dá aire nach n-oibríonn ach ceardchumann amháin a aithnítear go dlíthiúil, faoi rialú Pháirtí Cumannach na Síne, sa tír. Is é an toradh a bhíonn ar an rialú sin, in éineacht le neamhdhaingniú na Síne ar phríomhchoinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair agus ar chleachtais shriantacha saothair, cur isteach polaitiúil a mbíonn tionchar aige ar phróisis socraithe pá, as a n-eascraíonn torthaí pá atá faoi stiúir an stáit seachas torthaí pá margadhbhunaithe. Ina theannta sin, déanann an córas clárúcháin teaghlaigh idirdhealú in aghaidh oibrithe imirceacha trí shrian a chur le rochtain ar shochair shóisialta agus eacnamaíocha, rud a shaobhann costais saothair a thuilleadh laistigh de gheilleagar na Síne.

(129) Ar an séú dul síos, tá rochtain ag táirgeoirí bonn na Síne ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí an bheartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát ar shlí eile. Ní hamháin go bhfuil na bainc mhóra sa tSín faoi úinéireacht stáit, ach ní mór do bhainc phríobháideacha cloí le beartais náisiúnta agus a ngnó á dhéanamh acu. Mar thoradh air sin, cuirtear infheistíochtaí fabhracha i dtreo tionscail 'atáthar a spreagadh'. Léirigh an gearánach na tairbhí sin do mhonaróirí bonn na Síne trí aird a tharraingt ar iasachtaí fabhracha agus ar chistiú fabhrach a fuair cuideachtaí amhail Shanghai Huayi Group, Double Coin, agus Prinx Chengshan ó bhainc phoiblí amhail Banc Onnmhairiúcháin-Allmhairiúcháin na Síne agus Banc na Síne. Ina theannta sin, coinníonn cuideachtaí amhail Doublestar naisc láidre ar bun le bainc amhail Bank of Communications, a bhfuil tacaíocht shuntasach geallta acu d'infheistíocht agus do mhaoiniú línte creidmheasa, rud a léiríonn spreagthaí beartasbhunaithe na n-institiúidí airgeadais sin.

(130) Thug an gearánach le fios freisin gur minic a bhíonn rátálacha bannaí agus creidmheasa sa tSín boilscithe agus go sáraíonn siad a gcontrapháirtithe idirnáisiúnta go córasach. Eascraíonn an saobhadh sin as na ráthaíochtaí intuigthe rialtais a soláthraíodh do thionscail 'atáthar a spreagadh' nó do thionscail atá ainmnithe ar bhealach eile, lena maolaítear go héifeachtach an riosca go dtarlódh mainneachtainí bannaí. I measc na samplaí tá gníomhaireachtaí creidmheasa Síneacha a dhámhann rátálacha i bhfad níos airde do chuideachtaí ná gníomhaireachtaí idirnáisiúnta aitheanta, a thairgeann téarmaí iasachta níos fabhraí do na cuideachtaí sin.

(131) Ar an iomlán, d'áitigh an gearánach go bhfuil tionchar ag saobhadh suntasach ar gheilleagar iomlán na Síne, a leathnaíonn, dá bhrí sin, chuig an tionscal bonn freisin. Déanann Rialtas na Síne idirghabháil ar gach leibhéal de shlabhra soláthair na mbonn, rud a fhágann go mbíonn tionchar ag saobhadh rialtais ar bhealaí éagsúla ar ionchuir, ar ionchuir na n-ionchur sin, agus mar sin de.

(132) Mar chonclúid, d'áitigh an t-iarratasóir gurb ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa tionscal bonn.

(133) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu is iomchuí nó nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha a chuimsíonn an táirge lena mbaineann.

(134) Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad. San fhianaise ar an gcomhad, áiríodh an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

3.2.1.1. Saobhadh suntasach a imríonn tionchar ar phraghsanna agus ar chostais sa tSín

(135) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap 'geilleagar margaidh sóisialach'. Tá an coincheap sin cumhdaithe i mBunreacht na Síne agus cinneann sé rialachas eacnamaíoch na Síne. Is é an príomhphrionsabal '*úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre*' ([25]).

([25]) Tuarascáil – 2, lch. 7.

(136) Is é an geilleagar atá faoi úinéireacht an stáit an 'príomhfhórsa sa gheilleagar náisiúnta' agus tá sainordú ag an stát 'a chomhdhlúthú agus a fhás' a áirithiú. ([26]) Dá réir sin, léirítear i ndoiciméid bheartais le déanaí ó 2024 go bhfuil Rialtas na Síne ag féachaint i gcónaí le '*comhchruinniú caipitil faoi úinéireacht stáit a chur chun cinn i dtionscail thábhachtacha [...] agus i dtionscail straitéiseacha réamh*bhreathnaitheacha *atá ag teacht chun cinn'* ([27]) agus '*instealltaí caipitil a neartú chun tacú le forbairt ardcháilíochta fiontar faoi úinéireacht stáit*' ([28]). Dá dhroim sin, ní hamháin go bhfuil geilleagar na Síne leagtha amach ar an iomlán sa chaoi gur féidir leis an Rialtas idirghabhálacha suntasacha a dhéanamh sa gheilleagar, ach go ndéantar idirghabhálacha den sórt sin a shainordú go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an úinéireacht phríobháideach leata ar fud an chórais dhlíthiúil fhoriomláin agus leagtar béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta.

(137) Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí.

(138) Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir an dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht Stáit ([29]). Dá réir sin, cé go n-aithnítear go foirmiúil i nDlí 2025 maidir le Forbairt an Gheilleagair Phríobháidigh a Chur Chun Cinn ('*Dlí an Gheilleagair Phríobháidigh*') ([30]) fiontair phríobháideacha mar '*ghné thábhachtach den gheilleagar margaidh sóisialach*', sainordaítear leis freisin '*go dtacóidh eagraíochtaí eacnamaíocha príobháideacha agus a n-oibreoirí le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, go gcloífidh siad leis an gcóras sóisialach a bhfuil saintréithe Síneacha aige agus go nglacfaidh siad páirt ghníomhach i dtógáil cumhachta nua-aimseartha sóisialaí*' ([31]).

(139) Dá bhrí sin, tá oibreoirí eacnamaíocha faoi réir - go díreach nó go hindíreach - ceanglais maidir le treoraíocht bheartais, stiúradh riaracháin agus ailíniú idé-eolaíoch ó institiúidí Stáit is Páirtí, rud a bhuanaíonn saobhadh struchtúrach laistigh den timpeallacht iomaíoch.

(140) Ina theannta sin, mar atá faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, tá struchtúir stát na Síne agus Páirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud a chruthaíonn forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann.

(141) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.

(142) Tar éis na chéad abairte a bhí ann cheana féin san fhoráil: '[i]*s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne*' cuireadh an dara habairt nua isteach mar a leanas: '[i]*s í gné shainithe an tsóisialachais le saintréithe Síneacha ná ceannaireacht* [Pháirtí Cumannach na Síne]' ([32]). Léiríonn sé sin rialú gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch na Síne, rialú atá ag fás de shíor.

(143) Gné dhílis de chóras na Síne is ea an cheannaireacht agus an smacht sin agus gabhann siad i bhfad thar an ngnáth-chás i dtíortha eile ina mbíonn smacht maicreacnamaíoch ginearálta ag na rialtais laistigh de na teorainneacha a mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir ag feidhmiú laistigh díobh.

(144) Bíonn stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach agus é ag saothrú spriocanna, ar spriocanna iad a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne seachas a bheith ag léiriú na ndálaí eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([33]). Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha crioscaíolacha in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le pleanáil thionsclaíoch, an córas airgeadais agus leibhéal na timpeallachta rialála chomh maith.

([26]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 7-8.

([27]) Féach an Cinneadh ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le hAthchóiriú Cuimsitheach agus Nuachóiriú ar stíl na Síne a Chur Chun Cinn, Roinn II.5, le fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/202407/content_6963770.htm (arna rochtain an 11 Samhain 2025).

([28]) Féach an Tuairim ón gComhairle Stáit maidir le Tuilleadh Feabhais a Chur ar an gCóras Buiséid le haghaidh Oibríochtaí Caipitil atá faoi úinéireacht an Stáit, le fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/content/202401/content_6924612.htm (arna rochtain an 11 Samhain 2025).

([29]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 10, 18.

([30]) Féach: https://www.gov.cn/yaowen/liebiao/202504/content_7022018.htm (arna rochtain an 11 Samhain 2025).

([31]) Ibid., Airteagal 5.

([32]) Le fáil ag: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.htm (arna rochtain an 25 Samhain 2025).

([33]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 29-30.

(145) Ar an gcéad dul síos, ar leibhéal an rialaithe riaracháin ghinearálta, tá treo gheilleagar na Síne á rialú ag córas casta um pleanáil tionscail a bhfuil tionchar aige ar gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa tír. Cruthaíonn iomlán na bpleananna seo maitrís cuimsitheach agus casta de bheartais earnála agus trasghearrtha atá i láthair ar gach leibhéal den rialtas.

(146) Bíonn pleananna ar leibhéal na gcúigí mionsonraithe ach leagtar amach spriocanna níos leithne i bpleananna náisiúnta. Sonraítear freisin sna pleananna na modhanna lena dtacófar leis na tionscail/na hearnálacha ábhartha, chomh maith leis na tráthchláir ar laistigh díobh is gá na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha don táirgeacht leagtha síos i roinnt de na pleananna.

(147) Faoi na pleananna, tá aird ar leith á tabhairt ar earnálacha tionsclaíocha aonair, cineálacha áirithe oibreoirí eacnamaíocha ([34]) agus/nó ar thionscadail mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir le tosaíochtaí rialtais agus déantar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) a shannadh dóibh.

(148) In 2025, d'fhoilsigh Coiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne anailís lenar dearbhaíodh cineál ceangailteach na bpleananna: *'Is modhanna tábhachtacha iad ceapadh eolaíoch agus cur chun feidhme éifeachtach na bpleananna forbartha náisiúnta chun go mbeidh ár bPáirtí in ann an fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta a stiúradh go héifeachtach. I gcleachtas an nuachóirithe, rinne an tSín socrú institiúideach a fhiosrú agus a bhunú ina ndéanann, faoi cheannaireacht láraithe agus aontaithe Choiste Lárnach an Pháirtí, seisiún iomlánach de Choiste Lárnach an Pháirtí togra plean a thíolacadh, ina n-ullmhaíonn an Chomhairle Stáit achoimre ar dhréachtphlean, agus ina ndéanann an Daon-Chomhdháil Náisiúnta é a athbhreithniú agus a fhormheas sula bhfógraítear go poiblí é agus sula gcuirtear chun feidhme é. Leis sin claochlaítear go héifeachtach moltaí an Pháirtí go toil an Stáit agus na ndaoine. Tríd an bpróiseas sin, déantar mór-imscaradh straitéiseach Choiste Lárnach an Pháirtí a chlaochlú ina bpleananna atá ceangailteach ó thaobh dlí de lena gcur chun feidhme ar fud na tíre'* ([35]).

(149) Dá bhrí sin, ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht Stáit, a gcuid gníomhaíochtaí gnó a chur in oiriúint don mhéid a cheanglaítear leis an gcóras pleanála. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad na cumhachtaí atá dílsithe dóibh dá réir sin agus, ar an dóigh sin, mealltar na hoibreoirí eacnamaíocha chun na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ([36]).

(150) Ar an dara dul síos, maidir le leibhéal leithdháilte na n-acmhainní airgeadais, is iad na bainc thráchtála faoi úinéireacht an stáit agus na bainc bheartais atá i gceannas ar chóras airgeadais na Síne, ar thug Rialtas na Síne tuairisc orthu mar *'an* príomhfhórsa a fhreastalaíonn ar an bhfíorgheilleagar agus a thugann tacaíocht láidir do chobhsaíocht agus d'fhorbairt fhadtéarmach an gheilleagair náisiúnta' ([37]). Agus a mbeartas iasachtaithe á shocrú agus á chur chun feidhme ag na bainc sin, is gá dóibh a bheith i gcomhréir le cuspóirí bheartas tionscail an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith ([38]).

(151) Is amhlaidh atá i gcás comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháidigh etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais curtha ar bun ar bhonn institiúideach agus oibríochtúil ar bhealach nach bhfuil dírithe ar fheidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach ar rialú a áirithiú agus idirghabháil ón stát agus ó Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ([39]).

(152) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá bealaí éagsúla ann trínar féidir leis an Stát idirghabhálacha a dhéanamh sa gheilleagar.

([34]) Amhail, mar shampla, catagóir na gcuideachtaí 'ollfhiontair bheaga' mar a thugtar orthu (féach Tuarascáil - Caibidil 2, lch. 22), ar fhógair Rialtas na Síne tacaíocht leanúnach ina leith '*mar chuid d'iarrachtaí chun tionsclaíocht nua a chur chun cinn*' in 2024; féach: https://english.www.gov.cn/news/202406/19/content_WS6672c84ac6d0868f4e8e8531.html#:~:text=China%20will%20scale%20up%20support,of%20Industry%20and%20Information%20Technology (arna rochtain an 25 Samhain 2025).

([35]) Féach: https://www.qstheory.cn/20250428/e7943a2c8fef49efb520aa336197849c/c.html, (arna rochtain an 25 Samhain 2025).

([36]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 57, 92.

([37]) Féach: https://www.mof.gov.cn/zhengwuxinxi/caizhengxinwen/202503/t20250329_3961036.htm (arna rochtain an 11 Samhain 2025).

([38]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 149-150.

([39]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 153, -171.

(153) Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta chun spriocanna beartais seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a shaothrú, rud a bhaineann an bonn de na prionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí chun '*cuspóirí beartais náisiúnta maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a bhaint amach*' ([40]). Mar sin féin, níor sainíodh cineál na spriocanna sin go fóill, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([41]). Thairis sin, coinnítear leis an reachtaíocht is infheidhme rialacha lena ndéantar idirdhealú sainráite in aghaidh táirgí nach táirgí intíre iad trína shonrú '*go dtabharfar asbhaint praghais 20 % do mheastachán le haghaidh táirge intíre, agus go gcuirfear an praghas laghdaithe san áireamh le linn an phróisis meastóireachta*' ([42]). Mar thoradh air sin, tá cinntí soláthair i bhfabhar táirgí intíre agus ní dhéantar iad ar bhonn fhórsaí an mhargaidh shaoir.

(154) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, tá smacht agus tionchar nach beag ag Rialtas na Síne ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfheistíochta stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus toirmisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna an bheartais thionsclaíoch, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomhearnálacha nó borradh a chur faoin tionsclaíocht intíre ([43]). Mar shampla, féachann Rialtas na Síne le '*sásra oibriúcháin agus maoirseachta mórchistí tionsclaíocha a bharrfheabhsú chun a áirithiú go gcomhlíonann treo infheistíochta na gcistí ceanglais na straitéisí náisiúnta*' ([44]). Sampla eile de smacht Rialtas na Síne ar an ngeilleagar trí acmhainní airgeadais a stiúradh is ea na beartais a leagtar amach i Roinnt Beart 2025 chun Forbairt Infheistíochta Príobháidí a Chur Chun Cinn a Thuilleadh ([45]). De réir na mBeart, féachann Rialtas na Síne le '*acmhainní buiséid lárnacha a mhéadú chun tacú le tionscadail infheistíochta príobháidí cháilithe agus chun ról treorach agus ceannasach a imirt go gníomhach*.' Tá sé beartaithe ag Rialtas na Síne freisin '*dea-úsáid a bhaint as ionstraimí airgeadais beartais nua*[agus] *tacú le roinnt tionscadal infheistíochta príobháidí cáilithe i dtionscail thábhachtacha agus i bpríomhréimsí*' ([46]).

(155) Múnlaítear idirghabhálacha Rialtas na Síne sa gheilleagar mar '*iarrachtaí comhordaithe beartas fioscach, airgeadaíochta, tionscail, praghais, fostaíochta agus eile maidir le cur chun feidhme pleananna forbartha náisiúnta agus mórstraitéisí*' ([47]).

(156) Mar achoimre, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabhálacha rialtais agus lena spreagtar iad. Tá idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas den chineál sin ar neamhréir le fórsaí margaidh gan srian, arb é an toradh atá air saobhadh ar leithdháileadh acmhainní de réir phrionsabail an mhargaidh ([48]).

3.2.1.2. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht, maoirseacht bheartais nó stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir.

(157) Sa tSín, is cuid ríthábhachtach den gheilleagar iad fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht agus/nó maoirseacht bheartais nó faoi threoir an Stáit.

([40]) Féach Treoirlínte NDRC maidir le Príomhfhreagrachtaí Eintiteas Soláthair a Chomhlíonadh, Airteagal 4, le fáil ag: https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/tz/202511/t20251111_1401536.html (arna rochtain an 12 Samhain 2025).

([41]) Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 204-205.

([42]) Féach Fógra ón gComhairle Stáit maidir le cur chun feidhme caighdeán náisiúnta táirgí le haghaidh soláthar poiblí agus beartais ghaolmhara eile, Roinn III, le fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/content/202509/content_7042999.htm (arna rochtain an 12 Samhain 2025).

([43]) Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 207-208, 242-243.

([44]) Féach an Cinneadh ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le hAthchóiriú Cuimsitheach agus Nuachóiriú ar stíl na Síne a Chur Chun Cinn, Roinn III.9, le fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/202407/content_6963770.htm (arna rochtain an 11 Samhain 2025).

([45]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/content/202511/content_7047643.htm (arna rochtain an 11 Samhain 2025).

([46]) Ibid, Roinn 11.

([47]) Ibid, Roinn V.16 (arna rochtain an 11 Samhain 2025).

([48]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 19-24, Caibidil 4, lch. 69, lgh. 99-100, Caibidil 5, lgh. 130-131.

(158) Is cuideachtaí atá faoi úinéireacht phríobháideach den chuid is mó a fhreastalaíonn ar earnáil an táirge lena mbaineann amhail Shandong Linglong Tire Co. ([49]), nó cuideachtaí a bhfuil bunanna mionlaigh acu atá i seilbh an stáit, amhail Sailun Group ([50]), atá 1,18 % faoi úinéireacht an stáit ([51]) nó Zhongce Rubber Group ([52]), atá 36 % faoi úinéireacht an stáit ([53]).

(159) Ina theannta sin, i roinnt cuideachtaí, ní hamháin go bhfuil bun ag an stát, ach feidhmíonn sé rialú, amhail in Qingdao Double Star Co. Ltd ([54])., atá 41,35 % faoi úinéireacht agus faoi rialú an stáit ag Bardas Qingdao SASAC, nó in Double Star Dongfeng Tire, fochuideachta atá 100 % faoi úinéireacht Qingdao Double Star Co. Ltd ([55]). Sampla eile is ea Guizhou Tyre Co. Ltd ([56])., atá 20,48 % faoi úinéireacht agus faoi rialú an stáit ag Daon-Rialtas Bhardas Guiyang ([57]).

(160) Thairis sin, freastalaíonn cuideachtaí faoi úinéireacht stáit ar earnáil an táirge lena mbaineann freisin, amhail: CNRC ([58]), atá i seilbh SINOCHEM (cuideachta faoi úinéireacht stáit atá faoi rialú SASAC lárnach ([59])) agus SINOPEC ([60]) (cuideachta eile faoi úinéireacht stáit atá faoi rialú SASAC lárnach ([61])), ar príomhtháirgeoirí rubair shintéisigh iad araon, ionchur tábhachtach chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh ([62]).

(161) Is gnách do Pháirtí Cumannach na Síne anois idirghabhálacha a dhéanamh sa chinnteoireacht oibríochtúil, ní hamháin i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit ([63]), ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin, agus éilíonn an Páirtí Cumannach ceannaireacht ar beagnach gach gné de gheilleagar na tíre. Go deimhin, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí, go bunúsach, go mbíonn oibreoirí eacnamaíocha faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise a mhéid a d'fhás struchtúir an Stáit agus an Pháirtí i dteannta a chéile sa tSín.

(162) Thairis sin, tá earnáil an táirge lena mbaineann faoi réir roinnt beartas rialtais, amhail Tuairim Threorach MIIT maidir le forbairt ardcháilíochta thionscail na gCeimiceán agus na bPeitriceimiceán a chur chun cinn le linn an 14ú Plean Cúig Bliana lena ndéantar foráil, ina Roinn II.3, maidir le cur chun feidhme '*gníomhaíochtaí chun cáilíocht sholáthar na dtáirgí ceimiceacha a fheabhsú. Díriú ar thionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn* [...] *agus dlús a chur le forbairt* [...] *ábhar rubair agus plaisteach ardfheidhmíochta,* [...]. *Cion na dtáirgí glasa a mhéadú i dtionscail amhail* [...] *boinn,* [...]. *Fiontair a spreagadh chun cáilíocht táirgí a fheabhsú agus brandaí a chruthú agus a chothú*'. Ina theannta sin, déantar foráil i Roinn V den Tuairim Treorach maidir le '*faireachán slabhra tionsclaíoch bunaithe ar an idirlíon is infheidhme maidir le bulctháirgí amhail leasacháin agus boinn' a thógáil* ([64]).

(163) Cumhdaítear an tionscal bonn freisin le beartais ar leibhéal na gcúigí amhail 14ú Plean Cúig Bliana Chúige Shandong maidir le forbairt thionscal na gceimiceán lena soláthraítear an méid seo a leanas go sonrach don tionscal bonn: '[b]*eartais tionscail agus caighdeáin tionscail a chur chun feidhme go docht, fiontair a chomhtháthú agus a tharraingt siar ag a bhfuil acmhainneacht táirgeachta bhliantúil is lú ná 1.2 milliún bonn gathacha uilechruach (seachas boinn innealtóireachta,*

([49]) Féach: https://www.linglong.cn/ agus https://www.linglong.cn/Upload/202505/20250524113047_5549.pdf, lch. 81 (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([50]) Féach: https://www.sailungroup.com/ (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([51]) Féach tuarascáil bhliantúil 2024 ó Sailun Group, lch. 93, ar fáil ag: https://sailuns3.s3.cn-northwest-1.amazonaws.com.cn/upload/portal/20250429/039e9b432aecd14b5a5b934b0b0cf103.pdf (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([52]) Féach: https://www.zcrubber.com/ (arna rochtain an 6 Deireadh Fómhair 2025).
([53]) Féach tuarascáil bhliantúil 2024 ó Zhongce Rubber Group, lch. 50, le fáil ag: https://file.finance.qq.com/finance/hs/pdf/2025/08/20/1224519453.pdf (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([54]) Féach tuarascáil bhliantúil 2024 Qingdao Double Star Co. Ltd., lch. 63, le fáil ag: https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2025/2025-3/2025-03-28/10815489.PDF (arna rochtain an 6 Deireadh Fómhair 2025).
([55]) Ibid, lch. 159.
([56]) Féach: https://www.gztyre.com/ (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([57]) Féach tuarascáil bhliantúil Guizhou Tyre Co. Ltd. 2024, lgh. 76 agus 78, le fáil ag: https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2025/2025-4/2025-04-26/11007719.PDF (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([58]) Féach: https://rubber.chemchina.com/ (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([59]) Féach ar: http://www.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/index.html (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([60]) Féach: http://www.sinopecgroup.com/group/ (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([61]) Féach: http://www.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/index.html (arna rochtain an 6 Deireadh Fómhair 2025).
([62]) Féach https://pdf.dfcfw.com/pdf/H3_AP202312271615027520_1.pdf (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([63]) Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne, Airteagal 5 de Dhlí an Gheilleagair Phríobháidigh. Féach freisin Tuarascáil – Caibidil 3, lgh. 47-50.
([64]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-04/08/content_5683972.htm (arna rochtain an 25 Samhain 2025).

boinn eitlíochta, agus boinn gan tiúbán leathanghearrtha), agus níos lú ná 5 mhilliún bonn gathacha leathchruach (seachas boinn féintacaithe, boinn rásaíochta ardleibhéil, agus boinn ultra-ísealghearrtha). […] *Agus na margaí ardleibhéil agus deighilte á leanúint, táirgí ardleibhéil a fhorbairt amhail gearradh sáríseal, leacú, friotaíocht rollta íseal, torann íseal, agus féintacaithe, T&F agus táirgeadh boinn ghathacha ardfheidhmíochta a leathnú, amhail boinn chliste, boinn sábháilteachta, boinn friotaíochta rollta ísle, agus sár-fhrithsheasmhacht in aghaidh caithimh chun breisluach agus sciartha margaidh na dtáirgí a mhéadú. Braislí den tionscal bonn a neartú i leithinis Shandong agus i dTuaisceart Shandong, naisc le saoráidí tacaíochta tionscail a neartú, braisle den tionscal breiseán rubair a fhorbairt in iarthar Shandong, agus braisle thionscal an trealaimh próiseála rubair a leathnú in oirthear Shandong. Feabhas cuimsitheach a chur ar dhigitiú, ar fhorbairt líonra agus ar fhorbairt chliste an tionscail bonn, tógáil monarchana cliste a chur chun cinn sa tionscal bonn ar fud an chúige, agus ardán néalríomhaireachta idirlín tionscail monaraíochta bonn a chruthú. Próisis táirgthe bonn glas a chur chun cinn go gníomhach amhail mínghlanadh rubair cheimicigh agus teicneolaíocht réamhbholcánaithe radaíochta, úsáid thánaisteach bonn a spreagadh, pirealú glas agus teicneolaíocht athghiniúna duibhe carbóin na ndramhbhonn a chur chun cinn, agus forbairt chiorclach ghlas an tionscail a chur chun cinn.* [...] *Faoi 2025, sroichfidh luach aschuir an tionscail bonn RMB 200 billiún; beidh 8 gcuideachta bonn ann a mbeidh ioncam díolacháin níos mó ná RMB 10 mbilliún acu, agus beidh níos mó ná RMB 20 billiún ag níos mó ná dhá chuideachta, agus rachaidh 1-2 chuideachta isteach sna 10 gcuideachta is fearr sa tionscal bonn domhanda*' ([65]).

(164) Is ann do mhaoirseacht rialtais agus rialú beartais ar an leibhéal bardasach freisin. Léiríonn sampla Bardas Changchun, ar a dtugtar 'Cathair na nGluaisteán' ([66]), inar shínigh Shandong Linglong Tire Co. Ltd comhaontú infheistíochta RMB 4.89 billiún le haghaidh monarcha ag a bhfuil aschur bliantúil 14.2 milliún bonn. Cuireann Crios Forbartha Gluaisteán Changchun i bhfios go láidir *'go bhfuil an méid atá bainte amach aige mar gheall ar threoir pholaitiúil agus ceannaireacht láidir choiste an Pháirtí chúigigh, an rialtais chúigigh, choiste an Pháirtí bhardasaigh agus an rialtais bhardasaigh* [agus] *mar gheall ar chomhtháthú agus nuálaíocht choiste oibre Pháirtí chrios Forbartha Gluaisteán'* ([67]).

(165) Is féidir rialú rialtais agus maoirseacht bheartais a fheiceáil freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha ([68]).

(166) Mar shampla, tá 15 bhrainse agus choiste ghairmiúla ag CRIA ([69]) - a bhfuil Shandong Linglong Tire Co., Ltd, Sailun Group, Zhongce Rubber Group, CNRC, Qingdao Double Star Co. Ltd., Guizhou Tyre Co., Ltd. ina gcomhaltaí ([70]) - agus is é an brainse bonn an brainse is mó. Is ionann táirgeadh bhallchuideachtaí an bhrainse bonn agus thart ar 80 % de tháirgeadh bonn intíre na Síne. Tá 62 aonad rialaithe ag CRIA, a bhfuil Zhongce Rubber Group Co., Ltd. ina chathaoirleach orthu, agus tá Sailun Group Co., Ltd. agus Linglong Tire Co., Ltd ina leaschathaoirleach orthu ([71]). Leanann brainse boinn CRIA forálacha Airteagail Chomhlachais CRIA, ina luaitear a chuspóir mar chomhaltaí atá ag fónamh, agus ról droichid á imirt aige idir an rialtas agus fiontair, agus cúraimí éagsúla á ndéanamh aige faoi cheannaireacht an Chomhlachais Ghinearálta ([72]).

(167) De réir Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CRIA, *'cloíonn an eagraíocht le ceannaireacht fhoriomlán* [Páirtí Cumannach na Síne]. I gcomhréir le forálacha Bhunreacht [Páirtí Cumannach na Síne], bunaíonn an Comhlachas eagraíocht de chuid [Páirtí Cumannach na Síne], déanann sé gníomhaíochtaí an Pháirtí, agus soláthraíonn sé na coinníollacha is gá le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí. Is í an Aireacht Gnóthaí Sibhialta an t-údarás atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistiú an Chomhlachais, agus is é Coiste Páirtí [SASAC lárnach] an t-údarás atá i gceannas ar neartú an Pháirtí. Glacann an Comhlachas le treoir ghnó, maoirseacht agus bainistíocht

([65]) Féach: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211201/1191133.shtml (arna rochtain an 25 Samhain 2025).

([66]) *'Léiríonn staidreamh gur bhain tionscal na ngluaisteán in Changchun luach aschuir RMB 614.3 billiún amach in 2021, arb ionann é agus 70.3 faoin gcéad de luach aschuir tionsclaíoch iomlán na cathrach.* (...) *Ina theannta sin, tugann Crios Forbartha Eacnamaíche agus Teicneolaíochta Gluaisteán Changchun tacaíocht láidir do thionscal gluaisteán na cathrach i dtéarmaí tacaíocht beartais, fáil tallainne, lóistíochta, agus tuilleadh.'* Féach: https://en.people.cn/n3/2023/0828/c90000-20064539.html (arna rochtain an 15 Deireadh Fómhair 2025).

([67]) Féach: https://changchun.ifeng.com/a/20200701/14287256_0.shtml (arna rochtain an 25 Samhain 2025).

([68]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 24-27.

([69]) Féach: https://ccb.cria.org.cn/ (arna rochtain an 25 Samhain 2025).

([70]) Féach: https://www.cria.org.cn/c/member (arna rochtain an 25 Samhain 2025).

([71]) Féach: https://tyre.cria.org.cn/c/id/1772857864279343106 (arna rochtain an 25 Samhain 2025).

([72]) Ibid.

an údaráis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, agus an údaráis atá i gceannas ar neartú an Pháirtí chomh maith leis an roinn riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail' ([73]). Luaitear freisin in Airteagal 36 nach mór do na daoine atá i gceannas ar an gComhlachas coinníollacha a chomhlíonadh amhail 'Cloí le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, tacú leis an sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige, seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí a chur chun feidhme go diongbháilte, agus cáilíochtaí maithe polaitiúla a bheith acu' ([74]).

(168) Dá bhrí sin, táirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge lena mbaineann, cuirtear cosc orthu oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon san earnáil, tá siad beirt faoi réir maoirseacht agus treoraíocht beartais.

3.2.1.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí, rud a fhágann gur féidir leis an stát cur isteach ar phraghsanna nó ar chostais

(169) Tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an stáit i ngnólachtaí. Go deimhin, is bealach tábhachtach iad cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, faoi úinéireacht stáit agus phríobháideach araon, trínar féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó.

(170) De réir Airteagal 17 de dhlí cuideachtaí na Síne, tá eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne le bunú i ngach cuideachta ina bhfuil triúr comhaltaí, ar a laghad, de Pháirtí Cumannach na Síne mar a shonraítear in Airteagal 30 de Bhunreacht an Pháirtí ([75]), agus soláthróidh an chuideachta na dálaí a theastaíonn le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí.

(171) Níor léir gur cloíodh leis an gceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí ar bhonn prionsabal polaitiúil ([76]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([77]).

(172) Cheana féin in 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach ([78]). Tuairiscíodh meastacháin chomhchosúla in 2022 ([79]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear táirgeoirí an táirge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.

(173) De bhreis air sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua ([80]) ('na Treoirlínte') rud a chuir le ról na gcoistí páirtí i bhfiontair phríobháideacha.

(174) Luaitear an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: '[n]í mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair Fhronta Aontaithe na hearnála príobháidí a stiúradh agus dlús a chur go héifeachtach leis an obair sa réimse sin'; agus luaitear i roinn III.6: '[n]í mór dúinn freisin dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus a chur ar chumas chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a chomhlíonadh go héifeachtach agus a chur ar chumas chomhaltaí an Pháirtí a róil a chomhlíonadh mar urghardaí agus mar cheannródaithe'. Cuirtear béim sna Treoirlínte, mar sin, ar ról Pháirtí Cumannach na Síne agus féachtar leo le ról an Pháirtí a mhéadú i gcuideachtaí agus in eintitis eile na hearnála príobháidí ([81]).

([73]) Féach: https://www.cria.org.cn/c/id/1760859134713970690 (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([74]) Ibid.
([75]) Tuarascáil– Caibidil 3, lch. 40.
([76]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: *The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster*, *Foreign Affairs*, imleabhar 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.
([77]) Tuarascáil– Caibidil 3, lch. 41.
([78]) Le fáil ag: https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([79]) Le fáil ag: https://asia.nikkei.com/Business/Companies/China-s-companies-rewrite-rules-to-declare-Communist-Party-ties#:~:text=HONG%20KONG%20--%20China's%20Communist%20Party%20congress%20underlined%20fears%20that (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([80]) Na Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([81]) Financial Times (2020) - Dearbhaíonn Páirtí Cumannach na Síne níos mó smachta ar fhiontar príobháideach: https://on.ft.com/3mYxP4j (arna rochtain an 25 Samhain 2025).

(175) Deimhníodh san imscrúdú gur ann d'fhorluí idir poist bhainistíochta agus ballraíocht sa Pháirtí / feidhmeanna an Pháirtí sa tionscal bonn freisin. Chun sampla a thabhairt, feidhmíonn cathaoirleach an bhoird stiúrthóirí agus bainisteoir ginearálta SINOCHEM freisin mar rúnaí agus leas-rúnaí Choiste Páirtí SINOCHEM faoi seach ([82]). Ar an gcaoi chéanna, feidhmíonn cathaoirleach agus leaschathaoirleach Qingdao Double Star Co. Ltd. faoi seach mar rúnaí agus leasrúnaí Choiste Páirtí na cuideachta ([83]). Chomh maith leis sin, tá cathaoirleach bhord stiúrthóirí Guizhou Tyre Co., Ltd ina rúnaí ar Choiste an Pháirtí ([84]).

(176) Ina theannta sin, luann cuideachtaí bonn go sainráite freisin tionchar Pháirtí Cumannach na Síne ar a n-iompar. Mar shampla, luann Qingdao Double Star Co. Ltd. an méid seo a leanas ina thuarascáil bhliantúil 2024: 'Le linn na tréimhse thuairisciúcháin, d'áitigh an chuideachta go n-úsáidfí tógáil ardcháilíochta an Pháirtí chun forbairt ardcháilíochta a stiúradh' agus d'áirithigh sí 'Ceannaireacht um neartú an Pháirtí chun forbairt ardcháilíochta a chur chun cinn: neartaigh [an chuideachta] ceannaireacht um neartú an Pháirtí, dhírigh sí ar na príomhfhreagrachtaí agus ar an bpríomhghnó, rinne sí grinnoideachas ar théama Smaointe Xi Jinping ar Shóisialachas a bhfuil Saintréithe Síneacha aige le haghaidh Ré Nua, chuir sí éachtaí teoiriciúla nuálacha an Pháirtí chun cinn chun forbairt ghnó na cuideachta a threorú, [...] shaothraigh sí foireann cheannródaíoch sa mhonaraíocht, sa taighde eolaíoch, sa mhargaíocht agus sa bhainistíocht, agus rinne sí forbairt an Pháirtí a chomhtháthú in oibríochtaí laethúla' ([85]). Ar an gcaoi chéanna, measann Guizhou Tyre Co., Ltd '[m]ar chuideachta sealbhaíochta faoi úinéireacht stáit, go gcloíonn an chuideachta i gcónaí le ceannaireacht bhuanseasmhach an Pháirtí ar fhiontair faoi úinéireacht stáit. Sainítear go soiléir sna hAirteagail Chomhlachais stádas dlíthiúil eagraíocht an Pháirtí sa rialachas corparáideach *agus* comhtháthaítear ceannaireacht an Pháirtí i ngach gné den rialachas corparáideach' ([86]).

(177) Dá réir sin, de bharr láithreacht an Stáit i ngnólachtaí, sa tionscal bonn agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

3.2.1.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir

(178) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh go leibhéal suntasach le córas casta pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir, na rialtais chúige agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear leo gach earnáil eacnamaíoch, nach mór. Tá na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála de chineál ceangailteach agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna a bhíonn ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.

(179) Ar an iomlán, is é an toradh ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha a bhfuil tábhacht pholaitiúil eile ag baint leo, de rogha ar na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([87]).

(180) D'achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an táirge lena mbaineann.

([82]) Féach: https://www.sinochem.com/sinochem/guwm/zlzz/gltd/A031002002003Gone1.html (arna rochtain an 11 Samhain 2025).
([83]) Féach: Qingdao Double Star Co. Ltd. Tuarascáil bhliantúil 2024, lch. 36, le fáil ag: https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2025/2025-3/2025-03-28/10815489.PDF (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([84]) Féach tuarascáil bhliantúil 2024 ó Guizhou Tyre Co. Ltd, lch. 44, le fáil ag; https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2025/2025-4/2025-04-26/11007719.PDF (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([85]) Féach tuarascáil bhliantúil 2024 ó Qingdao Double Star Co. Ltd., lch. 14, le fáil ag: https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2025/2025-3/2025-03-28/10815489.PDF (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([86]) Féach tuarascáil bhliantúil 2023 ó Guizhou Tyre Co Ltd., lch. 41, le fáil ag: https://pdf.dfcfw.com/pdf/H2_AN202404151630237833_1.pdf?1713215477000.pdf, (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([87]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 56-57, 99-100.

(181) Is é is aidhm don 14ú Plean Cúig Bliana maidir le tionscal na n-amhábhar ([88]) a fhorbairt dul chun cinn a bhaint amach i bpríomhchatagóirí amhábhar ‘ag baint leasa as príomhréimsí feidhme amhail [...] rubar sintéiseach bithnic’ ([89]). Áirítear forálacha breise a bhaineann go sonrach leis an tionscal bonn freisin i dTuairim Threorach MIIT maidir le forbairt ardcháilíochta thionscail na gCeimiceán agus na bPeitriceimiceán a chur chun cinn le linn an 14ú Plean Cúig Bliana nó sa 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Shandong maidir le forbairt thionscal na gceimiceán.

(182) Ar leibhéal an chúige, ar an gcaoi chéanna, de réir 14ú Plean Cúig Bliana Anhui maidir le tionscal ábhar nua a fhorbairt ([90]), tá údaráis an rialtais chun leagan amach tionsclaíoch na hearnála a mhúnlú mar a leanas: “[a]g díriú ar earnálacha na ngluaisteán, na leictreonaice, na n-iarnród ardluais, an aeraspáis agus na cumhachta núicléiche, agus ag brath ar bhunúis thionsclaíocha Anqing, Huainan agus áiteanna eile, déine an taighde agus na forbartha agus na nuálaíochta a mhéadú, agus táirgí ábhair rubair a fhorbairt go bríomhar a bhfuil airíonna agus *próisis speisialta acu* amhail friotaíocht ardteochta agus ísealteochta, friotaíocht aosaithe, friotaíocht eisídithe, friotaíocht maidir le meán ceimiceach, friotaíocht aimsire, friotaíocht ózóin, friotaíocht stua, etc.”. Luaitear sa phlean freisin i liosta na bpríomhtháirgí ‘rubar nítríle hidriginithe, rubar nítríle bróimínithe, rubar stiréine bútaidhé-éine atá polaiméirithe le tuaslagán, rubar isipréine agus a mhonaiméirí, rubar aicrioláite, rubar speisialta ina bhfuil fluairín, rubar fluaraisileacóin, rubar sileacóin inslithe leictreachais’ agus i liosta na dteicneolaíochtaí ceannródaíocha ‘[t] eicneolaíocht hidriginithe rubair nítríle, teicneolaíocht ullmhúcháin rubair nítríle carbocsaile, teicneolaíocht táirgthe SSBR fheidhmiúil, teicneolaíocht coigilte fuinnimh próisis triomaithe rubair shintéisigh, teicneolaíocht tiúchana polaiméirithe eibleachta, teicneolaíocht athsholáthair breiseán atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, etc.” ([91]).

(183) Ar an gcaoi chéanna, áirítear sa 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Gansu maidir le tionscal na n-amhábhar ([92]) a fhorbairt roinn maidir le tionscal na gceimiceán mín lena bhforáiltear ‘[f]aoi 2025, go bhféachfaidh luach aschuir thionsclaíoch iomlán an tionscail le 50 billiún yuan a bhaint amach’ agus i réimse an rubair shintéisigh, gurb é an cuspóir ‘[d]ul i bhfeidhm ar fhiontair chnámh droma,[chun] breiseáin rubair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt go bríomhar, sraith luasaire rubair CBS/MBS, déshuilfíd charbóin, sulfair dothuaslagtha, dubh carbóin ar ardchaighdeán agus táirgí eile’agus le haghaidh ardábhair nua pheitriceimiceacha ‘[d]ul i bhfeidhm ar fhiontair chnámh droma, [chun] feabhas a chur ar leibhéal agus acmhainneacht Chúige Gansu i bplaistigh innealtóireachta speisialta, rubar sintéiseach speisialta, [etc.]’ agus chun ‘[p]ríomhábhair straitéiseacha nua a fhorbairt go dian’. I réimse na bpeitriceimiceán, ‘plaistigh innealtóireachta, rubar sintéiseach speisialta, snáithíní speisialta, ábhair ardfheidhmíochta in-bhithmhillte agus ábhair chomhchodacha ardfheidhmíochta a fhorbairt’.

(184) Luaitear PetroChina Lanzhou Petrochemical Company i measc príomhthionscadal sa 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Gansu agus aonad rubair nítríle speisialta 35 000 tona in aghaidh na bliana a thógáil, lena n-áirítear aonad ullmhúcháin cheimiceach, aonad polaiméirithe, aonad aisghabhála monaiméire, stóráil sciodair, aonad measctha agus aonad triomú téachta agus pacáistithe, etc, le haghaidh infheistíocht iomlán de níos mó ná 84 milliún RMB ([93]). Luaitear an méid seo a leanas sa 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Jiangxi maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail pheitriceimiceach ([94]): ‘[Déanfaimid] raon feidhme chur i bhfeidhm [...] táirgí orgánasileacain amhail ola shileacóin, rubar sileacóin […] agus dubh carbóin bháin a leathnú. Neartóimid taighde agus forbairt agus táirgeadh ábhar ceimiceach nua, agus forbróimid go bríomhar ábhair nua cheannródaíocha amhail rubar speisialta [...]’. Maidir le rubar speisialta, léirítear ann freisin go ndíreoidh an rialtas ‘*ar rubar* stiréine bútaidhé-éine tuaslagáin a fhorbairt […], rubar nítríle hidriginithe, rubar búitile halaiginithe, leaistiméirí teirmeaplaisteacha stiréine hidriginithe (HSBCanna), rubar isipréine […], bolcánóáit theirmeaplaisteach, rubar eitiléin próipiléine […], *etc.*’.

([88]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/202112/29/5665166/files/90c1c79a00b44c67b59c29392476c862.pdf (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([89]) Ibid.
([90]) 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Anhui maidir le tionscal ábhar nua a fhorbairt, a foilsíodh an 28 Feabhra 2022, Roinn III, Tábla 6.
([91]) Ibid.
([92]) Féach: https://gxt.gansu.gov.cn/gxt/c106992/202201/1959993/files/bc8a41db8b904e55b5bd7017eb42d119.pdf (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([93]) Ibid.
([94]) Féach: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211115/1187880.shtml (arna rochtain an 25 Samhain 2025).

(185) Thairis sin, foráiltear leis an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Jilin maidir le forbairt an tionscail peitriceimiceán ([95]) go ndéanfaidh an rialtas 'forbairt thionscal na n-ábhar ceimiceach nua a chur chun cinn go hiomlán amhail plaistigh innealtóireachta, rubar sintéiseach speisialta, agus snáithíní ardfheidhmíochta, raon feidhme cur i bhfeidhm ábhar ceimiceach nua a leathnú i réimsí na ngluaisteán, an iompair ar iarnród, an aeraspáis, etc., agus forbairt ardcháilíochta chóras an tionscail pheitriceimicigh inár gcúige a bhaint amach' agus '[r]ubar eitiléin próipiléine, agus eatánól breosla a neartú [...], snáithín carbóin speisialta, poiliseabúitiléin an-ghníomhach, ábhair rubair speisialta agus phlaisteacha agus táirgí speisialtachta eile a bheachtú,[…] agus trí mhórearnáil iomaíocha de roisín sintéiseach, rubar sintéiseach agus amhábhair bhunúsacha cheimiceacha orgánacha a chruthú, iomaíochas agus móiminteam forbartha inginiúla an tionscail pheitriceimiceach a fheabhsú, agus cuidiú le braislí táirgí iomaíocha agus slabhraí táirgí sonracha a shaothrú'.

(186) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Trí na bearta sin, déanann Rialtas na Síne gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh a oibriú gan bhac.

3.2.1.5. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(187) De réir na faisnéise atá ar comhad, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach ar bhonn leordhóthanach amhail éilimh agus fiacha a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é fírinne an scéil go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an tearc-fhorfheidhmiúchán córasach ina shaintréith de chóras na Síne.

(188) Tá an líon féimheachtaí fós thar a bheith íseal i gcomparáid le méid gheilleagar na tíre, go háirithe toisc go mbíonn roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, agus go bhfeidhmíonn na himeachtaí sin go héifeachtach mar dhídhreasú i gcomhair comhdú féimheachta. Thairis sin, tá ról an stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, agus bíonn tionchar díreach acu go minic ar thoradh na n-imeachtaí ([96]), a thuairiscítear a bheith neamh-thrédhearcach go minic agus a mbíonn cleachtais idirdhealaitheacha mar thoradh orthu ([97]).

(189) Ina theannta sin, tá na heasnaimh i gcóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín ([98]). Is leis an stát an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach atá faoi úinéireacht an Stáit) agus tá leithdháileadh na talún fós ag brath ar an stát amháin. Tá forálacha dlíthiúla ann a bhfuil d'aidhm acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna an mhargaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, is minic nach n-urramaítear na forálacha sin, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a dtalamh saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([99]). Thairis sin, le Cinneadh 2024 ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne, maidir le hAthchóiriú a Dhoimhniú go Cuimsitheach a Thuilleadh agus Nuachóiriú ar stíl na Síne a Chur Chun Cinn, sainordaítear 'feabhas a chur ar an gcóras bainistithe talún chun a chinntiú go bhfuil sé nasctha go héifeachtúil le macrabheartais agus le forbairt réigiúnach agus go dtugtar tosaíocht d'úsáid réasúnta talún le haghaidh príomhthionscal agus mórthionscadal' ([100]). Mar thoradh air sin, is minic a shaothraíonn na húdaráis spriocanna sonracha polaitiúla, lena n-áirítear cur chun feidhme na bpleananna eacnamaíocha agus talamh á leithdháileadh acu ([101]).

([95]) Féach: http://gxt.jl.gov.cn/xxgk/zcwj/sgxtwj/202109/t20210914_8217060.html (arna rochtain an 25 Samhain 2025).
([96]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 171-179.
([97]) Féach: https://www.reuters.com/world/china/chinas-murky-bankruptcies-expose-hazards-foreign-investors-2025-04-15/ (arna rochtain an 17 Samhain 2025).
([98]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 260-261.
([99]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 257-260.
([100]) Féach Roinn IV.23, le fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/202407/content_6963770.htm (arna rochtain an 18 Samhain 2025).
([101]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 252-254.

(190) Cosúil le hearnálacha eile i ngeilleagar na Síne, bíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha maidir le dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá d'éifeacht leis sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir saobhadh ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin in earnáil thionscal na mbonn. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú seo a tharraingeodh amhras ar na torthaí sin.

(191) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.

3.2.1.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá

(192) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar chearta oibrithe agus fostóirí maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiúin bhunúsacha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe na coinbhinsiúin sin maidir le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([102]).

(193) Faoin dlí náisiúnta, níl ach ceardchumann ghníomhach amháin ann. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis stáit agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós buntúsach ([103]). Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta mar gheall ar chóras clárúcháin na dteaghlach, ar córas é a chuireann srian ar rochtain ar raon iomlán sochar slándála sóisialta agus sochar eile sa tslí nach bhfuil ach cónaitheoirí áitiúla i limistéar áirithe riaracháin in ann rochtain a fháil orthu.

(194) Is é an toradh air sin go hiondúil go bhfágtar oibrithe nach bhfuil an clárú cónaithe áitiúil ina seilbh acu i staid fostaíochta leochaileach agus iad ar ioncam níos ísle ná sealbhóirí an chláraithe chónaithe ([104]). Cuireann na torthaí sin saobhadh ar chostais pá sa tSín.

(195) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh an tionscal bonn faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar ar tugadh tuairisc thuas. Mar gheall ar an saobhadh ar chostais phá, tá an earnáil buailte go díreach (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.2.1.7. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát

(196) Bíonn an rochtain ar chaipiteal le haghaidh gníomhaithe corparáideacha sa tSín faoi réir saobhadh éagsúil. Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht stáit ([105]), i gcóras airgeadais na Síne, agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Dála na gcuideachtaí neamhairgeadais atá faoi úinéireacht Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne ar deireadh thiar a cheapann príomhfheidhmeannaigh na n-institiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht stáit) ([106]) agus is gnách leo beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne a chur chun feidhme.

(197) Agus an méid sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc oibleagáid dhlíthiúil shainráite maidir lena ngnó a sheoladh i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta, idir eacnamaíoch agus sóisialta, agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an stáit ([107]). Cé go n-aithnítear go dtagraítear le forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá le gnáth-iompraíocht baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le himscrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht chreidmheasa an iasachtaí, tugtar le fios i bhformhór na fianaise, lena n-áirítear na torthaí a rinneadh in imscrúduithe cosanta trádála, nach bhfuil ag na forálacha sin ach ról tánaisteach maidir le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí dlí éagsúla.

([102]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 360-361, 364-370.
([103]) Tuarascáil– Caibidil 13, lch. 366.
([104]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 370-373.
([105]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 137-140.
([106]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 146-149.
([107]) Tuarascáil– Caibidil 6, lch. 149.

(198) Mar shampla, shoiléirigh Rialtas na Síne nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí na mbanc tráchtála príobháideach fiú agus na cinntí sin a bheith i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is é atá i gceann amháin de na trí sprioc uileghabhálacha de chuid an Stáit anois maidir le rialachas baincéireachta, ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([108]). Chomh maith leis sin, ní mór a chur san áireamh anois le critéir meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go sonrach, an chaoi '*a* bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfíorgheilleagar', agus go háirithe an chaoi 'a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn' ([109]).

(199) Go sonrach, de réir Thuairim Threorach 2025 maidir le Tacaíocht Airgeadais don Tionsclaíocht Nua arna heisiúint ag People's Bank of China mar aon leis an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise, an Aireacht Airgeadais, an Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú agus riaracháin rialtais eile, féachann Rialtas na Síne freisin le 'institiúidí airgeadais a threorú chun uirlisí éagsúlaithe a úsáid amhail iasachtaí, bannaí, cothromas agus árachas chun seirbhísí airgeadais cuimsitheacha a sholáthar do na príomhfhiontair agus d'fhiontair thábhachtacha a thacaíonn le fiontair a oibríonn laistigh de phríomhshlabhraí tionscail, réitigh airgeadais a sholáthar d'oibriú cobhsaí fiontar a ndéanann tionchair sheachtracha difear dóibh, agus tacú le fiontair phríobháideacha páirt ghníomhach a ghlacadh i dtógáil neamhspleách agus inrialaithe slabhraí tionsclaíocha' ([110]).

(200) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca, agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas ([111]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar ag spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ([112]). Is é an toradh atá air sin, claonadh i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí faoi úinéireacht stáit, do ghnólachtaí móra príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí i bpríomhearnálacha tionsclaíocha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas caipitil do na gníomhaithe go léir ar an margadh.

(201) Ina theannta sin, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Dá thoradh sin tá an iomarca úsáide á baint as infheistíocht chaipitil agus an toradh ar infheistíocht níos ísle ná riamh. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach n-oibríonn na sásraí atá ann sa chóras baincéireachta de réir gnáthfhreagairtí tráchtála.

(202) Ina theannta sin, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, ní toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na comharthaí praghais go fóill ach bíonn tionchar orthu ag saobhadh a thagann ón rialtas. Mar shampla, tuairiscítear go dtairbhíonn cuideachtaí faoi úinéireacht stáit ach earnálacha iomlána tionscail freisin a mheasann Rialtas na Síne a bheith straitéiseach de rátaí úis faoi bhun rátaí úis an mhargaidh ([113]). De thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, bíonn tearcphraghsáil ann, agus dá bhrí sin, bíonn ró-úsáid á baint as caipiteal.

([108]) Féach an doiciméad oifigiúil beartais ó Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne an 28 Lúnasa 2020: *Plean gníomhaíochta trí bliana chun rialachas corparáideach na hearnála baincéireachta agus árachais a fheabhsú* (2020-2022): http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928 (arna rochtain an 25 Samhain 2025). Tugtar treoir sa Phlean 'an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme tuilleadh maidir le hathchóiriú rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn'. Thairis sin, is é is aidhm do roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: 'déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a dhéanamh ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta […] Ní mór do Choiste an Pháirtí saincheisteanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula ndéanfaidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach cinneadh maidir leo'.

([109]) Féach Fógra CBIRC maidir leis an modh meastóireachta ar fheidhmíocht na mbanc tráchtála, a eisíodh an 15 Nollaig 2020: Http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm (arna rochtain an 25 Samhain 2025).

([110]) Féach: https://www.gov.cn/lianbo/bumen/202508/content_7035298.htm (arna rochtain an 17 Samhain 2025).

([111]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 157-158.

([112]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 150-152, 156-160, 165-171.

([113]) Féach Tuarascáil Rhodium Group, Measúnú Méadaithe ar Thacaíocht Stáit na Síne, lch. 22, le fáil ag: https://rhg.com/research/far-from-normal-an-augmented-assessment-of-chinas-state-support/(arna rochtain an 17 Samhain 2025).

(203) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtúlaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud a mbeifí ag súil leis i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá thoradh sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, a bhfuil a líon ag dul i méid ([114]), sin nó trí úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh an fhadhb fhoriomlán fiachais bainte ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

(204) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleatach leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa corparáideach sa tSín. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil shuntasach rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

(205) Níor tíolacadh aon fhianaise san imscrúdú seo lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil shuntasach rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

3.2.1.8. Gné shistéamach an tsaofa a dtugtar tuairisc air

(206) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ag fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a shonraítear thuas agus i gCuid I den Tuarascáil nuashonraithe ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh an méid sin maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil.

(207) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go bhfuil na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna arna lua thuas. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir saobhadh. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha. Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar an saobhadh sin thuas i roinn 3.2.1.2. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála is bonn leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí bonn faoi réir na rialacha sin ar an mbealach céanna le haon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.

(208) I ngeall ar na himthosca a shonraítear i roinn 3.2.1.2, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go bhfuil a bpraghasmhúnlú faoi réir idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a shonraítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, gur táirgeadh ionchur sa tSín trí réimse tosca táirgeachta a chur le chéile agus go bhfuil an t-ionchur sin neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá maidir le hionchur an ionchuir agus mar sin de.

3.2.2. *Argóintí arna ndéanamh ag páirtithe leasmhara*

(209) An 30 Meitheamh 2025, chuir CRIA tacar barúlacha isteach maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ina aighneacht, d'ardaigh CRIA na hargóintí seo a leanas: (i) theip ar an ngearánach fianaise dhíreach a sholáthar ar shaobhadh margaidh, (ii) tá tionscal bonn na Síne an-dírithe ar an margadh agus (iii) déantar na teorainneacha idir imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a dhoiléiriú sa ghearán.

([114]) Féach: https://www.bloomberg.com/graphics/2025-china-deflation-cost/?utm_campaign=202511_BATC_subs_eng_china_inflation_subs_eng_chinainflation_nov2025&utm_term=20383998&utm_source=subs-email&utm_medium=email&utm_content=15664976 (arna rochtain an 17 Samhain 2025).

(210) Go sonrach, chun tacú lena chéad argóint, d'áitigh CRIA go bhfuil líomhaintí an ghearánaigh maidir le saobhadh suntasach, ar thaobh amháin, ginearálaithe agus neamhshonrach agus, ar an taobh eile, go bhfuil contrárthachtaí loighciúla iontu maidir leis an saobhadh sa mhargadh rubair nádúrtha. Maidir le cineál ginearálaithe na líomhaintí, chuir CRIA in iúl go raibh an gearánach ag brath go mór ar an Tuarascáil, ar chonclúidí a rinneadh in imscrúduithe neamhábhartha a bhaineann le boinn trucailí agus busanna nó leis an earnáil cruach agus ar léirmhínithe saofa ar dhoiciméid mhaicreacnamaíocha amhail an 14ú Plean Cúig Bliana. Chuir CRIA i dtábhacht nach bhfuil sé comhsheasmhach le fírinne fhorbairt eacnamaíoch na Síne geilleagar iomlán na Síne a léiriú mar eintiteas faoi rialú mionchúiseach agus go dteipeann ar líomhaintí an ghearánaigh aon luach fianaiseach a sholáthar lena léirítear conas a rinne na macrabheartais sin costais agus praghsanna tháirgeoirí bonn GP-LE a shaobhadh go sonrach agus go díreach. De réir CRIA, tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún imscrúdú neamhspleách, bunaithe ar fhíricí agus oibiachtúil a dhéanamh sa chás seo, seachas glacadh le macra-insint an ghearánaigh amháin. Maidir leis na contrárthachtaí loighciúla líomhnaithe, chuir CRIA in iúl, d'ainneoin a líomhaintí go bhfuil an margadh rubair nádúrtha á shaobhadh sa tSín, go n-admhaíonn an gearánach go sáraíonn allmhairí rubair nádúrtha na Síne a tháirgeadh intíre roinnt uaireanta. Dá bhrí sin, is ridhócha gurb iad na hallmhairí agus an margadh idirnáisiúnta go príomha is cúis le praghas an mhargaidh intíre sa tSín. Thairis sin, maidir le hargóint an ghearánaigh nach féidir tíortha áirithe san Aise Thoir Theas a onnmhairíonn rubar nádúrtha a mheas mar thíortha ionadaíocha is iarrthóirí ós rud é go bhfuil an tSín – mar ghlanallmhaireoir rubair nádúrtha – i staid neamhchosúil i ndáil leis an ionchur sin, go bhfuil sí lochtach ó thaobh an dlí de ós rud é nach bhfuil staid soláthair neamhchosúil mar chuid de chritéir roghnúcháin faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún glacadh leis an gcostas a bhaineann le rubar nádúrtha i dtaifid tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne.

(211) Maidir leis an dara hargóint, d'fhorbair CRIA an príomhéileamh gur earnáil fhéinrialaithe agus iomaíoch é tionscal bonn na Síne atá á spreagadh ag fórsaí an mhargaidh agus a chloíonn go docht le prionsabail an gheilleagair margaidh tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

(a) Is diall ollmhór ó na fíorais é dearbhú an ghearánaigh go bhfuil ceannas ag fiontair faoi úinéireacht stáit ar bhoinn agus ar thionscail réamhtheachtacha na Síne. Tá ceannasacht ollmhór ag fiontair phríobháideacha, cibé acu a thomhaistear é de réir líon na gcuideachtaí, scála táirgeachta, ranníocaíochtaí onnmhairiúcháin nó acmhainneacht iomlán. Is cinnte go gcothaíonn méid an-mhór mhargadh na Síne dianiomaíocht, mar a dheimhnítear freisin i dtuarascálacha tionscail. Trí dhíriú go roghnaitheach ar chuideachtaí a bhfuil úinéireacht stáit acu ina struchtúr scairsheilbhe, déantar neamhaird sa ghearán ar na mílte fiontar príobháideach atá mar chnámh droma an tionscail.

Ar an gcaoi chéanna, níl na tionscail réamhtheachtacha -amhail peitriceimiceáin, rubar, cruach agus teicstílí -faoi rialú an stáit, ach is tírdhreach sách éagsúlaithe agus iomaíoch atá iontu ina bhfuil fiontair faoi úinéireacht an stáit, fiontair phríobháideacha agus fiontair ina ndéantar infheistíocht eachtrach rannpháirteach. Go sonrach, is saintréith den mhargadh rubair shintéisigh é 'deighilt ceithre bhealach' idir SINOPEC agus CNPC, idir fiontair phríobháideacha agus idir fiontair Théavánacha agus fiontair ina bhfuil infheistíocht eachtrach. Tá an lámh in uachtar ag fiontair phríobháideacha ar an margadh le haghaidh dubh carbóin bháin (silice dheasctha) freisin, arb ionann iad agus 68,57 % den acmhainneacht táirgeachta agus 66,36 % d'aschur na hearnála sin sa tSín. Chomh maith leis sin, tá an margadh le haghaidh corda cruach an-domhanaithe agus iomaíoch, agus tá gníomhaithe móra i margadh na Síne lena n-áirítear ní hamháin fiontair phríobháideacha na Síne ach go leor ollchuideachtaí idirnáisiúnta freisin. Tugann an líon mór fiontar atá gníomhach san earnáil teicstílí tionsclaíocha le tuiscint go bhfuil struchtúr margaidh iomaíoch ann seachas struchtúr margaidh monaplach.

Maidir le fiontair atá cleamhnaithe leis an stát, déanann an gearánach iad a ionannú go mícheart le fiontair atá faoi rialú an stáit, gan aird a thabhairt ar rialachas corparáideach nua-aimseartha agus ar an gcreat dlíthiúil sa tSín. Tá cuideachtaí amhail SINOCHEM nó Huayi Group liostaithe ar na margaí poiblí agus ní mór dóibh cloí le rialacha diana dlíthiúla agus margaidh, agus iad freagrach do na scairshealbhóirí uile, ní hamháin do scairshealbhóir aonair den stát. Go sonrach maidir le Huayi Group, tá sé liostaithe go poiblí ar Stocmhalartán Shang-hai agus comhlíonann a struchtúr rialachais chorparáidigh Dlí Cuideachtaí na Síne, Dlí Urrús, agus rialacháin Choimisiún Rialála Urrús na Síne. Dá réir sin, luaitear go sainráite i dtuarascáil bhliantúil 2024 uaithi go gcoinníonn an chuideachta neamhspleáchas iomlán ar a scairshealbhóir rialaithe i réimsí an phearsanra, na sócmhainní, an airgeadais, na heagraíochta agus an ghnó. Feidhmíonn an scairshealbhóir rialaithe a chearta trí chruinniú na scairshealbhóirí i gcomhréir leis an dlí, agus ní fhéadfaidh sé cur isteach go díreach ná go hindíreach ar chinnteoireacht ná ar ghníomhaíochtaí gnó na cuideachta. Maidir le Sinochem, theip ar an ngearánach aon fhianaise a thabhairt ar aird a léiríonn gur chuir Sinochem, mar scairshealbhóir dá fhochuideachtaí monaraíochta bonn Pirelli agus Aeolus Tyre, isteach ar chinntí gnó laethúla na gcuideachtaí sin. I ndáil leis sin, is míthuiscint bhunúsach in argóint na ngearánach é mórúinéireacht a mheascadh le rialú iarbhír ar oibríocht ghnó, rud nár thug aon fhianaise ar aird a léiríonn conas a d'eascródh idirghabháil dhíreach rialtais i ngníomhaíochtaí gnó laethúla na cuideachta as úinéireacht na scaireanna substaintiúla i gcuideachta ag an stát.

(b) Is mífhaisnéis ar réaltacht an rialachais chorparáidigh sa tSín é maíomh an ghearánaigh go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais fiontar trí eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí. De réir Dhlí na gCuideachtaí agus airteagail chomhlachais ábhartha chuideachtaí táirgthe bonn na Síne, tá feidhm eagraíochtaí Páirtí i bhfiontair dírithe go príomha ar ghnóthaí Páirtí agus ar a áirithiú go gcomhlíonann an chuideachta dlíthe náisiúnta, in ionad cur isteach ar oibríochtaí gnó sonracha. Is iad comhlachtaí cinnteoireachta reachtúla cuideachta an bord stiúrthóirí agus an bhainistíocht i gcónaí. Le líomhain gur léiriú díreach ar rialú rialtais ar chinntí gnó cuideachta é eagraíochtaí Páirtí a bheith ann i gcuideachtaí bonn, tá bunús fíorasach agus dlí araon in easnamh.

(c) Is treoir straitéiseach í an phleanáil thionsclaíoch sa tSín, seachas a bheith idirdhealaitheach agus an margadh a shaobhadh mar a mhaígh an gearánach, agus ní ordú éigeantach í, atá comhsheasmhach le cleachtais choiteanna na mórgheilleagar domhanda. Is doiciméid mhacraileibhéil, straitéiseacha agus treorach iad Pleananna Cúig Bliana na Síne maidir le forbairt náisiúnta eacnamaíoch agus shóisialta, nach bhfuil éagsúil go bunúsach le beartais thionsclaíocha na mórgheilleagar eile ar domhan, amhail 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais' de chuid an Aontais nó 'Gníomh um Laghdú Boilscithe' na Stát Aontaithe. Cuireann na pleananna tionsclaíocha sa tSín ionchais mhargaidh agus fís forbartha ar fáil do ghnólachtaí, gan a bheith ceangailteach ó thaobh dlí ar oibreoirí eacnamaíocha micrea-leibhéil amhail cuideachtaí bonn.

(d) Líomhaintí an ghearánaigh maidir le haistrithe talún nach bhfuil margadhbhunaithe, tá siad go hiomlán ar neamhréir le margadh talún dea-fheidhmiúil agus sásra sannta agus aistrithe ceart úsáide talún a rialaítear le dlíthe agus rialacháin, go háirithe na Forálacha maidir le Sannadh Ceart Úsáide Talún Foirgníochta atá faoi úinéireacht an Stáit trí Thairiscint, Ceant agus Liostú, ar dá réir nach mór an talamh atá i gceist a shannadh trí thairiscint phoiblí, ceant, nó liostú. Thairis sin, maidir leis na líomhaintí gan bhunús sa ghearán go bhfuair monarchana bonn Sailun agus Zhongce talamh i bhfad faoi bhun phraghas an mhargaidh, ní féidir amhras a chaitheamh leo ar chóras margadhbhunaithe feidhmiúil náisiúnta a fhorfheidhmítear go hoscailte, go haonfhoirmeach agus go héigeantach.

Maidir le dlí féimheachta agus dlí cuideachtaí na Síne, leis an Dlí Féimheachta Fiontair is infheidhme soláthraítear conairí éagsúlaithe scoir nó ath-mhúscailte d'fhiontair atá i gcúinsí anásta nó dócmhainneacha, agus tá sprioc shainráite aige creat 'margadh-dhírithe agus riailbhunaithe' a sholáthar. Ina theannta sin, cuireann Dlí na gCuideachtaí caighdeáin shoiléire rialachais chorparáidigh ar fáil do gach cineál cuideachta -lena n-áirítear cuideachtaí liostaithe faoi úinéireacht stáit -agus bunús dlí láidir d'oibriú neamhspleách margadhbhunaithe cuideachtaí.

(e) Le maíomh an ghearánaigh go n-eascraíonn costais phá shaofa as córas clárúcháin teaghlaigh agus ceardchumainn na Síne, tugtar neamhaird ar na hathruithe móra agus ar phróiseas margadaithe mhargadh saothair na Síne, inar cuireadh deireadh de réir a chéile leis na srianta ar hukou nó inar maolaíodh iad de réir a chéile agus ina bhfuil an córas slándála sóisialta dínasctha níos mó de réir a chéile ó chlárú teaghlaigh freisin. Dá bhrí sin, tá an spleáchas ar chóras atá as dáta agus atá ag éirí i bhfad níos neamhshriantaí de réir a chéile chun tacú le dearcadh an tsaofa pá scoite amach ó réaltacht shocheacnamaíoch reatha na Síne.

(f) Ní chuireann córas airgeadais na Síne iasachtaí fabhracha ar fáil do thionscail shonracha a fhaigheann tacaíocht ón stát (amhail an tionscal bonn) agus ní dhéanann sé rátálacha creidmheasa a chúbláil. Is amhlaidh atá toisc gur institiúidí airgeadais neamhspleácha iad bainc thráchtála na Síne, lena n-áirítear na bainc mhóra thráchtála faoi úinéireacht an stáit, a chloíonn leis an Dlí maidir le Baincéireacht Tráchtála. Foráiltear le hAirteagal 4 den Dlí go mbeidh '[o]ibríochtaí gnó na mbanc tráchtála faoi rialú phrionsabail na sábháilteachta, na leachtachta agus na héifeachtúlachta. Déanfaidh bainc thráchtála a gcinntí féin maidir lena n-oibríochtaí gnó, glacfaidh siad freagracht as a rioscaí féin, glacfaidh siad freagracht iomlán as a mbrabúis agus as a gcaillteanais agus feidhmeoidh siad féinsrian'. Cuirtear i dtábhacht ann freisin go ndéanfaidh bainc thráchtála [...] oibríochtaí gnó gan cur isteach ó aon aonad ná ó aon duine aonair'. Léirítear trédhearcacht, intuarthacht agus oibriú margadhbhunaithe mhargadh airgeadais na Síne a thuilleadh ós rud é gur roghnaigh roinnt mhaith oibreoirí thar lear bannaí arna n-ainmniú i renminbi a eisiúint laistigh den tSín le blianta beaga anuas.

Ina theannta sin, is feiniméan coitianta ar fud an domhain iad neamhréitigh i rátálacha creidmheasa na cuideachta céanna ag gníomhaireachtaí rátála intíre agus eachtracha, a eascraíonn as modheolaíochtaí rátála ar leith, bealaí rochtana faisnéise, samhlacha riosca, agus tuiscint ar an margadh áitiúil, ar a mbraitheann gníomhaireachtaí rátála creidmheasa éagsúla. Tá sé go hiomlán gan bhunús neamhréireachtaí den sórt sin a chur go díreach i leith cúbláil stáit.

(212) Chun tacú lena thríú hargóint, cháin CRIA an gearán as a líomhain gurb ann do chleachtais fóirdheonaithe sa tSín. Chuir CRIA in iúl gurb ann d'ionstraim dlí ar leithligh san Aontas chun aghaidh a thabhairt ar fhóirdheonú agus gur cheart, dá bhrí sin, líomhaintí an ghearánaigh a scrúdú agus a chinneadh trí imscrúdú frith-fhóirdheontais ar leithligh. Ní chloíonn iarracht na ngearánach brath ar líomhaintí fóirdheontais chun tacú le maímh a bhaineann le saobhadh suntasach in imscrúdú frithdhumpála leis na teorainneacha idir an dá ionstraim dlí ar leith a chumhdaítear in dhá chreat dhlíthiúla éagsúla.

(213) An 1 Lúnasa 2025, d'fhreagair an gearánach d'aighneacht CRIA trína chur in iúl (i) go bhfuil earnáil na mbonn sa tSín lán le saobhadh suntasach, mar thoradh ar chur isteach córasach stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne ar bheagnach gach gné den tionscal, i ngníomhaíochtaí iartheachtacha agus réamhtheachtacha, laistigh de chuideachtaí, bídís i seilbh phríobháideach nó faoi úinéireacht an stáit, (ii) nach gcuireann líon na ngníomhaithe príobháideacha atá i láthair ar mhargadh na Síne freisin i gcoinne an léirithe gurb ann do shaobhadh suntasach toisc go dtreoraíonn an stát gníomhaithe príobháideacha sa tSín agus go ngníomhaíonn siad i gcomhréir le beartais thionsclaíocha, (iii) gur léiríodh go soiléir san am a chuaigh thart gurb ann do shaobhadh suntasach a dhéanann difear do gach cuid de shlabhra luacha monaraíochta bonn na Síne, cibé acu le himscrúduithe roimhe seo ón gCoimisiún nó le himscrúduithe i ndlínsí eile, dá dtagraítear go mionsonraithe sa ghearán.

(214) An 15 Meán Fómhair 2025, chuir CRIA lena bharúlacha tráth an tionscnaimh le sraith barúlacha mar fhreagairt ar an gCéad Nóta. Ina aighneacht, d'ardaigh CRIA dhá argóint.

(215) Ar an gcéad dul síos, ghlac CRIA an seasamh nach bhfuil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán infheidhme mar gheall ar a neamh-chomhoiriúnacht le comhaontuithe EDT agus an rialú ó Chomhlacht um Réiteach Díospóidí EDT.

(216) Go sonrach, d'áitigh CRIA an méid seo a leanas:

(a) chuaigh roinnt forálacha de Phrótacal Aontachais na Síne le EDT atá ábhartha maidir le ríomh dumpála in éag an 11 Nollaig 2016, ní mór don Aontas a oibleagáidí comhfhreagracha faoi dhlí EDT a urramú;

(b) i gcomhréir le torthaí an Bhuanchomhlachta Achomhairc in DS 473, chun na costais a ríomh chun gnáthluach an táirge lena mbaineann a fháil nuair nach féidir an praghas intíre sa tír is onnmhaireoir a úsáid, ní cheadaítear do na húdaráis imscrúdúcháin meastóireacht a dhéanamh ar na costais a thuairiscítear sna taifid a choinníonn an t-onnmhaireoir/táirgeoir de bhun tagarmharc nach mbaineann leis na costais táirgthe sa tír thionscnaimh.

(217) Ar an dara dul síos, d'áitigh CRIA nach bhfuil margaí bonn agus amhábhar na Síne faoi réir an tsaofa shuntasaigh líomhnaithe. D'áitigh CRIA i ndáil leis sin nach bhfuil fianaise mhaith ann maidir leis an saobhadh a líomhain an gearánach, agus thagair sé ar ais dá aighneacht an 30 Meitheamh 2025, ag athdhearbhú go mbeadh líomhaintí an ghearánaigh iomlán le ginearálú, amhantraíocht agus contrárthachtaí inmheánacha, agus nach dtacófaí leo le fianaise dhíreach shonrach, a bhaineann leis an tionscal bonn GP-LE sa tSín, nó le tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe reatha.

(218) Níorbh fhéidir glacadh le hargóintí CRIA ar na cúiseanna a leagtar amach thíos.

(219) Maidir leis an gcéad argóint a rinne CRIA tráth an tionscnaimh, eadhon gur theip ar an ngearánach fianaise dhíreach a sholáthar ar shaobhadh margaidh, thug an Coimisiún dá aire ag an tús, mar a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta in *Viraj Profiles*, go bhfuil cainníocht agus cáilíocht na fianaise is gá chun na critéir maidir le leordhóthanacht na fianaise a chomhlíonadh chun imscrúdú a thionscnamh difriúil ón bhfianaise is gá chun réamhchinneadh nó cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le dumpáil, díobháil nó nasc cúisíoch a bheith ann ([115]). Chomhlíon an gearán na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán, i gcomhar le hAirteagal 2(6a)(d). Go deimhin, mar a tugadh le fios san fhógra tionscnaimh, mheas an Coimisiún gur leor an fhianaise a bhí ann de bhun Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán a léiríonn nach iomchuí na praghsanna agus na costais intíre sa tSín a úsáid i ngeall ar shaobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais, agus, ó tharla sin amhlaidh, go n-éilítear imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

([115]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 11 Iúil 2017, *Viraj Profiles v an Chomhairle*, T-67/14, ECLI:EU:T:2017:481, mír 98.

(220) Dá bhrí sin, lean an Coimisiún d'fhianaise a thabhairt i leith an tsaofa sin. Chun é sin a dhéanamh, bhailigh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(e) den bhun-Rialachán, na sonraí is gá chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach agus a thionchar agus an úsáid a bhaintear as an modheolaíocht a fhorordaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán ina dhiaidh sin. Cuirtear an anailís seo i láthair go mion i ranna 3.2.1.1 go 3.2.1.8 thuas. I ndáil leis sin, tá ráiteas CRIA maidir le hoibleagáid an Choimisiúin imscrúdú neamhspleách, bunaithe ar fhíricí agus oibiachtúil a dhéanamh gan bhunús. Thairis sin, bhréagnaigh anailís an Choimisiúin i ranna 3.2.1.1 go 3.2.1.8 maíomh CRIA freisin maidir leis an réaltacht go bhfuil forbairt eacnamaíoch na Síne saor ó idirghabhálacha saobhacha rialtais agus maidir le macrabheartais ábhartha na Síne nach ndéanann saobhadh sonrach agus díreach ar chostais agus ar phraghsanna in earnáil an táirge lena mbaineann.

(221) Ina theannta sin, agus chun teacht ar chonclúid maidir leis an gcéad argóint ó CRIA tráth an tionscnaimh, maidir leis na contrárthachtaí loighciúla líomhnaithe sa ghearán i ndáil le rubar nádúrtha mar thráchtearra a thrádáiltear ar fud an domhain agus maidir le roghnú na tíre ionadaíche, thug an Coimisiún dá aire, ar an gcéad dul síos, nár sholáthair CRIA aon fhianaise gurb é an tráchtearra domhanda atá marcáilte is cúis leis na praghsanna rubair nádúrtha sa tSín agus, ar an dara dul síos, gur roghnaíodh an tír ionadaíoch i gcomhréir leis na critéir is infheidhme de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, mar a leagtar amach go mionsonraithe i Roinn 3.2.4.

(222) Maidir leis an dara hargóint ó CRIA tráth an tionscnaimh, is é sin go bhfuil tionscal bonn na Síne an-dírithe ar an margadh, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas in iúl:

(a) Ní cúis diospóide é láithreacht cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge lena mbaineann. Mar sin féin, ní hamháin go bhfuil cuideachtaí faoi úinéireacht stáit nó cuideachtaí atá faoi rialú stáit ar bhealach eile gníomhach san earnáil, ach tá an earnáil faoi réir rialú rialtais agus maoirseacht beartais ar bhealaí éagsúla, ó bheartais rialtais lena múnlaítear forbairt na hearnála go dílseacht dhearbhaithe do cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne ag cuideachtaí aonair agus comhlachais tionscail, mar a thuairiscítear i roinn 3.2.1.2.

Ar an gcaoi chéanna, maidir leis na tionscail réamhtheachtacha, baintear an bonn de thagairt CRIA do 'deighilt ceithre threo' idir SINOPEC agus CNPC, idir fiontair phríobháideacha agus idir fiontair de chuid na Téaváine agus fiontair ina gcuirtear infheistíocht eachtrach, leis an tuarascáil a agraíonn CRIA agus ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis an margadh rubair shintéisigh: '[i]*s é CNPC agus Sinopec a dhéanann ionadaíocht ar an gcéad echelon, agus is ionann an dá chuideachta agus 49 % den sciar den mhargadh*. [...] *Baineann na fiontair chéad leibhéil tairbhe as buntáistí shlabhra comhtháite an tionscail pheitriceimiceach, rud a chruthaíonn barainneachtaí scála i dtáirgí rubair shintéisigh. Faoi láthair, sroicheann acmhainneacht táirgeachta iomlán rubair shintéisigh CNPC agus Sinopec 5 mhilliún tona in aghaidh na bliana, arb ionann é agus níos mó ná 45 % d'acmhainneacht táirgeachta rubair shintéisigh iomlán na Síne. A bhuí leis an scála mór bealaí soláthair amhola, shroich a ráta neamhthuilleamaíochta amhábhar níos mó ná 85 %. Leis an tsamhail táirgeachta chomhtháite, tá laghdú 20 % tagtha ar chostas táirgthe rubair shintéisigh, rud a bhaineann barainneachtaí scála amach*'. Maidir leis na hionchuir eile chun an táirge lena mbaineann a mhonarú, tá pointe CRIA maidir le cuideachtaí príobháideacha idir cuideachtaí atá gníomhach sna hearnálacha faoi seach mícheart. Ní hé struchtúr monaplach na n-earnálacha a mheas an Coimisiún a bheith ábhartha sa chomhthéacs reatha ach méid an rialaithe rialtais agus na maoirseachta beartais. Rinneadh an mhaoirseacht sin trí phleanáil beartais thionsclaíoch, rialú ar chomhlachais tionscail, ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne lena n-áirítear forluí pearsanta idir seasamh bainistíochta agus Páirtí i gcuideachtaí etc., a dhoiciméadú go mion freisin in earnálacha ionchuir ([116]) an táirge lena mbaineann. Níor thug CRIA aon fhianaise ar aird a chuirfeadh na barúlacha sin faoi cheist.

Maidir le táirgeoirí bonn amhail Huayi Group a líomhnaítear go gcloíonn siad le rialacha diana dlíthiúla agus margaidh agus go bhfuil siad cuntasach do na scairshealbhóirí uile, ní hamháin don stát, chuir an Coimisiún in iúl go luaitear an méid seo a leanas i dtuarascáil bhliantúil 2024 de Huayi Group, dá dtagraítear ag CRIA, i ndáil le hanailís 2024 ar fheidhmíocht ghnó: 'In 2024 rinneadh comóradh 75 bliana ó bunaíodh Daon-Phoblacht na Síne agus is bliain ríthábhachtach í freisin chun spriocanna agus cúraimí an 14ú [FYP] a bhaint amach. Tá meon an 20ú Comhdháil Náisiúnta de [Pháirtí Cumannach na Síne] agus an Dara agus an Tríú Seisiún Iomlánach den 20ú Lárchoiste curtha chun feidhme go coinsiasach ag gach fostaí. Faoi cheannaireacht cheart Choiste Páirtí agus Bhord Stiúrthóirí na cuideachta, agus le meon tiomantais agus obair chrua, thugamar aghaidh go gníomhach ar na dúshláin a bhaineann le téarnamh maicreacnamaíoch mall agus luaineachtaí leanúnacha ar leibhéal íseal i dtionscal na gceimiceán [...]'. Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil bhliantúil freisin go ndéanfaidh an chuideachta 'ceannaireacht fhoriomlán an Pháirtí a neartú, cultúr

([116]) Féach mar shampla an Tuarascáil, Caibidlí 12, 14, 16.

teaghlaigh Sunshine Huayi a chothú, idéil agus creidimh a aontú, agus neamhspleáchas, díograis agus cruthaitheacht ár lucht saothair a spreagadh chun forbairt ardcháilíochta an Ghrúpa a chur chun cinn go comhpháirteach'. Mheabhraigh an Coimisiún i ndáil leis sin go bhfuil 15 de 17 gcomhalta boird Ghrúpa Huayi ina gcomhalta de Pháirtí Cumannach na Síne agus go sainordaítear go sainráite le Dlí Cuideachtaí na Síne arna agairt ag CRIA eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne a chur ar bun laistigh de chuideachtaí. Le Dlí na gCuideachtaí, in éineacht le reachtaíocht bhreise is infheidhme, tugtar cumhacht shuntasach do na struchtúir sin de chuid Páirtí Cumannach na Síne ar oibriú gnó na gcuideachtaí atá i gceist (féach go háirithe aithrisí (138) - (139) agus (170) - (174) thuas). Cé go bhféadfadh go leor gnéithe caighdeánacha den rialachas corparáideach a bheith i bhfeidhm sa tSín, is ann do na struchtúir bhreise thuasluaite lena gceadaítear don Pháirtí/don stát maoirseacht agus rialú beartais a fheidhmiú ar na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo don mheasúnú de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus a bhréagnaíonn argóint CRIA.

(b) Tugadh tuairisc mhionsonraithe thuas ar an tionchar a fheidhmíonn Páirtí Cumannach na Síne ar gheilleagar na Síne, ón leagan amach institiúideach ar fud na tíre go dtí an ról atá ag eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne in iompar gnó cuideachtaí aonair (féach go háirithe aithrisí (169) - (177)), agus sa Tuarascáil chomh maith ([117]). Maidir le maíomh CRIA go bhfuil feidhm eagraíochtaí Páirtí i bhfiontair dírithe go príomha ar ghnóthaí Páirtí seachas ar chur isteach ar oibríochtaí sonracha gnó, bréagnaítear é a thuilleadh go díreach leis na doiciméid a luaitear thuas de thionscnamh díreach na gcuideachtaí ábhartha (féach tuarascáil bhliantúil 2024 ó Qingdao Double Star Co. Ltd. nó tuarascáil bhliantúil 2023 ó Guizhou Tyre Co., Ltd, ina dtagraítear do cheannaireacht an Pháirtí a chomhtháthú i ngach gné den rialachas corparáideach (féach tuarascáil bhliantúil 2024 ó Huayi Group ina gcuirtear ceannaireacht Choiste an Pháirtí agus an Bhoird Stiúrthóirí ar an leibhéal céanna (féach pointe (a) thuas).

(c) Maidir le pleanáil thionsclaíoch sa tSín, níor aontaigh an Coimisiún le seasamh CRIA nach orduithe éigeantacha iad an doiciméad pleanála. Os a choinne sin, mheabhraigh an Coimisiún go leagtar amach tosaíochtaí le córas pleanála na Síne agus go bhforordaítear ann na spriocanna nach mór don rialtas láir agus do na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear leo gach earnáil eacnamaíoch, nach mór, agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach níos ísle den rialtas. Mar a thuairiscítear go mionsonraithe sa Tuarascáil nuashonraithe ([118]), is de chineál ceangailteach iad na cuspóirí a shocraítear leis na hionstraimí pleanála, agus is é an toradh a bhíonn ar an gcóras pleanála go ndéantar acmhainní a leithdháileadh ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha a bhfuil tábhacht pholaitiúil thairis sin acu, seachas iad a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh. Thairis sin, ó mhí Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh, dheimhnigh Coiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne féin go ndéantar an próiseas chun na pleananna forbartha a ghlacadh agus a chur chun feidhme, tosaíochtaí straitéiseacha an Pháirtí a chlaochlú ina *'phleananna atá ceangailteach ó thaobh dlí de le haghaidh cur chun feidhme ar fud na tíre'*. Ar deireadh, mheabhraigh an Coimisiún nach bhfuil aon ábharthacht ag beartais i ndlínsí lasmuigh den tSín, amhail san Aontas nó sna Stáit Aontaithe, sa chomhthéacs reatha de mheasúnú a rinneadh de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(d) Ar an gcaoi chéanna, thug an Coimisiún faoi deara, maidir le haistrithe talún, chomh maith le dlíthe cuideachta nó féimheachta, nach maíonn CRIA ach go bhfuil na réimsí sin faoi rialú fondúireachtaí daingne margadhbhunaithe, gan aghaidh a thabhairt ar aon chuid den fhianaise a léiríonn gurb ann do shaobhadh de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ar a dtugtar tuairisc i Roinn 3.2.1.5. thuas.

(e) Le tagairt CRIA do shrianta hukou a dhíothú de réir a chéile, ní féidir athrú a dhéanamh ar sheasamh an Choimisiúin maidir le saobhadh suntasach ar phá sa tSín; cé go bhféadfadh athchóirithe ar an gcóras hukou a bheith ar siúl sa tSín, tá an córas clárúcháin teaghlaigh fós i bhfeidhm, rud a bhfuil tionchar aige ar bhunphrionsabail eacnamaíocha an fhoirmithe pá. Thairis sin, cuireann tosca breise, amhail ról na gceardchumann nó ról na Síne gan a bheith ina bpáirtithe i gcuid de choinbhinsiúin EIS, le saobhadh pá sa tSín.

(f) Níl argóintí CRIA maidir le córas airgeadais na Síne ina bhfianaise inchreidte. Ní léiríonn tagairt gan bhunús d'oibreoirí thar lear a eisíonn bannaí athainmnithe, ar bhealach ar bith, oibríocht mhargadhbhunaithe chóras airgeadais na Síne. Tharraing an Coimisiún aird freisin ar an Tuarascáil ([119]) ina gcuirtear i dtábhacht teorainneacha mhargadh bannaí ar tír na Síne. Níos tábhachtaí fós, tá léamh CRIA ar an Dlí maidir le

([117]) Féach an Tuarascáil, Caibidil 3.
([118]) Féach an Tuarascáil, Caibidil 4.
([119]) Tuarascáil – Caibidil 6.

Baincéireacht Tráchtála roghnaitheach. I ndáil leis sin, i dteannta na hanailíse in aithrisí (196) - (198) thuas, thagair an Coimisiún d'fhorálacha breise an Dlí maidir le Baincéireacht Tráchtála arna n-agairt ag CRIA, go háirithe Airteagal 34 de, ar dá bhun: "*Seolfaidh bainc thráchtála a ngnó iasachtaithe de réir riachtanais na forbartha eacnamaíche agus sóisialta náisiúnta agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an Stáit*".

(223) Maidir leis an tríú hargóint ó CRIA tráth an tionscnaimh, is é sin go bhfágann an gearán doiléir na teorainneacha idir na hionstraimí dlí frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid cheana féin in aithris (219) gur chomhlíon an gearán na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán, rud a fhágann gur gá imscrúdú a thionscnamh ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Gnéithe atá sa ghearán nach mbaineann leis an measúnú de bhun Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán, níor bhreithnigh an Coimisiún iad agus an measúnú sin á dhéanamh aige.

(224) Maidir leis an gcéad argóint ó CRIA mar fhreagairt ar an gCéad Nóta, a bhaineann le comhoiriúnacht Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le EDT, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas in iúl:

(a) in imeachtaí frithdhumpála a bhaineann le táirgí ón tSín, tá feidhm fós ag na codanna de Roinn 15 de Phrótacal Aontachais na Síne le EDT nach bhfuil imithe in éag agus an gnáthluach á chinneadh, i ndáil le stádas an gheilleagair margaidh agus i ndáil le húsáid modheolaíochta nach bhfuil bunaithe ar chomparáid dhocht le praghsanna nó costais na Síne araon.

(b) níor bhain Tuarascáil an Chomhlachta Achomhairc in DS 473 le cur chun feidhme Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, ach le coinníoll ar leith laistigh d'Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán. Mar sin féin, ceadaítear le dlí EDT, arna léirmhíniú ag an gComhlacht Achomhairc in DS 473, sonraí ó thríú tír a úsáid, arna gcoigeartú go cuí nuair is gá an coigeartú sin agus nuair atá bunús leis.

(225) Maidir leis an dara hargóint ó CRIA mar fhreagairt ar an gcéad nóta maidir le tosca táirgeachta, maidir le leordhóthanacht na fianaise, tugadh aghaidh uirthi thuas.

3.2.3. *Conclúid*

(226) Léiríodh leis an bhfianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an tsaormhargaidh iad praghsanna ná costais an táirge lena mbaineann, lena n-áirítear costais amhábhar, fuinnimh agus saothair, toisc go ndéantar difear dóibh trí idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léirítear leis an tionchar iarbhír nó féideartha a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear ann.

(227) I bhfianaise an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a shuí go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díolachán agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díolachán i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a shonraítear sa roinn seo a leanas.

3.2.4. *Tír ionadaíoch*

3.2.4.1. Barúlacha ginearálta

(228) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([120]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch.

([120]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(229) Mar a mhínítear i Roinn 3.1, d'eisigh an Coimisiún dhá nóta le haghaidh an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh: an chéad nóta agus an dara nóta.

(230) Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa dara nóta, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn aige an Tuirc a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás reatha dá mba rud é go ndeimhneofaí gurbh ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

3.2.4.2. An chéad nóta

(231) Sa chéad nóta maidir le tosca táirgeachta, shainaithin an Coimisiún gur tíortha iad an Airgintín, an Bhrasaíl, an Cholóim, an Indinéis, an Mhalaeisia, an tSeirbia, an Aifric Theas, an Téalainn agus an Tuirc inar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche agus atá sa tSín de réir an Bhainc Dhomhanda i.e. aicmíonn an Banc Domhanda mar thíortha 'ard-mheánioncaim' iad ar bhonn ollioncam náisiúnta, agus gurb eol go dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú iontu.

(232) D'fhéach an Coimisiún a thuilleadh ansin ar infhaighteacht sonraí maidir le tosca táirgeachta lena n-áirítear maidir leis na sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca ó tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú. Ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh tar éis an tionscnaimh, shainaithin sé na sé thoisc táirgeachta ba thábhachtaí arbh ionann iad agus thart ar 70 % de na costais iomlána ar ábhar - rubar nádúrtha (HS 4001 22), dubh carbóin (2803 00), rubar stiréine bútaidhé-éine (4002 19), rubar polabútaidhé-éine (HS 4002 20), fabraic chorda (HS 5902 20), corda cruach (HS 7312 10). Rinne sé measúnú ansin féachaint ar allmhairíodh na tosca táirgeachta sin isteach sna tíortha ionadaíocha ionchasacha i gcainníochtaí leordhóthanacha agus cén sciar de na hallmhairí a bhféadfadh allmhairí ón tSín nó ó aon cheann de na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([121]) difear ábhartha a dhéanamh dó.

(233) Chinn an Coimisiún gur allmhairigh an Airgintín agus an Cholóim araon na príomhthosca táirgeachta i gcainníochtaí réasúnta íseal, agus nár allmhairigh an dá thír sin cuid de na tosca táirgeachta ar chor ar bith. Ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag cainníochtaí réasúnta íseal d'allmhairí príomhthosca táirgeachta ar phraghas na n-allmhairí, mheas an Coimisiún go bhféadfadh sé nach tagarmharc iomchuí a bheadh sna hallmhairí sin, agus tháinig sé ar an gconclúid nach tír ionadaíoch iomchuí a bhí sa Cholóim ná san Airgintín.

(234) Thairis sin, léirigh an anailís ar allmhairí na bpríomh-amhábhar isteach in iarrthóirí eile ar thír ionadaíoch go bhféadfadh cainníochtaí suntasacha de thionscnamh na Síne difear ábhartha a dhéanamh do roinnt allmhairí. B'amhlaidh an cás go háirithe i gcás na Téalainne agus na hAfraice Theas, áit arbh ionann allmhairí ón tSín as trí cinn de na sé phríomhthosca táirgeachta a liostaítear thuas agus níos mó ná 50 % d'allmhairí foriomlána na dtosca sin, agus go pointe níos lú i gcás na Malaeisia, áit a raibh sciar na n-allmhairí ón tSín as trí cinn de na príomhthosca táirgeachta idir 27 % agus 69 %. Ina theannta sin, níor aimsíodh aon táirgeadh den táirge faoi imscrúdú ná aon fhaisnéis airgeadais a bhí ar fáil sa Bhrasaíl ná san Indinéis. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach tír ionadaíoch iomchuí a bhí in aon cheann de na tíortha sin.

(235) Shainaithin an Coimisiún ansin ráitis airgeadais a bhí ar fáil lena gcumhdaítear tréimhse imscrúdúcháin na gcuideachtaí brabúsacha a tháirgeann an táirge comhchosúil i Meicsiceo (Compana Hulera Tornel), sa tSeirbia (TIGAR Tyres Doo) agus sa Tuirc (Brisa Bridgestone Sabanci), agus tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfadh na tíortha sin a bheith ina dtír ionadaíoch iomchuí. D'iarr sé ar pháirtithe barúlacha a thabhairt.

([121]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj) arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/749 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/755 a mhéid a bhaineann leis an an gCasacstáin a bhaint ó liosta tiortha a ghabhann le hIarscríbhinn I (IO L 113, 29.4.2017, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/749/oj).

3.2.4.3. Éilimh arna ndéanamh le haghaidh gach tíre ionadaíche ionchasaí tar éis an chéad nóta a eisiúint

(236) Tar éis fhoilsiú an chéad nóta, fuair an Coimisiún barúlacha ón ngearánach, CRIA, agus ó cheithre tháirgeoir onnmhairiúcháin nó ó ghrúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin - GITI Group, Hankook Group, Kumho agus Shandong Yongsheng. Rinne páirtithe éilimh maidir leis na tíortha seo a leanas:

an Indinéis

(237) D'áitigh GITI Group go raibh an Indinéis (in éineacht leis an Malaeisia) ina tír ionadaíoch fhéideartha, mar (i) d'allmhairigh sé rubar cumaisc (atá, de réir GITI, ina thoisc thábhachtach táirgeachta); (ii) i gcás roinnt príomhthosca táirgeachta (fabraic chorda, corda cruach, dubh carbóin), bhí sciar na n-allmhairí ón tSín sna hallmhairí iomlána níos ísle i gcás na hIndinéise ná mar a bhí i gcás na Seirbia, Mheicsiceo, na Tuirce; agus (iii) bhí sonraí airgeadais ar fáil ag an Indinéis dá cuideachtaí (PT Goodyear Indonesia Tbk agus PT Gajah Tunggal Tbk, comhfhiontar idir GITI Group agus Michelin).

(238) D'áitigh Kumho Tire agus Hankook Group freisin gur tír ionadaíoch iomchuí a bhí san Indinéis, le haghaidh mhéid a mhargaidh intíre agus mhéideanna arda allmhairí na dtosca táirgeachta uile.

an Mhalaeisia

(239) D'áitigh GITI Group agus CRIA gurbh ionann onnmhairí na Síne de phríomhthosca táirgeachta (dubh carbóin, corda cruach, fabraic chorda agus rubar polabútaidhé-éine) isteach sa Mhalaeisia agus sciartha comhchosúla d'allmhairí na Síne mar a bhí i gcás na Seirbia agus na Tuirce, a measadh a bheith ina dtír ionadaíoch fhéideartha, agus dá bhrí sin, nár cheart an Mhalaeisia a eisiamh ó thíortha ionadaíocha ionchasacha. D'áitigh GITI Group freisin gurbh í an Mhalaeisia, in éineacht leis an Indinéis, an t-aon tír a raibh allmhairí ionadaíocha rubair chumaisc aici.

(240) Luaigh GITI Group, Shandong Yongsheng agus CRIA gur roghnaíodh an Mhalaeisia mar thír ionadaíoch in imscrúdú frithdhumpála na Stát Aontaithe in aghaidh boinn allmhairiúcháin ón tSín ([122]), agus go raibh ráitis airgeadais phoiblí ar fáil do roinnt cuideachtaí sa Mhalaeisia ([123]).

Meicsiceo

(241) D'áitigh GITI Group nach bhféadfadh Meicsiceo a bheith ina thír ionadaíoch fhéideartha. Thagair sé go príomha do mhéideanna ísle allmhairithe rubair chumaisc agus méideanna arda allmhairithe ón tSín isteach i Meicsiceo d'fhabraic chorda.

(242) Chuir CRIA agus Shandong Yongsheng argóintí comhchosúla isteach maidir le leibhéal na n-allmhairí ón tSín isteach i Meicsiceo, sa tSeirbia agus sa Tuirc, agus d'áitigh siad nach bhféadfaí leibhéal na n-allmhairí ón tSín a mheas mar phríomhchritéar chun neamhaird a thabhairt ar thíortha ionadaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann, agus go raibh leibhéal ard corda cruach allmhairithe na Síne coitianta do gach tír ionadaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann. D'áitigh CRIA freisin, mar atá i gcásanna áirithe eile, go ndearna an Coimisiún tuilleadh anailíse féachaint an raibh éifeacht shaobhach ag allmhairí ón tSín ar phraghsanna na n-allmhairí nó nach raibh, agus go bhféadfadh sé é a dhéanamh san imscrúdú seo freisin i gcás tíortha a bhfuil sciar ard d'allmhairí ón tSín acu.

(243) Mheas GITI Group, ós rud é go raibh dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh éagsúla i bhfeidhm ar chruach i Meicsiceo, go bhféadfaí praghsanna allmhairiúcháin Mheicsiceo le haghaidh príomh-ionchuir ina bhfuil cruach, amhail sreang chruach, a shaobhadh. Thagair sé freisin do bhearta a chuir Meicsiceo i bhfeidhm i gcoinne allmhairí rubair shintéisigh ón tSeapáin, ó Phoblacht na Cóiré agus ó na Stáit Aontaithe, agus do dhleachtanna frithdhumpála ar bhoinn gluaisteán paisinéirí agus trucailí éadroma de thionscnamh na Síne. Thairis sin, d'áitigh GITI Group nach tagarmharc iomchuí a bhí i sonraí airgeadais cuideachtaí bonn i Meicsiceo, ós rud é nach raibh forluí idir é agus an tréimhse imscrúdúcháin, agus ós rud é nach raibh na sonraí ar fáil ach d'aon chuideachta amháin. Dá bhrí sin, mheas sé nach bhféadfadh Meicsiceo a bheith ina thír ionadaíoch.

([122]) https://access.trade.gov/Resources/frn/summary/prc/2021-19259-1.pdf.

([123]) E.g. Hock Hin (MUAR) Rubber Co., Michelin Malaysia, Toyo tyre Malaysia SDN BHD, Friendship Rubber Industry (Malaysia) SDN. BHD. agus Yamauchi (an Mhalaeisia).

(244) D'áitigh Shandong Yongsheng, i measc Mheicsiceo, na Seirbia agus na Tuirce, gurbh é Meicsiceo an tír ionadaíoch ab iomchuí, ós rud é (i) go raibh leibhéal allmhairí na Seirbia ón tSín níos airde ná an Mhalaeisia, tír a eisiadh sa chéad nóta mar gheall ar a leibhéal spleáchais ar allmhairí ón tSín; agus (ii) is ag Meicsiceo a bhí an leibhéal is airde cosanta sóisialta agus comhshaoil maidir le hAirteagal 2(6a)(a).

(245) D'áitigh Kumho Tire agus Hankook Group go mbeadh Meicsiceo ina thír ionadaíoch iomchuí, le haghaidh mhéid a mhargaidh intíre agus méideanna arda allmhairí rubair nádúrtha.

an Téalainn

(246) D'áitigh CRIA agus Shandong Yongsheng nár cheart an Téalainn a dhíbhe mar thír ionadaíoch fhéideartha ar bhonn allmhairí ardleibhéil ón tSín.

(247) D'áitigh Shandong Yongsheng freisin go bhféadfadh an Coimisiún úsáid a bhaint as sonraí maidir le costais SGA agus brabús atá ar fáil do mhonaróirí na Téalainne a dhéanann boinn gluaisteán paisinéirí agus boinn leoraithe éadroma. Dúirt sé freisin gur thairg an Téalainn, an Indinéis agus an Mhalaeisia na coinníollacha is cosúla leis an tSín ó thaobh costais fuinnimh agus saothair de.

An Tuirc agus an tSeirbia

(248) D'áitigh GITI Group go raibh méid íseal allmhairí rubair chumaisc ag an Tuirc agus ag an tSeirbia, agus dá roghnófaí aon cheann de na tíortha sin, gur cheart an tagarmharc don amhábhar sin a choigeartú. Ar an dara dul síos, d'áitigh GITI Group, Kumho Tire, Hankook Group agus CRIA go raibh costais SGA don dá thír ionadaíocha fhéideartha míréasúnta ard. Tharraing GITI Group agus CRIA aird ar shonraí airgeadais ó Mheicsiceo ([124]), ón Indinéis ([125]), ón Malaeisia ([126]) agus ón Téalainn ([127]) inar luadh céatadán níos ísle de chostais SGA.

(249) D'áitigh GITI Group agus CRIA freisin go raibh allmhairí fabraice corda ón tSín an-ard i gcás na Seirbia agus na Tuirce araon.

(250) Mhaígh Hankook Group go raibh fochuideachtaí a raibh baint acu le forbairt agus monarú teicneolaíochtaí móibíleacha san áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite na cuideachta Turcach Brisa Bridgestone, agus dá bhrí sin gur léir nach raibh a ráitis airgeadais ionadaíoch chun críoch ríomh an ghnáthluacha.

(251) D'áitigh CRIA, Kumho Tire agus Hankook Group gur dhícháiligh na méideanna allmhairí ón Rúis isteach sa Tuirc agus sa tSeirbia iad ó bheith ina dtíortha ionadaíocha iomchuí. Dúirt Kumho Tire agus Hankook Group freisin gur lean an Tuirc agus an tSeirbia araon de chruach na Rúise a allmhairiú, cruach a d'fhéadfaí a úsáid ina dhiaidh sin chun corda cruach a mhonarú.

(252) D'áitigh Kumho Tire agus Hankook Group araon gur thuairiscigh an Tuirc agus an tSeirbia araon sonraí fabraice corda in m^2, agus gur féidir meáchan fabraice corda a bheith éagsúil bunaithe ar thiús agus ar dhlús na snáitheanna agus gur thuairiscigh tíortha eile sonraí in kg. Dúirt an dá chuideachta freisin nach raibh saintréithe an mhargaidh sa tSeirbia inchomparáide leis an tSín, agus gur lean an Tuirc de bheith ag dul i ngleic le boilsciú tromchúiseach, rud a rinne difear do tháscairí eacnamaíocha ábhartha.

(253) Rinne an Coimisiún measúnú ar na hargóintí uile a chuir na páirtithe leasmhara éagsúla isteach sa dara nóta, mar a achoimrítear thíos i Roinn 3.2.4.4.

([124]) Thagair GITI do Companie Hulera Tornel.
([125]) PT Goodyear Indonesia Tbk, Gajah Tunggal (arna shainaithint ag Hankook agus GITI Group).
([126]) Friendship Rubber industry (Malaysia) SDN. BHD. Agus Toyo Tyre Malaysia SDN. BHD.
([127]) Bridgestone Tire Manufacturing (an Téalainn) Co. Ltd., Bridgestone Specialty Tire Manufacturing (an Téalainn) Co., Ltd., Thai Bridgestone company Limited, Goodyear (an Téalainn) Public Company Limited.
Toyo Tire (an Téalainn) company limited, Deestone Ltd., Desstone international Company Limited, Otani Radial Co., Ltd., Sumitomo Rubber (an Téalainn) company Limited, Svizz-one Corportation Ltd., Yokohama Tire Manufacturing (an Téalainn) Co., Ltd.

3.2.4.4. An dara nóta

(254) Maidir le maíomh GITI Group, bhreithnigh an Coimisiún go raibh an rogha an tír ionadaíoch a bhunú ar mhéid na n-allmhairí rubair chumaisc (cód CC 4002 80) gan údar. Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, bhí céatadán íseal costas i gceist le rubar cumaisc laistigh de na costais iomlána táirgthe nó níor úsáideadh ar chor ar bith é ([128]). Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach raibh leibhéal na n-allmhairí rubair chumaisc ina chritéar ábhartha chun tír ionadaíoch a roghnú.

(255) Ina theannta sin, ós rud é gurbh í an tSín an t-onnmhaireoir ba mhó ar domhan faoi Cheannteideal 5902 ([129]) (fabraicí corda boinn) agus CC 7312 10 ([130]) (corda cruach), bhí céatadán ard allmhairí ón tSín in allmhairí den dá thoisc táirgeachta isteach sna tíortha ionadaíocha uile a d'fhéadfadh a bheith ann. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach critéar a bhí le breithniú é méid na n-allmhairí ón tSín i gcás an dá thoisc táirgeachta sin.

(256) Ar deireadh, mheas an Coimisiún na hargóintí maidir le tograí chun an Indinéis, an Mhalaeisia nó an Téalainn a roghnú mar thír ionadaíoch fhéideartha. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, áfach, nach tíortha ionadaíocha iomchuí a bhí san Indinéis, sa Mhalaeisia ná sa Téalainn.

(257) Bhí allmhairí isteach san Indinéis den phríomhthoisc tháirgeachta, i.e. rubar nádúrtha, arb ionann é agus sciar suntasach de na costais, réasúnta íseal agus bhí sciar ard d'allmhairí Síneacha - corda cruach, fabraic chorda agus dubh carbóin i gceist le hallmhairí de thrí cinn de na sé phríomhthoisc tháirgeachta. Cé go raibh sciar ard d'allmhairí Síneacha maidir le corda cruach agus fabraic chorda coitianta do na tíortha ionadaíocha féideartha uile, bhí sciar na n-allmhairí Síneacha le haghaidh dubh carbóin ard freisin agus ba ionann é agus 46 %. I gcomparáid leis sin, sa Tuirc, ní raibh in allmhairí dubh carbóin na Síne ach 5 %.

(258) Bhí sciar ard d'allmhairí Síneacha freisin in allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta isteach sa Mhalaeisia - seachas an sciar ard d'allmhairí fabraice corda agus corda cruach ón tSín, bhí sciar níos airde de na hallmhairí foriomlána (27 %) ag allmhairí rubair bútaidhé-éine stiréine ón tSín, ceann de na tosca táirgeachta móra, i gcomparáid le 12 % i gcás allmhairí isteach sa Tuirc. Thairis sin, níl sé ábhartha don imscrúdú seo gur roghnaíodh an Mhalaeisia in imscrúdú frithdhumpála na Stát Aontaithe.

(259) Bhí allmhairí Síneacha na bpríomhthosca táirgeachta uile an-ard freisin i gcás na Téalainne: dubh carbóin (57 %), rubar stiréine bútaidhé-éine (25 %), rubar polabútaidhé-éine (32 %), fabraic chorda (7 %), corda cruach (82 %). Thairis sin, i mí na Bealtaine 2025, chinn Coimisiún Riaracháin Trádála Idirnáisiúnta na hAfraice Theas go bhfuarthas amach go raibh roinnt cuideachtaí de chuid na Téalainne ag dul timpeall ar dhleachtanna frithdhumpála ar bhoinn trí léim idir tíortha ón tSín tríd an gCambóid, an Téalainn agus Vítneam, rud a dheimhníonn neamhchosaint ard na Téalainne ar an tSín ([131]).

(260) I bhfianaise an mhéid thuas, shuigh an Coimisiún nárbh fhéidir a mheas go raibh praghsanna allmhairiúcháin na bpríomhthosca táirgeachta isteach san Indinéis, sa Mhalaeisia agus sa Téalainn ionadaíoch ós rud é gur dócha go ndéanfar iad a shaobhadh, dá ndeimhneofaí an saobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(261) Rinne an Coimisiún measúnú breise ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil dó maidir leis na trí thír a bhí beartaithe (Meicsiceo, an tSeirbia agus an Tuirc) agus tháinig sé ar an gconclúid gur rogha iomchuí í an Tuirc don tír ionadaíoch.

(262) Ar an gcéad dul síos, bhí sonraí a bhí ar fáil go héasca sna staitisticí allmhairiúcháin isteach sa Tuirc le haghaidh fhormhór na dtosca táirgeachta, cé is moite de chorda cruach. Ní raibh allmhairí ón tSín sna staitisticí allmhairiúcháin maidir leis na sé phríomhthoisc táirgeachta, nó bhí allmhairí teoranta iontu (5 % ar a mhéad i gcás dubh carbóin ([132])). I gcomparáid leis sin, bhí ardleibhéal allmhairí Síneacha dubh carbóin (45 %) agus corda cruach (68 %) ag an tSeirbia.

([128]) Ní féidir faisnéis níos mionsonraithe a sholáthar ar chúiseanna rúndachta.
([129]) https://oec.world/en/profile/hs/polyamide-fabric.
([130]) https://oec.world/en/profile/hs/stranded-steel-wirecableetc-no-electric-insulation.
([131]) https://www.itac.org.za/upload/document_files/20250602071614_ITAC-Preliminary-Report-No.-748---May-2025.pdf.
([132]) Cé is moite de chorda cruach ós rud é go mbaineann sciar ard na n-allmhairí Síneacha le beagnach gach ceann de na tíortha ionadaíocha féideartha.

(263) Bhí méideanna allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta isteach sa Tuirc roinnt uaireanta níos airde ná mar a bhí i gcás na Seirbia agus Mheicsiceo araon, agus dá bhrí sin bhí dóchúlacht níos láidre ann go bhféadfadh a bpraghsanna allmhairiúcháin a bheith ina dtagarmharcanna réasúnta. Thairis sin, murab ionann agus líomhaintí na bpáirtithe, mheas an Coimisiún freisin go bhféadfaí sonraí maidir le hallmhairí fabraice corda isteach sa Tuirc a tuairiscíodh in m^2 a thiontú go kg bunaithe ar an ráta comhshó don chineál sin ábhair.

(264) Ar an dara dul síos, mheas an Coimisiún gur bonn réasúnta iad ráitis airgeadais na cuideachta de chuid na Tuirce Brisa Bridgestone chun tagarmharc a chinneadh le haghaidh chostais SGA agus brabúis, ós rud é go ndearnadh iniúchadh orthu agus go raibh forluí eatarthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thug an Coimisiún dá aire nach raibh bunús leis an maíomh maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag láimhdeachas na fochuideachta Arvento ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Chomh maith leis sin, mheas an Coimisiún nár thacaigh fianaise leis an maíomh go raibh costais SGA Arvento míréasúnta ard toisc go raibh costais SGA níos ísle ag cuideachtaí i dtíortha eile. Thug an Coimisiún dá aire gur thuairiscigh roinnt cuideachtaí de chuid na Téalainne costas SGA idir 30 % agus 60 % de réir anailís an Choimisiúin. ([133]) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh sonraí airgeadais Brisa Bridgestone fós ina bhfoinse iomchuí chun costais SGA agus céatadáin bhrabúis a shuí -, ba chuideachta níos mó é Brisa Bridgestone a raibh cuntais iniúchta aige, i gcomparáid leis an aon chuideachta amháin i Meicsiceo a raibh faisnéis airgeadais ar fáil aici a bhí réasúnta níos lú agus nach raibh aon fhaisnéis ann maidir le cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh iniúchadh ar na sonraí.

(265) Ina theannta sin, seachas an tSín, tá an Tuirc ar cheann de na honnmhaireoirí is mó ar domhan den táirge atá faoi imscrúdú ([134]) agus is tír í a bhfuil forbairt eacnamaíoch chomhchosúil aici leis an tSín.

(266) Maidir leis an maíomh a bhaineann le boilsciú na Tuirce, mheas an Coimisiún nach raibh tionchar ag díluacháil lira na Tuirce ar phraghsanna allmhairiúcháin. Léireofaí aon mhéadú ar phraghsanna le méadú ar chostais iomlána na n-earraí a dhíoltar agus/nó ar chostais SGA agus, dá bhrí sin, leis an laghdú ar chorrlach brabúis an táirgeora ionadaíoch. Ós rud é gur sloinneadh costais SGA agus corrlaigh bhrabúis mar chéatadán, ní raibh aon tionchar aige sin ar ríomh an ghnáthluacha. Maidir le boilsciú costas sonrach áirithe, thug an Coimisiún dá aire gur sloinneadh na praghsanna neamhshaofa a shuigh sé le haghaidh na gcostas táirgthe in airgeadra na tíre lena mbaineann, agus gur léiríodh difríochtaí sa bhoilsciú idir an tír ionadaíoch agus an tír lena mbaineann go suntasach cheana féin sa ráta malairte faoi seach. Dá bhrí sin, ní raibh tionchar ag boilsciú sa tír ionadaíoch den chuid is mó ar na tagarmharcanna ríofa. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(267) Ar deireadh, maidir leis an tionchar líomhnaithe a bhí ag allmhairí cruach na Rúise isteach sa Tuirc, a d'fhéadfaí a úsáid chun corda cruach a mhonarú, chinn an Coimisiún go raibh an maíomh ginearálta agus nach raibh fianaise thacaíochta ann maidir leis an gcur ar aghaidh líomhnaithe. Maidir leis na hallmhairí de dhubh carbóin, rubar stiréine bútaidhé-éine agus rubar polabútaidhé-éine isteach sa tSeirbia agus sa Tuirc, suíodh freisin go raibh allmhairí ón Rúis iontu. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, áfach, nach raibh údar leis an dá thír sin a eisiamh ar an mbonn sin. Ní raibh sciar mór de na costais táirgthe i gceist leis na tosca táirgeachta sin ([135]), agus i gcás na Seirbia, bhí sciar den mhargadh na n-allmhairí sin réasúnta íseal ([136]). Thug an Coimisiún dá aire freisin nár chuir aon pháirtí leasmhar fianaise ar fáil go bhféadfadh allmhairí ón Rúis na hallmhairí isteach sa Tuirc a dhéanamh neamhiontaofa - shuigh an Coimisiún nach raibh aon fhianaise ann go raibh aon difríocht neamhghnách sa phraghas idir meánphraghas allmhairiúcháin na n-ionchur sin isteach sa Tuirc i gcomparáid le hallmhairí na n-ionchur céanna chuig tíortha nach bhfuil aon allmhairí ón Rúis acu. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid chéanna maidir le *boinn le haghaidh busanna agus leoraithe* ([137]) agus anailís á déanamh aige ar an tréimhse imscrúdúcháin sa chás sin, dar críoch an 30 Meitheamh 2023 ([138]). Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nach raibh údar leis an maíomh gur ghá neamhaird a thabhairt ar an Tuirc ar an mbonn sin.

([133]) e.g. Michelin Siam, Maxxis International (Thailand) Co Ltd, Bridgestone Specialty Tire Manufacturing (Thailand) Co., Ltd.

([134]) https://oec.world/en/profile/hs/pneumatic-tyres-new-of-rubber-for-buses-or-lorries agus https://oec.world/en/profile/hs/new-rubber-pneumatic-tyres-for-motor-cars.

([135]) Is ionann na trí thoisc táirgeachta (dubh carbóin, Rubair Stiréine-Bútaidhé-éine agus Rubair Pholabútaidhé-éine agus idir thart ar 4 % agus 12 % sna costais táirgthe).

([136]) Ó 5 % go 21 % ar a mhéad ag brath ar an toisc tháirgeachta.

([137]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/58 ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun (OJ L, 2025/58, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/58/oj, aithris (214).

([138]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/58 ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2025.

(268) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfaí an Tuirc a mheas mar an tír ionadaíoch ós rud é (i) i measc na dtíortha eile go léir, go raibh an cháilíocht is fearr sonraí aici lena n-úsáid mar thagarmharcanna le haghaidh na dtosca táirgeachta, agus (ii) go raibh sonraí airgeadais réasúnta ar fáil freisin.

3.2.4.5. Éilimh arna ndéanamh le haghaidh gach tíre ionadaíche ionchasaí tar éis an dara nóta a eisiúint

(269) Tar éis an dara nóta, chuir CRIA, GITI Group, Hankook Group, Kumho Tire, Shandong Yongsheng agus Sumitomo Rubber barúlacha isteach maidir le cinneadh an Choimisiúin an Tuirc a úsáid mar an tír ionadaíoch. Tugtar aghaidh ar na barúlacha thíos.

an Tuirc

Maímh ghinearálta maidir le rogha na Tuirce mar thír ionadaíoch

(270) D'áitigh Hankook Group agus Kumho go ndearna an Coimisiún earráid agus an Tuirc á roghnú aige mar an tír ionadaíoch ar chritéar amháin - i.e. an sciar d'allmhairí na Síne isteach sa tír - nach liostaítear in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. D'áitigh an dá chuideachta gur thug an Coimisiún neamhaird ar ghnéithe amhail méid táirgeachta an táirge faoi imscrúdú i ngach tír ionadaíoch fhéideartha, chomh maith le líon níos mó ráiteas airgeadais a bheith ar fáil chun na costais SGA agus an brabús atá le húsáid chun críche ríomh an ghnáthluacha a chinneadh i gceart. D'áitigh Hankook Group freisin go raibh margaí ag tíortha eile a bhfuil saintréithe acu atá níos cosúla leis an tSín agus/nó gur thairg siad infhaighteacht níos airde sonraí poiblí.

(271) D'áitigh Hankook Group agus Kumho go ndearna an Coimisiún earráid ina mheasúnú ar thionchar allmhairí Síneacha ar phraghsanna allmhairiúcháin, agus gur cheart don Choimisiún féachaint ar an bpraghas aonaid chun a mheas an bhfuil allmhairí saofa nó nach bhfuil. D'áitigh na páirtithe go raibh praghas allmhairiúcháin aonaid roinnt tosca táirgeachta isteach sa Tuirc cosúil le praghas aonaid tíortha eile a bhfuil nochtadh níos airde d'allmhairí ón tSín acu, agus d'áitigh siad nach foras bailí é leibhéal ard allmhairí ón tSín, dá réir sin, chun tír a dhícháiliú óna roghnú mar thír ionadaíoch faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. D'athdhearbhaigh an Coimisiún, agus tír ionadaíoch iomchuí á roghnú aige, gur critéar tábhachtach é méid na n-allmhairí ón tSín chun measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht fhoriomlán gur dócha go ndéanfaidh allmhairí ón tSín saobhadh ar allmhairí tosca táirgeachta. Mheabhraigh sé ar dtús gurb é cuspóir Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán gnáthluach a ríomh saor ó shaobhadh. Dá bhrí sin, dá gcuirfí méid na n-allmhairí ón tSín san áireamh, d'fhéadfaí an saobhadh ar an ngnáthluach ríofa a thabhairt isteach arís. Agus tír á roghnú, déanfar an measúnú sin ar an iomlán agus ní gá comparáid a dhéanamh idir praghsanna. Ní hionann sin agus an cás ina roghnaítear tír toisc go gcomhlíonann sí na critéir uile. Ansin, níl aon rogha eile ag an gCoimisiún ach praghas allmhairiúcháin ar leith a fhiosrú, agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil an praghas sin saofa nó nach bhfuil. Dá bhrí sin, déantar an measúnú sin mar an dara céim. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh go raibh air comparáid praghsanna a dhéanamh maidir le gach tír ionadaíoch fhéideartha chun a chinneadh an bhféadfadh allmhairí ón tSín ionchur sonrach a shaobhadh nó nach bhféadfadh.

(272) Ar an dara dul síos, chuir an Coimisiún in iúl go raibh rogha na Tuirce mar thír ionadaíoch bunaithe ar an bhfíoras gur chomhlíon an Tuirc na critéir uile a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(273) Allmhairíodh na príomhthosca táirgeachta isteach sa Tuirc i gcainníochtaí ionadaíocha bunaithe ar shonraí a bhí ar fáil go héasca, agus bhí faisnéis airgeadais ar fáil bunaithe ar ráitis airgeadais iniúchta Brisa Bridgestone, a measadh a bheith ina mbonn chun na costais neamhshaofa agus réasúnta le haghaidh costais SGA agus brabúis a chinneadh. Chinn an Coimisiún go raibh an fhaisnéis a bhí ar fáil don Tuirc ar cháilíocht níos fearr ná mar a bhí i gcás tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith ann.

(274) Mhaígh Hankook Group freisin go raibh an fíoras gur allmhairíodh cainníochtaí móra fabraice corda agus corda cruach ón tSín ó bheagnach gach ionadaí féideartha bunaithe ar fhigiúirí míchearta, toisc go ndearna an Coimisiún an fhabraic corda a ghrúpáil go treallach faoi chóid an Chórais Chomhchuibhithe (HS 5902 10, HS 5902 20 agus HS 5902 90) faoi fhochatagóir níos mó, Ceannteideal 5902. D'áitigh sé nach í an tSín an t-onnmhaireoir is mó ar domhan faoi chóid shonracha an Chórais Chomhchuibhithe ([139]).

(275) Murab ionann agus maíomh Hankook Group, deimhníodh le sonraí ón bhFaireachlann um Choimpléascacht Eacnamaíoch ('OEC') ar leibhéal an Chórais Chomhchuibhithe gurbh í an tSín an t-onnmhaireoir ba mhó ar domhan i gcás chód HS 5902 10 ([140]). Ba í an tSín an dara honnmhaireoir ba mhó ar domhan le haghaidh chód HS 5902 20, tar éis Vítneam ([141]). Bhí trádáil fhoriomlán chód HS 5902 90 ([142]) sách teoranta i gcomparáid leis na cóid eile. In aon chás, cibé acu arbh í an tSín an tír ba mhó, nó i measc na n-onnmhaireoirí ba mhó de na tosca táirgeachta sin, is é an pointe ná go raibh leibhéal allmhairí na Síne de na tosca táirgeachta sin sách ard do *gach* tír ionadaíoch fhéideartha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(276) D'athdhearbhaigh Hankook Group agus Kumho a maíomh freisin gur mheas an Coimisiún go héagórach go raibh allmhairí ón Rúis neamhshaofa, agus go raibh feidhm ag smachtbhannaí i bhfoirm toirmisc ar allmhairí táirgí cruach de thionscnamh na Rúise ón 16 Márta 2022 ar aghaidh ([143]). Thairis sin, tháinig toirmeasc allmhairiúcháin is infheidhme maidir le dubh carbóin (Ceannteideal 2803), rubar stiréine bútaidhé-éine (cód HS 4002 19), rubar bútaidhé-éine (cód HS 4002 20), rubar cumaisc (cód HS 4002 80) agus rubar halai-isipréine iseabúitéine (cód HS 4002 39), i bhfeidhm an 26 Feabhra 2023 ([144]), agus bhí feidhm ag córas idirthréimhseach cuótaí allmhairiúcháin go dtí an 30 Meitheamh 2024. D'áitigh Hankook Group go raibh meánphraghas allmhairí na Rúise sa Tuirc i bhfad níos ísle ná meánphraghas na n-allmhairí ó thíortha eile, lena n-áirítear an tSín, agus i bhfianaise tuarascáil tíre a bheith ann maidir le saobhadh suntasach sa tSín agus sa Rúis araon, nach raibh aon chúis bhailí ann gur cheart tosaíocht a thabhairt don Tuirc thar na tíortha sin. Ar deireadh, d'áitigh Hankook Group go raibh an Tuirc agus an tSeirbia araon ag brath ar allmhairí fuinnimh ón Rúis, rud a léiríonn go raibh geilleagar iomlán na Tuirce faoi réir saofa.

(277) Chuir an Coimisiún i dtábhacht gur tugadh aghaidh ar argóintí den sórt sin cheana féin sa dara nóta. Níor cuireadh tús le cur chun feidhme an toirmisc ar allmhairí ach sa dara leath den tréimhse imscrúdúcháin, i.e. ón 1 Iúil 2024, agus roimhe sin, ní raibh na trí ábhar faoi réir ach cuóta idirthréimhseach (agus dá bhrí sin faoi réir srian páirteach). Dá bhrí sin, ní fhéadfaí a shuí, in éagmais aon fhianaise nithiúil a chuir páirtithe leasmhara isteach, dá ndéanfaí allmhairí na Rúise a shaobhadh agus a mhéid a rinneadh iad a shaobhadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin - níor thagair páirtithe ach don fhíoras go raibh praghsanna cuid de na hionchuir a allmhairíodh ón Rúis faoi bhun an mheánphraghais allmhairiúcháin isteach sa Tuirc le linn na tréimhse imscrúdúcháin, gan a léiriú go raibh na praghsanna ísle sin mar thoradh ar na smachtbhannaí. Ina theannta sin, d'ainneoin go raibh praghsanna allmhairiúcháin na Rúise beagán faoi bhun an mheáin, bhí meánphraghsanna allmhairiúcháin na n-ábhar sin isteach sa Tuirc cosúil le praghsanna allmhairiúcháin roinnt de na tíortha ionadaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann nach ndearna allmhairí na Rúise difear dóibh. Mheas an Coimisiún gur maíomh ginearálta a bhí sa mhaíomh maidir le hallmhairí fuinnimh ón Rúis agus nach raibh bunús leis. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

Éilimh ghinearálta maidir le cáilíocht na sonraí atá le húsáid mar thagarmharcanna

(278) D'áitigh CRIA (i) nach tír ionadaíoch iomchuí a bhí sa Tuirc; (ii) ní raibh sonraí airgeadais Brisa Bridgestone oiriúnach; agus (iii) dá ndeimhneodh an Coimisiún an Tuirc mar thír ionadaíoch, ba cheart dó foinsí malartacha a úsáid nó coigeartuithe iomchuí a dhéanamh ar thagarmharcanna tosca táirgeachta áirithe.

([139]) Fo-cheannteideal HS 5902 20 (Vítneam) agus fo-cheannteideal HS 5902 90 (an Ghearmáin), féach https://oec.world/en/profile/hs/tyre-cord-fabric-of-polyester agus https://oec.world/en/profile/hs/tyre-cord-fabric-of-viscose-rayon, faoi seach.

([140]) https://oec.world/en/profile/hs/tyre-cord-fabric-of-nylon-polyamides.

([141]) https://oec.world/en/profile/hs/tyre-cord-fabric-of-polyester.

([142]) https://oec.world/en/profile/hs/tyre-cord-fabric-of-viscose-rayon.

([143]) Rialachán (AE) 2022/428 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, (IO L 259, 6.10.2022, lch. 3, ELI:. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32022R190).

([144]) Rialachán (AE) 2022/1904 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32022R190.

(279) Ar an gcéad dul síos, d'áitigh CRIA gur cheart don Choimisiún cóid shonracha an Chórais Chomhchuibhithe a shainaithint a chomhfhreagraíonn go beacht don ábhar a úsáideann táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i monaraíocht an táirge faoi imscrúdú. D'áitigh sé gur cheart don Choimisiún cód fo-leibhéil (ar leibhéal 8 ndigit) an táirge, e.g. fabraic chorda, a shainaithint faoi chóid 5902 10 10 agus 5902 20 10 (fabraicí corda boinn atá tuilte le rubar). D'áitigh sé gur allmhairigh an Tuirc cion i bhfad níos airde d'allmhairí na n-ábhar sin ón tSín agus ó chomhaltaí nach baill den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad ná an Indinéis nó an Mhalaeisia. D'áitigh CRIA go raibh feidhm ag torthaí comhchosúla maidir le hallmhairí corda cruach isteach sa Tuirc.

(280) Ag an tús, d'athdhearbhaigh an Coimisiún gurb í an tSín an t-onnmhaireoir fabraice corda agus corda cruach is mó ar domhan, agus go raibh céatadán ard d'allmhairí ón tSín in allmhairí an dá thoisc táirgeachta sin isteach sna tíortha ionadaíocha uile a d'fhéadfadh a bheith ann. Dá bhrí sin, cé go raibh sciar níos airde d'allmhairí ón tSín in allmhairí an dá ábhar sin ón Tuirc i gcomparáid le hallmhairí an dá ábhar sin isteach san Indinéis agus sa Mhalaeisia, níor measadh go raibh an critéar sin cinntitheach maidir leis an tír ionadaíoch iomchuí a roghnú. D'athdhearbhaigh an Coimisiún, murab ionann agus i gcás tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith ann, go raibh sciar na n-allmhairí ón tSín isteach sa Tuirc de phríomhthosca táirgeachta eile an-íseal, ag 5 % ar a mhéad i gcás dubh carbóin.

(281) Thairis sin, shuigh an Coimisiún nárbh iad na hábhair faoi na cóid AC a shainaithin CRIA na hábhair a d'úsáid na cuideachtaí den chuid is mó ([145]). Dá bhrí sin, diúltaíodh do na héilimh sin.

(282) Ar an dara dul síos, d'áitigh CRIA go mbíonn costais agus praghsanna intíre saofa mar thoradh ar bhoilsciú sa Tuirc agus dímheas airgeadra, lena n-áirítear costais fuinnimh agus saothair, agus i gcás leictreachais, gur tháinig méadú níos mó ná sé huaire ar phraghsanna ó 2021 i leith, agus níos mó ná ceithre huaire idir 2022 agus 2024 i gcás na gcostas saothair. D'áitigh CRIA nár maolaíodh na méaduithe leis an díluacháil airgeadra, agus dá bhrí sin go raibh na sonraí saofa agus nach raibh siad iontaofa agus dá bhrí sin, nach bhféadfaí iad a úsáid mar thagarmharc. Ina theannta sin, d'áitigh CRIA gur saobhadh suntasach ar dhinimic an mhargaidh a bhí in idirghabháil stáit rialtas na Tuirce sa mhargadh malairte eachtraí, i mbearta saofa trádála agus i dtacaíocht rialtais don tionscal cruach, agus gur shaobh rátaí arda úis na Tuirce costais SGA agus brabús na cuideachta ionadaíche ([146]). Chuir GITI Group, Hankook Group, Kumho, Shandong Yongsheng agus Sumitomo Group argóintí comhchosúla isteach.

(283) D'athdhearbhaigh an Coimisiún gur sloinneadh praghsanna allmhairiúcháin na dtosca táirgeachta éagsúla isteach sa Tuirc atá le húsáid mar thagarmharcanna in airgeadraí eile agus, dá bhrí sin, nach raibh tionchar ag díluacháil lira na Tuirce orthu. I gcás saothair agus leictreachais araon, tháinig méadú ar chostas na dtosca sin ó 2022 go 2024. Lean méaduithe costais ar leictreachas treochtaí comhchosúla i roinnt mhaith tíortha eile agus ba dhócha go raibh baint acu le fogha míleata na Rúise faoin Úcráin. In aon chás, níorbh fhéidir a shuí gurbh é boilsciú amháin ba chúis leis na méaduithe sin i dtéarmaí réadacha, nó gurbh iad tosca eile ba chúis leo freisin. I bhfianaise an mhéid sin, mheas an Coimisiún nach bhfágann boilsciú a bheith ann i dtír go bhfuil sonraí ón tír sin saofa agus míréasúnta go huathoibríoch ná nach ndéanann an Rialtas idirghabháil sa mhargadh saothair chun an pá íosta a athrú, mar shampla. Diúltaíodh do na héilimh dá réir sin.

(284) D'áitigh Shandong Yongsheng freisin go raibh na praghsanna allmhairiúcháin corda cruach, rubair chumaisc agus silice isteach sa Tuirc os cionn an mheánphraghais chuig an gcuid eile den domhan, de réir a anailíse féin - níos mó ná 20 % níos airde i gcás corda cruach, 49 % níos airde i gcás silice, agus 576 % níos airde i gcás rubar cumaisc. Mhol Shandong Yongsheng gur cheart don Choimisiún praghsanna allmhairiúcháin a úsáid le haghaidh na n-ábhar sin chuig an Malaeisia agus chuig Meicsiceo.

([145]) Níor úsáid ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin an t-ábhar faoi cheann amháin de na cóid ach ar éigean (arb ionann é agus níos lú ná 0,5 % den chostas iomlán táirgthe) nó thuairiscigh sé cóid an Chórais Chomhchuibhithe éagsúla. Le sonraí an táirgeora onnmhairiúcháin eile, níorbh fhéidir idirdhealú a dhéanamh idir an t-ábhar ar an leibhéal 8 ndigit.

([146]) E.g. taraifí breise ar tháirgí ó thríú tíortha lasmuigh den Aontas agus óna chomhpháirtithe i gcomhaontuithe saorthrádála, íosluachanna custaim, agus CBL neamh-inaisíoctha.

(285) Chuir an Coimisiún i dtábhacht gur allmhairíodh corda cruach agus silice (HS 7312 10 agus HS 2811 22, faoi seach) isteach sa Tuirc i gcainníochtaí suntasacha agus gur measadh go raibh siad réasúnta. Cé go raibh siad níos airde ná an meánphraghas allmhairiúcháin chuig an gcuid eile den domhan, ní raibh aon tionchar aige sin ar an measúnú ar oiriúnacht na dtagarmharcanna do na tosca táirgeachta sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin. I gcás rubar cumaisc, mar a luaitear thíos sa roinn seo, mar gheall ar mhéid íseal allmhairí na toisce táirgeachta sin isteach sa Tuirc, chuir an Coimisiún an praghas allmhairiúcháin isteach i Meicsiceo in ionad an tagarmhairc don toisc táirgeachta sin.

(286) Mhaígh CRIA freisin, mar gheall ar an mboilsciú ard, nach raibh ráitis airgeadais cuideachtaí bunaithe ar na costais stairiúla iontaofa agus, dá bhrí sin, gur ghá coigeartuithe a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an mboilsciú. D'áitigh sé nach raibh sonraí airgeadais Brisa Bridgestone oiriúnach dá bhrí sin chun méid neamhshaofa chostais SGA agus brabúis a shuí. Chuir CRIA in iúl freisin go raibh coigeartuithe sna ráitis airgeadais iniúchta chun aghaidh a thabhairt ar bhoilsciú ('glanghnóthachan suímh airgeadaíochta'), agus dá dtabharfaí neamhaird ar an gcoigeartú sin mar aon le hioncaim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta, go raibh an chuideachta neamhbhrabúsach i ndáiríre.

(287) Níor aontaigh an Coimisiún gur cheart neamhaird a thabhairt ar an gcoigeartú don bhoilsciú. Bhain an coigeartú le tuairisciú airgeadais i ngeilleagair hipearbhoilscithe agus ceanglaíodh é le Caighdeán Cuntasaíochta na Tuirce 29, chun léargas cruinn a fháil ar fheidhmíocht airgeadais na cuideachta ([147]). Dá n-eisiafaí é, dhéanfaí measúnú saofa ar chostais SGA. Léirigh na costais SGA agus an brabús athríofa go raibh an chuideachta brabúsach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

Éilimh ar choigeartuithe ar thagarmharcanna

(288) D'áitigh CRIA agus páirtithe eile amhail GITI Group, Hankook Group, Kumho agus Shandong Yongsheng freisin, dá ndeimhneodh an Coimisiún an Tuirc mar thír ionadaíoch, gur cheart na coigeartuithe seo a leanas a dhéanamh:

— Corda cruach: D'áitigh CRIA, ós rud é gur tír mhór táirgthe cruach í an Tuirc, go raibh allmhairí ábhair cruach áirithe teoranta do tháirgí speisialtachta amháin. D'áitigh sé freisin, ós rud é go raibh bearta coimirce i bhfeidhm maidir le slat sreinge, príomh-ionchur chun corda cruach a tháirgeadh, go raibh praghsanna corda cruach saofa. Chuir GITI Group argóint den chineál céanna chun cinn;

— Tiontú idir méadair chearnacha agus cileagraim le haghaidh fabraic chorda: Chuir CRIA in iúl gur tuairiscíodh allmhairí fabraice corda in m^2 seachas in kg, mar a thuairiscigh cuideachtaí. D'áitigh sé, ós rud é go raibh éagsúlacht shuntasach sa mheáchan ag brath ar thiús an tsnátha a úsáideadh chun an fhabraic chorda a tháirgeadh, nárbh fhéidir comhéifeacht tiontaithe iomchuí a bhunú. D'áitigh CRIA freisin go raibh sciar ard céatadáin d'allmhairí ón tSín agus ó thíortha nach tíortha de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála iad in allmhairí fabraice corda. Mhol sé gur cheart don Choimisiún staitisticí allmhairiúcháin na hIndinéise nó na Malaeisia a úsáid de rogha air sin. Chuir Hankook, Kumho agus Shandong Yongsheng an argóint chéanna chun cinn;

— Rubar cumaisc: i bhfianaise mhéideanna imeallacha na n-allmhairí isteach sa Tuirc (20 kg) agus na bpraghsanna arda i gcomparáid le tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith ann, mheas CRIA gur cheart don Choimisiún na sonraí ón Malaeisia a úsáid. Chuir GITI Group an argóint chéanna chun cinn;

— Dubh carbóin, fabraic chorda, agus corda cruach: D'áitigh CRIA gur cheart don Choimisiún na cóid fholeibhéil ábhartha a shainaithint lena léirítear go cruinn na hábhair a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú;

([147]) Mar a luaitear i dtuarascáil bhliantúil 2024 ó Brisa Bridgestone, *'is é an toradh atá ar chur i bhfeidhm TAS 29 coigeartú ar chaillteanas cumhachta ceannaigh lira na Tuirce a chuirtear i láthair sa mhír glanghnóthachan suímh airgeadaíochta (Caillteanais) sa roinn brabúis nó caillteanais den ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach'* (Is Caighdeáin Chuntasaíochta na Tuirce atá i gceist le TAS).

— Saothar: D'áitigh CRIA gur cheart don Choimisiún brath ar staitisticí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir leis an meánchostas saothair ainmniúil in aghaidh na huaire in aghaidh an fhostaí san earnáil monaraíochta le haghaidh 2024, lena gcumhdaítear na costais uile arna dtabhú ag fostóirí san earnáil monaraíochta sa Tuirc.

— D'áitigh GITI Group nár cheart don Choimisiún an costas saothair a choigeartú chun costais saothair in aghaidh na huaire cuideachtaí a fhostaíonn níos mó ná 1 000 fostaí a léiriú toisc gur léirigh an tagarmharc an costas saothair in aghaidh na huaire do chuideachtaí móra sa tionscal bonn cheana féin.

(289) Mheas an Coimisiún go raibh na maímh maidir le saobhadh féideartha ar phraghsanna allmhairiúcháin corda cruach isteach sa Tuirc róghinearálta agus nach raibh bunús leo. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh.

(290) Maidir le fabraic chorda, shainaithin an Coimisiún an praghas allmhairiúcháin in aghaidh an m^3 ar dtús. Mar sin féin, tuairiscíodh le heastóscadh an phraghais dleachta a íocadh bunaithe ar shonraí GTA ([148]) gurbh iad cileagraim an t-aonad tánaisteach. Dá bhrí sin, níor ghá don Choimisiún féin comhéifeacht tiontaithe a bhunú chun an tagarmharc a bhunú. Dá bhrí sin, measadh go raibh na barúlacha uile maidir le ráta comhshó fabraice corda agus oiriúnacht na Tuirce mar thír ionadaíoch mar gheall ar an easpa ráta comhshó don toisc táirgeachta sin gan bhunús.

(291) Maidir le rubar cumaisc, ghlac an Coimisiún leis an maíomh go raibh an méid allmhairí 20 kg ró-íseal agus go raibh tagarmharc neamhionadaíoch mar thoradh air, agus chuir sé praghas allmhairiúcháin rubair cumaisc isteach i Meicsiceo in ionad an tagarmhairc don toisc táirgeachta sin, an t-aon tír ag a bhfuil méideanna ionadaíocha allmhairí nach ndéanann allmhairí ón tSín difear dóibh. Mheabhraigh an Coimisiún gurbh ionann rubar cumaisc agus céatadán íseal costais laistigh de na costais táirgthe iomlána nó nár úsáideadh ar chor ar bith é ([149]) agus, dá bhrí sin, go raibh tionchar imeallach aige ar phróiseas táirgthe tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte na Síne.

(292) Maidir le maíomh CRIA ar shaothar, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar shonraí EIS a úsáid toisc, murab ionann agus Turkstat ([150]), nár soláthraíodh faisnéis sa bhunachar sonraí maidir le costais saothair in earnálacha éagsúla, agus dá bhrí sin ní raibh sé chomh beacht céanna. Ar an taobh eile, chuir Turkstat faisnéis ar fáil go beacht maidir le cód tionscail NACE 22.11 (Monarú bonn agus feadán rubair; atráchtadh agus atógáil bonn rubair), ina dtiteann táirgeoirí bonn. Thairis sin, mheas an Coimisiún gur maíomh ginearálta gan bhunús é maíomh GITI Group nár cheart an costas saothair in aghaidh na huaire a choigeartú toisc gur cuideachtaí móra iad na cuideachtaí bonn den chuid is mó a bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí acu. Murab ionann agus maíomh GITI Group, leis na costais saothair in aghaidh na huaire a chuirtear i bhfeidhm ar earnáil NACE 22 bailíodh faisnéis faoi 1 274 chuideachta ar FBManna iad 95 % díobh, agus ba chuideachtaí móra iad na táirgeoirí bonn de ghnáth a raibh níos mó ná 1 000 fostaí acu. Dá bhrí sin, measadh go raibh údar leis an gcoigeartú, agus diúltaíodh don mhaíomh.

Maímh ghinearálta maidir le ráitis airgeadais Brisa Bridgestone

(293) D'áitigh CRIA, Hankook Group, Shandong Yongsheng agus Sumitomo Group gur cheart don Choimisiún neamhaird a thabhairt ar ráitis airgeadais chomhdhlúite Brisa Bridgestone mar gheall ar rannán gnó teileachumarsáide Arvento a bheith san áireamh. D'áitigh Hankook Group go raibh sonraí airgeadais Brisa Bridgestone bunaithe ar tháirgeadh táirgí rubair i gcoitinne (lena n-áirítear táirgí bróg, criosanna rubair, agus ábhair ar a bhfuil táirgí rubair), agus ní hamháin ar tháirgeadh bonn. Mhol CRIA na sonraí uile nach mbaineann le bonn a eisiamh ó ríomh na gcostas SGA agus an bhrabúis tríd an gcóimheas idir an t-ioncam gnó boinn agus an t-ioncam gnó nach mbaineann le bonn a chur i bhfeidhm (96 % agus 4 %, faoi seach).

([148]) Atlas Trádála Domhanda.
([149]) Ní féidir faisnéis níos mionsonraithe a sholáthar ar chúiseanna rúndachta.
([150]) Institiúid Staidrimh na Tuirce.

(294) Maidir le Brisa Bridgestone agus Arvento, mheas an Coimisiún nach sonraítear na costais SGA agus na costais bhrabúis ar leithligh san fhaisnéis sa ráiteas airgeadais. Mar sin féin, thug sé dá aire nach raibh bunús leis na maímh, go háirithe maidir le tionchar láimhdeachas Arvento ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Foráiltear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán nach mór méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costais SGA agus brabúis a áireamh sa ghnáthluach ríofa. Ní shonraítear ann conas ba cheart na méideanna sin a bhunú ach ceanglaítear leis go bhfuil siad neamhshaofa agus réasúnach. Níl aon oibleagáid ar an gCoimisiún dul i muinín cuideachtaí a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú. In aon chás, léiríodh san imscrúdú gurbh é a bhí i ngnó bonn Brisa Bridgestone 96 % de na díolacháin, agus gurbh é a bhí sna díolacháin neamhbhonn atráchtanna, páirteanna spártha, gairis rianaithe, ceallraí agus táirgí malartacha eile ([151]), rud a dheimhníonn go raibh tionchar Arvento (agus táirgí rubair eile) ar oibríochtaí gnó Brisa Bridgestone an-teoranta. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na costais SGA agus na brabúis a suíodh sa chás seo neamhshaofa agus réasúnta, agus gur chomhlíon siad ceanglais Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Diúltaíodh don mhaíomh.

(295) D'áitigh GITI Group agus Hankook Group nach raibh ollchorrlach oibriúcháin Brisa Bridgestone, a bhí os cionn 30 %, ionadaíoch ar na dálaí margaidh atá i réim agus atá roimh tháirgeoirí bonn sa Tuirc. D'áitigh Hankook Group, de réir staidreamh na Tuirce a bhaineann le cód NACE 22.11, gur thaifead monaróirí bonn na Tuirce, ar an meán, ollchorrlach oibriúcháin 24,58 % (le cóimheas SGA 21,18 % agus cóimheas brabúis 3,40 %). De réir Hankook Group, bhí nasc idir na leibhéil ísle bhrabúsachta agus tionscnamh imeachtaí frithdhumpála sa Tuirc le déanaí maidir le boinn paisinéirí agus leoraithe éadroma ó roinnt tíortha.

(296) I dteannta shonraí Brisa Bridgestone, shainaithin CRIA agus GITI Group táirgeoirí bonn brabúsacha eile sa Tuirc freisin,Sumitomo Rubber AKO Lastik Sanayi ve Ticaret Anonim Şirketi ('Sumitomo Rubber Türkiye'), agus Goodyear Lastikleri T.A.S ('Goodyear Türkiye'). Mheas GITI Group freisin, dá n-úsáidfí sonraí na Tuirce maidir le costais SGA, agus costais SGA á gcinneadh, gur cheart na héifeachtaí saofa a bhaineann le rátaí úis atá míréasúnta ard agus gnóthachan/caillteanais malartaithe boilscithe a bhaint.

(297) Rinne an Coimisiún anailís ar shonraí airgeadais Sumitomo Rubber Türkiye. Thug sé faoi deara ar dtús nach raibh an leibhéal faisnéise a bhí ar fáil don chuideachta sin chomh mionsonraithe céanna leis an leibhéal a tuairiscíodh i ráitis airgeadais iniúchta Brisa Bridgestone. I gcomhréir lena chleachtas caighdeánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, úsáideann an Coimisiún na sonraí cuideachta is gráinní atá ar fáil chun méideanna réasúnta neamhshaofa a shuí le haghaidh costais SGA agus le haghaidh brabúis. Fágann sé sin gur féidir an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) cinnteacht bhreise maidir le cruinneas na n-úsáidí sonraí; agus (ii) coigeartuithe nuair is gá. Mar sin féin, rinne an Coimisiún iarracht costais SGA a shuí, bunaithe ar an bhfaisnéis neamhiomlán a bhí ar fáil do Sumitomo Rubber Türkiye, a raibh thart ar 6 % mar thoradh air. Mheas an Coimisiún go raibh an leibhéal sin de chostais SGA ríofa míréasúnta. Mar a luaigh Hankook Group, de réir staitisticí Bhanc Ceannais Phoblacht na Tuirce ([152]) a bhaineann le cód tionscail NACE 22.11, bhí na meánchostais SGA do chuideachtaí a oibríonn san earnáil sin os cionn 20 %, agus dá bhrí sin, i gcomhréir le costais SGA Brisa Bridgestone arna ríomh ag an gCoimisiún.

(298) Mar a tugadh faoi deara in aithris (297), aon uair a bhíonn siad ar fáil, úsáideann an Coimisiún sonraí lenar féidir faisnéis airgeadais a shainaithint ar leibhéal níos mionsonraithe, mar atá sa chás seo ina raibh ráitis airgeadais iniúchta mhionsonraithe Brisa Bridgestone ar fáil. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún a ríomhanna ar chostais SGA agus ar bhrabús a bhunú ar shonraí Brisa Bridgestone amháin. Ní raibh an chuideachta Goodyear Türkiye brabúsach le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus dá bhrí sin níorbh fhéidir a cuid sonraí a chur san áireamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don éileamh sin.

([151]) Féach leathanach 83 de thuarascáil bhliantúil 2024 ó Brisa Bridgestone, le fáil ag https://www.brisa.com.tr/uploads/docs/Brisa_FR_2024_EN_Digital_Final.pdf.

([152]) https://www.tcmb.gov.tr/wps/wcm/connect/EN/TCMB+EN/Main+Menu/Statistics/Real+Sector+Statistics/Company+Accounts/Company+Accounts+Data/.

Éileamh chun ráitis airgeadais Brisa Bridgestone a chur san áireamh seachas sonraí ó ORBIS

(299) D'áitigh CRIA, Hankook Group agus GITI Group gur cheart don Choimisiún ráitis airgeadais iniúchta Brisa Bridgestone a chur san áireamh seachas sonraí ó ORBIS. D'áitigh na páirtithe, agus na ráitis airgeadais á mbreithniú acu, go raibh na costais SGA agus an brabús níos ísle ná mar a bheadh dá gcinnfí iad bunaithe ar shonraí ORBIS.

(300) Ghlac an Coimisiún leis an maíomh, agus rinne sé athbhreithniú ar an méid le haghaidh costais SGA agus brabúis bunaithe ar na ráitis airgeadais.

Éilimh chun ráitis airgeadais Brisa Bridgestone a choigeartú

(301) D'áitigh CRIA, chun comparáid chothrom a áirithiú idir praghas onnmhairiúcháin tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus an gnáthluach ríofa, go raibh gá le roinnt coigeartuithe ar ríomh bhrabúis agus chostais SGA Brisa Bridgestone. Mhol sé (a) na sonraí uile nach mbaineann le bonn a eisiamh ó ríomh na gcostas SGA agus an bhrabúis tríd an gcóimheas idir ioncam gnó an bhoinn agus ioncam gnó nach mbaineann le bonn a chur i bhfeidhm (96 % agus 4 %, faoi seach); agus freisin (b) ioncam agus costais a eisiamh ó ghníomhaíochtaí infheistíochta nach raibh baint acu, dar leis, le gnó na mbonn, chomh maith le costais T&F, costais iompair agus stórála, agus costais ríchíosa agus coimisiúin díolacháin. Chuir GITI Group an argóint chéanna isteach; agus (c) chun caillteanais a eascraíonn as ionstraimí airgeadais díorthacha ó ioncam oibriúcháin agus costais oibriúcháin eile a eisiamh.

(302) Níor mheas an Coimisiún gurbh iomchuí aon choigeartú a dhéanamh ar shonraí airgeadais Brisa Bridgestone maidir leis an gcuid sin den ghnó neamhbhonn (Arvento), mar a mhínítear thuas sa roinn seo.

(303) Thairis sin, mheas an Coimisiún go raibh speansais T & F ina ndlúthchuid de chostais SGA agus nár cheart iad a eisiamh ó ríomh an ghnáthluacha. Ar an gcaoi chéanna, bhí ioncam ó oibríochtaí eile agus costais ó oibríochtaí eile mar chuid de ghnáthoibríochtaí cuideachta in earnáil mhonaraíochta go ginearálta.

(304) Ghlac an Coimisiún leis an maíomh, áfach, gur cheart ioncam ó ghníomhaíochtaí infheistíochta a bhaineann le gnó seachas táirgeadh an táirge faoi imscrúdú a asbhaint ó chostais SGA, chomh maith leis na costais a bhaineann le hiompar agus stóráil atá nasctha le díolacháin an táirge faoi imscrúdú. Ina theannta sin, d'asbhain an Coimisiún ríchíosanna agus coimisiúin díolacháin ó ríomh chostais SGA chun a áirithiú go ndéanfar an gnáthluach ríofa agus an praghas onnmhairiúcháin a chur i gcomparáid ar an leibhéal céanna trádála tar éis coigeartuithe ábhartha a dhéanamh chun comparáid leordhóthanach a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán.

An Mhalaeisia agus an Indinéis

(305) D'áitigh GITI Group agus Shandong Yongsheng go raibh an Mhalaeisia agus an Indinéis níos ionadaíche ná an Tuirc. D'áitigh Sumitomo Group freisin gur cheart tosaíocht a thabhairt do thíortha amhail an Mhalaeisia agus an Indinéis, ach níor thug sé aon mhíniú ar aird ina leith sin.

(306) D'áitigh GITI Group gur roghnaíodh an Mhalaeisia i roinnt imscrúduithe a rinneadh le déanaí. D'athdhearbhaigh sé go raibh allmhairí ionadaíocha de rubar cumaisc aige. D'áitigh sé, dá gcuirfí allmhairí na Síne agus na Rúise isteach sa Tuirc le chéile, gur sciar níos airde iad ná allmhairí na Síne le haghaidh roinnt tosca táirgeachta isteach sa Mhalaeisia agus san Indinéis araon. Mheas sé freisin, ós rud é nár measadh an Indinéis a bheith ina tír ionadaíoch oiriúnach mar gheall ar a hallmhairí ísle rubair nádúrtha, ceann de na príomhthosca táirgeachta, go mbeadh an Mhalaeisia ar an tír ionadaíoch is oiriúnaí toisc gurbh í an t-allmhaireoir rubair nádúrtha ba mhó í.

(307) D'áitigh Shandong Yongsheng gur eisiadh an Mhalaeisia toisc go raibh sciar ard d'allmhairí ón tSín in allmhairí rubair bútaidhé-éine stiréine, ach go raibh sciar níos airde fós d'allmhairí ón tSín in allmhairí roinnt tosca táirgeachta (amhail silice agus corda cruach) isteach sa Tuirc. D'áitigh Shandong Yongsheng go raibh praghsanna allmhairiúcháin rubair bútaidhé-éine stiréine isteach sa Mhalaeisia ó thíortha EDT nach tíortha de chuid na Síne iad gar don mheánphraghas agus níos airde ná praghsanna don Tuirc. Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh Shandong Yongsheng go raibh allmhairí dubh carbóin na hIndinéise ó thíortha EDT nach tíortha de chuid na Síne iad ar

phraghas beagnach comhionann le hallmhairí isteach sa Tuirc, agus in aon chás gar don mheánphraghas. Mar a mhínítear thuas sa roinn seo, roghnaigh an Coimisiún an Tuirc mar thír ionadaíoch trí na tíortha is mó ina ndéanfadh allmhairí ón tSín praghsanna allmhairiúcháin a shaobhadh a shainaithint ar dtús, le haghaidh na bpríomhthosca táirgeachta, ach go ginearálta freisin. Fuarthas amach gur thuairiscigh an Tuirc an trádáil fhoriomlán ab ísle leis an tSín i gcomparáid le gach tír ionadaíoch eile a d'fhéadfadh a bheith ann. Ba léir, i gcás na dtosca táirgeachta ba thábhachtaí, gurbh í an Tuirc an tír ba lú a bhí ag brath ar allmhairí ón tSín arbh ionann iad agus thart ar 17 % ar an meán, i gcomparáid le 26 % i gcás na Malaeisia agus 32 % i gcás na hIndinéise. Shoiléirigh an Coimisiún freisin nár suíodh go raibh éifeacht shaobhach ag allmhairí ón Rúis ar phraghsanna allmhairiúcháin. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir a mheas go raibh siad saofa in éineacht le hallmhairí ón tSín.

(308) Chuir an Coimisiún gnéithe san áireamh freisin amhail méid leordhóthanach allmhairí fhormhór na dtosca táirgeachta, agus infhaighteacht sonraí airgeadais réasúnta. Dá bhrí sin, níor mheas sé gur ghá comparáid praghsanna a dhéanamh chun praghsanna allmhairiúcháin allmhairí áirithe ón tSín a chur i gcomparáid leis an meán, i gcás na dtíortha a mheas sé a bheith ina rogha nach raibh chomh hoiriúnach céanna do thír ionadaíoch. Chomh maith leis sin, ós rud é go raibh praghas allmhairiúcháin toisce shonraigh táirgeachta níos airde ná, nó gar do phraghas allmhairiúcháin an toisce chéanna sa Tuirc, ní argóint é sin gur cheart tosaíocht a thabhairt don tír ag a bhfuil an praghas allmhairiúcháin níos airde nó gur cheart a mheas nach bhfuil sí chomh saofa céanna.

(309) Rinne GITI Group gearán nár mhínigh an Coimisiún cén fáth nár roghnaíodh an Mhalaeisia mar thír ionadaíoch sa chás seo ach gur roghnaíodh í mar thír ionadaíoch i gcás TPE ón tSín ([153]) agus potaisiam aicéasuilféime ón tSín. Cuireadh an argóint chéanna chun cinn maidir le himeachtaí frithdhumpála SAM i gcoinne allmhairí bonn ón tSín ([154]), inar roghnaíodh an Mhalaeisia mar thír ionadaíoch. Ar deireadh, d'áitigh GITI Group agus Shandong Yongsheng nach raibh imscrúdú frithdhumpála na Stát Aontaithe ina chritéar chun glacadh le barúlacha, go raibh réasúnaíocht an Choimisiúin ag teacht salach ar an bhfíoras gur luaigh an Coimisiún cinneadh ó Choimisiún Riaracháin Trádála Idirnáisiúnta na hAfraice Theas maidir le himchéimniú dleachtanna frithdhumpála ar bhoinn trí léim idir tíortha ón tSín tríd an gCambóid, an Téalainn agus Vítneam ([155]).

(310) Mheabhraigh an Coimisiún go ndéantar measúnú ar gach cás ar a fhiúntas féin, agus nach bhfuil aon tionchar ag an bhfíoras gur úsáideadh an Mhalaeisia in imscrúduithe roimhe seo ar rogha na tíre ionadaíche san imscrúdú seo. Ar an gcaoi chéanna, is amhlaidh atá i gcás imscrúdú frithdhumpála na Stát Aontaithe. Thairis sin, chuir an Coimisiún i dtábhacht go raibh tréimhse imscrúdúcháin dhifriúil ag na cásanna a luaigh GITI Group. Ar deireadh, luadh cinneadh Choimisiún Riaracháin Trádála Idirnáisiúnta na hAfraice Theas chun a léiriú go fíorasach go bhfuil

([153]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2659 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 2023/2659, 28.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2659/oj) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/116 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí slat sreinge de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 19, 28.1.2022, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/116/oj).

([154]) Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe, Decision Memorandum for the Preliminary Results of the Antidumping Duty Administrative Review of Certain Passenger Vehicle and Light Truck Tires from the People's Republic of China, 2021-2022, lch. 15; Meabhrán Cinnidh le haghaidh Réamhthorthaí an Athbhreithnithe Riaracháin maidir le Dleacht Frithdhumpála ar Bhoinn Áirithe d'Fheithiclí Paisinéirí agus Trucailí Éadroma ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus Cealú, 2017-2018, lch. 18; Meabhrán Cinnidh le haghaidh Réamhthorthaí an Athbhreithnithe Riaracháin maidir le Dlleacht Frithdhumpála ar Bhoinn Áirithe d'Fheithiclí Paisinéirí agus Trucailí Éadroma ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus Réamhchinneadh Gan Loingsiú, 2019-2020, lch. 19; Meabhrán Cinnidh le haghaidh Réamhthorthaí an Athbhreithnithe Riaracháin maidir le Dleacht Frithdhumpála ar Bhoinn Áirithe Feithiclí Paisinéirí agus Trucailí Éadroma ó Dhaon-Phoblacht na Síne; Cealú, i gCuid, agus Réamhchinneadh Líon Loingsithe; 2020-2021, lch. 22. Cásanna le fáil ag https://access.trade.gov/login.aspx.

([155]) https://www.itac.org.za/upload/document_files/20250602071614_ITAC-Preliminary-Report-No.-748---May-2025.pdf.

imchéimniú á dhéanamh tríd an Téalainn, rud a dheimhnigh neamhchosaint ard na tíre ar an tSín, agus gur bhunaigh cuideachtaí Síneacha monarchana i dtíortha eile san Áise Thoir Theas chun dleachtanna a sheachaint. Dheimhnigh CRIA an méid sin freisin ([156]), agus luaigh sé 6 fhiontar éagsúla de chuid na Síne a bhunaigh táirgeadh bonn sa Téalainn idir 2012 agus 2020 agus luaigh sé atreorú na ndleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh ó na Stáit Aontaithe mar cheann de na cúiseanna leis an réasúnaíocht ghnó sin ([157]).

(311) D'athdhearbhaigh GITI Group nár allmhairigh ach an Mhalaeisia (agus an Indinéis) cainníochtaí suntasacha rubair chumaisc, ar toisc mhór táirgeachta é i bpróiseas táirgthe GITI. Ina theannta sin, bhí ráitis airgeadais ar fáil go héasca ó chuideachtaí Malaeisiacha a bhí brabúsach.

(312) Ag an tús, mheabhraigh an Coimisiún gur cuireadh na sonraí ó Mheicsiceo in ionad an tagarmhairc do rubar cumaisc. Maidir leis na sonraí airgeadais atá ar fáil ó chuideachtaí na Malaeisia, chuir an Coimisiún i dtábhacht, as na ceithre chuideachta ar chuir GITI Group sonraí airgeadais isteach ina leith, nár thuairiscigh dhá cheann acu aon chostas a bhain leis na hearraí a díoladh ([158]). Bhí costais SGA an dá chuideachta eile idir 4,4 % agus 7 %, rud a measadh a bheith míréasúnta d'earnáil na mbonn.

(313) D'áitigh Shandong Yongsheng go raibh leibhéal Ollioncaim Náisiúnta ('OIN') per capita na Malaeisia i bhfad níos gaire do leibhéal na Síne ná leibhéal na Tuirce, rud a fhágann gur tír ionadaíoch níos oiriúnaí í. Thairis sin, bhí níos mó faisnéise ann faoi mhonaróirí bonn de chuid na Malaeisia ná mar a bhí faoi mhonaróirí de chuid na Tuirce toisc nár shainaithin an Coimisiún ach monaróir amháin.

(314) Agus an gnáthluach á ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, féadfaidh an Coimisiún tír ionadaíoch a úsáid a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche aici atá cosúil le leibhéal na tíre is onnmhaireoir. Níl aon cheanglas breise sa bhun-Rialachán maidir leis an tír a bhfuil an leibhéal forbartha eacnamaíche is gaire don tír is onnmhaireoir aige a roghnú. Sna himthosca sin, déanann an Coimisiún amhlaidh trína lánrogha a fheidhmiú agus trí thíortha atá aicmithe sa chatagóir chéanna ioncaim ag an mBanc Domhanda a úsáid. Is í catagóir ábhartha an Bhainc Dhomhanda catagóir na dtíortha ard-mheánioncaim, ina bhfuil an tSín aicmithe. Shonraigh an Coimisiún go soiléir sa chéad nóta go n-úsáidfeadh sé bunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda chun na críche sin, rud atá i gcomhréir lena chleachtas freisin. Ní toisc chinntitheach é agus an tír ionadaíoch iomchuí á roghnú go bhféadfadh OIN nó OTI per capita a bheith ag tír atá níos gaire don leibhéal sa tSín ná mar atá ag tír eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin. Ar deireadh, mar a luaitear thuas sa roinn seo, foráiltear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán nach mór méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costais SGA agus brabúis a áireamh sa ghnáthluach ríofa. Ní shonraítear ann conas ba cheart na méideanna sin a bhunú ach ceanglaítear leis go bhfuil siad neamhshaofa agus réasúnach. Níl aon oibleagáid ar an gCoimisiún dul i muinín líon áirithe cuideachtaí a bhfuil sonraí airgeadais acu, fad is atá méideanna na gcostas SGA agus an bhrabúis neamhshaofa agus réasúnta. Airteagal 2(6)(a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don éileamh sin.

Meicsiceo

(315) D'áitigh Shandong Yongsheng nár cheart sciar ard Mheicsiceo d'allmhairí corda cruach agus fabraic corda ón tSín a chur san áireamh chun an tír ionadaíoch a roghnú, ós rud é nach raibh sciartha d'allmhairí corda cruach agus fabraic corda ón tSín ábhartha maidir le saobhadh na hanailíse ar thosca táirgeachta. Ar an dara dul síos, mhaígh sé nár sholáthair an Coimisiún ach achoimre ar an bhfaisnéis dhílsithe faoi ráitis airgeadais chuideachta Mheicsiceo, rud nár lig do pháirtithe leasmhara na sonraí a fhíorú i gceart. Ar an tríú dul síos, ní critéar a shainmhínítear in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán é go raibh Meicsiceo ina tháirgeoir níos lú bonn paisinéirí agus leoraithe éadroma ná an Tuirc. Dá bhrí sin, d'áitigh sé go raibh Meicsiceo fós ar an tír ionadaíoch is iomchuí i measc na dtíortha a bhí beartaithe sa chéad nóta (Meicsiceo, an Tuirc agus an tSeirbia).

([156]) Féach *Chinese Tire Set off a New Craze of Building Factories Overseas*, 13 Aibreán 2020 le fáil ag https://e.cria.org.cn/a/1778595313171324930.

([157]) Sliocht focal ar fhocal 'Roghnaíonn na fiontair monarchana a thógáil i dtíortha Oirdheisceart na hÁise amhail an Téalainn agus Vítneam go príomha chun an míbhuntáiste a bhaineann le bheith ar shiúl ó mhargadh soláthair amhábhar agus ó mhargadh onnmhairithe táirgí a réiteach, agus chun tionchar 'Frith dhúbailte' na Stát Aontaithe ón bhfoinse a sheachaint, ach, tarraingíonn ardú géar ar an méid boinn a onnmhairíonn tíortha Oirdheisceart na hÁise chuig na Stáit Aontaithe aird na Stát Aontaithe.', nasc i bhfonóta-156. Tagraítear go coitianta don 'Frith dhúbailte' i nuacht na Síne mar oscailt an imscrúdaithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais araon, féach mar shampla https://www.yys-alu.com/en/news-center/1993.html.

([158]) Hock Hin (MUAR) Rubber Co., Michelin Malaysia, Toyo tyre Malaysia SDN BHD agus Yamauchi (Malaysia).

(316) Mheabhraigh an Coimisiún nárbh é an fíoras go raibh allmhairí fabraic corda cruach agus corda isteach i Meicsiceo ard an t-aon chritéar amháin chun cinneadh a dhéanamh gan Meicsiceo a roghnú mar thír ionadaíoch -suíodh gur rogha níos fearr í an Tuirc bunaithe ar roinnt cúiseanna - thuairiscigh an Tuirc an trádáil fhoriomlán ab ísle leis an tSín i gcomparáid le gach tír ionadaíoch eile a d'fhéadfadh a bheith ann, bhí méid leordhóthanach allmhairí aici de fhormhór na dtosca táirgeachta, agus bhí sonraí airgeadais réasúnta ar fáil. Mheabhraigh an Coimisiún freisin gurbh í an fhaisnéis airgeadais i bhfoirm forléargais ó bhunachar sonraí ORBIS a foilsíodh sa Chéad Nóta don chuideachta Compana Hulera Tornel an t-aon chineál faisnéise a raibh rochtain uirthi maidir leis an gcuideachta. Tá sé sin i gcodarsnacht leis na sonraí airgeadais a bhí ar fáil ó Brisa Bridgestone, a ndearnadh iniúchadh orthu mar ráitis airgeadais.

3.2.4.6. Conclúid

(317) Chomh maith leis sin, cé nach raibh méid an mhargaidh ar cheann de na critéir a shainítear in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún i dtábhacht ní hamháin gur chomhlíon an Tuirc critéir uile Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach chomh maith leis sin tá sé ina mhargadh i bhfad níos inchomparáide le margadh bonn na Síne i measc na dtíortha ionadaíocha féideartha uile.

3.2.4.7. Barúlacha tar éis an nochta chinntithigh

(318) Tar éis an nochta chinntithigh, d'athdhearbhaigh Shandong Yongsheng cuid dá mhaímh. Mheas sé gur theip ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar go leor eilimintí a chuir páirtithe leasmhara chun cinn agus gur theip air freisin comparáid praghsanna a dhéanamh idir tosca táirgeachta idir tíortha ionadaíocha ionchasacha chun a chinneadh ar sholáthair tír áirithe tagarmharc réasúnta neamhshaofa, agus go raibh ar an gCoimisiún méid an tsaofa líomhnaithe a léiriú agus ní hamháin an tír ina bhfuil an leibhéal is ísle allmhairí ón tSín a roghnú.

(319) Mheas Shandong Yongsheng freisin go mbeadh an Mhalaeisia ina rogha níos iomchuí ná an Tuirc ós rud é go bhfuil leibhéal forbartha aici atá an-ghar don tSín bunaithe ar an Ollioncam Náisiúnta ('OIN') agus costais fuinnimh agus saothair níos cosúla leis an tSín ná an Tuirc, rud a fhágann go bhfuil rogha níos fearr ag an Malaeisia mar thír ionadaíoch.

(320) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh aon ghné nua ann, sa bhreis ar na gnéithe a sholáthair agus ar thug an Coimisiún aghaidh orthu cheana féin, a thug Shandong Yongsheng isteach lena dtugtar údar le tír ionadaíoch a athrú. Thagair an Coimisiún dá anailís lena léirítear gur roghnaíodh an Tuirc mar thír ionadaíoch ar bhonn critéir oibiachtúla - ní hamháin go raibh na hallmhairí is lú ón tSín in allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta isteach sa Tuirc ach bhí gnéithe eile ann freisin amhail méid leordhóthanach allmhairí fhormhór na dtosca táirgeachta, agus infhaighteacht sonraí airgeadais réasúnta nach raibh ar fáil, i gcás na Malaeisia. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(321) Tar éis an nochta chinntithigh, d'athdhearbhaigh Shandong Yonsgheng go raibh Meicsiceo ina rogha níos fearr go follasach do thír ionadaíoch ná an Tuirc. Dar leis, bhí sé i bhfad níos iomchuí sonraí an táirgeora Mheicsicigh Compania Hulera Tornel a úsáid ós rud é gur tháirg an chuideachta sin boinn leibhéal 3 amhail formhór mór na n-allmhairí ón tSín isteach san Aontas. D'áitigh sé freisin go raibh Compania Hulera Tornel ina fhochuideachta de chuideachta ilnáisiúnta bonn agus, dá bhrí sin, go ndearnadh iniúchadh dícheallach ar a ráitis airgeadais. D'áitigh Shandong Yonsgheng freisin nach critéar ábhartha a bhí i méid an mhargaidh, mar a dheimhnigh an Coimisiún. Dá bhrí sin, mheas Shandong Yongsheng nach raibh údar le tosaíocht an Choimisiúin don Tuirc thar Mheicsiceo agus go raibh rogha na Tuirce earráideach agus neamhdhleathach agus nach raibh an Tuirc ina tír ionadaíoch iomchuí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Mheas Shandong Yongsheng freisin go raibh sé pionósach an Tuirc a choinneáil mar thír ionadaíoch agus gur uasmhéadaigh sé a leibhéal corrlaigh dumpála agus, dá bhrí sin, go ndearna sé dochar do leasanna Shandong Yongsheng agus do leasanna tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i gcoitinne, d'ainneoin chomhar leanúnach dícheallach Shandong Yongsheng.

(322) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir Shandong Yongsheng aon fhianaise ar fáil a léirigh go ndearnadh iniúchadh ar ráitis airgeadais Compania Hulara Tornel - ná nach raibh an Coimisiún in ann an fhaisnéis a aimsiú. Bhí an t-aon fhaisnéis a bhí ar fáil i mbunachar sonraí ORBIS, ar ar a bhonn, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, thaifead Compania Hulara Tornel brabús míréasúnta íseal. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh iad na sonraí a bhí ar fáil don Tuirc an tagarmharc ab fhearr a bhí ar fáil chun costais SGA agus brabús araon a shuí.

(323) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Kumho freisin go raibh rogha an Choimisiúin maidir leis an Tuirc amhrasach, agus nach raibh na tagarmharcanna le haghaidh chostais SGA agus brabúis iomchuí, go príomha toisc nach raibh sé ionadaíoch ar an deighleog mhargaidh ina n-oibríonn Kumho. Chuir Kumho in iúl nach mór don Choimisiún measúnú comparáideach a dhéanamh ar na roghanna malartacha atá ar fáil, agus sa chás seo, gur léir gur theip ar an gCoimisiún an measúnú is gá a dhéanamh, rud a d'fhág go raibh a chonclúid maidir le roghnú na Tuirce mar thír ionadaíoch ar neamhréir le ceanglais Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ós rud é gur mheas sé méideanna allmhairí na Síne sular breithníodh na critéir uile dá bhforáiltear sa bhun-Rialachán, amhail leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil, d'ainneoin a chinnidh go mbeadh roinnt tíortha ionadaíocha féideartha ann. Thairis sin, mheas sé go bhféadfadh sé go raibh iarmhairt shaobhach ag sciar ard na n-allmhairí ón tSín ar phraghsanna na n-ionchur ach gur cheart don Choimisiún, chomh maith leis sin, anailís a dhéanamh ar phraghsanna aonaid in aghaidh tagarmharcanna idirnáisiúnta iomchuí.

(324) D'áitigh Kumho freisin gur cheart don Choimisiún spleáchas na Tuirce ar allmhairí ábhair áirithe agus go háirithe allmhairí cruach ón Rúis a chur san áireamh freisin. D'áitigh sé, ós rud é gur eisigh an Coimisiún tuarascáil 'saofa' maidir leis an Rúis, gur cheart a mheas go bhfuil éifeacht shaobhach ag allmhairí ón Rúis mar is amhlaidh i gcás allmhairí ón tSín, ós rud é go raibh praghsanna allmhairiúcháin roinnt tosca táirgeachta faoi bhun mheánphraghas allmhairiúcháin na n-ábhar sin isteach sa Tuirc. D'áitigh sé, dá gcuirfí éifeachtaí saofa allmhairí na Síne agus na Rúise araon san áireamh, go raibh sciar na n-allmhairí ón gcuid eile den domhan de na príomhthosca táirgeachta isteach sa Tuirc inchomparáide le sciar na Malaeisia, na hIndinéise agus Mheicsiceo, gan aon údar oibiachtúil a thabhairt le roghnú na Tuirce.

(325) Rinne an Coimisiún anailís chúramach ar na maímh sin. Thagair sé dá anailís ar na tíortha ionadaíocha uile a d'fhéadfadh a bheith ann sa Chéad Nóta agus sa Dara Nóta araon, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Ina anailís, chuir an Coimisiún san áireamh na heilimintí ábhartha uile a bhí ar comhad agus na heilimintí sin a thug páirtithe leasmhara ar aghaidh, agus tháinig sé ar an gconclúid gurbh í an Tuirc an t-aon rogha iomchuí mar thír ionadaíoch. Ar an gcúis sin, mheas an Coimisiún nach raibh aon ghá meastóireacht a dhéanamh ar leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil na dtíortha éagsúla faoi bhreathnú. Chomh maith leis sin, ní raibh ceanglas dlíthiúil ar an gCoimisiún na praghsanna allmhairiúcháin isteach sa Tuirc a chur i gcomparáid le 'tagarmharcanna idirnáisiúnta iomchuí' mar a mhaígh Kumho. D'athdhearbhaigh an Coimisiún gur roghnaíodh an Tuirc agus eilimintí á gcur san áireamh amhail méid leordhóthanach allmhairí fhormhór na dtosca táirgeachta, agus infhaighteacht sonraí airgeadais réasúnta nach raibh ar fáil i gcás tíortha ionadaíocha féideartha eile. Níor thug tuarascáil maidir leis an Rúis féin údar, i bhfianaise a conclúidí, lena mheas go huathoibríoch go raibh na hallmhairí uile ón Rúis saofa. Níor thángthas ar an gconclúid gur ann do shaobhadh mar thoradh ar an anailís a rinne an Coimisiún ar phraghsanna allmhairiúcháin ón Rúis isteach sa Tuirc. Go háirithe, bhí praghsanna allmhairí na Rúise le haghaidh na dtosca táirgeachta sin (dubh carbóin, rubar sintéiseach agus corda cruach) sa tréimhse imscrúdúcháin cosúil le praghsanna allmhairiúcháin na dtosca táirgeachta céanna ón Rúis nó níos airde ná iad sular tugadh isteach smachtbhanna. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(326) Tar éis an nochta chinntithigh, chinn an Coimisiún, ar bhonn na mbarúlacha a fuarthas, úsáid a bhaint as sonraí Brisa Bridgestone, chomh maith le sonraí Brisa Bridgestone, an t-aon sonraí airgeadais eile de chuid cuideachta Turcach (Sumitomo Rubber Türkiye). Mheas an Coimisiún go raibh na tagarmharcanna a bunaíodh dá réir sin le haghaidh chostais SGA agus brabúis réasúnta agus ionadaíoch go leor ar earnáil bonn na Síne. Mheas an Coimisiún nárbh é an cuspóir a bhí leis costais SGA agus brabús a shuí lena léirítear staid aonair gach táirgeora onnmhairiúcháin ach méideanna atá neamhshaofa agus réasúnta a aimsiú. Dá bhrí sin, d'áitigh an Coimisiún gur tír ionadaíoch iomchuí í an Tuirc, agus mheas sé nach raibh an rogha pionósach do Shandong Yongsheng agus don chuid eile de tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(327) I bhfianaise na hanailíse thuas, mheas an Coimisiún gurb í an Tuirc an t-aon tír ionadaíoch iomchuí. Mar a mhínítear in aithris (233), dhiúltaigh an Coimisiún don Airgintín agus don Cholóim mar thíortha ionadaíocha iomchuí i bhfianaise easpa nó méid íseal príomhthosca táirgeachta. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin nach tír ionadaíoch iomchuí a bhí san Indinéis, sa Mhalaeisia ná sa Téalainn i bhfianaise an sciar shuntasaigh d'allmhairí ón tSín le haghaidh príomhthosca táirgeachta, mar a mhínítear in aithrisí (256) go (260). Ar an gcaoi chéanna, agus mar a léirítear in aithrisí (262) agus (263), dhiúltaigh an Coimisiún don tSeirbia mar thír ionadaíoch i bhfianaise mhéid ard na n-allmhairí ón tSín le haghaidh dhá thoisc thábhachtacha táirgeachta, chomh maith leis an bhfíoras go raibh méid allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta uile roinnt uaireanta níos ísle ná na cinn ón Tuirc. Ar deireadh, cé go raibh an Coimisiún ag brath ar shonraí ó Mheicsiceo lena n-úsáid mar thagarmharc le haghaidh miontoisc táirgeachta amháin, mar a luaitear in aithris (291), d'eisiaigh sé Meicsiceo mar thír ionadaíoch iomchuí mar sin féin ar bhonn na n-eilimintí seo a leanas a chuirtear i láthair in aithrisí (263), (264), (316) agus (322): (i) méid ard allmhairí Síneacha sa tír le haghaidh tosca táirgeachta áirithe; (ii) méid agus ionadaíochas níos ísle allmhairí tosca táirgeachta i gcomparáid leis an Tuirc, mar shampla; agus (iii) gur thaifead Compania Hulera Tornel brabús míréasúnta íseal.

Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

(328) Tar éis a shuí gurb í an Tuirc an tír ionadaíoch iomchuí, bunaithe ar gach ceann de na gnéithe thuasluaite, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus an chomhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.2.4.8. Conclúid

(329) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Tuirc na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.2.5. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(330) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(331) Tar éis sin, sa dara nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ('GTA') chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, agus na hamhábhair go sonrach. Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé, ar thaobh amháin, Institiúid Staidrimh na Tuirce ([159]) costais neamhshaofa saothair agus gaile a shuí, agus ar an taobh eile na staitisticí arna soláthar ag Údarás Rialála an Mhargaidh Fuinnimh ([160]) chun costas neamhshaofa leictreachais a shuí.

(332) Sa dara nóta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin gur mar gheall ar an líon mór tosca táirgeachta a bhí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a sholáthair faisnéis iomlán agus mar gheall ar a dhiomaibhsí atá cuid de na hamhábhair i gcostas iomlán an táirgthe, rinneadh na hítimí diomaibhseacha sin a ghrúpáil faoi 'tomhaltáin'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún páirtithe ar an eolas go ríomhfadh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa arna suí sa tír ionadaíoch iomchuí a n-úsáid aige.

([159]) Institiúid Staidrimh na Tuirce: https://www.tuik.gov.tr/Home/Index.
([160]) Údarás Rialála Margaidh Fuinnimh: https://epdk.gov.tr/Home/En.

3.2.5.1. Tosca táirgeachta

(333) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta an táirge faoi imscrúdú

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Luach neamhshaofa	Aonad tomhais	Foinse Sonraí
AMHÁBHAIR				
Olaí peitriliam agus olaí ó mhianraí biotúmanacha	2710 19	4,73	kg	Global Trade Atlas
Sulfar	2802 00	33,02		
Dubh carbóin	2803 00	10,98	kg	Global Trade Atlas
Dé-ocsaíd sileacain	2811 22	20,05	kg	Global Trade Atlas
Ocsaíd since; sárocsaíd since	2817 00	26,63	kg	Global Trade Atlas
Díorthaigh anailín	2921 42	16,41	kg	Global Trade Atlas
Feiniléindé-aimín, dé-aimíneatolúéin agus a ndíorthaigh	2921 51	25,87	kg	Global Trade Atlas
Comhdhúile orgánasulfair	2930 90	23,96	kg	Global Trade Atlas
Puití gloineadóra, puití beangúcháin, stroighin roisíneach, comhdhúile calctha agus eile	3214 10	31,21	kg	Global Trade Atlas
Céaracha saorga agus céaracha ullmhaithe	3404 90	16,54	kg	Global Trade Atlas
Roisín agus aigéid roisín agus díorthaigh díobh, biotáille roisín, olaí roisín, gumaí reatha	3806 90	14,13	kg	Global Trade Atlas
Brostaitheoirí rubair ullmhaithe	3812 10	37,05	kg	Global Trade Atlas
Plaisteacháin chomhdhúile le haghaidh rubair nó plaisteach	3812 20	14,30	kg	Global Trade Atlas
Meascáin d'olagaiméirí de 2,2,4-trímheitil-1,2-déhidreacuineoilín	3812 31	17,01	kg	Global Trade Atlas
Aigéad stéarach	3823 11	9,34	kg	Global Trade Atlas
Ceimiceáin eile	3824 99	24,65	kg	Global Trade Atlas
Poiliseabúitiléin	3902 20	19,78	kg	Global Trade Atlas
Polaiméirí eile de phróipiléin nó d'olaifíní eile	3902 90	19,01	kg	Global Trade Atlas
Polaiméirí stiréine eile	3903 90	13,54	kg	Global Trade Atlas
Roisíní mealaimín	3909 20	17,47	kg	Global Trade Atlas
Roisíní fionólacha	3909 40	21,23	kg	Global Trade Atlas
Roisíní peitriliam, cúmaróin, indéine nó roisíní cúmarón-indéine agus polaiteirpéiní	3911 10	17,18	kg	Global Trade Atlas

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Luach neamhshaofa	Aonad tomhais	Foinse Sonraí
Polasuilfídí	3911 90	28,97	kg	Global Trade Atlas
Plátaí, leatháin, brat, scragall nó stiall de pholúireatán	3921 13	72,18	kg	Global Trade Atlas
Leatháin deataithe	4001 21	17,4	kg	Global Trade Atlas
Rubar nádúrtha atá sonraithe go teicniúil	4001 22	13,54	kg	Global Trade Atlas
Cineálacha eile rubair nádúrtha	4001 29	12,41	kg	Global Trade Atlas
Cineálacha eile rubair shintéisigh	4002 19	14,37	kg	Global Trade Atlas
Rubair Bhútaidhé-éine	4002 20	13,3	kg	Global Trade Atlas
Rubar iseabúitéine isipréine (búitil)	4002 31	20,3	kg	Global Trade Atlas
Rubar bútaidhé-éine eile	4002 39	19,91	kg	Global Trade Atlas
Meascáin d'aon táirge faoi cheannteideal 4001 le haon táirge faoin gceannteideal seo (rubar cumaisc)	4002 80	23,96	kg	Global Trade Atlas
Rubar athshlánaithe	4003 00	4,35	kg	Global Trade Atlas
Fabraic chorda boinn as níolón nó as polaimídí eile	5902 10	63,34	kg	Global Trade Atlas
Fabraic chorda boinn de phoileistir	5902 20	25,13	kg	Global Trade Atlas
Fabraic chorda boinn - eile	5902 90	64,15	kg	Global Trade Atlas
Sreang iarainn nó sreang de chruach neamhchóimhiotail, iad plátáilte nó brataithe le táirmhiotal eile	7217 30	11,28	kg	Global Trade Atlas
Sreang dhualach, ropaí agus cáblaí (corda cruach)	7312 10	22,88	kg	Global Trade Atlas
TOMHALTÁIN				
SAOTHAR				
Saothar	neamhbhaintean	93,69	duine in aghaidh na huaire	Institiúid Staidrimh na Tuirce
FUINNEAMH				
Leictreachas	neamhbhaintean	0,72	kWh	Institiúid Staidrimh na Tuirce
Gás nádúrtha	neamhbhaintean	4,27	CNY/m³	Institiúid Staidrimh na Tuirce
Gás gaile	neamhbhaintean	309,05	CNY/tona	Institiúid Staidrimh na Tuirce

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Luach neamhshaofa	Aonad tomhais	Foinse Sonraí
Uisce	neamhbhaint-each	5,76	CNY/m^3	Oifig Infheistíochta Uachtaránacht Phoblacht na Tuirce

3.2.5.2. Amhábhair

(334) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den EDT iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ([161]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i Roinn 3.2.1 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

(335) An costas iompair arna thabhú ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin a shloinn an Coimisiún é agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

(336) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Shandong Yongsheng go raibh praghsanna allmhairiúcháin trí ábhar, corda cruach (HS 7312 10), fabraic chorda boinn (Ceannteideal CC 5902) agus dé-ocsaíd sileacain (Ceannteideal CC 2811 22) isteach sa Tuirc ró-ard, agus dá bhrí sin nach raibh siad réasúnta agus go raibh na praghsanna allmhairiúcháin corda cruach agus dé-ocsaíde sileacain isteach sa Tuirc 20 % agus 49 % faoi seach os cionn an mheáin dhomhanda. D'áitigh sé freisin gur léir go ndearnadh praghsanna corda cruach a shaobhadh toisc gur achtaigh an Tuirc bearta coimirce i gcoinne slat sreinge cruach, táirge réamhtheachtach corda cruach, a bhfuil éifeacht shaobhach aige ar phraghsanna corda cruach ar mhargadh na Tuirce.

(337) Chuir an Coimisiún in iúl gur suíodh praghsanna tagarmhairc bunaithe ar phraghsanna allmhairiúcháin isteach i dtír ionadaíoch roghnaithe (an Tuirc sa chás seo) agus nach raibh siad bunaithe ar chomparáid le meánphraghsanna domhanda. Ós rud é gur allmhairíodh na tosca táirgeachta sin isteach sa Tuirc i gcainníochtaí leordhóthanacha agus gur measadh go raibh siad ionadaíoch, ós rud é go raibh praghsanna os cionn an mheáin dhomhanda, níorbh fhéidir teacht ar an gconclúid iontu féin go raibh na tagarmharcanna sin ró-ard nó míréasúnta. Mheas an Coimisiún freisin nach raibh fianaise ann féin go raibh praghsanna allmhairiúcháin corda cruach isteach sa Tuirc saofa mar gheall go raibh bearta coimirce ag an Tuirc in aghaidh slata sreinge cruach, agus nár thug Shandong Yongsheng fianaise den sórt sin ar aghaidh ach oiread - níorbh é praghas corda cruach a rinneadh sa Tuirc an tagarmharc, ach praghas corda cruach a allmhairíodh isteach sa Tuirc. Dá bhrí sin, ní raibh aon nasc léirithe idir praghas corda cruach allmhairithe agus na coimircí. Ós rud é nár chuir Shandong Yongsheng aon argóint ná fianaise eile ar fáil go raibh na praghsanna tagarmhairc míréasúnta, diúltaíodh don mhaíomh.

([161]) Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

(338) D'áitigh Shandong Yongsheng freisin nár cheart don Choimisiún praghsanna na dtosca táirgeachta a d'allmhairigh sé le tagarmharcanna a ionadú, ós rud é go raibh na praghsanna sin neamhshaofa.

(339) Thug an Coimisiún dá aire gur allmhairigh Shandong Yongsheng rubar nádúrtha den chuid is mó, agus roinnt ábhar eile a bhfuarthas a méideanna iomlána sa tSín den chuid is mó, áfach. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur ceannaíodh níos mó ná dhá thrian d'allmhairí rubair nádúrtha chomh maith le hábhair allmhairithe eile trí idirghabhálaí de chuid na Síne agus, dá bhrí sin, go raibh siad faoi réir saobhadh ar mhargadh na Síne. Ina theannta sin, níor chuir Shandong Yongsheng ná aon pháirtí eile fianaise dhearfach ar fáil lena léirítear nach bhfuil saobhadh ann maidir leis na hallmhairí sin, ná maidir leis na hallmhairí go díreach ó lasmuigh den tSín. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(340) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh CRIA gur cheart an tagarmharc le haghaidh dubh carbóin a bhunú bunaithe ar chód foleibhéil 280300009011 arb é an cineál dubh carbóin é atá oiriúnach lena úsáid i dtáirgeadh bonn. Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh sé gur cheart don Choimisiún an tagarmharc a bhunú bunaithe ar chód foleibhéil 7312 10 41 i gcás corda cruach.

(341) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh. Níorbh fhéidir a shuí bunaithe ar na sonraí a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte gurbh iad sin na cóid le haghaidh na n-ábhar a úsáideadh chun boinn tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha na Síne a tháirgeadh. Go sonrach, le taifid chuntasaíochta Ghrúpa Hankook, níorbh fhéidir na hábhair a úsáideadh ar leibhéal níos mó ná 6 dhigit a shuí agus níor chomhfhreagair na cóid a luaigh CRIA don ábhar a thuairiscigh Shandong Yongsheng.

3.2.5.3. Saothar

(342) Foilsíonn Institiúid Staidrimh na Tuirce faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha difriúla de gheilleagar na Tuirce. D'úsáid an Coimisiún an staidreamh sin chun an pá sa Tuirc a chinneadh trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis mhionsonraithe maidir le pá san earnáil táirgthe le haghaidh 2024, don ghníomhaíocht eacnamaíoch do Ghrúpa NACE 22 (monarú bonn agus feadán rubair), ina dtagann an táirgeadh, de réir aicmiú NACE Rev. ([162]), i.e. 93,69 CNY/uair ([163]).

(343) Tar éis an nochta chinntithigh, cheistigh Shandong Yongsheng gur choigeartaigh an Coimisiún na costais saothair go leibhéal na bhfiontar mór (de bhreis agus 1 000 fostaí). Mheas sé, tríd an méid sin a dhéanamh, gur mhéadaigh an Coimisiún na costais saothair go saorga, ós rud é nach raibh meánmhéid tháirgeoirí bonn na Síne inchomparáide go docht le meánmhéid fhiontair na Tuirce ina bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí.

(344) Mheas an Coimisiún gur éileamh gan bhunús a bhí ann sin. Ba chuideachtaí iad an dá chuideachta shampláilte a raibh líon fostaithe acu a bhí níos mó ná 1 000 fostaí den chuid is mó. Dá bhrí sin, mheas sé gur suíodh an tagarmharc i gceart agus dhiúltaigh sé don mhaíomh.

(345) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh an gearánach gur tuairiscíodh i gcuntais Brisa an líon pearsanra a bhí fostaithe ag an gcuideachta chomh maith leis na costais phearsanra agus na costais saothair dhíreacha le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin, agus ós rud é go bhféachann an Coimisiún le sonraí a úsáid aon uair is féidir ar leibhéal níos mionsonraithe, go bhféadfaí na sonraí sin a úsáid chun an tagarmharc le haghaidh saothair a chinneadh. D'áitigh sé gurbh é 201,61 TL in aghaidh na huaire an tagarmharc le haghaidh saothair a chinnfí ar an mbonn sin.

(346) Ina bharúlacha frisnéise, chuir Hankook Group i gcoinne an mhaímh. D'áitigh sé gurbh ionann sonraí Institiúid Staidrimh na Tuirce agus léargas níos neodraí agus níos ionadaíche ar mheánchostais saothair in earnáil bonn na Tuirce ná struchtúr costais inmheánach táirgeora aonair. Cheistigh sé freisin cruinneas ríomh an ghearánaigh agus go ndearna an gearánach mí-ríomh ina thuairim ar líon na bhfostaithe.

(347) Mheas an Coimisiún gur tagarmharc níos ionadaíche agus níos oiriúnaí a bhí i sonraí Institiúid Staidrimh na Tuirce chun na costais saothair sa Tuirc a chinneadh, seachas sonraí cuideachta aonair amháin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh sé don mhaíomh.

([162]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Labour-Cost-Statistics-2024-54011.
([163]) TurkStat, Innéacsanna Ionchuir Saothair, Ráithe IV: Mí Dheireadh Fómhair - Mí na Nollag 2024.

3.2.5.4. Leictreachas

(348) Chun an tagarmharc le haghaidh leictreachais a shuí, d'úsáid an Coimisiún na staitisticí maidir le praghsanna leictreachais a d'fhoilsigh Údarás Rialála Margaidh Fuinnimh na Tuirce ina phreaseisiúintí rialta ([164]). D'úsáid an Coimisiún meánphraghas leictreachais tionsclaíoch sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in kWh lena gcumhdaítear an tréimhse imscrúdúcháin i.e. 0,7183 CNY/KwH.

3.2.5.5. Gás agus gás gaile

(349) Foilsíonn Institiúid Staidrimh na Tuirce praghas an gháis nádúrtha d'úsáideoirí tionsclaíocha sa Tuirc. D'úsáid an Coimisiún an praghas a bhí ar fáil don dara seimeastar de 2021 agus don chéad seimeastar de 2022 a chomhfhreagraíonn don bhanda tomhaltais 2 610 000 – 26 100 000 m^3 ([165]). Rinneadh an praghas sin a choigeartú a thuilleadh don bhoilsciú trí úsáid a bhaint as an Innéacs Praghsanna Táirgeoirí arna fhoilsiú ag Institiúid Staidrimh na Tuirce ([166]) chun an praghas sa tréimhse imscrúdúcháin a léiriú. Asbhaineadh an CBL, atá san áireamh sa phraghas foilsithe, toisc go bhfuil táirgeoirí na Tuirce a tháirgeann an táirge atá faoi imscrúdú i dteideal aisíocaíocht a fháil ina leith.

(350) Maidir le gás gaile, díorthaíodh an tagarmharc ón tagarmharc gáis nádúrtha trí chóimheas comhshó a úsáid. Go sonrach, faoi dhálaí caighdeánacha, meastar go n-ídítear thart ar 72,37 m^3 de ghás nádúrtha chun tona amháin de ghás gaile a tháirgeadh.

3.2.5.5.1. Maímh maidir le boilsciú sa Tuirc tar éis an nochta chinntithigh

(351) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh CRIA gur geilleagar hipearbhoilscitheach a bhí sa Tuirc a chuir isteach ar na tagarmharcanna a bhí le bunú sa tír, is é sin costais saothair agus fuinnimh, chomh maith le torthaí cuideachtaí Turcacha a úsáideadh chun méideanna neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh costais SGA agus brabúis. D'easaontaigh sé gur fritháiríodh an boilsciú go mór le ráta malairte lira na Tuirce agus RMB na Síne.

(352) Maidir le saothar, mhaígh CRIA gur tháinig méadú 424 % ar na costais saothair, idir 2022 agus 2024, ach gur tháinig laghdú ar ráta malairte lira na Tuirce in aghaidh RMB na Síne ó 0,4066 go 0,2189, arb ionann é agus díluacháil 186 %. Tháinig méadú faoi dhó ar na costais saothair dá réir sin, fiú tar éis an ráta malairte a chur i bhfeidhm. Maidir le costais fuinnimh, d'áitigh CRIA gur tháinig méadú 162 % ar an tagarmharc le haghaidh gáis, idir 2021 agus 2024 agus ráta malairte RMB/TL á chur i bhfeidhm in 2021 agus 2024.

(353) D'áitigh CRIA freisin nach bhféadfaí seasamh le dearbhú an Choimisiúin go bhféadfadh tosca eile seachas boilsciú a bheith ina gcúis leis na méaduithe ar chostais áitiúla ach oiread. An méadú ar phraghas an leictreachais de réir treochtaí comhchosúla i dtíortha eile ar dócha go mbeidh tionchar acu ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach le linn fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin, nó i dtéarmaí an mhéadaithe ar chostas saothair, idirghabháil rialtas na Tuirce ar mhargadh an tsaothair chun an pá íosta arna spreagadh ag clár oibre polaitiúil rialtas na Tuirce ag an am a mhéadú go tobann, bhí siad ina dtosca saofa nach raibh ach tionchar áitiúil nó réigiúnach acu, agus ní dhéanann na tosca sin difear do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí a mheas gur tagarmharc neamhshaofa iad na praghsanna sin. Dar leis, léiríodh tionchar an hipearbhoilscithe i dtorthaí airgeadais chuideachtaí na Tuirce, rud a d'fhág nach raibh na sonraí iontaofa. Thagair CRIA freisin sa chomhthéacs sin don choigeartú i ráitis airgeadais Brisa Bridgestone ('gnóthachan glansuímh airgeadaíochta') a eascraíonn, dar leis, as cuntasaíocht atá go hiomlán saorga. D'áitigh sé go mbeadh Brisa Bridgestone neamhbhrabúsach gan an coigeartú sin.

([164]) epdk.gov.tr => Preaseisiúintí => roghnaigh cinntí bhord an Mhargaidh Leictreachais.

([165]) Institiúid Staidrimh na Tuirce - Praghsanna gáis nádúrtha tionscail de réir bandaí tomhaltais le haghaidh na tréimhse Eanáir-Meitheamh, 2022: https://data.tuik.gov.tr/ Bulten/Index?p=Electricity-and-Natural-Gas-Prices-Period-I:-January-June,-2022-45567.

([166]) Institiúid Staidrimh na Tuirce - Innéacs praghsanna táirgeoirí intíre agus ráta athraithe: https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Domestic- Producer-Price-Index-June-2024-53691.

(354) Dá bhrí sin, d'áitigh CRIA nach suífí an costas tagarmhairc ar leibhéal neamhshaofa agus réasúnta ach amháin trí dheireadh a chur leis an saobhadh sin, agus mhol sé na praghsanna tagarmhairc a úsáid i dtíortha eile amhail an Mhalaeisia nó an Indinéis. Mheas sé freisin, dá measfadh an Coimisiún go raibh an rogha sin míchuí, go bhféadfadh innéacsú chostas saothair nó fuinnimh na tréimhse roimh an tréimhse hipearbhoilscithe a bheith ina rogha mhalartach, i.e. roimh 2022, le meánráta boilscithe a chumhdaíonn tréimhse 10 mbliana ar a laghad. Ar an dara dul síos, chuirfí leibhéal réasúnta boilscithe san áireamh sa chostas saothair agus fuinnimh atá le bunú.

(355) Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh Shandong Yongsheng nár choigeartaigh an Coimisiún praghsanna chuig an hipearbhoilsciú 58,5 % a bhí ag lira na Tuirce le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus gur cheart a chumhdach leis an gcoigeartú sin ní hamháin gás agus gal, ach costais saothair, leictreachais, uisce agus forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis freisin. D'áitigh sé go bhféadfaí leibhéal an bhoilscithe a fheiceáil go soiléir i sonraí airgeadais Brisa Bridgestone, toisc gur tháinig méadú 67 % ar chostais saothair agus ar ús, le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, mheas Shandong Yongsheng, ós rud é gur fhulaing an Tuirc hipearbhoilsciú, go raibh rogha an Choimisiúin maidir leis an Tuirc míréasúnta agus neamhdhleathach. Dá bhrí sin, d'áitigh Shandong Yongsheng gur cheart don Choimisiún coigeartú a dhéanamh ar chostais chun éifeacht an bhoilscithe a bhréagnú de réir mar is iomchuí chun rogha chothrom tagarmhairc agus comparáid chothrom a áirithiú idir an gnáthluach ríofa agus an praghas onnmhairiúcháin iarbhír i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(356) Thairis sin, d'áitigh Shandong Yongsheng go bhfuil an Tuirc ag brath go mór ar ola na Rúise agus na hÁise Láir dá soláthar fuinnimh, agus tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin in 2022, gur tháinig méadú ar chostais fuinnimh. Dar leis, ba cheart cúis mhaith leordhóthanach a bheith ag an gCoimisiún leis an saobhadh sin chun an Tuirc a eisiamh mar thír ionadaíoch. D'áitigh sé gur cheart don Choimisiún tagarmharc Mheicsiceo nó na Malaeisia le haghaidh leictreachais a ghlacadh, nó, de rogha air sin, 'préimh turrainge fuinnimh na Rúise' a asbhaint ó thagarmharc na Tuirce (a fhéadfar a chainníochtú trí thagairt a dhéanamh don difreálach praghsanna idir 2021 agus 2024).

(357) D'athdhearbhaigh an Coimisiún nár chuir aon pháirtí fianaise isteach a léirigh go raibh an cinneadh maidir le tagarmharcanna saofa nó neamhiontaofa mar gheall ar bhoilsciú. Díorthaíodh an tagarmharc atá i gceist ó mheánphraghas an tsaothair, an leictreachais agus an gháis thar an tréimhse imscrúdúcháin ar fad, rud a léiríonn meánphraghas bliantúil. Bhí na méaduithe ainmniúla ar phá (idir 2022 agus 2024) agus ar phraghsanna gáis sa Tuirc comhsheasmhach le costais mhaireachtála a bhí ag ardú, lena n-áirítear costais fuinnimh. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na praghsanna sin ina dtagarmharcanna réasúnta don tréimhse imscrúdúcháin.

(358) Mar a thug an Coimisiún dá aire freisin, lean an t-ardú foriomlán ar chostais fuinnimh sa Tuirc treochtaí níos leithne a tugadh faoi deara freisin ar fud an Aontais - forbairt atá inchurtha go páirteach i leith fhogha míleata na Rúise san Úcráin. Mar sin féin, níor thug an comhghaol sin le tuiscint go raibh na tagarmharcanna saofa. D'ainneoin maímh maidir le costais saothair agus fuinnimh a bheith ag dul in olcas, níor chuir aon pháirtí fianaise ar fáil go raibh na costais sin míréasúnta nó saofa.

(359) Go deimhin, chuir an Coimisiún i dtábhacht, san imscrúdú a bhaineann le hallmhairí táirge chomhchosúil (boinn trucaile) ([167]) le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin an 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023, gurbh é 1,180 CNY/kWh an tagarmharc le haghaidh leictreachais, tagarmharc atá i bhfad níos airde ná an CNY 0,72/kWh a chuirtear i bhfeidhm sa chás seo. Ar an gcaoi chéanna, ba é 5,02 CNY/m^3 an tagarmharc do ghás nádúrtha san imscrúdú ar bhoinn trucailí, i gcomparáid le 4,27 CNY/m^3 a cuireadh i bhfeidhm sa chás seo. Léirigh na comparáidí sin nár tháinig méadú suntasach ar na tagarmharcanna fuinnimh agus nach raibh siad boilscithe, mar a d'áitigh roinnt páirtithe. Dá bhrí sin, níor aimsigh an Coimisiún aon chúis lena mheas go raibh na tagarmharcanna saofa, míréasúnta nó neamhiontaofa, agus diúltaíodh do na maímh.

([167]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 263, IO L 263, 22.10.2018, lch. 3,ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1579/oj).

3.2.5.6. Uisce

(360) D'fhoilsigh Oifig Infheistíochta Uachtaránacht Phoblacht na Tuirce costas an uisce le haghaidh úsáid thionsclaíoch ([168]). D'úsáid an Coimisiún an praghas a bhí bailí in 2023 le haghaidh réigiún Ankara ([169]), glan ó CBL toisc go bhfuil táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú sa Tuirc i dteideal aisíocaíocht CBL a fháil.

3.2.5.7. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis

(361) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'*. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(362) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

(363) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh costais SGA agus brabúis, bhí an Coimisiún ag brath ar na sonraí airgeadais le haghaidh 2024 i gcás Brisa Bridgestone arna mbaint as tuarascáil bhliantúil na cuideachta.

(364) Bunaithe ar ráitis airgeadais Brisa Bridgestone, is iad 18,26 % agus 8.81 % faoi seach na rátaí le haghaidh chostais SGA agus brabúis, arna sloinneadh mar chéatadán de chostas na n-earraí a díoladh. Measadh go raibh na rátaí sin réasúnta do thionscal na mbonn.

(365) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh CRIA gur cheart don Choimisiún glacadh le húsáid shonraí Sumitomo Rubber Türkiye. D'áitigh sé go raibh sonraí ORBIS ina bhfoinse a d'úsáid an Coimisiún go leanúnach chun tagarmharcanna a bhunú le haghaidh costais SGA agus brabúis, agus gur mheas an Coimisiún go raibh siad iontaofa. D'áitigh sé freisin, ós rud é go raibh na sonraí ar fáil don tréimhse imscrúdúcháin, nach raibh cúis ag an gCoimisiún gan iad a chomhdhlúthú leis an bhfaisnéis níos mionsonraithe a bhí ar fáil do Brisa Bridgestone agus diúltú di. Ós rud é nach bhféadfaí na sonraí nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna a choigeartú, níorbh fhéidir é sin a mheas mar chúis lena ndiúltú, ós rud é nach ndearnadh na coigeartuithe sin ach amháin dá n-iarrfadh na páirtithe iad. Mheas CRIA freisin nach raibh tairseach ann chun a shuí go raibh costais SGA ró-íseal. Dar leis, dá gcuirfí na sonraí sin san áireamh, mhéadófaí ionadaíochas an leibhéil.

(366) Bhreithnigh an Coimisiún argóintí CRIA agus ghlac sé leis gur cheart sonraí Sumitomo Rubber Türkiye a úsáid agus na tagarmharcanna á mbunú. Rinne sé an dá thagarmharc a athríomh le haghaidh costais SGA agus brabúis dá réir sin.

(367) D'áitigh CRIA freisin gur cheart an srathú a chur san áireamh sa tagarmharc le haghaidh chostais SGA agus brabúis, ar an gcaoi chéanna leis an méid a rinne an Coimisiún sna ríomhanna gearrdhíola, agus gur cheart costais T&F a bhaint chun an leibhéal níos ísle infheistíochtaí T&F a dhéanann táirgeoirí leibhéal 3 na Síne a léiriú. D'iarr CRIA ar an gCoimisiún a dheimhniú ar a laghad nár áiríodh aon chostas T&F i bhforchostais mhonaraíochta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Chuir Shandong Yongsheng argóintí comhchosúla isteach freisin.

(368) D'áitigh Shandong Yongsheng freisin nár chuir an tagarmharc bunaithe ar fhaisnéis airgeadais Brisa Bridgestone an difríocht idir costais SGA agus brabús chuideachtaí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 san áireamh agus, dá bhrí sin, gur cheart don Choimisiún an cóimheas brabúis a úsáidtear chun an corrlach díobhála a ríomh a úsáid (Leibhéal 1: 15,1 %; Leibhéal 3: 9,4 %) ó Thábla 15 go dtí costais SGA agus brabús agus, dá bhrí sin, ba cheart go laghdódh sé an brabús go 5,48 % agus costais SGA go 11,36 %.

([168]) https://www.invest.gov.tr/en/investmentguide/pages/cost-of-doing-business.aspx.
([169]) Is é réigiún Ankara an réigiún is gaire do mhonarchana Brisa Bridgestone.

(369) Chuir Kumho argóint den chineál céanna chun cinn. D'áitigh sé gur aithin an Coimisiún féin go comhsheasmhach le linn an imscrúdaithe go bhfuil an margadh bonn struchtúrtha de réir leibhéal, agus gur thabhaigh táirgeoirí Leibhéal 1 leibhéil éagsúla T&F, costais díola agus mhargaíochta go ginearálta, gur thairbhigh siad d'aitheantas branda níos láidre, agus gur oibrigh siad faoi dhálaí tráchtála a bhí éagsúil go hábhartha leis na cinn atá i réim i ndeighleoga Leibhéal 2 agus Leibhéal 3. D'áitigh sé go bhfuil an baol ann, dá bhrí sin, go mbeadh rómheastachán ar an ngnáthluach ríofa dá gcuirfí tagarmharc a dhíorthaítear go bunúsach ó tháirgeoir Leibhéal 1 i bhfeidhm ar tháirgeoirí atá gníomhach ar leibhéil níos ísle.

(370) Mheas an Coimisiún nárbh fhéidir na cóimheasa sin a bunaíodh le haghaidh 2021 bunaithe ar shonraí thionscal an Aontais a eachtarshuí chuig staid na Tuirce, agus nach féidir a fháil amach leo go laghdófaí costais SGA agus brabús dá réir dá mbeadh táirgeoirí na Tuirce i láthair i Leibhéal 3. Is ar thoimhdí amháin a bhí na hargóintí maidir leis an leibhéal éagsúil in aghaidh leibhéal na dtagarmharcanna sin bunaithe, agus ní raibh aon bhonn cuí-réasúnaithe agus cainníochtaithe ann don Choimisiún chun na tagarmharcanna sin a oiriúnú i gcomhthéacs a chinnidh maidir le dumpáil. Ós rud é gur suíodh le torthaí díobhála nasc do tháirgeoirí an Aontais idir leibhéil chostais SGA agus brabús agus na leibhéil, ní fhéadfaí iad a úsáid le haghaidh na gcinntí dumpála ós rud é gur dhá anailís ar leith a bhí iontu. Ní raibh costais T&F mar chuid d'fhorchostais mhonaraíochta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ach oiread. D'athdhearbhaigh an Coimisiún go raibh an dá thagarmharc le haghaidh chostais SGA agus brabúis réasúnta do thionscal na mbonn. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(371) Ina theannta sin, mheas CRIA nár cheart an caillteanas ó ionstraimí airgeadais díorthacha ón ioncam oibriúcháin agus ó chostais oibriúcháin eile araon i gcuntais Brisa Bridgestone a chur san áireamh toisc go bhfuil siad sin nasctha le hidirbhearta chun riosca airgeadra eachtraigh a fhálú, agus dá bhrí sin nach ndíorthaíonn siad ó ghnáthghníomhaíochtaí oibríochtúla cuideachta.

(372) Mheas an Coimisiún, i gcás cuideachta a onnmhairíonn agus a dhíolann in airgeadraí eachtracha, go mbaineann an costas nó an t-ioncam sin leis an ngnáthghnó, ós rud é gurb é an cuspóir riosca airgeadra eachtraigh a bhaineann le ceannacháin (amhábhar) agus díolacháin in airgeadraí eachtracha a fhálú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(373) D'áitigh CRIA freisin, ós rud é gur ghlac an Coimisiún leis na ríchíosanna a asbhaint ó chostais SGA, gur cheart dó é a bhaint den bhrabús freisin, rud nach ndearna sé. Ina fhrisnéisí ar bharúlacha CRIA, d'áitigh an gearánach, dá mbeadh an Coimisiún chun costais a asbhaint ó chostais SGA, nár cheart na costais chéanna a bhaint ó bhrabúis toisc nach laghdóidh cuideachta atá ag iarraidh brabúis a uasmhéadú a praghas díola má imíonn costas áirithe. Dá bhrí sin, d'áitigh sé i gcoinne ríchíosanna a asbhaint ón mbrabús.

(374) Bhreithnigh an Coimisiún na maímh sin, agus d'aontaigh sé le CRIA gur cheart ríchíosanna a bhaint as brabús freisin, chun comparáid chothrom a áirithiú idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin.

(375) Mheas Hankook Group agus Kumho freisin go ndearna an Coimisiún earráid ríomha ós rud é gur áiríodh an t-ioncam ó ghníomhaíochtaí infheistíochta fós i gcorrlach brabúis Brisa Bridgestone, agus gur cheart é a asbhaint.

(376) Shoiléirigh an Coimisiún nár áiríodh an t-ioncam ó na gníomhaíochtaí infheistíochta sa chorrlach brabúis, agus dá bhrí sin nach raibh earráid ríomha ann. Dhiúltaigh sé, dá bhrí sin, don mhaíomh.

(377) D'áitigh Hankook Group freisin, ós rud é gur asbhain an Coimisiún ríchíosanna ón bpraghas onnmhairiúcháin arb ionann iad agus 5 % dá phraghas onnmhairiúcháin, gur ghá an céatadán céanna a asbhaint ó chostais SGA Brisa Bridgestone.

(378) Dhiúltaigh an Coimisiún don chur chuige sin, agus d'áitigh sé nach raibh údar le hasbhaint céatadáin aonfhoirmeach a chur i bhfeidhm maidir le costais SGA agus maidir leis an bpraghas onnmhairiúcháin araon. Chun comparáid chothrom a bhaint amach, díorthaíodh na ríchíosanna iarbhír ón dá athróg, is cuma cé acu arbh ionann iad agus 2 % nó 5 % den luach onnmhairiúcháin.

(379) Ar bhonn na n-argóintí a chuir na páirtithe leasmhara isteach, rinne an Coimisiún na tagarmharcanna le haghaidh chostais SGA agus brabúis a oiriúnú trí shonraí airgeadais Sumitomo Rubber Türkiye a áireamh agus trí ríchíosanna a bhaint as brabús Brisa Bridgestone. Is iad 15,04 % agus 6,02 % faoi seach na tagarmharcanna deiridh le haghaidh costais SGA agus brabúis, arna sloinneadh mar chéatadán de chostas na n-earraí a dhíoltar.

(380) Tar éis an nochta deiridh bhreise, d'áitigh Shandong Yongsheng gur táirgeoirí leibhéal 1 agus leibhéal 2 den chuid is mó a bhí in Brisa Bridgestone agus Sumitomo Rubber Türkiye, agus dá bhrí sin, níor sholáthair a sonraí airgeadais comhdhlúite tagarmharc réalaíoch d'allmhairí bonn PC-LL ón tSín, atá suite i leibhéal 3 den chuid is mó. Mhol sé coigeartú a dhéanamh ar na tagarmharcanna bunaithe ar an modheolaíocht a mhínítear ina bharúlacha tar éis an nochta chinntithigh.

(381) Thagair an Coimisiún dá chonclúidí i Roinn 3.2.4.6. Mheas sé go raibh na tagarmharcanna do chostais SGA agus do bhrabús araon bunaithe ar shonraí ó chuideachtaí a tháirgeann boinn ar leibhéil éagsúla agus go raibh na méideanna sin de chostais SGA agus de bhrabús a bhí le cur san áireamh sa ghnáthluach ríofa réasúnta, neamhshaofa agus ionadaíoch go leor ar an earnáil. Ós rud é nach raibh gné nua in aighneacht Shandong Yongsheng, diúltaíodh don mhaíomh.

(382) Tar éis an nochta deiridh bhreise, d'áitigh an Chomhghuaillíocht nach raibh costais SGA Sumitomo Rubber Türkiye réasúnta ós rud é nach raibh ach thart ar 6 % i gceist leis, i gcomparáid leis an gcóimheas costais SGA uile-earnála 21,18 % sa Tuirc, agus gur thagair an Coimisiún do na staitisticí sin ar dtús agus mheas sé nach raibh cóimheas costais SGA chomh híseal sin réasúnta.

(383) D'áitigh an Chomhghuaillíocht freisin nach raibh sonraí Sumitomo Rubber Türkiye ó ORBIS mionsonraithe go leordhóthanach, agus ina theannta sin, ós rud é go raibh na costais SGA agus an brabús a tuairiscíodh míréasúnta, gur cheart neamhaird a thabhairt orthu. De rogha air sin, dá gcinnfeadh an Coimisiún Sumitomo Rubber Türkiye a choinneáil agus costais SGA agus brabús á ríomh aige, ba cheart don Choimisiún filleadh ar an bhfaisnéis atá ar fáil in ORBIS le haghaidh Brisa Bridgestone, chun cuntais a chur i gcomparáid ar an leibhéal céanna mionsonraí.

(384) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh an tagarmharc le haghaidh chostais SGA bunaithe ar an meán don dá chuideachta, Sumitomo Rubber Türkiye agus Brisa Bridgestone, agus nach raibh sé bunaithe ar shonraí aonair Sumitomo Rubber Türkiye. D'ainneoin go raibh an tagarmharc 15,04 % a d'eascair as sin faoi bhun 21,18 % de réir staitisticí ar fud earnáil na Tuirce, mheas an Coimisiún go raibh an tagarmharc sin níos beaichte agus níos réasúnta, agus in aon chás gurbh ionann é agus an fhaisnéis is fearr a bhí ar fáil dó. Mheabhraigh an Coimisiún freisin nach raibh sonraí le haghaidh Sumitomo Rubber Türkiye ar fáil ach amháin in ORBIS, a úsáidtear de ghnáth chun costais SGA agus brabús a ríomh in éagmais sonraí eile a bheith ar fáil. Nuair a bhíonn sí ar fáil, áfach, úsáideann an Coimisiún faisnéis airgeadais níos mionsonraithe. Dá bhrí sin, sa chás seo, d'úsáid sé ráitis airgeadais Brisa Bridgestone, seachas na sonraí ó ORBIS. D'fhéadfaí an dá shonraí a chomhdhlúthú agus ní raibh cúis ann le Brisa Bridgestone filleadh ar na sonraí nach raibh chomh mionsonraithe céanna ó ORBIS. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh.

3.2.5.8. Ríomh

(385) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(386) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin le linn an fhíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch mar a shonraítear i Roinn 3.2.3.5.

(387) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta i bhfeidhm. Ansin chuir an Coimisiún costais SGA 15,04 % agus brabús 6,02 % leis.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(388) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, sin nó trí chuideachtaí comhlachaithe a ghníomhaigh mar allmhaireoirí.

(389) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(390) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachtaí comhlachaithe a bhí ag gníomhú mar allmhaireoirí, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas de réir gach costais a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus de réir na mbrabús a fabhraíodh. In éagmais comhoibriú ó allmhaireoir neamhchomhlachaithe, bhraith an Coimisiún ar bhrabús a suíodh le linn an imscrúdaithe ar tháirge comhchosúil, boinn trucailí dá dtagraítear thuas, is é sin 6,3 %.

(391) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Hankook Group gur thabhaigh an Coimisiún earráid chléireachais agus an praghas onnmhairiúcháin á ríomh de bhun Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán maidir le céatadán na gcostas SGA a bhain le ceann dá pháirtithe comhlachaithe agus d'iarr sé ar an gCoimisiún an botún sin a cheartú.

(392) Cheartaigh an Coimisiún an earráid mar aon le hearráid chléireachais chomhchosúil a bhraith sé i gceann de na táblaí eile d'eintitis ghaolmhara de chuid Ghrúpa Hankook. Mar thoradh ar na ceartúcháin, tháinig méadú beag ar na praghsanna CAL a úsáideadh chun na corrlaigh dhíobhála agus dhumpála araon a chinneadh.

3.4. **Comparáid**

(393) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás sin, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn leibhéal na trádála díreach ón monarcha.

(394) I gcás ina raibh údar cuí leis chun comparáid chothrom a áirithiú, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.4.1. *Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach*

(395) Mar a mhínítear i Roinn 3.2, suíodh an gnáthluach bunaithe ar na costais mhonaraíochta neamhshaofa mar aon le méideanna le haghaidh chostais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le haon choigeartú chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

(396) Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon lamháltas a dhéanamh i leith an ghnáthluacha, ná níor éiligh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte lamháltais den sórt sin.

3.4.2. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(397) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe i leith na nithe seo a leanas: last-táille san Aontas, dleacht chustaim, lascainí cainníochta, costais chreidmheasa agus muirir bhainc, coimisiúin agus ríchíosanna.

3.4.3. *Ráta malairte*

(398) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Shandong Yongsheng gur úsáid an Coimisiún an ráta malairte a úsáideadh i leabhair Yongsheng agus an praghas onnmhairiúcháin á ríomh aige, ach gur úsáid an Coimisiún an ráta malairte oifigiúil a d'fhoilsigh sé sa chomhad chun críoch na ríomhanna díobhála. D'úsáid an Coimisiún na rátaí malairte oifigiúla freisin chun sonraí na Tuirce a thiontú agus an gnáthluach á ríomh. D'áitigh Shandong Yongsheng, chun comparáid chothrom a bheith ann, gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as an bhfoinse chéanna ar cheart di a bheith de réir Shandong Yonsgheng an ráta malairte oifigiúil a d'fhoilsigh an Coimisiún sa chomhad agus an praghas onnmhairiúcháin á shuí. Cuireadh an maíomh céanna isteach tar éis an nochta deiridh bhreise.

(399) Tá sé i gceist go gcuirfeadh úsáid fhaisnéis na cuideachta de réir a leabhar féin chun gnáthluach a ríomh ar chumas an Choimisiúin an fhaisnéis a fhíorú i gcoinne thaifid na cuideachta féin atá in RMB. Úsáidtear na sonraí díolacháin chun críoch na ríomhanna díobhála chun an praghas CAL a ríomh, praghas a shloinntear in EUR de réir an ráta malairte oifigiúil a d'fhoilsigh sé sa chomhad chun é a chur i gcomparáid le praghas thionscal an Aontais, faoi chuimsiú cleachtadh atá difriúil le ríomh an chorrlaigh dumpála. Dá bhrí sin, níl aon neamhshiméadracht idir an dá chur chuige sin, agus diúltaíodh don mhaíomh.

3.5. **Corrlaigh dhumpála**

(400) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(401) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas an chostais, árachais agus last-táille ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach (%)
Hankook Group: — Chongqing Hankook Tire Co., Ltd — Jiangsu Hankook Tire Co., Ltd — Hankook Tire China Co., Ltd	7,4
Shandong Yongsheng Rubber Group Co., Ltd	45,3

(402) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, socraíodh an corrlach sin ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, gan aird a thabhairt ar chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ag a bhfuil corrlaigh dhumpála nialasacha agus *de minimis*, ná ar chorrlaigh a socraíodh sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

(403) Ar an mbonn sin, is é 24,4 % corrlach dumpála cinntitheach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(404) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus an méid onnmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arna suí ar bhonn Eurostat.

(405) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh beagnach 100 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta a ndearnadh scrúdú aonair uirthi agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

(406) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Kumho gur aithin an Coimisiún féin go bhfuil deighilt shoiléir de réir leibhéil ina saintréith den mhargadh, agus nach léiríonn úsáid meán foriomlán aonair le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte uile struchtúr an mhargaidh go leordhóthanach. Dá bhrí sin, d'áitigh Kumho gur cheart uasteorainn a chur leis na bearta is infheidhme maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte a oibríonn laistigh de leibhéal 2 den chuid is mó ar leibhéal an chorrlaigh díobhála arna shainaithint do tháirgeoirí leibhéal 2, nó ar a laghad ar leibhéal an chorrlaigh dumpála arna shainaithint do tháirgeoirí leibhéal 2.

(407) Chuir GITI Group argóint chomhchosúil chun cinn a mheas, ós rud é gur táirgeoir Leibhéal 2 é, go bhfuil cosúlachtaí ábhartha aige le Hankook Group agus, dá bhrí sin, gur cheart dualgas Hankook Group a shannadh dó, seachas meán an tsampla. Mheas sé gur gearradh pionós air toisc go mbeidh Hankook Group, a bhí ina tháirgeoir Leibhéal 2 freisin, faoi réir na dleachta dumpála 3,4 % ([170]) agus go mbeadh GITI Group faoi réir na dleachta dumpála 29,9 % ([171]), d'ainneoin go n-oibríonn GITI Group sa deighleog mhargaidh chéanna, go dtéann sé san iomaíocht do na custaiméirí céanna nó do chustaiméirí comhchosúla, agus go ndíolann sé ar phraghsanna comhchosúla. D'áitigh GITI Group freisin gur sholáthair sé do chustaiméirí creidiúnacha freisin, agus go raibh sé i measc líon teoranta táirgeoirí de chuid na Síne a chomhlíon Rialachán an Aontais maidir le dífhoraoisiú. Mheas GITI Group go gceadaítear leis an mbun-Rialachán (Airteagal 9(4)) dleacht níos ísle a fhorchur 'más leor é chun deireadh a chur le díobháil', agus faoi shean-Rialachán (CE) Uimh. 384/96 ón gComhairle ([172]) maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad, gur shann an Coimisiún dleacht roimhe seo do chuideachtaí neamhshampláilte bunaithe ar chatagóir nó ar stádas na gcuideachtaí neamhshampláilte sin. Thug sé samplaí de chásanna roimhe seo inar thug an Coimisiún dleachtanna éagsúla do chuideachtaí neamhshampláilte ag brath ar cé acu a cháiligh nó nár cháiligh na cuideachtaí le haghaidh cóir gheilleagair margaidh nó cóir aonair.

(408) Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin. Níl an coigeartú a mhol Kumho i measc na gcoigeartuithe dá bhforáiltear leis an mbun-Rialachán. Chomh maith leis sin, ós rud é gur chaith an Coimisiún ar bhealach éagsúil faoi Rialachán (CE) Uimh. 384/96 le cuideachtaí a cháiligh nó nár cháiligh le haghaidh cóir gheilleagair margaidh nó cóir aonair, níor bunaíodh fasach don Choimisiún corrlaigh dleachta éagsúla a shannadh bunaithe ar dheighleog an mhargaidh faoin gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair.

(409) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh an Chomhghuaillíocht, de réir an bhun-Rialacháin, nach mór méid iomlán na gcleachtas dumpála a ghabháil leis an gcinneadh maidir leis an gcorrlach dumpála agus, dá bhrí sin, nárbh iomchuí gnáthualú chorrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. D'áitigh sé gur aithin an Coimisiún féin sa chás sonrach sin go raibh praghas Hankook 50 % níos airde ná meánphraghas tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, agus go bhfuil sé sin amhlaidh go príomha mar gheall ar shainiúlacht staid Hankook agus toisc gur onnmhairigh sé i ndeighleog mhargaidh Leibhéal 2 agus beagnach Leibhéal 1. Thagair an Chomhghuaillíocht freisin don anailís díobhála lenar deimhníodh éifeacht dhíobhálach allmhairí Leibhéal 3. Dá bhrí sin, agus ós rud é go bhfuil na bearta frithdhumpála ceaptha cothrom iomaíochta a bhaint amach agus leigheas éifeachtach agus leordhóthanach a chur ar fáil do thionscal an Aontais, mheas an Chomhghuaillíocht gur cheart tionchar díobhálach difreáilte na gcleachtas dumpála ar leibhéal na leibhéal a léiriú sna bearta a glacadh, ós rud é gurb í an deighleog Leibhéal 3 is mó is inchurtha i leith na dumpála, arb í is cúis le formhór mór an insreafa in allmhairí dumpáilte ón tSín, ní mór í a chur san áireamh i leibhéal na ndleachtanna. Dá bhrí sin, mheas an Chomhghuaillíocht gur cheart corrlaigh dhumpála na gcuideachtaí sampláilte a mheá ar sciar gach leibhéil ar cinneadh a gcorrlaigh dhumpála ina leith, sciar na leibhéal sin in onnmhairí iomlána na Síne. Ag glacadh leis go raibh 20 % de na hallmhairí i Leibhéal 1 nó i Leibhéal 2 agus 80 % i Leibhéal 3, ba cheart 44 % a bheith sa chorrlach dumpála mar thoradh air sin do na táirgeoirí comhoibríocha neamhshampláilte.

(410) D'athdhearbhaigh an Coimisiún gur cuireadh na leibhéil éagsúla san áireamh cheana féin i ríomh an chorrlaigh dumpála, agus nach raibh bonn ann chun aon mheá a shuí - ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, dhiúltaigh sé don mhaíomh gur cheart don Choimisiún ríomhanna malartacha a dhéanamh ar an gcorrlach dumpála le haghaidh táirgeoirí comhoibríocha neamhshampláilte.

(411) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach (%)
Cuideachtaí comhoibríocha eile	24,4
Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	45,3

([170]) Athraíodh an dleacht tar éis an nochta chinntithigh go 4,3 %.
([171]) Athraíodh an dleacht tar éis an nochta chinntithigh go 24,4 %.
([172]) Rialachán (CE) Uimh. 384/96 ón gComhairle an 22 Nollaig 1995 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad, (IO L 56, 6.3.1996, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/384/oj).

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(412) Rinne ar a laghad 10 ngrúpa tairgeoirí san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(413) Suíodh gur thart ar 251 mhilliún bonn a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún an figiúr sin ar bhonn shonraí EUROPOOL ([173]) arna mbainistiú ag Tyres Europe ('Tyres Europe') Comhlachas Mhonaróirí Bonn & Rubair na hEorpa roimhe seo, agus Eurostat. Is baill de Tyres Europe iad formhór mór tháirgeoirí an Aontais. Bailíonn Tyres Europe sonraí margaidh óna chomhaltaí agus cuireann sé sonraí cruinne comhiomlánaithe maidir leis an margadh bonn ar fáil dá chomhaltaí.

(414) Mar a léirítear in aithris (16), is ón dtrí tháirgeoir san Aontas a tháinig 14,5 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Scrúdaíodh na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí fíoraithe a fuarthas ó fhreagraí na dtrí tháirgeoir sin de chuid an Aontais.

4.2. Tomhaltas an Aontais

(415) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn na faisnéise a sholáthair Tyres Europe (sonraí EUROPOOL).

(416) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (boinn, codanna)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
Tomhaltas iomlán an Aontais	311 176 988	316 533 953	312 072 799	335 932 482
Innéacs	*100*	*102*	*100*	*108*

Foinse: EUROPOOL (Tyres Europe)

(417) Tháinig méadú beag ar thomhaltas an Aontais den chéad uair in 2022 agus thit sé arís in 2023 agus tháinig méadú air arís le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an iomlán, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 8 % ar thomhaltas i.e. méadú thart ar 25 mhilliún bonn.

4.3. Saintréithe mhargadh an Aontais

(418) Is margadh an-iomaíoch é margadh an Aontais le haghaidh boinn gluaisteán paisinéirí agus leoraithe éadroma, margadh ina bhfuil grúpaí táirgeoirí agus brandaí iomadúla.

(419) Tá dhá phríomhbhealach díolacháin ar mhargadh an Aontais, eadhon Buntrealaimh ('OE') agus Athsholáthar.

(420) Sa deighleog buntrealaimh díolann monaróirí bonn an táirge faoi imscrúdú le monaróirí feithiclí le feistiú ar fheithiclí nua. Dá bhrí sin, ní mór do na boinn sin sonraíochtaí mionsonraithe a chomhlíonadh i gcomhréir le hionchais mhonaróir an bhuntrealaimh. De ghnáth, díolann na monaróirí bonn céanna boinn a fhorbraítear don mhargadh buntrealaimh ar an margadh athsholáthair freisin, rud a chiallaíonn go bhfuil an-suim ag monaróirí bonn díolacháin buntrealaimh a dhaingniú chun díolacháin ar an margadh athsholáthair amach anseo a ráthú. Mar thoradh air sin, tá cumhacht mhargála nach beag ag monaróirí gluaisteán le linn idirbheartaíocht chonartha agus, dá bhrí sin, is gnách go mbíonn brabúsacht níos ísle ag táirgeoirí bonn maidir le díolacháin bhuntrealamh.

([173]) Bunachar sonraí comhiomlánaithe a bailíodh ó bhaill de Tyres Europe.

(421) Sa deighleog athsholáthair, díoltar boinn le dáileoirí comhlachaithe/neamhchomhlachaithe, miondíoltóirí a athdhíolfaidh ansin le húsáideoirí deiridh. Mar a mhínítear in aithris (420) thuas, réadaíonn táirgeoirí bonn corrlaigh níos airde ar an margadh athsholáthair de ghnáth ná mar a ghnóthaíonn siad ar dhíolacháin bhuntrealamh.

(422) Bunaithe ar fhaisnéis a chuir Tyres Europe ar fáil le linn na cuairte fíorúcháin, is ionann an deighleog OE agus thart ar 16 % - 20 % de thomhaltas iomlán an Aontais ach is é an margadh athsholáthair an chuid eile.

(423) I dteannta an dá chainéal díolacháin, mar a mhínítear i roinn 2.4.1, tá margadh an táirge faoi imscrúdú deighilte ina thrí leibhéal freisin. Chun críoch an imscrúdaithe seo, d'úsáid an Coimisiún an catagóiriú mar a achoimrítear i roinn 2.4.2 thuas.

(424) Mhaígh CRIA agus GITI Group nach raibh aon idirmhalartacht idir boinn ó leibhéil éagsúla nó nach raibh ach idirmhalartacht an-teoranta eatarthu agus dá bhrí sin d'iarr siad go n-áireofaí anailís dheighilte díobhála agus cúisíochta san imscrúdú. Líomhain CRIA freisin go bhfreastalaíonn na leibhéil éagsúla ar dheighleoga éagsúla den mhargadh ós rud é go gcuireann custaiméirí leibhéal 1 agus leibhéal 2 luach ar shábháilteacht, ar fheidhmíocht agus ar bhranda seachas ar phraghas. Thairis sin, tá éifeacht ghaibhnithe aitheanta ann, rud a chiallaíonn go bhfuil dílseacht láidir branda ag úinéirí gluaisteán ardleibhéil/sómasach go háirithe agus go n-éilíonn siad de ghnáth (go háirithe sna luathbhlianta úsáide gluaisteán) an branda céanna le haghaidh athsholáthair leis na boinn bhuntrealamh a feistíodh ar dtús. De réir CRIA, rannchuidíonn ceanglais lipéadaithe an Aontais leis an éifeacht ghaibhnithe sin freisin trí fheasacht a mhúscailt i measc tomhaltóirí maidir le gnéithe éagsúla sábháilteachta agus feidhmíochta. Dá bhrí sin, tháinig CRIA ar an gconclúid go bhfuil difríocht bhunúsach idir dinimic an mhargaidh idir boinn na dtrucailí agus boinn na ngluaisteán paisinéirí agus, dá bhrí sin, nach bhfuil feidhm ag an iomaíocht idir leibhéil a bhunaítear i gcás na mbonn trucaile maidir leis an táirge faoi imscrúdú.

(425) Chinn an Coimisiún nach raibh bunús leis na hargóintí a rinne na páirtithe. Ar an gcéad dul síos, is féidir boinn de gach leibhéal a fheistiú ar ghluaisteáin paisinéirí nó ar leoraithe éadroma agus, dá bhrí sin, tá siad inmhalartaithe. Go deimhin, ós rud é go gcuireann tomhaltóirí brandaí den scoth luach ar fheidhmíocht agus sábháilteacht thar phraghas, d'fhéadfadh sé sin teorainn a chur leis an iomaíocht dhíreach idir leibhéal 1 agus leibhéal 3, ní féidir an rud céanna a rá, áfach, i gcás leibhéal 3 i gcomparáid le leibhéal 2. Ina theannta sin, déantar go leor brandaí clasaiceacha leibhéal 3 a chur chun cinn níos mó agus níos mó bunaithe ar a ngnéithe teicniúla agus cáilíochta, seachas díreach a bheith ar chostas íseal ([174]). Mar thoradh ar infheistíochtaí leanúnacha agus méadaithe i dtaighde agus i bhforbairt, soláthraíonn go leor brandaí leibhéal 3 cáilíocht atá ag feabhsú i gcónaí ar phraghsanna an-iomaíoch, agus dá bhrí sin is léir go bhfuil réiteach malartach acu ar bhoinn leibhéal 2, a dhéanann iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir breithnithe cáilíochta agus praghsanna. Ina theannta sin, níl na línte deighilte idir leibhéil socraithe go soiléir agus go cinntitheach, rud a léirítear leis an bhfíoras go bhféadfadh na brandaí céanna (Falken, Giti, Cooper...etc) a bheith luaite mar leibhéal 3 nó leibhéal 2 ag foinsí éagsúla lena n-áirítear suíomhanna gréasáin athbhreithnithe bonn a úsáidtear go coitianta agus suíomhanna gréasáin trádálaithe speisialaithe ([175]). Ar an gcaoi chéanna, i gcás roinnt brandaí, tá aicmí forluiteacha leibhéal 1 agus leibhéal 2 ann (Vredestein, Hankook). Le teacht chun cinn aicmithe malartacha amhail 'cáilíocht mheánraoin', 'buiséad ardleibhéil', 'cáilíocht den scoth' agus 'buiséad cáilíochta', déantar an deighilt dhocht idir leibhéil níos casta fós. Tacaítear le hiomaíocht agus inionadaitheacht idir leibhéil freisin toisc go ndaingníonn líon méadaitheach brandaí leibhéal 3 deimhniú buntrealaimh ([176]) le déantóirí gluaisteán aitheanta agus iad féin a shuíomh bunaithe ar cháilíocht agus ar ghnóthachtálacha, ar gné é de ghnáth le haghaidh brandaí leibhéal 2.

([174]) *Foinse*: Ailt nuachta ar bhrandaí Síneacha éagsúla: Chinese Premium Tyres are changing the game: A new era in global tyre competition: https://trojanlimited.com/chinese-premium-tyres-are-changing-the-game-a-new-era-in-global-tyre-competition/; European Linglong tire factory certified by numerous OEMs: https://en.linglong.cn/content/details34_38845.html Sailun continues in the fast lane: https://www.eqs-news.com/news/media/sailun-continues-in-the-fast-lane-sailun-has-entered-the-top-10-most-valuable-tyre-brands-in-the-world-for-the-first-time-achieving-a-historic-triple/d361873f-a8c3-4601-a541-8263c80366a4_en#:~:text=Sailun%20continues%20in%20the%20fast%20lane%20+++,historic%20triple.%20%7C%20Media%20%2D%20EQS%20News, arna rochtain go deireanach an 27 Aibreán 2026.

([175]) *Foinse*: Various traders' or tyre review websites classifying brands into tiers, such as: https://www.tyrereviews.com/tyre/ https://www.tyresavings.com/brands https://www.asdatyres.co.uk/brands https://www.grip500.it/pneumatico/ https://www.reifen.com/de-de/auto/reifen/marken arna rochtain go deireanach an 27 Aibreán 2026.

([176]) *Foinse*: Chinese Premium Tyres are changing the game: A new era in global tyre competition: https://trojanlimited.com/chinese-premium-tyres-are-changing-the-game-a-new-era-in-global-tyre-competition/ European Linglong tire factory certified by numerous OEMs: https://en.linglong.cn/content/details34_38845.html, arna rochtain go deireanach an 27 Aibreán 2026.

(426) Ar an iomlán, mheas an Coimisiún, fiú dá bhféadfadh roinnt custaiméirí luach a chur ar bhranda agus ar cháilíocht, go mbíonn tionchar ag an difreálach praghsanna ar iompraíocht custaiméirí den sórt sin freisin, ar difreálach é a bhfuil siad toilteanach glacadh leis ar deireadh le haghaidh na dtréithe sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an éifeacht ghaibhnithe a luann CRIA teorainn a chur leis an iomaíocht dhíreach idir boinn leibhéal 1 agus leibhéal 3 ar an margadh athsholáthair (cé go n-infheistíonn roinnt táirgeoirí leibhéal 3 go mór in T&F agus excel i bparaiméadair theicniúla áirithe), ní bhréagnaíonn sé, áfach, an inionadaitheacht idir leibhéal 3 agus leibhéal 2 agus, ar an gcaoi chéanna, idir leibhéal 2 agus leibhéal 1. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil boinn leibhéal 3 in iomaíocht le leibhéil níos airde (go háirithe leibhéal 2) agus, dá bhrí sin, go gcuireann siad brú anuas ar phraghsanna ar na leibhéil níos airde sin trí éifeacht aisiompaithe chascáideach. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh maidir le heaspa idirmhalartaitheachta. Ar an mbonn céanna, níor glacadh ach oiread le hiarrataí ar anailís díobhála agus chúisíochta atá deighilte go hiomlán, mar a mhínítear a thuilleadh in aithrisí (469) agus (534) faoi seach.

(427) Tar éis an nochta chinntithigh, d'athdhearbhaigh CRIA a mhaíomh maidir le heaspa iomaíochta idir leibhéil, toisc, cé gur fíor go raibh iomaíocht ann idir deighleoga cóngaracha i leibhéil chomharsanachta, is é sin idir boinn leibhéal 3 ar cháilíocht níos airde agus boinn leibhéal 2 ar cháilíocht níos ísle agus ar an gcaoi chéanna idir boinn leibhéal 2 ar cháilíocht níos airde agus boinn leibhéal 1 ar cháilíocht níos ísle, nárbh fhéidir é sin, áfach, de réir CRIA, a eachtarshuí go hinionadaitheacht iomlán ar fud na leibhéal uile.

(428) Mheas Kumho nár mhínigh an Coimisiún agus nár thug sé bunús lena chonclúid go raibh táirgí leibhéal 3 agus leibhéal 2 in iomaíocht dhíreach, go háirithe i bhfianaise aithris (425) inar aithin sé go bhféadfadh an iomaíocht dhíreach a bheith teoranta idir táirgí leibhéal 1 agus táirgí leibhéal 3. Luaigh Kumho go bhfuil feidhm chomhionann ag na fachtóirí teorannaithe céanna i.e. roghanna cáilíochta agus sábháilteachta le haghaidh bonn idir leibhéal 2 agus leibhéal 3. Mhaígh Kumho freisin nár tugadh aghaidh go leordhóthanach ar bhraistint na dtomhaltóirí in anailís sraithe an Choimisiúin.

(429) Mhaígh Shandong Yongsheng gur eisiadh boinn Shíneacha leibhéal 3 ó mhargadh OE an Aontais, rud a léirigh deighilt struchtúrach shoiléir idir boinn leibhéal 3 ón tSín agus leibhéil eile agus luaigh sé go raibh fianaise an Choimisiúin dá mhalairt '*gan fhoinse, gan fhíorú agus neamhshonrach*'. I ndáil leis sin, d'áitigh Shandong Yonghseng go raibh deimhniúchán OE Linglong an-nua, ó 2024 ar aghaidh agus gur bhain sé le monarcha mhonaraíochta Sheirbiach agus, dá bhrí sin, nach raibh aon tionchar aige ar an imscrúdú sin. D'áitigh Shandong Yongsheng freisin gur theip ar an gCoimisiún measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar bhraistint tomhaltóirí ar tháirgí leibhéal 3 na Síne agus gur sholáthair sé samplaí de 'fhógraí diúltacha' ó dhá dháileoir Fhrancacha.

(430) Thug an Coimisiún dá aire, cé gur aithin sé go raibh boinn de leibhéil chóngaracha in iomaíocht le chéile go héifeachtach, nach ndearna CRIA ach inionadaitheacht iomlán a chur ar neamhní gan aon fhianaise ná míniú. Chinn an Coimisiún go raibh maíomh CRIA débhríoch go páirteach, toisc nach léir go díreach cad atá i gceist leis an téarma '*in-ionadaitheacht iomlán ar fud na leibhéal uile*' agus cén fáth a mbeadh gá leis sin fiú chun iomaíocht idir leibhéil a shuí. D'fhéadfaí a rá go bhfuil táirgí in iomaíocht leo siúd is gaire dóibh ó thaobh cáilíochta agus praghais de, bíodh sé laistigh de leibhéil nó thar leibhéil agus ba é sin go díreach an pointe a bhí á dhéanamh ag an gCoimisiún agus ar ghlac CRIA leis freisin.

(431) A mhéid a bhaineann le maíomh Kumho, míníodh cheana féin an réasúnaíocht agus an fhianaise maidir le hiomaíocht dhíreach idir leibhéal 3 agus leibhéal 2 go háirithe in aithrisí (425) agus (426) thuas agus níor thug Kumho aon fhianaise nithiúil ar aghaidh chun é a bhréagnú. Mar a míníodh cheana, téann boinn leibhéal 3 in iomaíocht le boinn leibhéal 2 bunaithe ar a bparaiméadair theicniúla agus sábháilteachta agus, dá bhrí sin, is rogha mhalartach inmharthana iad do chustaiméirí a lorgaíonn an luach is fearr dá gcumhacht cheannaigh. Ar an gcaoi chéanna, luadh arís agus arís eile (mar shampla, ach ní hamháin, i roinn 2.4.1), go raibh tionchar mór ag dearcadh an mhargaidh ar an srathú agus go díreach ar an gcúis sin, is minic a bhí na línte deighilte doiléir agus is cinnte nach raibh siad seasmhach. Tá leas mór ag trádálaithe agus allmhaireoirí a thairgeann boinn leibhéal 3 na boinn sin a dhíol agus tionchar a imirt ar dhearcadh na dtomhaltóirí i bhfabhar a bpunann táirgí.

(432) Maidir le maíomh Shandong Yongsheng, agus go háirithe an tagairt do na foinsí a luaitear in aithris (425), thug an Coimisiún dá aire nár chuir Shandong Yongsheng aon argóint ar fáil lenar cuireadh fírinneacht na faisnéise ar neamhní. Mheas an Coimisiún go raibh ailt phoiblí ó dháileoirí ar líne, amhail Trojan, atá speisialaithe i ngnó na mbonn le breis agus 30 bliain taithí, láithreacht tráchtála dhomhanda agus punann táirgí éagsúil le torthaí tástála mionsonraithe agus sonraíochtaí teicniúla 'foinsithe' agus 'sonrach' go leor chun athrú leanúnach ar an dearcadh

domhanda ar bhrandaí éagsúla leibhéal 3 a léiriú. A mhéid a bhaineann le deimhniú OE Linglong, ós rud é gur bhain sé le gléasra sa tSeirbia, níor dícháilíodh an cinneadh go raibh conarthaí OE faighte ag Linglong, mar bhranda, le déantóirí gluaisteán na hEorpa. I ndáil leis sin, cuirtear i dtábhacht go bhfuil aicmiú leibhéil agus braistint tomhaltóirí nasctha leis an ainm branda, agus ní leis an tír thionscnaimh. Chomh maith leis sin, tagraíonn an píosa fianaise seo do 2024, rud atá i gcomhthráth leis an tréimhse imscrúdúcháin.

(433) In aon chás, mar a luaitear in aithris (422), ní raibh i margadh OE ach thart ar 16-20 % de thomhaltas foriomlán an Aontais agus a luaithe a bheadh gá le bonn athsholáthair, bheadh iomaíocht ar an margadh athsholáthair, dá bhrí sin measadh nach raibh bunús le maíomh Shandong Yongsheng lena líomhnaítear go raibh boinn leibhéal 3 na Síne scoite ó thaobh struchtúir de ón gcuid eile den mhargadh.

(434) Mheas an Coimisiún nach raibh bunús leis an maíomh a rinne Yongsheng Shandong maidir leis an dearcadh diúltach ar bhrandaí Síneacha. Ní léiríonn na fógraí diúltacha ó dháileoirí áirithe tuairim dáileoirí agus trádálaithe eile a allmhairíonn agus a mhargaíonn boinn éagsúla leibhéal 3 na Síne go gníomhach ar mhargadh an Aontais. Mar shampla, áitíonn an Chomhghuaillíocht maidir le hAllmhaireoirí PC-LL, a mhéid a bhaineann le táirgí leibhéal 3 na Síne, a mhalairt ar fad, ina haighneacht, trí bhéim a leagan ar éifeachtúlacht agus buntáiste iomaíoch tháirgeoirí na Síne. Thairis sin, tá maíomh Yongsheng Shandong i gcodarsnacht shoiléir le haighneacht CRIA ag áitiú gurb é droch-cháilíocht bhoinn leibhéal 3 an Aontais i gcomparáid lena n-iomaitheoirí Síneacha nach mór anailís a dhéanamh orthu mar chúis díobhála mar a mhínítear a thuilleadh in aithris (554) thíos.

(435) Mar achoimre, a mhéid a bhaineann leis na maímh maidir le heaspa ionadaíochta idir-leibhéil agus iomaíocht idir-leibhéil, thug an Coimisiún dá aire go léirítear go soiléir leis an bhfíoras go bhfuil boinn in iomaíocht le chéile maidir le gnéithe éagsúla cáilíochta agus teicniúla chomh maith lena bpraghas ag an am céanna, go bhfuil an cinneadh maidir le táirge nó branda sonrach a roghnú mar thoradh ar chleachtadh meáite ar na tosca sin go beacht agus sa chiall sin, go bhfuil na boinn uile in iomaíocht lena chéile. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil brandaí áirithe idir leibhéil nó go bhfuil siad á bhfógairt faoi théarmaí a bhaineann go ginearálta le leibhéil níos airde bunaithe ar a bhforbairtí teicniúla agus ar a bhfeachtais mhargaíochta, bíonn tionchar aige sin ar dhearcadh na gcustaiméirí agus neartaíonn sé an iomaíocht idir leibhéil. Níor chuir aon cheann de na páirtithe a thug barúil argóintí i láthair lenar cuireadh an réasúnaíocht bhunúsach sin ar neamhní.

(436) Dá bhrí sin, cloíodh leis na conclúidí maidir le hiomaíocht idir-leibhéil agus idirmhalartacht táirgí mar a thuairiscítear in aithrisí (425) agus (426).

4.4. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.4.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(437) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn thomhaltas an Aontais mar a léirítear i dTábla 2.

(438) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3 —

Cainníocht na n-allmhairí (boinn, codanna) agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
Cainníocht na n-allmhairí ón tír lena mbaineann (píosaí)	57 295 850	66 992 782	78 917 144	92 988 175
Innéacs	*100*	*117*	*138*	*162*

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
An sciar den mhargadh (%)	18	21	25	28
Innéacs	*100*	*117*	*138*	*156*

Foinse: Eurostat Comext

(439) Tháinig méadú seasta ar mhéideanna allmhairí an táirge lena mbaineann ó bhliain go bliain le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig méadú suntasach foriomlán 62 % orthu, rud a chomhfhreagraíonn do thart ar 35 mhilliún bonn. Dá bhrí sin, sháraigh fás mhéideanna allmhairí na Síne chuig an Aontas an fás ar thomhaltas an Aontais (25 mhilliún bonn).

(440) Mar thoradh ar na méideanna méadaithe allmhairí, tháinig gnóthachan soiléir ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí Síneacha ó 18 % in 2021 go 28 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.5. Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann, sladghearradh praghais agus sochtadh praghsanna

(441) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí ar bhonn sonraí fíoraithe ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne.

(442) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4 —

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/píosa)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
an tSín	27,0	34,0	29,0	30,3
Innéacs	*100*	*126*	*107*	*112*

Foinse: Eurostat Comext.

(443) In 2022, tháinig méadú mór 26 % ar phraghsanna allmhairiúcháin ar dtús agus ansin tháinig laghdú orthu in 2023 go leibhéil os cionn 2021 agus d'fhan siad sa raon céanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 12 % ar phraghsanna allmhairiúcháin na Síne ar an iomlán, ar méadú beag é i gcomparáid leis an treocht a lean meánphraghas allmhairiúcháin tríú tíortha eile isteach san Aontas (+ 26 %). Fiú praghsanna thionscal an Aontais, a bhí i bhfad níos airde ná praghsanna onnmhairiúcháin na Síne le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, tháinig méadú níos mó 15 % orthu.

(444) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(a) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(b) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na-allmhairí ó tháirgeoirí comhoibríocha sampláilte na Síne chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(445) Rinneadh an chomparáid praghsanna ar bhonn cineál ar chineál i.e. uimhir rialaithe táirgí lena n-áirítear deighilt ar an leibhéal, chomh maith le difreáil ar mhargaidh bhuntrealaimh agus ar mhargaí athsholáthair dá réir sin, le haghaidh idirbhearta ar an leibhéal trádála céanna, arna gcoigeartú go cuí i gcás inar gá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Maidir leis na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a d'oibrigh laistigh de struchtúr grúpa ina raibh baint ag ceanncheathrú agus ag eintitis díolacháin ghaolmhara leis na díolacháin, rinneadh na praghsanna díola a choigeartú trí chostais SGA a bhaineann le gníomhaíochtaí na n-eintiteas díolacháin agus brabús allmhaireora neamhchomhlachaithe a bhaint de réir analaí le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(446) I bhfianaise dheighilt an mhargaidh, rinneadh ríomhanna sladghearrtha ar leithligh in aghaidh an leibhéil. Níor dhíol aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte boinn leibhéal 1, dá bhrí sin níorbh fhéidir aon ríomh sladghearrtha a dhéanamh sa deighleog sin. Ar leibhéal 3, bhí corrlaigh shladghearrtha idir 7,2 % agus 36,9 % agus meánchorrlach sladghearrtha 32,2 % ann. I ndeighleog leibhéal 2, níor aimsíodh aon sladghearradh. Baineann sé sin, áfach, leis an bhfíoras go raibh díolacháin leibhéal 2 comhdhéanta go heisiach de bhranda 'Hankook' ar thaobh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, a mheastar go forleathan a bheith ar cheann de na boinn leibhéal 2 is fearr. Is é sin, i gcaitheamh na mblianta, tá conarthaí buntrealaimh iomadúla faighte ag branda Hankook le príomhmhonaróirí gluaisteán lena n-áirítear Audi, BMW, Mercedes agus Porsche. Aicmíonn roinnt mhaith trádálaithe/allmhaireoirí Hankook mar 'bhoinn idirmheánacha ardleibhéil' nó mar 'bhoinn mhalartacha den scoth' mar a thugtar orthu. Is é sin le rá, tá anailís leibhéal 2 beagán teoranta trí chomparáid a dhéanamh idir comhthiomsú aonchineálach de bhranda ardleibhéil leibhéal 2, le meascán leathan de bhoinn leibhéal 2 arna dtáirgeadh ag tionscal an Aontais. Deimhníodh san anailís ar mheánphraghsanna na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte, mar a tuairscíodh ina bhfoirmeacha samplála, nach féidir na torthaí a bhaineann le boinn leibhéal 2 Hankook a eachtarshuí chuig an gcuid eile d'allmhairí na Síne. Bhí meánphraghsanna Hankook i bhfad níos mó ná meánphraghas tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne faoi raon os cionn 50 %. Shroich an meánchorrlach sladghearrtha ualaithe (leibhéil 2 agus 3 le chéile) 17 %, rud atá suntasach.

(447) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Hankook nach raibh údar dlíthiúil leis an idirdhealú idir OE agus ionadú san anailís díobhála toisc nach ndearnadh é sin ar thaobh na dumpála. Thairis sin, mheas Hankook nach raibh gá leis an idirdhealú sin, toisc nach bhféadfaí aon phatrún soiléir praghsála feadh na mbealaí díolacháin a bhrath ina dhíolacháin féin leis an Aontas agus go deimhin, trí na digití deiridh lena sainaithnítear OE vs díolacháin athsholáthair a bhaint den PCN, laghdódh corrlach díobhála Hankook ó 3,4 % go 3,1 %.

(448) D'iarr an Gearánach ar an gCoimisiún corrlach sladghearrtha a ríomh freisin, maidir le raon iomlán an táirge bunaithe ar mheánphraghsanna chun méid an tsladghearrtha praghais don mhargadh bonn ina iomláine a léiriú.

(449) Mhaígh GITI Group gur bhréagnaigh an Coimisiún é féin nuair a luaigh sé nach bhféadfaí an easpa sladghearrtha do Hankook a eachtarshuí chuig an gcuid eile d'allmhairí na Síne agus, an tráth céanna, le linn an chleachtaidh samplála, d'áitigh sé go raibh díolacháin Hankook ionadaíoch. Ar an gcaoi chéanna, dúirt Kumho nach féidir leis an gCoimisiún neamhaird a thabhairt ar an toradh nach raibh aon sladghearradh i leibhéal 2 trína áitiú go raibh Hankook sonrach agus, an tráth céanna, é a áireamh sa sampla agus diúltú táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a chur leis.

(450) A mhéid a bhaineann leis an maíomh ó Hankook, thug an Coimisiún dá aire nár chuir aon cheann de na páirtithe i gcoinne na gcinntí maidir leis an difríocht praghais/brabúsachta idir OE agus an deighleog athsholáthair mar a tugadh isteach in aithrisí (420) agus (421). Mheas an Coimisiún gur cheart dó an chomparáid táirge a dhéanamh ar leibhéal atá chomh gráinneach agus is féidir (ar choinníoll go bhfuil na sonraí ar fáil agus fíoraithe). Líomhnaítear nár lean díolacháin Hankook an patrún sin agus d'fhéadfaí é sin a mhíniú le cinntí gnó breise éagsúla, amhail méid na ndíolachán, a n-uainiú agus moilleanna seachadta, agus dá bhrí sin ní bhaineann siad an bonn den údar leis an idirdhealú. Ar an gcaoi chéanna, ní toisc chinntitheach é chun cinneadh a dhéanamh maidir le leibhéal inchomparáideachta na dtáirgí go mbeadh an corrlach sladghearrtha níos airde nó níos ísle. Is cosúil go bhfuil an difríocht idir an dá chás ríofa corrlaigh díobhála a chuir Hankook i láthair (leis an tagairt do OE nó don mhargadh athsholáthair sa chomparáid agus gan í) claonta toisc nach raibh sé ag brath ar thacar iomlán costas/díolachán tháirgeoirí sampláilte an Aontais ach ar an bhfaisnéis a nochtadh do ghrúpa Hankook amháin. In aon chás, tá thart ar 10 % i gceist leis an difríocht arna ríomh ag grúpa Hankook; rud a léiríonn go raibh údar le hidirdhealú den sórt sin. I gcás na ríomhanna dumpála, déantar an gnáthluach ríofa a ríomh bunaithe ar thagarmharcanna le haghaidh

tosca táirgeachta nach bhfuil aon ghné OE ná aon ghné athsholáthair ag baint leo i.e. costais saothair, costais fuinnimh agus praghsanna amhábhar, ní bhíonn siad éagsúil ag brath ar cé acu a dhíolfar nó nach ndíolfar an bonn a tháirgtear le monaróir feithicle nó ar an margadh iardhíola. Leis an bhfaisnéis ar comhad a bhaineann le costais SGA agus brabús sa tír ionadaíoch, ní rabhthas in ann idirdhealú den sórt sin a dhéanamh ach oiread. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir an gnáthluach agus na corrlaigh dhumpála dá bharr sin a idirdhealú de réir bealach úsáide deiridh. Os a choinne sin, oibríonn an anailís díobhála ar shonraí idirbhirt iarbhír lena n-áirítear an bealach díolacháin. Dá bhrí sin, bhí údar leis an anailís ar OE agus ar ionadú agus bhí gá léi go fíorasach chun scrúdú oibiachtúil a dhéanamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(451) Maidir le maíomh an ghearánaigh, mheas an Coimisiún gur léirigh an meánchorrlach sladghearrtha ualaithe lena gcomhcheanglaítear boinn leibhéal 3 agus leibhéal 2 (meaitseála) an sladghearradh go leordhóthanach. Dá ndéanfaí neamhaird ar na cineálacha táirgí agus dá n-áireofaí samhlacha leibhéal 1 nár onnmhairigh onnmhaireoirí sampláilte na Síne, bhainfí an bonn den leibhéal inchomparáideachta a áirithítear leis an difreáil PCN agus, dá bhrí sin, ní bheadh sé níos faisnéisí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh sin.

(452) A mhéid a bhaineann leis an maíomh ó Ghrúpa GITI, chuir an Coimisiún i dtábhacht gur sampláladh Hankook chun ionadaíochas a áirithiú i dtéarmaí méid díolachán agus ionadaíocht leibhéil gan beann ar cé acu a aicmíodh nó nár aicmíodh é ar deireadh mar leibhéal 1 nó leibhéal 2. I ndeireadh na dála, measadh go raibh aicmiú go leibhéal 2 níos iomchuí bunaithe ar mheascán cúiseanna, mar a mhínítear in aithris (94) thuas. An tráth céanna, an fhianaise a bailíodh le linn an imscrúdaithe mar a thuairiscítear in aithris (446), léirigh sí go soiléir freisin (gan aon cheann de na páirtithe cur ina coinne) go meastar go forleathan gur bonn ard-raoin leibhéal 2 é Hankook agus gur branda é atá ag aistriú ó leibhéal 2 i dtreo leibhéal 1. Cuirtear é sin i dtábhacht freisin leis an mbearna mhór praghsanna idir praghsanna Hankook agus meán na coda eile de tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne lena n-áirítear go leor táirgeoirí eile leibhéal 2, mar a leagtar amach in aithris (446) thuas. Ar bhonn a bhfuil thuas, na teorainneacha a cuireadh in iúl agus an toradh nach raibh aon sladghearradh i leibhéal 2 á léirmhíniú agus á eachtarshuí bunaithe ar shonraí Hankook chuig an gcuid eile de tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, lena n-áirítear sonraí leibhéal 2, coinníodh ar bun iad agus diúltaíodh do mhaímh GITI Group agus Kumho.

(453) Tar éis an nochta chinntithigh, shainaithin cuideachta T earráid chléireachais i ríomh na gcostas SGA agus d'iarr sí ar an gCoimisiún ríomh na gcostas sin a choigeartú. Shainaithin Cuideachta G earráid chléireachais i gcomhdhlúthú na sonraí maidir le costas táirgthe agus d'iarr sí ar an gCoimisiún an costas sin a choigeartú.

(454) Rinne an Coimisiún anailís ar na maímh sin agus chinn sé go raibh údar leo. Rinneadh na ríomhanna sladghearrtha agus gearrdhíola a oiriúnú dá réir sin. Ós rud é gur bhain na ceartúcháin sin le sonraí íogaire a bhaineann go sonrach le cuideachta, rinneadh iad sin a nochtadh arís do na cuideachtaí lena mbaineann amháin.

(455) Bhí na corrlaigh shladghearrtha nua, lena n-áirítear freisin na hathruithe a rinneadh ar na meánphraghsanna ualaithe in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ó onnmhaireoirí comhoibríocha sampláilte na Síne ar leibhéal CAL, mar a thuairiscítear in aithris (392) thuas, le haghaidh leibhéal 3 idir 10,2 % agus 39,2 % agus meánchorrlach sladghearrtha 34,7 % ann. I ndeighleog leibhéal 2, níor aimsíodh aon sladghearradh i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne. Shroich an meánchorrlach sladghearrtha ualaithe (leibhéil 2 agus 3 le chéile) 19 %.

(456) Sna barúlacha a chuir CRIA isteach tar éis an sprioc-ama maidir le barúlacha a thabhairt faoin táirge agus tar éis fhíoruithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais, dúirt CRIA nach féidir leis an uimhir rialaithe táirgí ina fhoirm reatha boinn spártha agus leantóra le haghaidh úsáid shealadach a shainaithint, cé go bhfuil an dá chineál sin i bhfad níos saoire ná boinn chaighdeánacha na bparaiméadar comhfhreagrach. Dá bhrí sin, d'áitigh CRIA nár áirithigh an uimhir rialaithe táirgí comparáid chothrom idir praghsanna allmhairí na Síne chuig an Aontas agus praghsanna díola intíre thionscal an Aontais a mhéid a bhaineann leis na cineálacha sonracha táirgí sin, agus dá bhrí sin go bhfágann sé an measúnú díobhála míchruinn.

(457) Fuarthas amach san imscrúdú nár onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne aon bhonn leantóra le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'onnmhairigh ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte boinn spártha le haghaidh úsáid shealadach agus b'ionann iad agus faoi bhun 1 % de mhéid na ndíolachán onnmhairiúcháin sampláilte. Níor chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin aon bharúil isteach ina leith sin ná níor iarr sé aon chineál coigeartaithe a bhaineann leis an gcineál sin boinn. In aon chás, i bhfianaise líon teoranta na mbonn sin, mheas an Coimisiún nach bhféadfadh a dtionchar toradh foriomlán na comparáide táirgí a athrú.

(458) Tar éis an nochta chinntithigh, thug CRIA barúil ar aithris (457) thuas agus dúirt sé *'go n-eascraíonn an gá le hanailís dheighilte as easpa idirmhalartachta seachas as méideanna onnmhairiúcháin'*. D'áitigh CRIA freisin, ós rud é nár dhíol aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte boinn leantóra, go ndearna an Coimisiún, trína lua in aithris (77), go raibh tionscal an Aontais ag titim ar gcúl sna cineálacha áirithe táirgí sin mar gheall ar bhrú láidir ó allmhairí ón tSín ar phraghas míréasúnta íseal, cinneadh dochrach nach raibh fianaise fhíorasach ag tacú leis.

(459) Tugtar aghaidh ar na barúlacha go mion i roinn 4.7 thíos. Ba é cuspóir an mhínithe in aithris (457) a chur i dtábhacht nach raibh tionchar ábhartha ag an bhfíoras nach ndearna PCN idirdhealú idir boinn leantóra nó boinn shealadacha a líomhnaítear a bhí níos saoire ar an gcomparáid praghsanna a rinneadh ar bhonn PCN. Thairis sin, rinneadh an cinneadh maidir le dumpáil bunaithe ar shonraí fíorathe an táirgeora onnmhairiúcháin sampláilte le haghaidh raon iomlán an táirge agus, dá réir sin, bhí fianaise fhíorasach mar thaca leis. Thairis sin, cé nár onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte bonn den chineál sin, ní chiallaíonn sé sin nár onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin eile chuig an Aontas iad ná nár spreag sé tionchar diúltach ar fheidhmíocht thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(460) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh praghsanna allmhairí na Síne ag sladghearradh thionscal an Aontais le corrlaigh shuntasacha ar bhonn comhiomlán (leibhéal 2 agus leibhéal 3) agus ar leithligh ar leibhéal 3.

(461) Thairis sin, léiríodh leis an gcomparáid idir praghsanna allmhairiúcháin na Síne agus praghsanna díola agus costais táirgthe thionscal an Aontais sochtadh leanúnach praghsanna de bharr allmhairí dumpáilte ón tSín. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhan meánphraghsanna allmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas go comhsheasmhach faoi bhun phraghas díola thionscal an Aontais, ar an meánleibhéal comhiomlánaithe agus ar leibhéal 3 ar leithligh araon (féach Táblaí 10 agus 11 thíos). Rud atá tábhachtach, bhí praghsanna allmhairiúcháin na Síne faoi bhun mheánchostas aonaid táirgthe thionscal an Aontais freisin. In 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, thit praghsanna allmhairiúcháin na Síne fiú faoi bhun chostas táirgthe aonaid leibhéal 3 thionscal an Aontais, na deighleoige costais is ísle agus phríomhleibhéal allmhairí na Síne (Tábla 11). Mar a mhínítear i roinn 4.6.3.1 thíos, tháinig méadú níos tapúla ar chostais aonaid thionscal an Aontais ná ar a phraghsanna díola le linn na tréimhse ar gach leibhéal. Léiríonn sé sin nach raibh an tionscal in ann costais a bhí ag ardú a chur ar aghaidh go hiomlán mar gheall ar bhrú leanúnach praghsanna ó mhéideanna méadaitheacha allmhairí ar phraghas íseal ón tSín.

(462) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh CRIA gur fhan praghsanna díola thionscal an Aontais os cionn a gcostas táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú a léirigh nach raibh ísliú praghsanna ná sochtadh praghsanna ann a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh. Dúirt Kumho freisin gur chruthaigh an fíoras go raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú go raibh easpa sochta praghsanna ann.

(463) I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire nach gceanglaítear le sochtadh praghsanna ar an tionscal a bheith neamhbhrabúsach ná nach gcuirtear cosc leis ar mhéaduithe ar phraghsanna a bheith ann. Níl sa chaighdeán dlíthiúil faoi Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán ach an bhfuil allmhairí is ábhar don imscrúdú ag cur cosc ar *'méaduithe ar phraghsanna a tharlódh murach sin'*, is é sin go díreach an méid a tharla sa chás seo, mar a léirítear i dTábla 8 a léiríonn nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghas díola a choigeartú don chostas táirgthe, agus tháinig méadú níos tapúla ar an gcostas táirgthe. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh CRIA agus Kumho.

4.6. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.6.1. *Barúlacha ginearálta*

(464) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(465) Mar a luaitear in aithris (16), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(466) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí sa ghearán, ar bhonn an fhreagra ar an macraicheistneoir a sholáthair Tyres Europe agus ar bhonn staidreamh Eurostat. Bhain na sonraí ó Tyres Europe le breis agus 10 ngrúpa táirgeoirí de chuid an Aontais, arb ionann iad agus os cionn 90 % de tháirgeacht iomlán an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(467) Is iad seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(468) Is iad seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

(469) Mar a luadh cheana in aithrisí (425) agus (426), mheas an Coimisiún, d'ainneoin dheighilt mhargadh an Aontais ina leibhéil, go bhfuil na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna agus an úsáid bhunúsach chéanna ag boinn mar a shainmhínítear i roinn 2.1. Dá dheasca sin, cinneadh an díobháil ar leibhéal an táirge faoi imscrúdú (gach leibhéal le chéile). Go háirithe, chinn an Comhlacht Achomhairc *'i gcás ina ndéanann údaráis imscrúdúcháin scrúdú ar chuid amháin den tionscal intíre, ba cheart dóibh, i bprionsabal, scrúdú a dhéanamh, ar an mbealach céanna, ar na codanna eile uile atá sa tionscal sin, chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar an tionscal ina iomláine'* ([177]). Mar sin féin, i bhfianaise chineál deighilte an mhargaidh, comhlánaíodh an anailís chomhiomlánaithe le hanailís leibhéil i gcás inar féidir.

4.6.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

(470) Suíodh táscairí maicreacnamaíocha trí úsáid a bhaint as an bhfreagra fíoraithe ar an gceistneoir ó Tyres Europe, lenar comhcheanglaíodh faisnéis a fuarthas ó shonraí EUROPOOL le faisnéis bhreise arna soláthar ag táirgeoirí de chuid an Aontais a bhfuil formhór mór de tháirgeacht an Aontais acu (os cionn 80 % de tháirgeacht an Aontais).

4.6.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(471) Suíodh táirgeacht an Aontais trí dhíolacháin an Aontais (mar a thuairiscigh Tyres Europe) a chur le díolacháin onnmhairiúcháin bunaithe ar Eurostat, arna gcoigeartú leis an éagsúlacht stoic, ar a thuairiscigh táirgeoirí an Aontais arb ionann iad agus tromlach mór de tháirgeacht an Aontais. Bhí an coigeartú stoic faoi bhun 1 % den leibhéal táirgeachta iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(472) Bhí úsáid acmhainneachta bunaithe ar na sonraí a thuairiscigh táirgeoirí de chuid an Aontais arb ionann iad agus tromlach mór de tháirgeacht an Aontais agus rinneadh acmhainneacht táirgeachta a mheas bunaithe ar tháirgeacht arna roinnt ar an ráta úsáide acmhainneachta.

(473) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
Cainníocht táirgeachta (píosaí)	272 217 031	264 910 073	252 553 303	251 768 971
Innéacs	*100*	*97*	*93*	*92*

([177]) WT/DS184/AB/R, 22 Lúnasa 2001, na Stáit Aontaithe - Bearta Frithdhumpála ar tháirgí áirithe cruach te-rollta ón tSeapáin, mír 204.

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
Acmhainneacht táirgeachta (píosaí)	315 079 224	308 084 155	305 842 283	302 027 262
Innéacs	*100*	*98*	*97*	*96*
Úsáid acmhainneachta (%)	86	86	83	83
Innéacs	*100*	*100*	*97*	*97*

Foinse: Tyres Europe - freagra fíoraithe ar an macraicheistneoir, Eurostat Comext

(474) Tháinig laghdú de réir a chéile ar tháirgeacht an Aontais gach bliain le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar an iomlán, i margadh atá ag fás (Tábla 2 thuas), tháinig laghdú 8 % ar tháirgeacht an Aontais i.e. faoi thart ar 20 milliún bonn.

(475) Tháinig laghdú freisin ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú cé go raibh sé beagán níos moille. Ar an iomlán, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú thart ar 13 mhilliún bonn ar an acmhainneacht táirgeachta, arb ionann é agus laghdú 4 %.

(476) Dá bhrí sin, tháinig laghdú 3 phointe céatadáin ar úsáid acmhainneachta ó 86 % sa chéad leath den tréimhse faoi bhreathnú go 83 % sa dara leath. Léiríonn sé sin iarrachtaí thionscal an Aontais leibhéal úsáide acmhainneachta atá inghlactha ar an iomlán a choinneáil ar bun trí acmhainneacht táirgeachta agus aschur táirgeachta a choigeartú mar fhreagairt ar na díolacháin ag laghdú (Tábla 6 thíos).

4.6.2.2. An chainníocht díolachán agus an sciar den mhargadh

(477) Suíodh díolacháin an Aontais trí allmhairí an Aontais (Tábla 3 thuas) a bhaint de thomhaltas an Aontais (Tábla 2 thuas). Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6 —

Cainníocht na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
An chainníocht iomlán díolachán ar mhargadh an Aontais (píosaí)	185 445 689	180 034 202	176 741 595	178 640 551
Innéacs	*100*	*97*	*95*	*96*
An sciar den mhargadh (%)	60	57	57	53
Innéacs	*100*	*95*	*95*	*88*

Foinse: Tyres Europe - freagra fíoraithe ar an macraicheistneoir, Eurostat Comext

(478) Lean méid díolachán thionscal an Aontais de bheith ag laghdú le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig méadú beag air le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ach d'fhan sé faoi bhun leibhéal 2021, áfach. Ar an iomlán, tháinig laghdú thart ar 7 milliún bonn ar an méid díolachán, arb ionann é agus laghdú 4 %, i gcodarsnacht le forbairt thomhaltas an Aontais ar tháinig méadú 8 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú (Tábla 2 thuas).

(479) I bhfianaise fhás mhargadh an Aontais, mar thoradh ar an laghdú sin ar an méid díolachán, cailleadh sciar suntasach den mhargadh do thionscal an Aontais, ó 60 % in 2021 go 53 % in 2024, arb ionann é agus laghdú 12 %.

4.6.2.3. Fás

(480) Cé gur tháinig méadú thart ar 25 mhilliún bonn ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ní raibh tionscal an Aontais in ann tairbhe a bhaint as an treocht dhearfach sin. Ina ionad sin, tháinig laghdú thart ar 7 milliún bonn ar a mhéid díolacháin agus chaill sé 7 bpointe céatadáin den sciar den mhargadh. An tráth céanna, tháinig méadú seasta thart ar 35 mhilliún bonn ar mhéid allmhairí na Síne chuig an Aontas agus ghlac siad chuige féin an sciar den mhargadh a chaill tionscal an Aontais (Táblaí 2 agus 3 thuas).

4.6.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(481) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7 –

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
An líon fostaithe (FTE)	84 714	83 705	81 903	80 194
Innéacs	*100*	*99*	*97*	*95*
Táirgiúlacht (píosaí/ coibhéis lánaimseartha)	3 213	3 165	3 084	3 139
Innéacs	*100*	*99*	*96*	*98*

Foinse: Tyres Europe - freagra fíoraithe ar an macraicheistneoir.

(482) Tháinig laghdú 5 % ar an bhfostaíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú ag leanúint na dtreochtaí táirgthe. Comhfhreagraíonn an laghdú sin do chaillteanas thart ar 4 500 post coibhéiseach lánaimseartha san Aontas.

(483) Tháinig laghdú de réir a chéile ar tháirgiúlacht ó 2021 go 2023 agus tháinig méadú beag uirthi le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú 2 % air ar an iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.6.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(484) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(485) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.6.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.6.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(486) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8 –

Praghsanna díola san Aontas agus Costas táirgthe

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
An meánphraghas díola aonaid san Aontas (EUR/bonn)	54,1	62,0	64,9	62,4

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
Innéacs	*100*	*115*	*120*	*115*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/bonn)	46,1	54,1	57,8	57,5
Innéacs	*100*	*117*	*125*	*125*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(487) Tháinig méadú 15 % ar mheánphraghas díola aonaid tháirgeoirí an Aontais den chéad uair in 2022 agus méadú 20 % in 2023 ó thús na tréimhse faoi bhreathnú. Thit an meánphraghas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar ais go dtí leibhéal praghsanna 2022 ach d'fhan sé os cionn leibhéil 2021 agus méadú foriomlán 15 % ann, rud a chomhfhreagraíonn d'ardú beagnach EUR 8/bonn.

(488) Mar a léirítear i dTábla 4 thuas, d'fhan meánphraghsanna allmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas, a bhaineann go príomha le boinn leibhéal 3, go comhsheasmhach faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse céanna.

(489) Tháinig méadú níos mó ná na praghsanna díola ar chostas táirgthe an Aontais, méadú 25 % (EUR 11/bonn ar an meán) le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is é is cúis leis an méadú suntasach ar chostais den chuid is mó an t-ardú ar chostais fuinnimh agus saothair agus ar chuid de na praghsanna amhábhar. I bhfianaise an laghdaithe ar chainníocht na táirgeachta, tháinig méadú freisin ar chostais sheasta, amhail dímheas agus forchostais mhonaraíochta in aghaidh an aonaid.

(490) Mar is léir ó na treochtaí thuas, sháraigh ráta fáis an chostais táirgthe na méaduithe ar an bpraghas díola, rud a chiallaíonn gur bhain sochtadh praghsanna do thionscal an Aontais agus nach raibh sé in ann an t-ardú ar a chostas a chur ar aghaidh go hiomlán chuig na praghsanna díola.

(491) Rinneadh anailís ar leithligh in aghaidh an leibhéil mar a achoimrítear thíos.

Tábla 9 —

Praghsanna díola san Aontas agus costas táirgthe — Leibhéal 1

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
An meánphraghas díola aonaid san Aontas (EUR/bonn)	65,8	73,5	74,4	71,5
Innéacs	*100*	*112*	*113*	*109*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/bonn)	55,8	63,8	65,5	65,9
Innéacs	*100*	*114*	*117*	*118*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

Tábla 10 —

Praghsanna díola san Aontas agus costas táirgthe — Leibhéal 2

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
An meánphraghas díola aonaid san Aontas (EUR/bonn)	37,9	44,5	47,5	45,3

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
Innéacs	*100*	*117*	*125*	*120*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/bonn)	31,3	36,8	41,2	39,4
Innéacs	*100*	*118*	*132*	*126*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

Tábla 11 —

Praghsanna díola san Aontas agus costas táirgthe — Leibhéal 3

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
An meánphraghas díola aonaid san Aontas (EUR/bonn)	29,1	35,0	37,1	36,1
Innéacs	*100*	*120*	*127*	*124*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/bonn)	26,4	33,1	37,8	35,4
Innéacs	*100*	*126*	*144*	*134*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(492) Mar is féidir a fheiceáil ó na táblaí thuas, is féidir treochtaí comhchosúla a fheiceáil i ngach leibhéal ina aonar, amhail ar an leibhéal comhiomlánaithe.

(493) Tháinig méadú ar phraghsanna díola aonaid ar gach leibhéal idir 2021 agus 2023 agus ansin tháinig laghdú beag orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an iomlán, tháinig ardú 9 %, 20 % agus 24 % ar phraghsanna ar leibhéal 1, leibhéal 2 agus leibhéal 3 faoi seach. I gcomparáid leis sin, d'fhan praghsanna allmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas i gcónaí faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais de gach leibhéal, mar a mhínítear cheana in aithris (461) thuas.

(494) Lean costas aonaid táirgthe thionscal an Aontais treochtaí comhchosúla le praghsanna díola le haghaidh leibhéil 2 agus 3, is é sin tháinig méadú air idir 2021 agus 2023 agus tháinig laghdú beag air ansin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú agus i gcás gach leibhéil, bhí luas an mhéadaithe ar an gcostas aonaid níos mó ná luas an phraghais díola aonaid lena ndeimhnítear an treocht a breathnaíodh ar an leibhéal comhiomlán.

4.6.3.2. Costais saothair

(495) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12 —

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	53 697	54 345	56 634	60 521
Innéacs	*100*	*101*	*105*	*113*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(496) Tháinig méadú de réir a chéile ar mheánchostais saothair ó bhliain go bliain le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba é 13 % an méadú foriomlán, méadú arb iad treochtaí boilscitheacha san Aontas is cúis leis den chuid is mó. Ina theannta sin, léiríonn an méadú in 2024 freisin an costas saothair forlíontach a bhaineann le dífhostuithe a tharla le linn na tréimhse sin.

4.6.3.3. Fardail (stoic)

(497) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13 —

Stoic

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
Stoc deiridh (píosaí)	5 881 772	6 385 905	5 698 728	6 096 676
Innéacs	*100*	*109*	*97*	*104*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	14,7	16,1	15,7	16,7

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(498) Léirigh leibhéil fardail roinnt mionluaineachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú ach d'fhan siad réasúnta cobhsaí i dtéarmaí a gcéatadán táirgeachta, idir 14 % agus 17 %. Is féidir an leibhéal agus an éagsúlacht san fhardal a breathnaíodh a mheas mar ghnáthleibhéal do thionscal na mbonn. Ar an iomlán, tháinig méadú 4 % ar leibhéal na stoc deiridh le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.6.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(499) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 14

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	14,8	12,8	11,0	8,0
Innéacs	*100*	*86*	*74*	*54*
Sreabhadh airgid (EUR)	455 834 373	382 313 353	580 698 485	715 878 931
Innéacs	*100*	*84*	*127*	*157*
Infheistíochtaí (EUR)	86 997 702	135 635 952	146 344 830	225 146 035
Innéacs	*100*	*156*	*168*	*259*

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
Toradh ar infheistíochtaí (%)	64,6	67,4	83,7	82,2
Innéacs	*100*	*104*	*130*	*127*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(500) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(501) Léirigh an bhrabúsacht (gach leibhéal le chéile) treocht laghdaitheach shoiléir le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar an iomlán, tháinig laghdú ar an mbrabúsacht ó 14,8 % in 2021 go 8 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a chiallaíonn laghdú 6,8 pointe céatadáin nó laghdú 46 %, rud atá suntasach.

(502) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. D'fhorbair an treocht i nglansreabhadh airgid go dearfach le laghdú in 2022, ansin tharla méadú go dtí deireadh na tréimhse faoi bhreathnú. Ar an iomlán, tháinig feabhas 57 % ar staid an tsreafa airgid.

(503) Tháinig méadú suntasach 159 % ar an iomlán ar infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tharla an méadú bliantúil ba mhó 54 % ó 2023 go 2024, ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú. I ndearbhthéarmaí, shroich infheistíochtaí EUR 225 mhilliún in 2024, ar féidir iad a mheas mar mhéid tábhachtach arb é atá ann an ceathrú cuid de na sócmhainní seasta a úsáidtear chun boinn a tháirgeadh. Cé gur laghdaigh tionscal an Aontais a acmhainneacht, rinne sé infheistíocht freisin i nuachóiriú a threalaimh táirgeachta chun a inbhuanaitheacht a áirithiú.

(504) D'áitigh CRIA gur cruthúnas iad infheistíochtaí arda ar easpa díobhála, mar a chinn an Coimisiún in imscrúduithe ([178]) eile roimhe seo.

(505) Ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach a thabhairt chun suntais gur thángthas ar an gconclúid sna cásanna a d'ardaigh CRIA maidir le heaspa díobhála ar bhonn meascán de tháscairí díobhála iomadúla, ní hamháin infheistíochtaí. Thairis sin, ní mór an t-ardleibhéal infheistíochtaí a léirigh tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus go háirithe in 2024 a fheiceáil i gcomhthéacs na hiomaíochta méadaithe ó allmhairí dumpáilte ón tSín as a n-eascraíonn dúnadh gléasraí le déanaí agus atá ar tí tarlú agus an athoiriúnú agus an nuachóiriú is gá a dhéanamh ar na saoráidí táirgthe atá fágtha i dtreo táirgí fonsa níos airde ar ardchaighdeán chun ceannaireacht agus inmharthanacht thionscal an Aontais a dhaingniú sna deighleoga níos airde ar a laghad (leibhéal 1 go háirithe). I gcomhthéacs acmhainneacht laghdaithe agus chun a hinbhuanaitheacht a áirithiú, ní raibh aon rogha eile ag tionscal an Aontais ach leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua agus trealamh a ionadú chun díriú ar tháirgí ina raibh iomaíocht nach raibh chomh héagórach céanna rompu.

(506) Tá nuachóiriú na saoráidí táirgthe luaite in aighneachtaí iomadúla ó pháirtithe leasmhara, go háirithe ag Deldo agus Interpneu. Ina n-aighneacht, d'áitigh Deldo agus Interpneu go bhfuil díobháil ann i ndáiríre mar gheall ar chostais arda infheistíochta, a rinne tionscal an Aontais chun éifeachtúlacht agus iomaíochas níos fearr a bhaint amach, seachas allmhairí ón tSín. Mar sin féin, níor thug na páirtithe sin bunús lena maíomh maidir leis an gcaoi a ndéanann na costais arda infheistíochta difear don díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh gur costais arda infheistíochta ba chúis leis an díobháil.

([178]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1159 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sraithadhmaid okume de thionscnamh na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 153, 14.6.2023, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1159/oj). aithrisí (173) agus (178) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/931 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid ocsalaigh de thionscnamh na hIndia agus na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 165, 2.7.2018, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/931/oj). aithrisí (121) agus (129).

(507) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar (i.e. iomlán na sócmhainní seasta a úsáidtear le haghaidh táirgthe). Tháinig forbairt dhearfach ar an táscaire airgeadais sin freisin le méadú bliain ar bhliain de réir a chéile le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus fás foriomlán 27 %.

(508) Rinneadh anailís aonair ar bhrabúsacht in aghaidh an leibhéil freisin. Ós rud é gur féidir gach leibhéal a tháirgeadh ar na línte táirgthe céanna agus nach bhfuil an t-innealra curtha in áirithe do leibhéil áirithe, ní raibh tionscal an Aontais in ann miondealú bríoch ar leibhéil a sholáthar le haghaidh na dtáscairí airgeadais eile a ndearnadh anailís orthu sa roinn seo.

Tábla 15 —

Brabúsacht — Leibhéal 1, Leibhéal 2 agus Leibhéal 3

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán) – Leibhéal 1	15,1 %	13,2 %	12,0 %	7,9 %
Innéacs	*100*	*87*	*79*	*52*
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán) – Leibhéal 2	17,6	17,3	13,4	13,0
Innéacs	*100*	*98*	*76*	*74*
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán) – Leibhéal 3	9,4	5,7	- 2,0	2,1
Innéacs	*100*	*60*	*- 21*	*22*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(509) Mar is léir ó Thábla 15 thuas, tháinig laghdú ar an mbrabúsacht ar gach leibhéal le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a dheimhníonn an treocht a breathnaíodh ar leibhéal an táirge chomhiomláin (Tábla 14 thuas).

(510) I ndeighleog den scoth leibhéal 1, tháinig laghdú leanúnach ar bhrabúsacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ag titim ó 15,1 % in 2021 go 7,9 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is é sin le rá, tháinig laghdú beagnach faoina leath ar an mbrabúsacht (laghdú 48 %).

(511) Tháinig laghdú níos measartha ar dheighleog leibhéal 2 agus tháinig laghdú foriomlán 26 % uirthi ó 17,6 % maith in 2021 go 13 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(512) Ní nach ionadh, tháinig an meath is feiceálaí ar bhrabúsacht i ndeighleog leibhéal buiséid 3 ina ndírítear an chuid is mó de mhéid na n-allmhairí dumpáilte ón tSín. Go deimhin, sa deighleog sin, níor éirigh le tionscal an Aontais leibhéil bhrabúis inmharthana a fháil cé is moite de 2021. I dtéarmaí nithiúla, tháinig laghdú ar an mbrabúsacht ó 9,4 % go 5,7 % in 2022 agus d'éirigh sí diúltach fiú in 2023 (-2 %). Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig téarnamh beag go 2,1 % ar an mbrabúsacht ach d'fhan sí fós go mór faoi bhun leibhéal 2021.

4.7. **Conclúid maidir le díobháil**

(513) Mar a léirítear i dTábla 3 thuas, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 62 %, nó thart ar 35 mhilliún bonn, ar mhéid na n-allmhairí ón tSín isteach san Aontas. Sa tréimhse chéanna, tháinig méadú 12 % ar phraghas allmhairí na Síne chuig an Aontas (Tábla 4 thuas), ar méadú beag é i gcomparáid leis an bhforbairt praghsanna ar mhargadh an Aontais, is é sin praghsanna allmhairí eile ó thríú tíortha (+ 26 % mar a léirítear i dTábla 17 thíos), agus i gcomparáid le praghsanna thionscal an Aontais atá i bhfad níos airde cheana féin (+ 15 % mar a léirítear i dTábla 8 thíos).

(514) Ní raibh tionscal an Aontais in ann tairbhe a bhaint as tomhaltas méadaitheach an Aontais agus chaill sé méideanna táirgeachta agus díolacháin araon faoi 20 milliún agus 7 milliún bonn faoi seach. Chaill sé 7 bpointe céatadáin den sciar den mhargadh, a laghdaigh ó 60 % go 53 %. Tháinig laghdú 4 % ar acmhainneacht thionscal an Aontais agus tháinig laghdú ar úsáid acmhainneachta ó 86 % go 83 %. Tháinig laghdú de réir a chéile ar an bhfostaíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus laghdú 5 % ar an iomlán a chomhfhreagraíonn do chaillteanas thart ar 4 500 post coibhéiseach lánaimseartha. Tháinig laghdú 2 % ar tháirgiúlacht freisin.

(515) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 25 % ar mheánchostas aonaid táirgthe thionscal an Aontais (gach leibhéal le chéile), rud a chomhfhreagraíonn do thart ar EUR 11/bonn, agus níor tháinig ach méadú 15 % ar a mheánphraghsanna díola san Aontas, níos lú ná EUR 8/bonn. Is é sin le rá, ní raibh tionscal an Aontais in ann a mhéaduithe costais a chur ar aghaidh chuig a chustaiméirí. Tugadh na treochtaí céanna faoi deara freisin ar leibhéal níos mionsonraithe. Dá bhrí sin, tháinig laghdú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais ar an leibhéal comhiomlán (-46 %) agus ar gach leibhéal ina aonar (-48 %, -26 % agus -78 % ar leibhéil 1, 2 agus 3 faoi seach).

(516) Cé gur léirigh roinnt táscairí díobhála treocht chobhsaí nó mhéadaitheach, i.e. sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíocht (féach Tábla 14 thuas), níl na táscairí sin cinntitheach maidir le staid fhoriomlán an tionscail. Is é sin, is freagairt straitéiseach ar dhálaí díobhálacha é méadú ar infheistíochtaí sa chás reatha i bhfoirm atheagrú agus athoiriúnú tapa, seachas fianaise ar leathnú tionscail fholláin mar a mhínítear in aithris (503) thuas. Ar an gcaoi chéanna, ní léirítear neart oibríochtúil leis an bhfeabhas ar an toradh ar infheistíocht. Léiríonn sé cúlú struchtúrach ó dheighleoga leibhéil níos ísle, áit nach féidir leis an tionscal dul san iomaíocht a thuilleadh ó thaobh praghsanna de, i dtreo táirgí leibhéal 1 nach bhfuil an iomaíocht praghsanna chomh dian céanna iontu. Tagann feabhas ar an toradh díreach toisc go bhfuil praghsanna níos airde agus, dá bhrí sin, corrlaigh níos airde ag táirgí leibhéal 1, ní toisc go bhfuil feabhas tagtha ar bhunfheidhmíocht an tionscail. Thairis sin, d'fhéadfadh sreabhadh airgid a bheith mar thoradh ar chleachtais chuntasaíochta (e.g. cothabháil a chur siar, dímheas neamhairgid) seachas léiriú ar fheidhmíocht iomaíoch láithreach an mhargaidh. Dá réir sin, d'fhéadfaidís fanacht cobhsaí go sealadach fiú i gcúinsí ina bhfuil príomhtháscairí oibríochtúla, amhail méideanna díolachán, praghsanna agus brabúsacht, ag dul in olcas cheana féin mar thoradh ar dhumpáil dhíobhálach.

(517) Mar chonclúid, léirigh formhór na dtáscairí díobhála amhail táirgeacht, acmhainneacht, úsáid acmhainneachta, cainníocht díolacháin, sciar den mhargadh, fostaíocht, brabúsacht agus táirgiúlacht treocht dhiúltach shoiléir le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Deimhníodh na treochtaí diúltacha leis an anailís ar na leibhéil, is é sin maidir le costas, praghas agus brabúsacht in aghaidh an leibhéil, a léirigh méadú costais a bhí níos mó ná méadú an phraghais díola, rud a chiallaíonn laghdú ar bhrabúsacht i ngach leibhéal, agus leibhéal 3 ag éirí neamh-inmharthana go heacnamaíoch do thionscal an Aontais agus aghaidh á tabhairt aige ar mhéideanna méadaithe allmhairí ón tSín. Sa phictiúr foriomlán díobhála, nuair a dhéantar measúnú iomlánaíoch orthu, is mó na forbairtí diúltacha sin ná na comharthaí dearfacha teoranta (maidir le sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíochtaí) agus tacaíonn siad le toradh díobhála ábhartha.

(518) Mhaígh páirtithe éagsúla, Deldo agus Interpneu, Giti Group agus CRIA, nár bhain díobháil do thionscal an Aontais, go háirithe i ndeighleoga leibhéal 1 agus leibhéal 2. Is é sin, d'áitigh Deldo agus Interpneu nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus luaigh siad na torthaí maithe airgeadais i ráitis airgeadais 2024 atá ar fáil go poiblí ó chuid de na grúpaí is mó de tháirgeoirí an Aontais. Luaigh na páirtithe sin freisin nach bhféadfaí aon anailís díobhála cheart a dhéanamh gan eolas a bheith acu ar dháileadh mhéid na ndíolachán in aghaidh an leibhéil.

(519) Thug an Coimisiún dá aire nár bhain ráitis airgeadais grúpaí áirithe táirgeoirí de chuid an Aontais a bhí ar fáil go poiblí leis an táirge faoi imscrúdú ná leis na díolacháin ar mhargadh an Aontais go heisiach agus, dá bhrí sin, nár bhréagnaigh siad na torthaí díobhála.

(520) A mhéid a bhaineann leis an iarraidh ar an anailís díobhála in éineacht le faisnéis maidir leis an méid díolachán in aghaidh an leibhéil, chuir an Coimisiún an fhaisnéis sin isteach i dTábla 16 thíos ina soláthraítear achoimre bunaithe ar shonraí fíoraithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais. An anailís ar threochtaí díolacháin laghdaitheacha thionscal an Aontais ar leibhéal 2 agus ar leibhéal 3, is táscaire soiléir í ar bhrú iomaíoch na n-allmhairí dumpáilte ón tSín.

Tábla 16 —

Dáileadh leibhéal mhéid díolachán thionscal an Aontais (%)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
Leibhéal 1	64	66	71	70
Leibhéal 2	18	16	15	16
Leibhéal 3	18	18	14	14
Iomlán	100	100	100	100

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(521) Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (469), thángthas ar an gconclúid san imscrúdú gurb iomchuí an t-imscrúdú agus an measúnú díobhála a dhéanamh ar an raon táirge iomlán (gach leibhéal le chéile) agus é a chomhlánú, i gcás inarb indéanta, le hanailís ar leibhéal níos mionsonraithe. Mar a léirítear i dTáblaí 9, 10, 11 agus 15 thuas, deimhníodh leis na sonraí ar an leibhéal, agus dáileadh an mhéid díolachán mar a léirítear i dtábla 16 thuas, an díobháil a fuarthas ar an leibhéal comhiomlán. Mar a luaitear in aithrisí (425) agus (426), shuigh an Coimisiún go raibh iomaíocht idir leibhéil ann. Mar thoradh air sin, tá na hallmhairí ar phraghas íseal de leibhéal 3 ón tSín den chuid is mó ag brú thionscal an Aontais isteach sna deighleoga uachtaracha ach i bhfianaise an bhrú ar phraghsanna, tháinig laghdú ar mhéideanna agus ar bhrabúsacht sna deighleoga sin freisin. Is é an réasúnaíocht atá taobh thiar den bhrú praghsanna sin, fiú dá mbeadh údar leis an difríocht sa phraghas i measc leibhéil éagsúla go pointe áirithe de bharr caighdeáin cháilíochta agus feidhmíochta níos airde sna leibhéil uachtaracha, dá mhéad a leathnaíonn an bhearna phraghais idir leibhéal 3 agus na deighleoga uachtaracha, is ea is mó a d'aistreodh ceannaitheoirí chuig deighleoga níos ísle. Dá réir sin, ní hamháin go ndéanann allmhairí dumpáilte ón tSín díobháil don deighleog ina bhfuil siad in iomaíocht dhíreach, saobhann siad iompraíocht cheannaigh ar fud an mhargaidh ina iomláine, rud a chuireann cosc ar éileamh agus ar phraghsanna ar bhoinn a tháirgtear san Aontas ar gach leibhéal. Tá sé sin níos fíre fós ós rud é go bhfuil feidhmíochtaí comhchosúla ag táirgí leibhéal 2 nó 3, i gcás paraiméadair theicniúla áirithe, le táirgí ó leibhéil níos airde. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh maidir le heaspa díobhála a bhain do thionscal an Aontais.

(522) Tar éis an nochta chinntithigh, d'aontaigh GITI Group gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí ón tSín ar leibhéal 3 den chuid is mó, ach mhaígh sé, áfach, go raibh an díobháil sin teoranta do leibhéal 3 (i.e. 14 % de dhíolacháin thionscal an Aontais) agus nach bhféadfaí í a eachtarshuí go dtí an chuid eile de dhíolacháin an Aontais i.e. go dtí leibhéal 1 agus leibhéal 2 gan anailís díobhála atá deighilte go hiomlán. Thagair GITI Group do thorthaí chás an Bhuanchomhlachta Achomhairc sa tSín ([179]) - HP-SSST (an tSeapáin) gan tuilleadh sonraí a sholáthar ina mbarúlacha oscailte. De réir Ghrúpa GITI nuair a bhreathnaítear ar leibhéal 1 agus ar leibhéal 2 ar leithligh, níorbh fhéidir aon díobháil a aimsiú. I ndáil leis sin, d'áitigh GITI Group go raibh na treochtaí sa toradh ar infheistíocht le linn na tréimhse céanna ag teacht salach ar an laghdú brabúsachta ar leibhéal 1 agus in aon chás nárbh fhéidir é a dhéanamh mar gheall ar na hallmhairí ón tSín ar leibhéal 3 den chuid is mó i bhfianaise na hiomaíochta dírí teoranta idir leibhéal 3 agus leibhéal 1. Ina ionad sin, d'áitigh GITI Group gur tháinig laghdú ar bhrabúsacht le haghaidh leibhéal 1 mar gheall ar chaillteanais mhéid na n-onnmhairí agus an méadú ar an gcostas aonaid ina dhiaidh sin. I gcás leibhéal 2, mheas GITI Group gur theip ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfadh sé gurbh é aistriú i dtreo díolacháin costas táirgthe ba chúis leis an laghdú ar bhrabús. Thairis sin, d'áitigh GITI Group, ós rud é nár aimsíodh aon sladghearradh ar leibhéal 2, gur sháraigh an Coimisiún, trína thorthaí maidir le sladghearradh a eachtarshuí ó 14 % dá dhíolacháin go dtí an chuid eile, a oibleagáidí faoi Airteagail 3(2) agus 3(3) den bhun-Rialachán, i.e. chun éifeachtaí praghais a shuí bunaithe ar imscrúdú oibiachtúil agus ar fhianaise dhearfach. Mar thoradh air sin, mhaígh GITI Group nach bhféadfaí bearta (más ann dóibh) a fhorchur ach amháin ar allmhairí Síneacha leibhéal 3.

([179]) Tuarascálacha ón mBuanchomhlacht Achomhairc, An tSín - Bearta lena bhForchuirtear Dleachtanna Frithdhumpála ar Fheadáin Gan Foireann d'Ardfheidhmíochta Cruach dhosmálta ('HP-SSST') ón tSeapáin/an tSín - Bearta lena bhForchuirtear Dleachtanna Frithdhumpála ar Fheadáin Gan Foireann d'Ardfheidhmíochta ('HP-SSST') ón Aontas Eorpach, WT/DS454/AB/R agus TW/DS460/AG/R agus cuir isteach. 1, mír 5.204 ina luaitear, dá réir sin, Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, Na Stáit Aontaithe - Bearta Frithdhumpála ar Tháirgí Cruach Teorollta Áirithe ón tSeapáin, WT/DS184/AB/R, mír 195.

(523) Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh Kumho gur ghá measúnú díobhála deighilte a dhéanamh ar mhargadh deighilte agus go raibh an díobháil teoranta do leibhéal 3 agus nach bhféadfaí í a eachtarshuí chuig tionscal iomlán an Aontais, a raibh 86 % dá dhíolacháin i leibhéil 1 agus 2 aige. Mheas Kumho nár léirigh leibhéil 1 agus 2 aon chomhartha díobhála toisc nár aimsíodh aon sladghearradh sa dá leibhéal sin agus go raibh tionscal an Aontais fós brabúsach. Dúirt Kumho freisin go raibh an meánchorrlach sladghearrtha lena gcomhbhailítear leibhéal 2 agus leibhéal 3 lochtach ó thaobh na modheolaíochta de, toisc nach ndearnadh comparáid idir é agus an meánchorrlach céanna. Ar deireadh, dúirt Kumho freisin gur fhan an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais os cionn 50 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus nár tháinig ach laghdú teoranta air. Luaigh Kumho cás cúirte ([180]) inar neamhnigh an Chúirt, faoi imthosca comhchosúla, Rialachán lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha mar gheall ar earráid fhollasach a rinne an Coimisiún nuair a tháinig sí ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

(524) Dúirt CRIA freisin nach mór don Choimisiún anailís díobhála agus chúisíochta atá deighilte go hiomlán a dhéanamh agus scrúdú á dhéanamh aige ar thionscal an Aontais ina iomláine ag an am céanna. Luaigh CRIA gur ghá breathnú ar an laghdú ar an sciar den mhargadh i gcomhthéacs thomhaltas an Aontais a leathnú, tomhaltas a bhí comhchruinnithe den chuid is mó i leibhéal 3 agus a d'fhan na díolacháin ar leibhéal 1 agus 2 cobhsaí. Mhaígh CRIA, cé gur tháinig laghdú ar an mbrabúsacht, go raibh sí fós dearfach agus i bhfianaise na n-infheistíochtaí méadaithe nach díobháil ábhartha a bhí inti. Ar deireadh, d'áitigh CRIA freisin go raibh gá le hanailís dheighilte bhreise ar na boinn nideoige mar gheall ar a n-easpa idirmhalartaitheachta agus thagair sé do na sonraí a sholáthair Shandong Linglong, táirgeoir onnmhairiúcháin a sampláladh san imscrúdú fóirdheontais comhthreomhar atá ar siúl ([181]) ar ar a bhonn a d'fhéadfaí an anailís sin a dhéanamh.

(525) Mheas an Coimisiún, i bhfianaise inionadaitheacht an táirge agus an chaidrimh iomaíoch idir leibhéil agus cineálacha éagsúla táirgí (lena n-áirítear boinn nideoige), mar a dtugtar aghaidh orthu i roinn 4.3 thuas, nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le hanailís díobhála agus cúisíochta atá deighilte go hiomlán. Maidir leis an easpa díobhála ábhartha líomhnaithe i leibhéil 1 agus 2, mheabhraigh an Coimisiún nár cheart an anailís ar shladghearradh praghais agus táscairí díobhála eile a dhéanamh ina n-aonar agus go léiríonn gnéithe amhail sochtadh praghsanna agus éabhlóid na brabúsachta le haghaidh leibhéil 1 agus 2 go soiléir díobháil ábhartha i gcomhthéacs allmhairí Síneacha atá ag méadú agus a bhfuil tionchar acu ar gach leibhéal, bíodh sin go díreach nó go hindíreach (iomaíocht idir leibhéil). Thairis sin, ní fhéadfaí glacadh le hargóint GITI lena ndéantar comparáid idir éabhlóid an toraidh ar infheistíocht agus ar infheistíochtaí agus feidhmíocht thionscal an Aontais ar leibhéal 1 toisc go raibh sé ag brath ar fhaisnéis a bhaineann le tacair sonraí éagsúla (gach leibhéal vs. leibhéal 1 amháin). Ar an gcaoi chéanna, níor mhór diúltú don mhaíomh go raibh meath fheidhmíocht leibhéal 1 nasctha le laghdú ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin. Cé gur tháinig laghdú ar mhéid na n-onnmhairí, thug an Coimisiún faoi deara gur tháinig méadú suntasach ar phraghsanna onnmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú (+ 39 %, mar a léirítear i dTábla 18). Bhí an méadú sin i bhfad níos suntasaí ná an méadú a chonacthas i margadh an Aontais le linn na tréimhse céanna (+ 15 %, mar atá i dTábla 8). Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cúitíodh an laghdú ar mhéid na n-onnmhairí den chuid is mó le méadú ar phraghsanna agus go raibh sé dínasctha ó éabhlóid na feidhmíochta ar leibhéal 1. In aon chás, baineann an fheidhmíocht onnmhairiúcháin le gach leibhéal ach níor thagair GITI ach don fheidhmíocht i leibhéal 1. Diúltaíodh don mhaíomh amhantrach maidir le haistriú i dtreo díolacháin OE in éagmais fianaise tacaíochta.

(526) Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh na páirtithe sin nárbh fhéidir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais ar leibhéal 3 a eachtarshuí chuig an gcuid eile dá dhíolacháin mar gheall ar easpa sladghearrtha ar leibhéil 2 agus 1, thug siad neamhaird ar an gcinneadh maidir le sochtadh praghsanna i ngach leibhéal. Aithnítear freisin in Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán cúngú praghsanna mar léiriú bailí ar thionchar praghsanna na n-onnmhairí dumpáilte, rud a tugadh faoi deara ar fud na leibhéal uile mar a léirítear i roinn 4.6.3.1 agus in aithris (521) thuas. Mar fhreagra ar an maíomh maidir le bailíocht an chorrlaigh sladghearrtha chomhiomlánaithe, thug an Coimisiún dá aire gur áirithigh sé meaitseáil táirge fós agus gur soláthraíodh é mar thásc breise seachas mar ionadú ar chomparáid praghsanna na leibhéal. A mhéid a bhaineann leis an leibhéal brabúsachta agus an sciar den mhargadh, thug an Coimisiún dá aire, chun léiriú a thabhairt ar fheidhmíocht eacnamaíoch, nach mór breathnú ar na táscairí sin i dtéarmaí a dtreochtaí seachas a ndearbhleibhéal. Léirigh a dtreochtaí meath soiléir (i gcás brabúsachta ar gach

([180]) Breithiúnas na Cúirte Bhreithiúnais an 4 Feabhra 2021, eurocylinder systems , C-324/19, ECLI:EU:C:2021:94, míreanna 49 agus 50.

([181]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí aerbhonn nua, as rubar, de chineál a úsáidtear ar ghluaisteáin, ar bhusanna nó ar leoraithe ag a bhfuil innéacs ualaigh nach mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne – (IO C, C/2025/5924 an 6.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5924/oj).

leibhéal) agus dá bhrí sin cháiligh siad mar léiriú díobhála. In aon chás, mheas an Coimisiún nár leor an mheánbhrabúsacht 8 % a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdúcháin do thionscal atá dian ar chaipiteal amhail boinn agus faoi bhun an spriocbhrabúis bhunaithe. Maidir leis an sciar den mhargadh, mar a fhoráiltear i dTábla 6 thuas, comhartha eile díobhála ábhartha is ea caillteanas 10 bpointe céatadáin. Thairis sin, níor tugadh bunús le maíomh CRIA go raibh an méadú ar thomhaltas an Aontais teoranta do leibhéal 3 agus níor deimhníodh é leis an imscrúdú in aon chás, rud a léirigh go bhféadfadh tionscal an Aontais (cé go bhféadfadh sé a mhéideanna díolacháin a mhéadú go pointe teoranta) ar leibhéil níos airde (mar a léirítear i dTábla 16 thuas). Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh GITI Group, Kumho agus CRIA.

(527) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

(528) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, i leith na n-allmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin: feidhmíocht díolacháin onnmhairiúcháin thionscal an Aontais; allmhairí isteach san Aontas ó thríú tíortha eile; leibhéal ard féin-allmhairí ón tSín arna réadú ag tionscal an Aontais, agus an méadú ar chostais táirgthe.

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

(529) Mar a mhínítear i roinn 4.6.2, léiríodh san anailís ar tháscairí díobhála gur chaill tionscal an Aontais díolacháin, sciartha den mhargadh agus méideanna táirgeachta i margadh an Aontais atá ag fás agus gur tháinig méadú os cionn 35 mhilliún píosa ar allmhairí Síneacha isteach san Aontas le linn na tréimhse céanna. Dá bhrí sin, d'éirigh le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a sciar den mhargadh a mhéadú ó 18 % go 28 %, rud a chuaigh chun dochair do thionscal an Aontais den chuid is mó, ar tháinig laghdú ar a sciar den mhargadh ó 60 % go 53 %.

(530) Rinne praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón tSín sladghearradh suntasach ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar a léirítear in aithris (445), shroich an meánchorrlach sladghearrtha (le comparáid lena n-áirithítear meaitseáil leibhéil ar iarradh faisnéis ina leith ar leibhéal an idirbhirt díolacháin) 19 %. Ar leibhéal 3, bhí an meán-sladghearradh níos airde fós ag 34,7 %. Thairis sin, mar a míníodh cheana in aithris (461), bhí tionscal an Aontais faoi réir sochtadh praghsanna leanúnach agus méadaitheach. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí meánphraghsanna allmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas i gcónaí faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais agus ní hamháin ar leibhéal iomlán an táirge ach freisin nuair a bhreathnaítear ar leibhéil 3 agus 2 ina n-aonar. Trí bheith níos saoire go comhsheasmhach ná praghsanna díola thionscal an Aontais, chuir allmhairí na Síne brú leanúnach ar phraghsanna agus dá bhrí sin chuir siad cosc ar thionscal an Aontais a bheith in ann a phraghsanna a ardú i gcomhréir leis an méadú ar an gcostas táirgthe. Mar thoradh air sin, léirigh brabúsacht fhoriomlán thionscal an Aontais maidir le raon iomlán na dtáirgí treocht anuas shoiléir, rud a deimhníodh le hanailís ar an leibhéal (Táblaí 14 agus 15).

(531) Mar achoimre, léiríodh go soiléir san anailís ar na táscairí díobhála go raibh staid eacnamaíoch thionscal an Aontais tar éis dul in olcas agus gur tharla sé sin i gcomhthráth leis an méadú suntasach ar mhéid allmhairí na Síne ar phraghsanna an-íseal. Rinne praghsanna tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais agus chuir siad brú ar phraghsanna thionscal an Aontais, agus ar an gcaoi sin fuair siad sciartha den mhargadh.

(532) D'áitigh CRIA, Deldo, GITI Group agus Interpneu, fiú dá mba rud é go ndearnadh aon díobháil do thionscal an Aontais, nach féidir é sin a chur i leith allmhairí ón tSín, ós rud é go raibh siad sin comhchruinnithe beagnach go heisiach i leibhéal 3 a bhfuil ról imeallach aige i bhfeidhmíocht thionscal an Aontais, rud a d'aistrigh a fhócas chuig leibhéil níos airde agus níos brabúsaí. Dá dheasca sin, d'iarr CRIA agus GITI Group ar an gCoimisiún anailís chúisíochta a dhéanamh in aghaidh an leibhéil.

(533) Mar fhreagairt ar na maímh sin, mar a mhínítear cheana in aithrisí (425) agus (426), chinn an Coimisiún go gcuireann boinn dhumpáilte ó leibhéil níos ísle brú praghsanna anuas ar bhoinn ó leibhéil níos airde agus, ar an gcaoi sin, go gcreimeann siad a mbrabúsacht. Thairis sin, leis an dearbhú nach bhfuil ach ról imeallach ag leibhéal 3, déantar neamhaird ar chineál comhtháite tháirgeadh na mbonn. De ghnáth, monaraítear boinn atá dírithe ar leibhéil éagsúla ar an trealamh céanna trína ndéanann laghdú ar an méid táirgeachta ar leibhéal amháin difear do leibhéil eile an tráth céanna, ós rud é gur dosheachanta go mbíonn tionchar aige ar úsáid acmhainneachta, ar ionsú costais, agus ar éifeachtúlacht fhoriomlán ar fud na leibhéal uile. Ciallaíonn an t-idirspleáchas sin nach féidir brú i ndeighleog amháin a leithlisiú gan iarmhairtí don tionscal ina iomláine. Dá bhrí sin, rinneadh an measúnú díobhála ar raon iomlán an táirge, le hanailís bhreise ar tháscairí díobhála áirithe ar an leibhéal. Deimhníodh san anailís sin an díobháil a rinneadh ar leibhéil níos airde (leibhéal 2 agus leibhéal 1) freisin.

(534) Thairis sin, mar a mhínítear in aithrisí (425) agus (426), mheas an Coimisiún go raibh iomaíocht idir leibhéil ann, rud a chiallaíonn go raibh boinn laistigh de leibhéil chóngaracha in iomaíocht le chéile agus, dá bhrí sin, gur chuir allmhairí dumpáilte leibhéal 3 ón tSín brú praghsanna anuas, ní hamháin ar leibhéal 3 ach ar leibhéil níos airde freisin. Dá bhrí sin, ní raibh údar le hanailís chúisíochta dheighilte ar an leibhéal. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(535) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh CRIA, GITI Group, Kumho agus Shandong Yongsheng, mar gheall ar an inionadaitheacht theoranta agus ar an bhforluí iomaíoch idir leibhéal 1 agus leibhéal 3, nach raibh aon nasc cúisíoch idir allmhairí na Síne ar leibhéal 3 den chuid is mó agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, a dhírigh a ghníomhaíocht eacnamaíoch ar leibhéil 1 agus 2. I ndáil leis sin, chuir CRIA i dtábhacht nár leor an forluí imeallach le leibhéal 3 ar chor ar bith chun brú iomaíoch a chur ar leibhéal 2 gan trácht ar leibhéal 1. Dúirt Giti Group freisin, ós rud é nár chomhlíon an anailís ar phraghsanna Airteagail 3(2) agus 3(3) den bhun-Rialachán, is é sin le bunú ar imscrúdú oibiachtúil agus ar fhianaise dhearfach mar a mhínítear in aithris (522) thuas, gur baineadh an bonn den anailís chúisíochta ina hiomláine freisin. D'áitigh Shandong Yongsheng freisin gur léirigh an fíoras go raibh tionscal an Aontais fós in ann a phraghsanna a mhéadú agus go raibh sé fós brabúsach a stádas sláintiúil freisin agus dá bhrí sin go ndearnadh rómheastachán follasach ar éifeacht praghsanna allmhairí ón tSín.

(536) Bhréagnaigh an Coimisiún na maímh maidir le gnéithe den idirmhalartacht, den iomaíocht idir na leibhéil agus den anailís ar phraghsanna go mion cheana féin i ranna 4.3 agus 4.7 thuas, agus dá bhrí sin diúltaíodh do na hargóintí lena gconspóidtear an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais ar a mbonn sin. Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún leis an gconclúid maidir leis an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na Síne agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(537) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 17 –

Allmhairí ó thríú tíortha (boinn, codanna)

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
an Chóiré Theas	Cainníocht (píosaí)	13 763 494	16 571 153	14 635 104	19 365 770
	Innéacs	*100*	*120*	*106*	*141*
	An sciar den mhargadh (%)	4	5	5	6
	Meánphraghas	45,9	53,5	55,7	57,0
	Innéacs	*100*	*117*	*121*	*124*

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
an Tuirc	Cainníocht (píosaí)	11 677 022	12 866 097	11 644 406	11 475 348
	Innéacs	*100*	*110*	*100*	*98*
	An sciar den mhargadh (%)	4	4	4	3
	Meánphraghas	40,74	47,05	53,84	52,13
	Innéacs	*100*	*116*	*132*	*128*
an tSeirbia	Cainníocht (píosaí)	8 129 672	8 656 664	8 295 019	9 956 224
	Innéacs	*100*	*106*	*102*	*122*
	An sciar den mhargadh (%)	3	3	3	3
	Meánphraghas	32,10	40,06	43,31	42,66
	Innéacs	*100*	*125*	*135*	*133*
An chuid eile den domhan seachas an tSín	Cainníocht (píosaí)	34 865 261	31 413 055	21 839 531	23 506 414
	Innéacs	*100*	*90*	*63*	*67*
	An sciar den mhargadh (%)	11	10	7	7
	Meánphraghas	47,62	54,52	62,12	61,46
	Innéacs	*100*	*115*	*130*	*129*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tSín	Cainníocht (píosaí)	68 435 449	69 506 969	56 414 060	64 303 756
	Innéacs	*100*	*102*	*82*	*94*
	An sciar den mhargadh (%)	22	22	18	19
	Meánphraghas	44,25	51,09	55,98	55,54
	Innéacs	*100*	*115*	*127*	*126*

Foinse: Eurostat

(538) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, sháraigh méideanna allmhairí na Síne go mór na méideanna ó aon tír onnmhairiúcháin eile. Go deimhin, ó 2023 ar aghaidh, bhí allmhairí ón tSín amháin níos airde ná allmhairí ó gach tír eile le chéile.

(539) Tháinig laghdú thart ar 4 mhilliún píosa ar mhéid iomlán na n-allmhairí ó gach tír eile seachas an tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig laghdú ar a sciar den mhargadh ó 22 % go 19 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Níl faisnéis ag an gCoimisiún maidir le dáileadh leibhéal na n-allmhairí tríú tír eile isteach san Aontas, ach in aon chás, bhí meánleibhéal praghsanna allmhairí tríú tír i bhfad os cionn mheánphraghsanna thionscal leibhéal 3 agus leibhéal 2 an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Thairis sin, i gcodarsnacht le forbairtí praghsanna na Síne, bhí ráta an mhéadaithe ar phraghsanna onnmhairí tríú tíortha i gcomhréir, a bheag nó a mhór, le ráta méadaithe costais thionscal an Aontais, agus dá bhrí sin níor dhócha go sochtfadh sé praghsanna thionscal an Aontais.

(540) Ar bhonn na sonraí thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna allmhairí ó thríú tíortha seachas an tSín díobháil do thionscal an Aontais i dtéarmaí méide ná praghsanna.

5.3. **Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais**

(541) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mhéid agus ar mheánphraghas na n-onnmhairí ó tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 18 —

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais (boinn, codanna)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin (2024)
An méid onnmhairí (píosaí)	84 931 094	83 323 695	77 955 961	74 399 154
Innéacs	*100*	*98*	*92*	*88*
Meánphraghas (EUR/píosa)	56,9	69,2	75,4	78,8
Innéacs	*100*	*122*	*133*	*139*

Foinse: Eurostat agus freagra fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(542) Bunaithe ar Eurostat, tháinig laghdú 12 % ar mhéideanna onnmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú i.e. thart ar 10 milliún píosa. Ba cheart an laghdú sin a mheas i gcomhthéacs an laghdaithe fhoriomláin ar tháirgeadh thionscal an Aontais, laghdú a bhí dhá oiread níos mó i.e. 20 milliún bonn. Tháinig méadú seasta ar mheánleibhéal praghsanna na n-onnmhairí, áfach, i gcomhréir leis na forbairtí ar an gcostas táirgthe agus go comhréireach níos mó ná praghas díola thionscal an Aontais san Aontas. I bhfianaise na treochta sin i bpraghsanna, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfadh an ghníomhaíocht onnmhairiúcháin an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a fuarthas a mhaolú.

5.4. **Méadú ar chostas táirgthe**

(543) Mhaígh CRIA, Deldo, GITI Group, Guangzhou Jiachi Tire Co Ltd ('Jiachi') agus Interpneu gur tháinig meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, más ann dó, mar gheall ar an méadú ginearálta ar chostas táirgthe san Aontas, go háirithe costais fuinnimh agus saothair chomh maith le roinnt praghsanna amhábhar, amhail rubar sintéiseach agus dubh carbóin nár mhór do tháirgeoirí an Aontais soláthróirí malartacha a aimsiú ina leith in ionad na Rúise.

(544) Go deimhin, mar a luadh cheana i roinn 4.6.3.1 agus i dTábla 11, tháinig méadú ar chostas aonaid an táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go tábhachtach, fuarthas amach san imscrúdú freisin, mar gheall ar bhrú ionsaitheach praghsanna de bharr allmhairí dumpáilte ar phraghas íseal ón tSín, nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a ardú i gcomhréir leis na forbairtí costais sin. I ndáil leis sin, tá sé an-soiléir freisin, mar is léir i dTábla 4 agus mar a mhínítear in aithris (443), gur fhan ráta méadaithe praghsanna allmhairí na Síne faoi bhun ráta méadaithe praghsanna gach tríú tír eile ina n-aonar agus le chéile (Tábla 17). Ba í an iompraíocht ionsaitheach praghsála sin an phríomhchúis nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a choigeartú do na méaduithe

costais a raibh laghdú ar bhrabúsacht mar thoradh orthu. Is é is cúis go páirteach leis na méaduithe ar chostais, mar a luaitear in aithris (489), na costais sheasta níos airde, amhail dímheas agus forchostais in aghaidh an aonaid, mar thoradh ar an laghdú ar tháirgeacht. Ba iarmhairt é an laghdú sin ar mhéideanna táirgeachta, dá réir sin, den chuid is mó, ar allmhairí dumpáilte a bheith ann. Faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, is iondúil gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha a méaduithe costais a chur ar aghaidh, gan iallach a bheith orthu tionchar iomlán na gcostas seasta níos airde a iompar, go háirithe na gnéithe costais sin nach mbaineann go sonrach leis an tionscal (fuinneamh agus saothar) agus a dhéanann difear comhionann do thionscail/earnálacha eile freisin.

(545) Dá bhrí sin, ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, cé go bhféadfadh sé gur chuir an méadú ar chostais táirgthe le deacrachtaí eacnamaíocha thionscal an Aontais, nár mhaolaigh sé an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil a rinneadh.

(546) Tar éis an nochta chinntithigh, d'athdhearbhaigh CRIA, Kumho agus Shandog Yongsheng a maíomh gurbh iad costais fuinnimh mhéadaitheacha agus boilsciú na príomhchúiseanna díobhála. I ndáil leis sin, mhaígh Kumho nár thug an Coimisiún aghaidh ina anailís ar chostais ar thionchar na géarchéime fuinnimh agus ar bheartais fuinnimh agus inbhuanaitheachta na hEorpa. De réir Kumho, theip ar an gCoimisiún freisin bunús a thabhairt lena thorthaí nach raibh tionscal an Aontais in ann méaduithe ar chostais a chur ar aghaidh chuig a chustaiméirí mar gheall ar iompraíocht phraghsála allmhairí na Síne. Ina ionad sin, ós rud é go raibh an laghdú ar bhrabúsacht i gcomhréir leis an méadú ar chostais, tháinig Kumho ar an gconclúid gurbh iad na méaduithe ar chostais ba chúis leis an díobháil a léiríodh sa laghdú ar bhrabúsacht. D'áitigh Shandong Yongsheng freisin go ndearna costais táirgthe mhéadaithe dochar do thionscal an Aontais.

(547) Mheas an Coimisiún nach raibh bunús leis na hargóintí sin nó níor chuir sé in aghaidh na hanailíse ná na gconclúidí ar thángthas orthu in aithrisí (544) agus (545) thuas go fíorasach. Go háirithe, dheimhnigh an Coimisiún cheana féin go ndearna sé anailís ar thionchar na méaduithe ar chostais táirgthe, lena n-áirítear tionchar na gcostas fuinnimh freisin. Cé gur tharla an laghdú brabúsachta i gcomhthráth le méadú ar chostais, ní chiallaíonn sé sin *per se* gurbh é ba chúis leis nó gurb é an méadú/na méaduithe ar chostais an t-aon chúis díobhála amháin. Níl an anailís sin fóinteach ach amháin in éineacht leis na treochtaí praghsanna, lena léirítear go soiléir go raibh ráta na méaduithe ar phraghsanna díola go comhsheasmhach faoi bhun ráta na méaduithe ar chostais sa tréimhse chéanna agus ar gach leibhéal, arb ionann é go deimhin agus an sainmhíniú ar shochtadh praghsanna. I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire go raibh an méadú ar an bpraghas díola a bhain tionscal an Aontais amach níos measartha fós i bhfianaise an bhrú bhoilscithigh a chuir CRIA chun cinn, rud a threisigh a thuilleadh an argóint nach raibh tionscal an Aontais ag feidhmiú faoi ghnáthdhálaí margaidh, ach faoi shochtadh praghsanna ina ionad sin. Tacaíonn éabhlóid na bpraghsanna ar mhargaí onnmhairiúcháin mar a chuirtear i láthair i dTábla 18 leis an réasúnaíocht sin freisin. Ar an mbonn sin, diúltaíodh dá maímh.

5.5. **Féindíobháil: infheistíochtaí agus féin-allmhairí ón tSín**

(548) Mhaígh páirtithe éagsúla gurb é is cúis leis an díobháil do thionscal an Aontais, más ann di, a chinntí gnó féin, go háirithe na costais arda infheistíochta chomh maith le méid ard féin-allmhairí ag tionscal an Aontais ón tSín.

(549) Mhaígh CRIA, Deldo, GITI Group agus Interpneu gurbh é ba chúis leis an laghdú ar bhrabúis thionscal an Aontais, más ann dó, na costais arda infheistíochta arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar tháirgeadh agus ar uathoibriú i ngléasraí éagsúla a dhíríonn ar tháirgí leibhéal 1. Luaigh páirtithe leasmhara ailt nuachta éagsúla agus fógraí ó mhórtháirgeoirí de chuid an Aontais maidir lena ngníomhaíochtaí infheistíochta forghníomhaithe nó beartaithe.

(550) Mhaígh Deldo agus Interpneu freisin gur rannchuidigh tionscal an Aontais lena dhíobháil féin trí allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín a mhéadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tagairt á déanamh d'Iarscríbhinn 10 den ghearán ina léirítear méadú 237 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(551) Mar a míníodh cheana i roinn 4.6.3.4 thuas, is iarmhairt é an leibhéal ard infheistíochtaí, dar leis an gCoimisiún, seachas cúis na díobhála. Mar a chuir na páirtithe leasmhara féin in iúl, agus an ceart acu, bhí gá leis na hinfheistíochtaí sin chun oiriúnú do staid athraithe sa mhargadh, is é sin na hallmhairí dumpáilte ón tSín atá ag teacht isteach i méid méadaitheach. Ní raibh aon rogha eile ag tionscal an Aontais ach infheistíochtaí a mhéadú arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht táirgthe a fheabhsú agus an phunann táirgí agus na saoráidí gléasra a oiriúnú do dheighleog níos airde, a raibh tionchar diúltach ag allmhairí éagóracha ón tSín air cheana féin, áfach. Thairis sin, fuarthas go raibh na líomhaintí sin amhantrach agus nach raibh bunús leo. Níor léirigh na páirtithe leasmhara gurb ann d'aon infheistíocht nach raibh údar léi ó thaobh na heacnamaíochta de. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don maíomh.

(552) A mhéid a bhaineann leis an maíomh maidir leis an méadú ar allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín ag tionscal an Aontais, mheas an Coimisiún, i bhfianaise an mhéid ísil fhoriomláin (faoi bhun 1 % de mhéideanna iomlána allmhairí na Síne isteach san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin) nach bhféadfadh tionchar tábhachtach a bheith ag an ráta méadaithe. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon rud ar comhad a léiríonn go ndéanfadh méid agus/nó treocht na n-allmhairí ón tSín ag tionscal an Aontais aon díobháil do thionscal an Aontais, gan trácht ar an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais a bhriseadh.

(553) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh CRIA an líomhain gurbh iad infheistíochtaí arda an phríomhchúis le laghdú ar bhrabúsacht. De réir CRIA, i bhfianaise uainiú na n-infheistíochtaí sin (tháinig an méadú is suntasaí ar infheistíochtaí cheana féin in 2022, nuair a bhí brabúsacht fós ag 12,8 %) níorbh fhéidir na hinfheistíochtaí sin a léirmhíniú mar bheart frithghníomhach i leith allmhairí ón tSín. Dúirt CRIA freisin gurbh iad ceanglais dhiana chomhshaoil a bhí i réim san Aontas ba chúis le hinfheistíochtaí. D'aontaigh Shandong Yongsheng nach mór míniú a thabhairt leis na hinfheistíochtaí iomarcacha ar an laghdú ar bhrabúsacht ar leibhéal 1 trí chostas méadaithe an dímheasa seachas allmhairí na Síne ar leibhéal 3. D'áitigh Kumho agus CRIA araon gurbh iad infheistíochtaí arda ba chúis leis an díobháil, rud a d'eascair as cinneadh straitéiseach gnó thionscal an Aontais tosaíocht a thabhairt do dheighleoga brabúis níos airde (amhail leibhéal 1 agus 2) agus, dá bhrí sin, chuir siad araon i gcoinne mheasúnú an Choimisiúin gur iarmhairt ar allmhairí ón tSín é an fócas ar leibhéil níos airde agus d'áitigh siad gur cinneadh tráchtála d'aon ghnó a raibh údar maith leis é ina ionad sin. Bhí Comhghuaillíocht na nAllmhaireoirí PC-LL ar aon tuairim leis sin freisin.

(554) D'áitigh CRIA freisin gur theip ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an aighneacht a rinne sé roimhe sin, is é sin gur tharla díobháil i ndáiríre mar gheall ar dhroch-cháilíocht bhoinn leibhéal 3 an Aontais. Chun tacú leis an CRIA sin, chuir sé liosta torthaí tástála ar fáil lena léirítear roinnt brandaí de chuid an Aontais a dteipeann orthu i dtástálacha sábháilteachta éagsúla.

(555) A mhéid a bhaineann leis na maímh maidir le hinfheistíochtaí, mhínigh an Coimisiún cheana féin in aithrisí (505) agus (516) thuas gur tharla siad sin i gcomhthéacs gléasraí a dhúnadh agus an atheagrú, an t-athoiriúnú táirgeachta is gá agus nach raibh aon rud ina n-uainiú ná ina ráta méadaithe, rud a bhí contrártha do ráiteas CRIA, ar an gceann is airde sa tréimhse imscrúdúcháin in aon chás, ag teacht salach ar an gcinneadh sin. Thairis sin, léirigh an t-imscrúdú, murab ionann agus maíomh CRIA, go raibh infheistíochtaí i réimse an chomhshaoil níos lú ná 6 % ag táirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, i gcás ina raibh faisnéis den sórt sin ar fáil. Maidir leis na ráitis a bhaineann le tionscal an Aontais a scoireann go deonach de leibhéal 3, thug an Coimisiún dá aire, cé is moite de bheith gan bhunús, gur cosúil go séanann na maímh sin an phríomhchúis bhunúsach leis an aistriú sin, is é sin na dálaí margaidh dochosanta a cruthaíodh leis na hallmhairí dumpáilte ón tSín. Is amhlaidh atá d'ainneoin gur admhaigh na páirtithe céanna sna haighneachtaí céanna go ndearna allmhairí leibhéal 3 ón tSín díobháil do thionscal an Aontais.

(556) A mhéid a bhaineann leis an maíomh maidir le drochcháilíocht bhoinn leibhéal 3 thionscal an Aontais, áirítear sna tástálacha teipe a thug CRIA chun cinn brandaí leibhéal 3 agus leibhéal 2 araon, rud a dheimhníonn dhá chinneadh an-tábhachtach a thuilleadh. Ar an gcéad dul síos, go bhfuil forluí idir na gnéithe cáilíochta (a léirítear sna torthaí tástála) le haghaidh bhoinn leibhéal 3 agus leibhéal 2 agus ar an dara dul síos go dtugann roghanna malartacha ardfheidhmíochta na Síne dúshlán do bhoinn leibhéal 3 agus leibhéal 2 araon. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh CRIA, Kumho agus Shandong Yongsheng.

5.6. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(557) Suíodh fíornasc cúisíoch substaintiúil idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus an borradh ar mhéideanna allmhairí dumpáilte ón tSín.

(558) Mar gheall ar an méid iomlán agus ar an mbrú praghsanna a cuireadh ar thionscal an Aontais de bharr mhéid méadaitheach na n-allmhairí ar phraghas íseal ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, níorbh fhéidir le tionscal an Aontais tairbhe a bhaint as an bhfás ar thomhaltas an Aontais. Mar thoradh air sin, fuair táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne sciar den mhargadh chun dochair do thionscal an Aontais. Thairis sin, mar gheall ar an sochtadh praghsanna, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a ardú i gcomhréir leis an méadú ar an gcostas táirgthe.

(559) Deimhníodh an anailís thuas freisin leis an measúnú ar shladghearradh praghsanna ar an leibhéal. D'fhan meánphraghas allmhairiúcháin na Síne faoi bhun mheánphraghas díola thionscal an Aontais ar gach leibhéal, fiú ar leibhéal 3, rud a dheimhníonn an brú anuas ar thionscal an Aontais.

(560) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na dtosca aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte. Tionchar tosca sainaitheanta eile, is iad sin: allmhairí ó thríú tíortha eile; feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais; fuarthas go raibh forbairt an chostais táirgthe agus infheistíochtaí chomh maith le féin-allmhairí diomaibhseach nó nárbh ann dóibh ar fhorbairtí diúltacha thionscal an Aontais, amhail caillteanas táirgeachta, méid na ndíolachán, sciar den mhargadh chomh maith le laghdú ar bhrabúsacht.

(561) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go raibh na hallmhairí dumpáilte ón tSín ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na dtosca eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(562) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

6.1. **Corrlach díobhála**

(563) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(564) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(565) I dtús báire, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána sna gnáthdhálaí iomaíochta. In éagmais sonraí eile a bheith ar fáil, shocraigh an Coimisiún an spriocbhrabús ag corrlach brabúis thionscal an Aontais le haghaidh dhíolacháin an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais in 2021, an chéad bhliain den tréimhse imscrúdúcháin. Cé go raibh allmhairí ón tSín ar mhargadh an Aontais cheana féin sa bhliain sin, bhí a sciar den mhargadh (18 %) ar an sciar ab ísle le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí a meánphraghas díola (EUR 27/bonn) i raon a bhí comhchosúil le raon thionscal an Aontais (ar dheighleog leibhéal 3, EUR 29/bonn). Sa bhliain sin, suíodh an corrlach brabúis ag 14,8 % ar an meán agus 15,1 %, 17,6 % agus 9,4 % le haghaidh leibhéil 1, 2 agus 3 faoi seach.

(566) Mhaígh GITI Group nach bliain leordhóthanach í 2021 don spriocbhrabús i bhfianaise na rátaí brabúis atá ard go saorga a baineadh amach mar gheall ar dhianghlasáil sa tSín agus cur isteach ar thrádáil mhuirí. Chun tacú lena mhaíomh, d'ardaigh GITI Group imscrúduithe frithdhumpála éagsúla inar dhiúltaigh an Coimisiún d'úsáid leibhéil bhrabúis 2021 bunaithe ar na breithnithe sin, amhail sraithadhmad bogadhmaid agus coinnle ([182]).

([182]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2219 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2025 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí sraithadhmaid bogadhmaid de thionscnamh Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle (IO L, 2025/2219, 4.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2219/oj), aithris (194) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1732 ón gCoimisiún an 13 Lúnasa 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 202/1732, 14.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1732/oj), aithris (321).

(567) Meabhraíonn an Coimisiún gur toradh é rogha an spriocbhrabúis leordhóthanaigh ar anailís cás ar chás, agus go bhfuil sé ag brath ar pharaiméadair a bhaineann go sonrach leis an tionscal. Is é sin le rá, ní chuireann conclúidí ar thángthas orthu maidir le blianta leordhóthanacha do spriocbhrabús in imscrúdú amháin bac ar an rogha is leordhóthanaí in imscrúdú eile. Níos tábhachtaí fós, seachas ráiteas cineálach agus tagairt do chásanna eile, níor chuir an páirtí aon fhianaise ná staidreamh nithiúil ar fáil maidir le staid an mhargaidh san Aontas i ndáil leis an táirge faoi imscrúdú chun bunús a thabhairt lena mhaíomh nach raibh 2021 oiriúnach don chinneadh spriocbhrabúis. A mhéid a bhaineann le hallmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín, níor léirigh a méid ná a leibhéal praghsanna titim nó ardú ar leith in 2021 i gcomparáid leis na blianta roimh an tréimhse faoi bhreathnú, is é sin 2019 nó 2020 a thabharfadh le fios go raibh imthoisc mhargaidh eisceachtúil ann i bhfabhar thionscal an Aontais in 2021. Thart ar 57 milliún bonn a bhí i méideanna allmhairí na Síne in 2019 (an méid céanna le 2021) agus 55 mhilliún in 2020. B'ionann a leibhéal praghsanna agus EUR 24,9/bonn agus EUR 23,8/bonn in 2019 agus 2020 faoi seach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(568) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Hankook agus Kumho nár léirigh an bhliain 2021 gnáthdhálaí iomaíochta margaidh agus go raibh an spriocbhrabús a úsáideadh le haghaidh leibhéal 2 míréasúnta ard. A mhéid a bhaineann leis an mbliain 2021, d'áitigh na páirtithe sin gur bhliain téarnaimh a bhí ann ina raibh téarnamh géar tar éis na ndianghlasálacha agus na srianta soghluaisteachta a d'eascair as COVID-19. Dúirt na páirtithe sin freisin gur shuigh an Coimisiún féin san athbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála ar allmhairí aerbhonn áirithe a úsáidtear ar bhusanna agus ar leoraithe ([183]) ('cás bonn TBR'), gur tháinig feabhas ar bhrabúsacht thionscal an Aontais ar bhonn eisceachtúil in 2021. Mhaígh na páirtithe sin freisin go bhféadfadh an brabús in 2021 a bheith boilscithe, ós rud é go raibh tionchar ag ganntanais leathsheoltóirí ar an mbliain sin, rud a raibh tionchar diúltach aige ar dhíolacháin OE agus go bhféadfadh sé gur mhéadaigh sé sin sciar na ndíolachán athsholáthair atá níos brabúsaí ar an meán. Chun cineál eisceachtúil 2021 a léiriú, thagair na páirtithe sin d'aicmiú NACE comhfhreagrach Eurostat ([184]) inar tuairiscíodh corrlaigh bhrabúis i bhfad níos measartha idir 8 % agus 10 %. A mhéid a bhaineann le leibhéal an spriocbhrabúis a d'úsáid an Coimisiún, d'áitigh na páirtithe sin nár mhínigh an Coimisiún cén fáth a raibh an leibhéal brabúis ar leibhéal 2 níos airde ná ar leibhéal 1 agus, in aon chás, go raibh corrlach brabúis leibhéal 2 míréasúnta ard i bhfianaise na gcorrlach tuillimh roimh ús agus cáin a thuairiscigh Michelin agus Pirelli, dhá phríomhmhonaróir bonn de chuid an Aontais, atá ar fáil go poiblí. Ar deireadh, mhol na páirtithe sin gur cheart don Choimisiún, in éagmais sladghearradh ar leibhéal 2 le linn na tréimhse imscrúdúcháin, an brabús a fuair tionscal an Aontais sa tréimhse sin a úsáid, is é sin 13 % mar spriocbhrabús le haghaidh leibhéal 2.

(569) A mhéid a bhaineann leis an mbliain 2021, mheas an Coimisiún nach raibh bunús leis an maíomh gur ghin sé brabúsacht eisceachtúil nó urghnách do thionscal an Aontais. Go deimhin, tháinig téarnamh sa bhliain 2021 ó na laghduithe is mó riamh a tharla le linn dhianghlasálacha agus shrianta COVID-19, ach níor thug na páirtithe sin aon fhianaise chun cinn chun a léiriú, seachas normalú, go raibh sárú eisceachtúil ann go deimhin i mbliana. Ar an gcaoi chéanna, murab ionann agus ráitis na bpáirtithe sin, níor suíodh le cás bhoinn TBR go raibh brabúis arda eisceachtúla nó míréasúnta ann in 2021, seachas gur gnóthaíodh brabúis ó 2019 agus go raibh siad ar na brabúis ab airde sa tréimhse faoi bhreathnú (2019 - 2023). Níor measadh gur neastachán níos fearr ar spriocbhrabús don tionscal áirithe sin a bhí sa staidreamh a soláthraíodh bunaithe ar earnáil NACE ós rud é go ndearna siad tagairt d'earnáil i bhfad níos leithne, lena mbaineann atráchtóirí chomh maith, a d'admhaigh go n-oibríonn siad le corrlaigh bhrabúis i bhfad níos ísle. Thairis sin, níor léirigh na staitisticí céanna sin ar leibhéal NACE laghdú brabúsachta in 2020, rud a tháinig salach ar argóint na bpáirtithe sin féin. Chomh maith leis sin, mheas an Coimisiún go raibh an maíomh a bhaineann leis an staid ar an margadh leathsheoltóirí agus leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar bhoinn amhantrach agus nach raibh fianaise ag tacú leis a mhéid a bhaineann le hiarmhairtí intuigthe. In aon chás, ní chiallaíonn ganntanas i soláthar leathsheoltóirí go huathoibríoch gur tháinig méadú ar bhrabúis a fuair tionscal an Aontais. Is fíor go bhféadfadh na ganntanais chéanna sin a bheith ina gcúis le caillteanais/moilleanna tábhachtacha i gconarthaí OE agus, ar an gcaoi sin, tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht fhoriomlán thionscal an Aontais. I bhfocail eile, ní raibh aon rud ar comhad a thug le fios go raibh brú dearfach ag an imeacht sin ar mheánbhrabúsacht thionscal an Aontais. A mhéid a bhaineann leis na maímh ar leibhéal an spriocbhrabúis agus go háirithe ar leibhéal 2, thug an Coimisiún dá aire go raibh sé sin bunaithe ar shonraí fíoraithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais agus dá réir sin nach ndearnadh agóid ina choinne le torthaí brabúis comhiomlánaithe a d'fhoilsigh táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais i ráitis airgeadais lenar cumhdaíodh raon feidhme táirge agus dáileadh réigiúnach i bhfad níos leithne, is dócha. Thairis sin, ar mhaithe le hiomláine, thug an Coimisiún dá aire gur tugadh isteach brabúis 2021 sna torthaí airgeadais a luaigh na páirtithe sin faoi na téarmaí amhail: 'filleadh ar an ngnáthshaol' i gcás Pirelli agus 'ar ais i gcomhréir le 2019' ó Michelin, rud a thagann salach a thuilleadh ar an líomhain gur bhliain urghnách a bhí in 2021 don tionscal sin. Maidir leis an bhfíoras go raibh leibhéal brabúis leibhéal 2 níos airde ná leibhéal 1, thug an Coimisiún dá aire, ar an gcéad dul síos, mar a d'aithin

([183]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/58, aithrisí (357) agus (358).
([184]) Monarú bonn agus feadán rubair; atráchtadh agus atógáil bonn rubair.

na páirtithe féin, go bhféadfadh roinnt cúiseanna eacnamaíocha bailí a bheith aige sin (lena n-áirítear meascán táirgí agus OE i gcomparáid le díolacháin athsholáthair) agus ar an dara dul síos, nach raibh aon tionchar aige sin ar an imscrúdú, toisc nár úsáideadh leibhéal brabúis leibhéal 1 fiú sna ríomhanna díobhála mar gheall ar easpa allmhairí ar an leibhéal sin ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Níor tugadh bunús leis an maíomh go raibh an corrlach brabúis sin ar leibhéal 2 ró-ard. Bunaithe ar an méid thuas, diúltaíodh do na maímh sin maidir leis an spriocbhrabús.

(570) Sholáthair ceann de na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais fianaise go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, T&F agus nuálaíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú níos airde faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. D'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis sin agus chinn sé go raibh údar leis an maíomh. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le costais IRI faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais IRI iarbhír le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. Bunaithe air sin, méadaíodh an sprioc-chorrlach brabúis [1 % go 2 %] don táirgeoir sin.

(571) Dá bhrí sin, bhí an spriocbhrabús a suíodh san imscrúdú seo agus i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán idir 9,4 % agus [18,6 % - 19,6 %].

(572) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil de chuid thionscal an Aontais trí na sprioc-chorrlaigh bhrabúis a bhaineann go sonrach leis an leibhéal thuasluaite a chur i bhfeidhm ar chostas táirgthe ([185]) tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(573) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Sholáthair ceann de na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais faisnéis infhíoraithe bunaithe ar thaifid agus réamhaisnéisí cuideachta, ar ar a mbonn a cuireadh costas comhlíontachta breise a bhaineann le lamháltais astaíochtaí CO2 a cheannach [faoi bhun EUR 0,5/bonn] leis an spriocphraghas, mar a shuitear in aithris (572), i gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(574) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tír lena mbaineann, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(575) Tar éis an nochta chinntithigh, d'iarr an gearánach go n-úsáidfí an costas táirgthe iomlán chun an spriocphraghas a ríomh, lena n-áirítear freisin na costais SGA iomlána (gan iompar san áireamh) arna dtabhú ar leibhéal na n-eintiteas díolacháin gaolmhar ar na díolacháin ar mhargadh an Aontais. De réir an ghearánaigh, bhí údar leis sin toisc go bhfuil sé beartaithe leis an spriocphraghas an praghas ar a scoireann an díobháil de bheith ag tarlú a shuí agus, dá réir sin, ba cheart na costais uile a bhaineann le táirgeadh agus díolacháin an táirge chomhchosúil a ghabháil leis. Mura ndéanfaí amhlaidh, dhéanfaí gannmheastachán ar an spriocphraghas agus, dá bhrí sin, ar an gcorrlach díobhála ar an leibhéal ar ar socraíodh na dleachtanna do Hankook. Dúirt an gearánach freisin, mar mhalairt air sin, gur cheart don Choimisiún leibhéal an spriocbhrabúis ó 2021 a choigeartú in aghaidh na gcostas laghdaithe a áiríodh sa spriocphraghas i.e. chomhfhreagródh an méid céanna brabúis do chorrlach níos airde. Ar deireadh, d'áitigh an gearánach freisin gur ghá ríomh na díobhála a leasú a mhéid a bhí an praghas díola iarbhír níos airde ná an spriocphraghas i gcás roinnt idirbheart.

([185]) Lena n-áirítear méid SGA ag an ngléasra táirgthe agus/nó a cheanncheathrú comhlachaithe, ag brath ar an áit ar tabhaíodh é.

(576) D'iarr Shandong Yongsheng ar an gCoimisiún a ríomh díobhála a athfhíorú ós rud é gur léirigh costas táirgthe a ndearnadh innealtóireacht droim ar ais air bunaithe ar na ríomhanna nochta agus ar na meánphraghsanna díola agus ar an spriocbhrabús do leibhéal 3 toradh neamhréireach le cinneadh an Choimisiúin. Ina theannta sin, d'iarr Shandong Yongsheng agus CRIA ar an gCoimisiún PCNanna a bhfuil cainníochtaí neamhionadaíocha nó diúltacha acu a bhaint de ríomh na díobhála. Tharraing Shandong Yongsheng aird freisin ar mheaitseáil an-íseal idir a dhíolacháin agus díolacháin thionscal an Aontais (gan ach 157 PCN as na 500 PCN arna ndíol ag Shandong Yongsheng) agus d'iarr sé ar an gCoimisiún an mheaitseáil a leathnú trí úsáid a bhaint as na PCNanna inchomparáide is gaire chun toradh níos cothroime a fháil. D'athdhearbhaigh Shandong Yongsheng na maímh sin tar éis an nochta deiridh bhreise.

(577) Maidir leis an gcostas SGA iomlán (gan iompar san áireamh) a tabhaíodh ar leibhéal na n-eintiteas díolacháin gaolmhar a áireamh ar na díolacháin ar mhargadh an Aontais, thug an Coimisiún dá aire, i gcás ina gcuirtear Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán i bhfeidhm de réir analaí chun an praghas onnmhairiúcháin a shuí, go ríomhtar an praghas sin ag teorainn an Aontais tríd an bpraghas allmhairiúcháin CAL a ghlacadh, dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin a chur leis, agus costais SGA agus brabús barúlach an allmhaireora ghaolmhair a asbhaint. Dá bhrí sin, cuirtear an praghas onnmhairiúcháin ríofa a eascraíonn as sin ag teorainn an Aontais, leibhéal atá coibhéiseach ó thaobh feidhme de leis an bpraghas díreach ón monarcha atá ag táirgeoir de chuid an Aontais a dhíolann go díreach lena chéad chustaiméir neamhspleách. Ós rud é nach mór an dá ghné den chomparáid a chur ar leibhéal coibhéiseach trádála, ní mór spriocphraghas thionscal an Aontais a shuí freisin ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha agus mar a mhínítear in aithris (572) thuas, ní mór méid na gcostas SGA ag an ngléasra táirgthe agus/nó ag a cheanncheathrú ghaolmhar a áireamh cheana féin. Dá réir sin, ní raibh aon bhunús le costais SGA na dtrádálaithe comhlachaithe ar thaobh thionscal an Aontais a chur leis agus an spriocphraghas sin á bhunú, ós rud é go mbrúdh sé praghas tagartha thionscal an Aontais chuig leibhéal trádála iartheachtach ó theorainn an Aontais agus, dá bhrí sin, go gcruthódh sé neamhshiméadracht leis an bpraghas onnmhairiúcháin ríofa. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint.

(578) A mhéid a bhaineann leis an togra chun an spriocbhrabús a choigeartú, thug an Coimisiún dá aire gur corrlach barúlach é an spriocbhrabús atá ionadaíoch ar an tionscal ina iomláine agus go dtacaíonn fianaise a fuarthas san imscrúdú leis. Meastar go bhfuil sé táscach do thionscal iomlán an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, is struchtúr ar leibhéal an tionscail é an spriocphraghas, d'fhonn tionscal an Aontais ina iomláine a chosaint. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach raibh údar leis an bpraghas hipitéiseach sin a choigeartú aníos chun praghsanna iarbhír táirgeoirí sampláilte aonair a mheaitseáil, ar táirgeoirí iad a d'fhéadfadh, in aon bhliain ar leith, praghsanna os cionn mheán an tionscail sin a bhaint amach ar idirbhearta sonracha (ar chúiseanna amhail meascán uathúil táirgí, téarmaí conartha eisceachtúla nó dálaí margaidh sonracha).

(579) Maidir le maíomh Shandong Yongsheng maidir leis na ríomhanna, dheimhnigh an Coimisiún go ndearnadh iad sin a athfhíorú agus a bhailíochtú. Maidir leis na PCNanna le cainníochtaí neamhionadaíocha, thug an Coimisiún dá aire gur léirigh siad fíor-idirbhearta díolacháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus go raibh siad laistigh de raon praghsanna PCNanna comhchosúla. Ar an gcaoi chéanna, measadh gur idirbhearta bailí iad cainníochtaí diúltacha (nótaí creidmheasa nó tuairisceáin iarbhír) freisin agus rinneadh iad a ghlanluacháil ar leibhéal PCN, cuideachta nó thionscal an Aontais. Ar deireadh, thug an Coimisiún dá aire freisin gur shroich cion na PCNanna meaitseála thart ar 70 % de mhéid agus luach díolacháin Shandong Yongshengs agus, dá bhrí sin, measadh go raibh sé ard go leor. Ar bhonn an mhéid thuas, diúltaíodh do mhaímh Shandong Yongsheng agus CRIA.

(580) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin (féach aithrisí (400) agus (401)).

(581) Mar a thuairiscítear in aithrisí (391) go (392) agus (453) go (455), ceartaíodh praghas CAL tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus sonraí Chuideachta T agus Chuideachta G lenar leasaíodh na corrlaigh dhíobhála le haghaidh Hankook Group, Shandong Yongsheng, 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann' mar a léirítear sa tábla thíos:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach (%)	Corrlach gearrdhíola cinntitheach (%)
Hankook Group: — Chongqing Hankook Tire Co., Ltd — Jiangsu Hankook Tire Co., Ltd — Hankook Tire China Co., Ltd	7,4	4,3
Shandong Yongsheng Rubber Group Co., Ltd	45,3	92,5
Cuideachtaí comhoibríocha eile	24,4	40,0
Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	45,3	92,5

(582) Sa chás seo, mhaígh na gearánaigh go raibh saobhadh amhábhar ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomchuí na mbeart, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go gcuirfí deireadh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Scrúdaigh sé ansin an mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte níos airde ná a gcorrlach díobhála.

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais**

(583) Tar éis a fháil amach, i gcás Shandong Yongsheng, go raibh an gearrdhíol níos airde ná an dumpáil, d'éirigh an anailís ar an saobhadh amhábhar neamhábhartha toisc nach féidir leis an dleacht frithdhumpála atá le forchur a bheith níos airde ná an corrlach dumpála a suíodh don táirgeoir onnmhairiúcháin sin.

(584) I gcás Hankook Group, áfach, ós rud é go raibh an corrlach dumpála níos airde ná an corrlach gearrdhíola, rinne an Coimisiún measúnú ar cé acu a bhí nó nach raibh saobhadh amhábhar ann maidir leis an táirge lena mbaineann, de bhun Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

Saobhadh amhábhar

(585) Sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach sa ghearán gurbh ann do shaobhadh amhábhar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán sa tSín i ndáil leis an táirge lena mbaineann. De réir na fianaise sa ghearán, bhí rubar sintéiseach, corda dubh carbóin agus corda cruach, arb éard atá i gceist le gach ceann acu le chéile níos mó ná 17 % de chostas táirgthe an táirge faoi imscrúdú, faoi réir CBL onnmhairiúcháin neamh-inaisíoctha sa tSín.

(586) Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an saobhadh líomhnaithe agus gach saobhadh eile de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán sa tSín.

(587) Shainaithin an Coimisiún na príomh-amhábhair ar dtús a úsáideann gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte i dtáirgeacht an táirge lena mbaineann. Measadh gur príomh-amhábhair iad na hamhábhair sin ar dócha go bhfuil 17 % ar laghad de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann i gceist leo.

(588) Suíodh san imscrúdú, áfach, nach raibh 17 % nó níos mó de chostais táirgthe Hankook Group i gceist le haon cheann de na hábhair sin. Rinneadh é sin i gcomhréir leis an mbun-Rialachán bunaithe ar phraghsanna neamhshaofa an amhábhair mar a shuitear i roinn 3.2.5.1. Dá bhrí sin, níor comhlíonadh coinníoll Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán agus bunaíodh bearta frithdhumpála cinntitheacha i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

7. LEAS AN AONTAIS

(589) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí, na mórdhíoltóirí, na miondíoltóirí, na n-úsáideoirí agus na dtomhaltóirí.

7.1. Leas thionscal an Aontais

(590) Maidir le táirgeoirí de chuid an Aontais a bhfuil tromlach mór de mhéid táirgeachta an Aontais i gceist leo, chomhoibrigh siad leis an imscrúdú.

(591) Léiríodh san imscrúdú gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus nach raibh sé in ann tairbhe a bhaint as an margadh fáis intíre ná nach raibh sé in ann na méaduithe ar chostais a chur ar aghaidh go hiomlán chuig a chustaiméirí agus go raibh laghdú tagtha ar a chorrlaigh bhrabúis.

(592) Má fhorchuirtear bearta, is dócha go gcuirfidh siad ar a chumas do thionscal an Aontais cuid de na méideanna díolachán agus den sciar den mhargadh a cailleadh a athghabháil. Thairis sin, trí dheireadh a chur leis an mbrú éagórach praghsanna a chuireann allmhairí dumpáilte na Síne i bhfeidhm, chuirfí ar chumas thionscal an Aontais a phraghsanna díola a mhéadú i gcomhréir le héabhlóid na gcostas agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar a staid airgeadais.

(593) In éagmais beart, i bhfianaise na hiompraíochta ionsaithí praghsála a léirigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, tá dóchúlacht láidir ann go dtiocfaidh méadú ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte agus go gcuirfidh siad brú praghsanna anuas breise ar thionscal an Aontais. Mar thoradh air sin, thiocfadh laghdú breise ar mhéideanna díolachán agus ar bhrabúsacht araon.

(594) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur léir go raibh forchur na mbeart chun leas thionscal an Aontais.

7.2. Leas na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí neamhchomhlachaithe

(595) Thug ceithre allmhaireoir neamhchomhlachaithe freagra ar an gceistneoir samplála. B'ionann iad agus [10 % - 15 %] d'iomlán na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar a luadh cheana i roinn 1.6 níor thug aon cheann de na hallmhaireoirí sampláilte freagra ar an gceistneoir.

(596) Níor thug aon cheann de na húsáideoirí ná comhlachas úsáideoirí freagra ar an gceistneoir ná ní dhearna siad aighneacht i scríbhinn maidir le saincheisteanna a bhaineann le leas an Aontais.

(597) Ina n-aighneacht, d'áitigh dhá allmhaireoir mhóra, Deldo agus Interpneu, i gcoinne bearta a fhorchur, ag maíomh go mbeadh ganntanais soláthair mar thoradh ar dhleachtanna, go háirithe ar leibhéal 3. De réir a maímh, dhéanfadh bearna soláthair den sórt sin dochar do ghnólachtaí (eadhon monaróirí gluaisteán toisc go méadódh sé praghsanna gluaisteán a thuilleadh) agus do thomhaltóirí a chuirfeadh moill, mar thoradh air sin, ar a n-athsholáthar bonn, rud a d'fhágfadh go mbeadh saincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre agus comhshaoil ann. Líomhain siad freisin go mbeadh comhchruinniú breise i margadh a bhí faoi imscrúdú cheana féin mar gheall ar iompar neamhiomaíoch mar thoradh ar dhleachtanna.

(598) D'athdhearbhaigh páirtithe leasmhara eile, eadhon CRIA agus Hankook, cuid de na maímh sin. Go háirithe, d'áitigh siad go laghdódh dleachtanna éifeachtúlacht an mhargaidh agus iomaíocht agus go mbeadh ganntanais soláthair sa deighleog bhuiséid mar thoradh orthu, rud a bhuailfeadh custaiméirí atá níos íogaire ó thaobh praghsanna de go díréireach.

(599) Ina theannta sin, mhaígh go leor páirtithe go raibh forchur beart ar chineálacha sonracha táirgí áirithe i gcoinne leas an Aontais toisc nár tháirg tionscal an Aontais iad nó nár tháirg sé cainníochtaí leordhóthanacha díobh. Bhain sé sin go háirithe leis na boinn shealadacha (4M Pro&Invest, CRIA, Hyundai agus Hankook) agus boinn leantóra (4M Pro&Invest, CRIA agus Otto Just), boinn le rubar bán ar an taobh-bhalla (Vannetukku) agus boinn nideoige éagsúla eile amhail boinn easbhóthair, boinn laofachta, boinn le haghaidh gluaisteáin sean-ama, brandaí sonracha le haghaidh feithiclí seanré, boinn leantóra ardluais agus boinn leath-mhín iomaíochta a úsáidtear le haghaidh síobadh mótarspóirt (B.I.S. Srl, Baltityre Group, Bronson Wheels AB, Edison, Gummistrada B.V, Maxxis Hellas, Pneurama Lda agus VA-PA Toute Oy).

(600) Mheas an Coimisiún go raibh formhór na maíomh sin sách cineálach agus gan bhunús. Go háirithe, ní raibh aon ní ar an gcomhad a thugann bunús leis an maíomh, dá leanfadh déantóirí gluaisteán dá mboinn a allmhairiú ón tSín, nach mbeidís in ann an méadú beag ar phraghas a dtáirge deiridh (gluaisteáin) a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí. Ar an gcaoi chéanna, tá maímh maidir le hathsholáthar moillithe bonn, mar gheall ar phraghsanna méadaithe, an-amhantrach agus i bhfianaise na ndiancheanglas rialála agus na seiceálacha atá i bhfeidhm ina leith sin, ní dheimhnítear iad. Ar deireadh, maidir leis na maímh maidir le comhchruinniú an mhargaidh, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil 10 dtáirgeoir aitheanta de chuid an Aontais ar a laghad ag oibriú ar mhargadh an Aontais faoi láthair agus in aon chás, theip ar pháirtithe aon fhianaise a thabhairt ar aghaidh maidir leis an bhfáth a mbeadh aon chomhchruinniú breise mar thoradh ar dhleachtanna. Ar an gcaoi chéanna, tá raon feidhme difriúil ag an imscrúdú leanúnach a d'ardaigh páirtithe ina thráthchlár agus ina raon feidhme táirge araon agus in aon chás, níor thug sé aon toradh nithiúil lena dtugtar bunús leis an maíomh go mbeadh dleachtanna frithdhumpála in aghaidh leas an Aontais.

(601) A mhéid a bhaineann leis an maíomh maidir le ganntanais soláthair, níor deimhníodh iad sin leis an imscrúdú. Ar an gcéad dul síos, táirgeann tionscal an Aontais méideanna suntasacha bonn leibhéal 3 agus is féidir leis a mhéid táirgeachta a mhéadú. Fiú más rud é, le blianta beaga anuas, gur chaill tionscal an Aontais méid na ndíolachán ar an leibhéal sin mar gheall ar iomaíocht éagórach a bhaineann le praghsanna neamh-inbhuanaithe ísle arna dtairiscint ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, ní chiallaíonn sé sin, a luaithe a dhéanfar na praghsanna a normalú nach mbeadh tionscal an Aontais in ann, ná toilteanach a tháirgeadh agus a dhíolacháin táirgí ar leibhéal 3 a mhéadú. Is amhlaidh atá i gcás na gcineálacha táirgí níos sonraí a liostaítear in aithris (599) thuas. Chinn an Coimisiún gur tháirg tionscal an Aontais formhór na mbonn sonrach sin, amhail boinn shealadacha, boinn leantóra, boinn le rubar bán ar an taobh-bhalla, boinn laofachta agus boinn ghairmiúla eisbhóthair. Cé go bhféadfadh sé go raibh tionscal an Aontais brúite amach ag allmhairí Síneacha ar phraghas íseal i gcás cineálacha áirithe táirgí, níor chuir aon cheann de na páirtithe maíomh cuí-réasúnaithe ar fáil nach mbeadh tionscal an Aontais, ina bhfuil os cionn 70 gléasra agus os cionn 20 lárionad T&F ar fud na hEorpa, in ann aon cheann de na boinn speisialaithe sin a tháirgeadh. Thairis sin, tá go leor foinsí soláthair malartacha ar fáil mar is léir ó roinn 5.2.1 maidir le hallmhairí tríú tíortha.

(602) Tar éis an nochta chinntithigh, chuir go leor páirtithe in iúl nár aontaigh siad leis na cinntí maidir le leas an Aontais.

(603) D'áitigh Hyundai nach raibh suim ag tionscal an Aontais i dtáirgeadh bonn spártha sealadach. D'áitigh Hyundai, fiú dá mbeadh an deighleog sin beag, nár cheart neamhaird a thabhairt uirthi go háirithe i bhfianaise an imscrúdaithe frith-fhóirdheontais chomhthreomhair a d'fhéadfadh leibhéal na ndleachtanna a mhéadú a thuilleadh agus d'iarr sé go ndéanfaí measúnú cothrom uirthi. De réir Hyundai, ní raibh an cinneadh go raibh déantóirí gluaisteán in ann na méaduithe ar phraghsanna a d'eascair as na dleachtanna a chur ar aghaidh inghlactha toisc nár thug sé aghaidh go leordhóthanach ar leasanna shaoránaigh an Aontais. Mheas Hyundai freisin nach raibh infhaighteacht foinsí soláthair malartacha ábhartha do leas an Aontais toisc nár thacaigh sé le tionscal an Aontais.

(604) D'athdhearbhaigh Otto Just go mbeadh ganntanas soláthair mar thoradh ar dhleachtanna ar bhoinn leantóirí toisc nach raibh tionscal an Aontais ag táirgeadh na nithe sin i gcainníochtaí leordhóthanacha agus de réir na sonraíochtaí is gá.

(605) D'athdhearbhaigh Comhghuaillíocht na nAllmhaireoirí PC-LL, bunaithe ar a n-eolas leathnaithe ar an margadh, nach raibh suim ag tionscal an Aontais i ndeighleog leibhéal 3 ónar tharraing sé siar d'aon ghnó chun díriú ar tháirgí níos brabúsaí. Mhaígh an páirtí leasmhar sin freisin nach raibh aon fhoinse mhalartach ann seachas an tSín ar scála agus ar phraghas inchomparáide le haghaidh bhoinn leibhéal 3. De réir an pháirtí sin, mhéadódh dleachtanna praghsanna go díreach, dá bhrí sin, agus is iad na ceannaitheoirí is íogaire ó thaobh praghsanna de is mó a bheadh thíos leis. Thairis sin, fiú dá bhféadfadh dleachtanna a bheith ina gcúis le sraonadh trádála áirithe mar gheall ar dhíolacháin mhéadaithe chuig an Aontas ón Téalainn, ó Vítneam nó ón gCambóid, ní chuideodh sé sin le tionscal an Aontais. Ar deireadh, leag Comhghuaillíocht na nAllmhaireoirí PC-LL béim ar an tacaíocht leathan dá dtuairimí a cuireadh in iúl i litir chomhpháirteach a shínigh níos mó ná 100 mórdhíoltóir agus dáileoir neamhspleách bonn.

(606) Chuir allmhaireoir, Mileage Tyres, ábhair imní den chineál céanna in iúl agus d'áitigh sé go mbeadh tionchar díreach ag dleachtanna trí phraghas na mbonn buiséid agus meánraoin a mhéadú ar thomhaltóirí, go háirithe teaghlaigh a bhfuil ioncam níos ísle acu. D'fhéadfadh na costais bhreise sin moill a chur ar athsholáthar bonn, rud a bhféadfadh impleachtaí don tsábháilteacht ar bhóithre a bheith mar thoradh air. De réir Mileage Tyres, bhí acmhainneacht táirgeachta theoranta ag soláthairtí lasmuigh den tSín agus d'oibrigh siad le hamanna seachadta níos faide agus costais níos airde. Bheadh tionchar míchuí ag na bearta sin ar thrádálaithe, go háirithe garáistí beaga agus miondíoltóirí atá ag obair ar chorrlaigh bheaga cheana féin. Ar deireadh, dúirt Mileage Tyres freisin go laghdódh dleachtanna go mór an difríocht sa phraghas idir boinn bhuiséid agus boinn lár-raoin, rud a d'fhágfadh go dtiocfadh laghdú ar rogha na dtomhaltóirí agus go n-athrófaí an t-éileamh a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le saincheisteanna soláthair.

(607) D'áitigh Kumho nach raibh bunús le cinneadh an Choimisiúin go gcuirfidh dleachtanna ar chumas thionscal an Aontais a phraghsanna a mhéadú i gcomhréir lena chostais. Mheas Kumho freisin nár chuir an Coimisiún san áireamh go leordhóthanach leas na dtomhaltóirí agus thionscal na ngluaisteán a raibh cruatan eacnamaíoch ag baint dóibh mar gheall, inter alia, ar mhéaduithe costais, ar thimpeallacht rialála an Aontais atá níos déine ná riamh chomh maith le laghdú ar dhíolacháin, go háirithe mar gheall ar iomaíocht ó mhonaróirí Síneacha. Ar deireadh, dúirt Kumho freisin go gcuirfeadh bearta teorainn leis an iomaíocht agus leis an éifeachtúlacht ar mhargadh an Aontais.

(608) Mheas an Coimisiún, ós rud é gurbh ann do shochtadh praghsanna, go raibh ionchas dlisteanach ann go gcuirfeadh dleachtanna le cumas thionscal an Aontais a phraghsanna a ardú i gcomhréir lena chostais. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag an méadú ar phraghsanna ar thomhaltóirí. I ndeireadh na dála, áfach, is chun leas na dtomhaltóirí freisin é cumas thionscal an Aontais réimse leathan táirgí a thairiscint a chaomhnú. Is amhlaidh atá i gcás monaróirí gluaisteán. D'ainneoin an chruatain bhailí a tharraing Kumho agus Hyundai anuas, in éagmais comhoibriú ó aon úsáideoir agus sonraí fíoraithe, ní raibh aon ní sa chomhad a bhí mar bhonn taca leis an gconclúid nach mbeadh monaróirí gluaisteán in ann an méadú sin ar an gcostas imeallach a chur ar aghaidh go deimhin. Is é is aidhm do na bearta dálaí cothroma a athbhunú ar mhargadh an Aontais agus fuarthas amach nach raibh bunús ar bith leis an maíomh go gcuirfidís teorainn leis an iomaíocht nó leis an éifeachtúlacht. Ar an gcaoi chéanna, ní raibh bunús leis na maímh maidir le ganntanais soláthair bonn sonrach (boinn leantóra nó boinn spártha shealadacha) nó deighleog iomlán leibhéal 3 maidir leis an ábhar sin mar gheall ar chinneadh d'aon ghnó ó thionscal an Aontais tarraingt siar go buan ó na táirgí sin. Thairis sin, is cosúil go séantar go hiomlán leis na maímh sin an phríomhchúis fholuiteach atá le haistriú thionscal an Aontais i dtreo leibhéil deiridh níos airde, is é sin na dálaí margaidh dochosanta arna gcruthú ag allmhairí dumpáilte na Síne i ndeighleog leibhéal 3. Ní raibh bunús chomh maith céanna leis na teorainneacha líomhnaithe a bhaineann le soláthairtí malartacha tríú tír. I ndáil leis sin, ní mór don Choimisiún a chur i bhfios go láidir nach mór dó, in imscrúdú frithdhumpála, measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na fianaise a sholáthraítear agus ar an mbunús atá léi, agus nach gcáilíonn athdhéanamh nó fiú tacaíocht leathan ann féin mar chruthúnas ná mar fhianaise ar líomhain, go háirithe nuair nár thug aon allmhaireoir/úsáideoir ionadaíoch freagra ar an gceistneoir. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearnadh agóid shubstainteach in aghaidh a chinntí leis na barúlacha maidir leis an nochtadh cinntitheach agus, dá bhrí sin, lena mheasúnú mar a mhínítear in aithrisí (600) agus (601) agus coinníodh ar bun iad.

7.3. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(609) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis láidir ann nach chun leasa an Aontais é bearta a fhorchur ar allmhairí boinn le haghaidh gluaisteáin paisinéirí agus leoraithe éadroma de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

(610) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(611) Ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur ar allmhairí boinn le haghaidh carranna paisinéirí agus leoraithe éadroma de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh dhíobhála agus na corrlaigh dhumpála i gcomparáid le roinn 6 thuas. Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh díobhála, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh méid na ndleachtanna.

(612) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála cinntitheacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Hankook Group: — Chongqing Hankook Tire Co., Ltd — Jiangsu Hankook Tire Co., Ltd — Hankook Tire China Co., Ltd	4,3
Shandong Yongsheng Rubber Group Co., Ltd	45,3
Cuideachtaí comhoibríocha eile	24,4
Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	45,3

(613) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Kumho gurbh iad íosphraghsanna allmhairiúcháin an cineál beart is iomchuí.

(614) D'áitigh Giti Group, Hankook, Kumho agus Comhghuaillíocht na nAllmhaireoirí PC-LL gur cheart bearta a bheith i bhfoirm dleacht sheasta. Mhaígh na páirtithe sin nach raibh dleachtanna *ad valorem* iomchuí i margadh deighilte amhail boinn, toisc go raibh tionchar níos mó acu ar na táirgí póraitheora agus, dá bhrí sin, gur dócha go gcaomhnóidís nó go bhforfheidhmeoidís fiú an dreasacht chun díolacháin a dhíriú sa deighleog is saoire (leibhéal 3), arbh í an deighleog ba mhó a bhí thíos le hallmhairí ón tSín cheana féin. Mhaígh na páirtithe sin gur forchuireadh dleachtanna seasta freisin i gcás bhoinn TBR bunaithe ar an mbreithniú céanna. Ina theannta sin, chuir grúpa GITI i dtábhacht go raibh foirm na mbeart ina gné lárnach dá n-éifeacht cheartaitheach. Ós rud é nach raibh an brú praghsanna cothrom i measc na leibhéal agus gurbh é an brú ba láidre é i leibhéal 3, ní raibh na dleachtanna *ad valorem* a raibh tionchar acu ar leibhéil níos airde agus ar leibhéal 3 leordhóthanach, dá bhrí sin. Dúirt Hankook, Kumho agus Comhghuaillíocht na nAllmhaireoirí PC-LL freisin go raibh treochtaí boilscitheacha reatha agus méadú dóchúil ar chostais amhábhar ag ardú praghsanna bonn cheana féin, rud a bheadh, dá bhrí sin, i gcás dleachtanna ad valorem, teannta a thuilleadh agus gan údar. Ar deireadh, mhaígh Giti Group, Hankook agus Kumho freisin gur dhócha go gcosnódh dleachtanna seasta ar chleachtais ionsúcháin praghsanna.

(615) Ar an taobh eile, d'áitigh an gearánach gur ghá éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna a chaomhnú thar thréimhse iomlán a bhfad agus gur dócha go dtiocfadh laghdú tapa ar dhleachtanna seasta faoi na treochtaí boilscitheacha a bhí ann le déanaí agus faoi mhéaduithe ar phraghsanna amhábhar mar a léirítear i gcás GOES ([186]) inar ghá imscrúdú coimirce a thionscnamh tar éis éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna a laghdú i bhfoirm íosphraghais allmhairiúcháin. Dá bhrí sin, d'iarr an gearánach ar an gCoimisiún gan glacadh le dleachtanna seasta ach amháin ar na coinníollacha (a) go ndéanfaí iad a bhabhtáil go huathoibríoch go dleachtanna ad valorem aon uair a tháinig siad faoi bhun na ndleachtanna sin agus (b) go bhféadfaí dleachtanna ad valorem a dhéanamh díobh arna iarraidh sin do tháirgeoirí an Aontais a bhfuil níos mó ná 25 % de tháirgeacht an Aontais acu.

(616) Mheas an Coimisiún, faoi choinníollacha reatha an cháis a bhaineann le raon leathan táirgí ar phraghsanna éagsúla, go mbeadh gá le MIPanna a chruthú le haghaidh go leor catagóirí, rud a d'fhágfadh go mbeadh cur chun feidhme agus in-fhorfheidhmitheacht an bhirt sin neamhphraiticiúil. Thairis sin, ós rud é go ndearnadh sciar suntasach de dhíolacháin trí thrádálaithe comhlachaithe, bheadh forfheidhmiú cuí an chineáil sin birt níos casta fós mar gheall ar thraschúitithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(617) Cé go bhféadfadh éifeacht cheartaitheach níos láidre a bheith ag dleachtanna seasta ar bhoinn ar phraghas níos ísle, arb ionann iad agus formhór onnmhairí reatha leibhéal 3 na Síne chuig an Aontas, thug an Coimisiún dá aire nach raibh an díobháil a fuarthas teoranta do leibhéal 3. Thairis sin, sholáthródh dleachtanna seasta leibhéal cosanta atá laghdaithe go comparáideach ar tháirgí níos airde fonsa nó níos troime (boinn leoraithe éadroma) gan beann ar a n-aicmiú leibhéil gan aon fhíorúdar eacnamaíoch. A mhéid a bhaineann le cás bhoinn TBR, d'ainneoin na gcosúlachtaí, ba iad leasanna sonracha na n-aththrádálaithe atá as láthair sa chás seo a spreag roghnú na

([186]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1953 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de thionscnamh na Síne, na Seapáine, Phoblacht na Cóiré, Chónaidhm na Rúise agus Stát Aontaithe Mheiriceá (OJ L 284, 30.10.2015, p. 109, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1953/oj).

ndleachtanna seasta freisin. Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh cuid de na hargóintí a ardaíodh chun tacú le dleachtanna seasta (tionchar cosanta níos airde ar bhoinn leibhéal 3) ag cur le hábhair imní na bpáirtithe céanna a ardaíodh faoi leas an Aontais, na ganntanais soláthair líomhnaithe leibhéal 3 arbh é forchur na mbeart mar a thuairiscítear in aithrisí (605) agus (606) thuas ba chúis leo. Thairis sin, fiú dá mba lú an seans go spreagfadh dleachtanna seasta cleachtais ionsúcháin, ní chuireann siad bac orthu *per se*, agus ag an am céanna, níl aon amhras ach go bhfuil éifeacht cheartaitheach dleachtanna seasta níos soghabhálaí do chreimeadh mar gheall ar threochtaí boilscitheacha agus méaduithe ar chostais táirgthe, a luaigh na páirtithe sin freisin. Measadh nach raibh sé praiticiúil tograí an ghearánaigh maidir le dleachtanna seasta a d'fhéadfaí a mhalartú nó a thiontú ina ndleachtanna *ad valorem* faoi choinníollacha áirithe. Dá bhrí sin, ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún nach raibh aon chúis láidir ann chun cineál na ndleachtanna atá beartaithe a athrú.

(618) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(619) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na dleachtrátaí frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an t-iarratas a chur chuig an gCoimisiún ([187]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(620) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí i láthair údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'.

(621) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(622) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

([187]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, agus Slándáil Eacnamaíoch Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi/Wetstraat 170, 1040, Bruxelles/Brussel, Belgique/België, Ríomhphost: Trade-defence-complaints@ec.europa.eu.

(623) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh na n-allmhairí uile eile de thionscnamh na Síne, ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach ina dteannta sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(624) Táirgeoirí onnmhairiúcháin nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba cheart dóibh a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an dleachtráta frithdhumpála iad le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin; (ii) nach bhfuil sé comhlachaithe le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) gur onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann tar éis na tréimhse sin nó go ndeachaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe cainníochtaí substaintiúla a onnmhairiú.

9. **CLÁRÚ**

(625) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(626) Ós rud é nár forchuireadh bearta sealadacha san imeacht seo, níor comhlíonadh na coinníollacha mar a leagtar amach in Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach na dleachta cinntithí frithdhumpála.

(627) Tar éis an nochta chinntithigh, d'iarr an gearánach go ndéanfaí dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach agus d'áitigh sé nach raibh siad sin ag brath ar chur i bhfeidhm beart sealadach agus gur comhlíonadh na ceithre choinníoll a shonraítear i bpointí (a) go (d) d'Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. D'áitigh an gearánach nach raibh aon chúis insamhlaithe ann maidir leis an bhfáth ar cheart bearta sealadacha a bheith ina réamhchoinníoll chun dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach, arbh é ba phríomhchuspóir dó cosc a chur ar an mbonn a bhaint d'éifeacht cheartaitheach na mbeart agus d'agair sé cásdlí ón gCúirt Ghinearálta (T-749/16 Stemcor) ([188]) lena dtacaítear leis an tuairim sin. D'áitigh go leor páirtithe eile, eadhon Hankook, Kumho, CRIA agus Adine ar an taobh eile, gur cuireadh cosc dlíthiúil ar bhailiú cúlghabhálach dleachtanna in éagmais bearta sealadacha dá dtagraítear go soiléir in Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. D'áitigh Adine freisin, in éagmais bearta sealadacha in éagmais na faisnéise is gá ó thaobh buiséid agus tréimhse ama a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh an bhailithe aisghníomhaigh, gur baineadh a gcearta d'oibreoirí eacnamaíocha cinntí cothroma a dhéanamh a raibh oideachas orthu. Ar deireadh, d'áitigh Adine freisin nár comhlíonadh ach oiread na coinníollacha maidir le bailiú cúlghabhálach dleachtanna a shonraítear faoi phointe (d) d'Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán, is é sin méadú substaintiúil ar allmhairí.

(628) Níor aontaigh an Coimisiún le hargóint an ghearánaigh agus mheas sé nár thacaigh an cásdlí a luadh leis an maíomh nach coinníoll é bearta sealadacha a fhorchur chun dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach, mar sa chás os comhair na Cúirte, murab ionann agus san imscrúdú reatha, forchuireadh bearta sealadacha i ndáiríre agus níor thug an Chúirt aghaidh ar an tsaincheist sin. Thairis sin, mar thoradh ar an gcur chuige a mhol an gearánach, bhí tréimhsí níos faide de bhailiú cúlghabhálach dleachtanna ann i gcásanna nach raibh bearta sealadacha i bhfeidhm iontu seachas cásanna ina raibh bearta sealadacha gan léiriú soiléir a thabhairt ar an bhfáth a mbeadh an difreáil sin beartaithe ag an reachtóir. Diúltaíodh don mhéid atá á mhaíomh ag na ngearánach, dá bhrí sin.

10. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(629) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([189]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

([188]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an Dara Dlísheomra) an 8 Bealtaine 2019 in *Stemcor London* agus *Samac Steel Supplies v An Coimisiún*, Cás T-749/16, ECLI:EU:T:2019:310.

([189]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(630) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aerbhonn nua, as rubar, de chineál a úsáidtear: ar ghluaisteáin (lena n-áirítear cairr fhada agus cairr rásaíochta) agus ar bhusanna nó ar leoraithe ag a bhfuil innéacs ualaigh nach mó ná 121 a thagann faoi chóid AC 4011 10 00 agus 4011 20 10 faoi láthair agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Hankook Group: — Chongqing Hankook Tire Co., Ltd — Jiangsu Hankook Tire Co., Ltd — Hankook Tire China Co., Ltd	4,3	88CO
Daon-Phoblacht na Síne	Shandong Yongsheng Rubber Group Co., Ltd	45,3	88CP
Daon-Phoblacht na Síne	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn	24,4	Féach Iarscríbhinn
Daon-Phoblacht na Síne	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	45,3	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid san aonad atá á úsáid againn) de (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa tír lena mbaineann. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Go dtí go dtabharfar an sonrasc sin ar aird, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an Iarscríbhinn a luaitear in Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár cuireadh san áireamh leis an sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas: (a) nach ndearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (1 Eanáir 2024 go 31 Nollaig 2024); (b) nach bhfuil sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus (c) gur onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann, sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuideachtaí comhoibríocha eile

Ainm na cuideachta	Cód breise TARIC
Anhui Jichi Tire Co., Ltd.	88CQ
CHENG SHIN RUBBER (XIAMEN) IND. LTD.	88CR
CHENG SHIN TIRE & RUBBER (CHINA) CO., LTD.	88CS
Continental Tires (China) Co., Ltd.	88CT
Cooper (Kunshan) Tire Co., Ltd.	88EV
DONGYING FANGXING RUBBER CO., LTD	88CU
Dongying Zhangao Rubber Co., Ltd.	88CV
Double Coin Group (Anhui) Warrior Tire Co., Ltd.	88CW
Doublestar-Dongfeng Tyre Co., Ltd.	88CX
GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd.	88EW
GITI Tire (Fujian) Company Ltd.	88CY
GITI Tire (Hualin) Company Ltd.	88EX
GUIZHOU TYRE CO., LTD.	88CZ
Goodyear Dalian Tire Company Limited	88EY
HEBEI WANDA TYRE CO., LTD.	88DA
JIANGSU GENERAL SCIENCE TECHNOLOGY CO., LTD.	88EZ
Jining Shenzhou Tyre Co., Ltd.	88DB
KENDA RUBBER (CHINA) CO., LTD.	88DC
KENDA RUBBER (TIANJIN) CO., LTD.	88DD
Kumho Tire (Changchun) Co., Inc.	88FA
Kumho Tire (Tianjin) Co., Inc.	88FB
Nanjing Kumho Tire Co., Ltd.	88FC
NANKANG (ZHANGJIAGANG FREE TRADE ZONE) RUBBER INDUSTRIAL CO., LTD.	88DE
Pirelli Tyre (Jiaozuo) Co., Ltd.	88DF
Pirelli Tyre Co., Ltd.	88DG
Prinx Chengshan (Shandong) Tire Co., Ltd.	88DH
Qingdao Doublestar Tire Industrial Co., Ltd.	88DI
Qingdao Fullrun Tyre Tech Corp., Ltd.	88DJ
QINGDAO NEXEN TIRE CORPORATION	88DK
Qingdao Sentury Tire Co., Ltd.	88DL
Qingzhou Rydanz Rubber Science And Technology Co., Ltd.	88DM
Sailun (Dongying) Tire Co., Ltd.	88DN
Sailun Group Co., Ltd.	88DO

Ainm na cuideachta	Cód breise TARIC
Shaanxi Yanchang Petroleum Group Rubber Co., Ltd.	88DP
Shandong Changlu Hong Tire Co., Ltd.	88DQ
Shandong Duratti Rubber Corporation Co., Ltd.	88DR
Shandong Fengyuan Tire Manufacturing Co., Ltd.	88DS
Shandong Habilead Rubber Co., Ltd.	88DT
Shandong Haohua Tire Co., Ltd.	88DU
Shandong Hongsheng Rubber Technology Co., Ltd.	88DV
Shandong Linglong Tyre Co.,Ltd.	88DW
Shandong Lutai Rubber Company Limited	88DX
SHANDONG MIRAGE TYRES CO., LTD.	88DY
Shandong New Continent Tire Co., Ltd.	88DZ
Shandong Province Sanli Tire Manufacture Co., Ltd.	88EA
SHANDONG WANDA BOTO TYRE CO., LTD.	88EB
Shandong Xinghongyuan Tyre Co., Ltd.	88EC
SHANDONG YONGFENG TYRES CO., LTD.	88ED
Shandong Youyue Rubber Technology Co., Ltd.	88EE
Shouguang Firemax Tyre Co., Ltd.	88EF
Sichuan Tyre & Rubber Co., Ltd.	88EG
Sichuan Yuanxing Rubber Co., Ltd.	88EH
Sumitomo Rubber (Changshu) Co., Ltd.	88EI
Sumitomo Rubber (Hunan) Co., Ltd.	88EJ
Tercelo Tire (Qingzhou) Co., Ltd.	88EK
TIANJIN WANDA TYRE CO., LTD.	88EL
TRIANGLE TYRE CO., LTD.	88EM
Wanli Tire Corporation Limited	88EN
ZHAOQING JUNHONG CO., LTD.	88EO
Zhongce Rubber Group Co., Ltd.	88EP
Zhongyi Rubber Co., Ltd.	88EQ
ZODO TIRE CO., LIMITED	88ER